Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# 2018
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# 2018

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# CLÁR ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| BROLLACH | 06. | Fáilte an Chathaoirligh |
| GEILLEAGAR LÁIDIR | 20. | Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht |
| CÁILÍOCHT BHEATHA | 52. | Tithíocht |
| CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL | 96. | Comhshaol |
| CEANTAIR BHARDASACHA | 120. | Ceantar Bardasach Charraig na Siúire |
| CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA | 182. | Seirbhísí Corparáideacha |
| CÚRSAÍ AIRGEADAIS | 202. | Airgeadas |
| AGUISÍNÍ | 218. | Sceideal de Cheapacháin chuig Coistí 2014-2019 |

08. Teachtaireacht ón bPríomhf-heidhmeannach
10. Cúlra Thiobraid Árann - Ráiteas Físe
12. Comhaltaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann
17. An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí

24. Turasóireacht
26. Bóithre, Iompar, Sláinte & Sábháilteacht
44. Pleanáil & Forbairt

60. Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail
72. Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann
78. Na healaíona
82. Oifig Oidhreachta Thiobraid Árann
86. Músaem Thiobraid Árann
90. Seirbhísí Leabharlainne

106. Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála
108. Seirbhísí Uisce
114. LAWCO
116. Cosaint Shibhialta


128. Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann
152. Ceantar Buirge Chluain Meala
164. Ceantar Bardasach an Aonaigh
172. Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir - Dhurlas

190. Acmhainní Daonna
194. Teicneolaíocht na Faisnéise (TF)
196. Spóirt & Cúrsaí Sóisialta
198. Nochtuithe Cosanta

210. Mótarchánachas
212. An Rannóg Saincheadúnais

224. Coistí Beartais Straitéisigh
226. Struchtúr na hEagraíochta
228. Struchtúr na Foirne
232. Táscairí Feidhmíochta 2017
242. Comhdháil agus Seimineáir
243. Oiliúint

# BROLLACH





# RÉAMHFHOCAL CATHAOIRLEACH

## AN CMHLR MATTIE RYAN




**Ba mhór an onóir dom bheith tofa mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar an 25 Meitheamh 2018 agus ionadaíocht a dhéanamh ar Thiobraid Árann mar a chéad shaoránach sa bhliain dheireanach den chéad Chomhairle a toghadh chun seirbheáil ar bhonn uile-chontae.**

I rith mo thréimhse oifige bhí sé mar phribhléid agam aithne a chur ar phobail agus dhaoine ar fud Thiobraid Árann agus níos faide anonn, freastal ar imeachtaí inar ceiliúradh an t-am atá thart agus an t-am faoi láthair agus inar taispeánadh an tallann shaibhir atá le feiceáil go flúirseach inár 'Premier County'. I measc na ndaoine ar casadh orm iad bhí idir óg agus aosta, daoine cáiliúla agus laochra ciúine, daoine gnó, polaiteoirí, clubanna spóirt agus go leor eile – agus iad go léir ag cur leis an gcontae.

Bhí go leor ócáidí móra ar siúl a fhéachaim siar orthu go bródúil, agus an ceann ba thábhachtaí ná Deireadh Fómhair 2018 nuair a ghlac mé leis an nGradam Ab Fhearr do Shláinte & Shábháilteacht thar ceann Sheirbhísí Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann sna gradaim náisiúnta a eagraíodh ag Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO) agus Grúpa Sábháilteachta Thuaisceart Éireann. Leis an ngradam seo treisítear a stádas mar cheannairí sábháilteachta ar fud na tíre agus léiriú é ar an tseirbhís ardchaighdeáin a chuirtear ar fáil don phobal.

I mí Mheán Fómhair 2018 bhí an deis agam féachaint dom féin ar an tsárobair a dhéanann an tSeirbhís Leabharlainne nuair a d'fhreastail mé ar Dhámhachtainí Leabharlann Chaisil do Léitheoirí Óga. Ba léir gealltanas leanúnach an chontae chun an fhiontair ag Dámhachtainí Bhanc na hÉireann do Bhailte Fiontair i gCill Chainnigh i Samhain 2018 uair a tugadh onóir do roinnt faighteoirí as Tiobraid Árann.

Bhí an infheistíocht leantach inár gcontae le feiceáil go soiléir le síniú roinnt conarthaí, a raibh ina measc roinnt conarthaí laistigh de mo cheantar bardasach féin, Ceantar Bardasach an Aonaigh, mar Scéim Fheabhsúcháin an N52 do Shráideanna Bhuiríos Uí Chatháin agus Athailíniú an R498 i gCnoc Alltáin. In éineacht leis sin cuireadh fáilte roimh an scéal go bhfuil cead deonaithe ag an mBord Pleanála d'Áiseanna Pháirc & Súgartha Bhaile an Phoirt Nua, rud a dhearbhaíonn dom go leanfar ar aghaidh leis an infheistíocht mhór. Léiríonn na hoifigí nua úrscothacha i gCarraig na Siúire, a raibh sé mar phléisiúr agam iad a oscailt go hoifigiúil, an gealltanas chun áiseanna a chur ar fáil a thugann rochtain don phobal ar sheirbhísí na Comhairle.

Mar chomhalta de Thionól Réigiúnach an Deiscirt bhí an deis agam féachaint dom féin ar an obair a dhéanann an Rannóg Pleanála i gComhairle Contae Thiobraid Árann chun cinntiú go n-aithnítear riachtanais Thiobraid Árann i Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch an Réigiúin. Beidh sé sin ar cheann de na beartais is tábhachtaí a mbeidh tionchar aige ar Thiobraid Árann amach anseo. Beidh sé mar bhonn eolais dár bPlean Forbartha Contae agus beidh sé ríthábhachtach chun tacú lenár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe.

Ní féidir tábhacht an róil a ghlacann grúpaí pobail ar fud an chontae a chur i bhfocail – ón duine a choimeádann an áit ghlas díreach in aice láimhe go coistí tiomnaithe agus grúpaí forbartha na mbailte slachtmhara, na cumainn cónaitheoirí agus na coistí reilige, tionscadail Sheideanna na bhFear, na coistí féile, na grúpaí céad fhreagróra agus foláirimh phobail. Is iontach a fheiceáil go dtugtar aitheantas do na grúpaí sin agus léiríonn na marcanna arda a ghnóthaíonn na grúpaí bailte slachtmhara ar fud an chontae fonn an timpeallacht a chosaint agus bithéagsúlacht a chur chun cinn, chomh maith le cur i láthair ár gcuid bailte agus sráidbhailte a fheabhsú. Bhí an-áthas orm gur roghnaíodh Cnocán an Éin Fhinn, a ghnóthaigh an dámhachtain fhoriomlán do Bhailte Slachtmhara an bhliain roimhe sin, i 2018 chun bheith mar ionadaí ar Éirinn i gComórtas na bPobal faoi Bhláth i gCeanada agus gur aithníodh a gcuid iarrachtaí nuair a fuair siad an Dámhachtain Idirnáisiúnta don Taispeántas Idirnáisiúnta is Fearr.

Tá seoladh branda 'Croílár Ceilte na hÉireann' fíorthábhachtach do Thiobraid Árann agus tugann sé deis dúinn an raidhse oidhreachta, tírdhreacha, lochanna agus aibhneacha, sléibhte, cultúr agus scéalta atá le tairiscint againn a thaispeáint. Is gá dúinn ár gcuid seodra ceilte a chur chun cinn agus déanamh cinnte go dtugtar tacaíocht d'obair Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, Grúpa Margaíocht Loch Deirgeirt agus iad siúd atá i mbun cóiríocht, lónadóireacht agus áiseanna a sholáthar i dtionscal na turasóireachta agus go bhforbraítear a gcuid oibre ionas go scaiptear an teachtaireacht 'Tiobraid Árann - tá sé in am éisteacht leis an scéal' ar fud na tíre agus an domhain.

Tá Tiobraid Árann chun tosaigh i réimse an 'fhuinnimh ghlais' agus maidir le hathrú aeráide a chomhrac. Léiriú é sin é an imeacht bliantúil 'Fuinneamh sa Talmhaíocht' i gColáiste an Ghoirtín agus níos mó ag glacadh páirte ann bliain i ndiaidh a chéile. Leis an obair leanúnach ar an Straitéis Áitiúil um Oiriúnú d'Athrú Aeráide déanfar cinnte go ndéanfaidh Comhairle Contae Thiobraid Árann a cion chun na beartais a bheith i bhfeidhm trína ndéanfar cinnte go gcuirfear níos mó béime ar an timpeallacht agus inbhuanaitheacht.

Ar leibhéal náisiúnta bhí deis uathúil agam bheith i láthair i rith chuairt an phápa ar Éirinn agus oirniú an Uachtaráin. Ina theannta sin d'fhreastail mé ar Ambasáid SAM i bPáirc an Fhionnuisce i mí Iúil 2018 le haghaidh cheiliúradh Lá an Neamhspleáchais. Bhí cuimhneamh ar an am atá caite mar chuid lárnach den bhliain le hócáidí mar Lá Náisiúnta an Chuimhneacháin i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2018, cuimhneacháin céad bliana i Sulchóid Bheag, oscailt Ghairdín Cuimhneacháin Thomáis Mhic Dhonncha i gCloch Shiurdáin agus Ceiliúradh Cothrom 120 Bliain ó na Toghcháin Áitiúla i dTeach an Chustaim.

Mar a tharlaíonn le linn bliana ar bith bhí uaireanta bróin chomh maith. Bhí fíorbhrón orainn a chloisteáil faoi bhás an Chomhairleora Eddie O' Meara agus an Chomhairleora John Fahey. Cairde dílse dúinn go léir ab ea an bheirt agus ba mhór an meas a bhí ag a gcuid comh-Chomhairleoirí orthu. Is mór an chailliúint iad. Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha dílse.

Ba mhaith buíochas a ghabháil le mo chuid Comh-Chomhairleoirí as a dtacaíocht fhíorluachmhar le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach Thiobraid Árann. Tá buíochas speisialta ag dul do mo Leas-Chathaoirleach, Michael Murphy. Tugaim aitheantas áirithe do na comhaltaí úd a chinn gan dul san iomaíocht i dtoghcháin áitiúla 2019 agus is mian liom gach rath a ghuí orthu don todhchaí. Freisin guím gach rath ar na hiarrthóirí agus iad ag dul os comhair na dtoghthóirí agus is eol dom go leanfaidh siad ar aghaidh ag glacadh páirte i bhforbairt agus cur chun cinn an chontae sna blianta atá romhainn.

Tá buíochas ag dul leis na meáin chumarsáide a fhreastalaíonn ar ár gcruinnithe agus thugann tuairisc don phobal i gcoitinne faoina bhfuil ar siúl sa chontae. Bhí áthas orm ach go háirithe gur craoladh 'Down Your Way' ó mo bhaile féin le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach agus thug sé deis dom léargas a thabhairt ar an saol faoin tuath in Éirinn agus na dúshláin atá ag gabháil leis.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach, as a threoir agus a thacaíocht i rith na bliana. Sa deireadh, gabhaim buíochas le foireann go léir na Comhairle ar gach leibhéal, faoi dhíon agus lasmuigh as bhur gcuid oibre crua chun raon leathan seirbhísí a sholáthar.

Táim ag tnúth le bród le Tiobraid Árann a fheiceáil mar an 'Premier County' i gcónaí.

Is Mise le Meas,

**An Cmhlr**
Cathaoirleach



# TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDH-MEANNACH

## JOE MACGRATH

**I gcaitheamh na bliana, lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur béime ar bhearta, chláir agus thionscadail a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha inár gceantar áitiúil. D'ainneoin dhúshláin na srianta buiséid i ngach Stiúrthóireacht, tá an-áthas orm a thuairisciú gur leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn le go leor éachtaí ar fud ár gcuid seirbhísí go léir.**

**Seo a leanas na príomhthionscnaimh a baineadh amach i rith 2018:**

- Ghnóthaigh an Chomhairle na spriocanna go léir a shocraigh an Rialtas agus ár gclár tithíochta á chur i gcrích againn faoi 'Atógáil Éireann'. Méadaíodh go mór clár tithíochta na hearnála poiblí i mbliana agus leanfar ar aghaidh á mhéadú níos mó fós i 2019 agus 2020;
- Chomhoibrigh an Chomhairle le heagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí chun infheistíocht de €22m a fháil sa Champas Náisiúnta Bithgheilleagair tríd an tionscadal AgriChemWhey ar láithreán an Lisín i nDurlas;
- D'éirigh le Comhairle Contae Thiobraid Árann an Ciste um Athnuachan agus Forbairt Bailte a fháil i rith 2018 agus dhá thionscadal baile faofa do mhaoiniú a dhéanfaidh athnuachan shuntasach ar na hionaid uirbeacha Cluain Meala agus Durlas;
- Seoladh Plean Straitéiseach Ceardaíochta i Márta 2018, agus líonra um dhéantóirí ceardaíochta seolta a thógfaidh Earnáil na Ceardaíochta sa Chontae chuig leibhéal nua;
- Tugadh faoi fheachtas sna meáin sóisialta i 2018 a bhí dírithe ar 'Tiobraid Árann, an Áit, an t-Am, chun feasacht a ghiniúint faoin mbranda sa bhaile agus thar lear, agus béim curtha ar Thiobraid Árann mar ionad d'infheistíocht;
- Chuir 'Shopify' clár píolótach oiliúna ar fáil i dteannta leis an Oifig Fiontair Áitiúil mar iarracht níos mó miondíoltóirí a spreagadh chun trádáil ar líne;
- Seoladh Céim 2 de Shlí an Bhuitléaraigh i mí Eanáir 2018, a chuimsigh forbairt aip, eolaithe fuaime, bróisiúir aonair bhaile agus cur suas comharthaí sna bailte Cathair Dúin Iascaigh, Cluain Meala agus Carraig na Siúire agus a bhí maoinithe ag Fáilte Éireann. I mí an Mheithimh 2018, leathnaíodh sin chun baile Ros Cré a thógáil san áireamh.

**I measc cuid de na buaicphointí do 2**

**Geilleagar Láidir**

- I mí an Mhárta 2018, seoladh plean margaíochta 3 bliana nua do Thurasóireacht Thiobraid Árann 'Tiobraid Árann, tá sé in am éisteacht leis an scéal' ag imeacht bliantúil de chuid Thurasóireacht Thiobraid Árann. Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht i ngeilleagar Thiobraid Árann agus níos mó ná 440,000 cuairteoir as Éirinn agus gach cearn den domhan ag infheistiú beagnach €111 milliún sa Chontae;
- Cuireadh Maoiniú Tacaíochta ar luach iomlán €83,000 ar fáil chun na Fiontraithe Óga is Fearr i dTiobraid Árann a spreagadh;
- Rinneadh oibreacha móra um athchóiriú droichid ar fud an chontae agus infheistíocht de €645,567 déanta iontu;
- D'éirigh leis an gComhairle faomhadh a fháil do mhaoiniú ERDF chun áiteanna Poiblí Cliste Inbhuanaithe a fhorbairt, chun córais soilse cliste a chur isteach a mhéadóidh éifeachtúlacht fuinnimh;
- Tógadh 25 eastát san iomlán i gcúram, méadú 32% ó 2017;
- Seoladh Straitéis Thiobraid Árann um Shábháilteacht ar Bhóithre;
- Reáchtáladh Siompóisiam Miondíola i mí an Mhárta d'fhonn nuáil sa mhiondíol a chur chun cinn ar fud an Chontae.

## Tá áthas orm, in éineacht leis an gCathaoirleach, Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle le haghaidh 2018 a chur i láthair, arb í cúigiú tuarascáil na Comhairle ina tréimhse oifige reatha agus ina dtugtar sonraí faoinár gcuid oibre maidir le seirbhísí pobail agus tionscadail bhonneagair a chur ar fáil ar fud an chontae.

**018 faoinár 3 téama straitéiseach bhí:**

**Cáilíocht an Chomhshaoil**

- Bronnadh an gradam Eagraíocht Ghlas na hEarnála Poiblí don bhliain ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag na Dámhachtainí Uaine Náisiúnta;
- Bhuaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann an dámhachtain ab fhearr i nDámhachtainí Sábháilteachta na hÉireann de chuid an NISO;
- Mar chuid den fheachtas 'Keep Tipp Tidy' bhí feachtais fheasachta faoi bhruscar taobh bóthair, salú madraí agus cuireadh araidí um ghlanadh gluaisteáin ar fáil don phobal;
- Rinneadh €519,301 a infheistiú i dtionscadail uisce tuaithe;
- Díríodh ar áiteanna ina dtarlaíonn go leor dumpála mídhleathaí agus tugadh tacaíocht le maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil;
- I measc feabhsúchán um bainistíocht fuinnimh bhí iarfheistiú caidéil ardéifeachtúlachta in ionad fóillíochta, uasghrádú soilse i Leabharlann Dhurlas agus suiteáil fhótavoltach in-athnuaite i Lota Waller i gCaiseal.

**Cáilíocht Bheatha**

- Bronnadh Dámhachtain Náisiúnta den chéad scoth don Cháilíocht ó Ireland Active ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh;
- Rinneadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar thart ar 1800 teaghais sa cheantar theas;
- Thacaigh Sráidbhaile Dhún Eochaille leis an Dámhachtainí Mhórtas Áite mar aitheantas don obair a dhéanann pobail ar fud an Chontae;
- Glacadh le Tiobraid Árann mar bhall de líonra domhanda WHO do chathracha agus phobail aoisbhháúla;
- Forbraíodh 'Éire Fholláin Thiobraid Árann' ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta um shláinte agus leas níos fearr;
- Ghlac 6,725 duine páirt i gcláir/ tionscnaimh arna gcur ar fáil ag Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann;
- Chomhordaigh na hOifigí Ealaíon clár gnóthach d'imeachtaí a raibh ina measc Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair nuair a reáchtáladh 62 imeacht i 35 ionad le maoiniú a tacaíodh ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta - ghlac 3,801 duine páirt sna himeachtaí;
- Faoi Thionscnamh na mBailte Stairiúla fuarthas maoiniú don Phríomhshráid, Carraig na Siúire;
- Ghlac an Chomhairle páirt i mBliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha a reáchtáladh i mí an Mheithimh.

Ábhair bróin dúinn i rith 2018, ná gur cailleadh beirt Comhairleoirí fadseasmhacha a raibh an-mheas orthu, Eddie O' Meara agus John Fahey a d'oibrigh go crua ina gceantair féin chun seirbhísí a fheabhsú don phobal. Tréimhse dheacair ab ea í don fhoireann dá gcuid comh-Chomhairleoirí mar go raibh an-mheas orthu beirt. Is tochtmhar freisin ag deireadh thréimhse na Comhairle reatha cuimhneamh ar an gComhairleoir Willie Kennedy nach maireann, a raibh ardmheas air freisin. Cuimhnímid orthu ag an uair seo. Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha dílse.


Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí na Comhairle, an Grúpa Beartais Chorparáidigh, na cúig Coiste Beartais Straitéisigh agus, go háirithe obair ár gcúig Ceantair Bhardasaigh agus na gcoistí eile a d'oibrigh go crua i gcónaí chun cur le soláthar seirbhísí don phobal i 2018. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann i Seirbhísí Corparáideacha as an gcúigiú Tuarascáil Bhliantúil seo agus an ceann deireanach de chuid na Comhairle Contae reatha, a chur le chéile.

Mo bhuíochas leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Mattie Ryan as a ngealltanas, a dtiomantas agus a ndíograis don phost i rith 2018, ár Leas-Chathaoirleach Michael Murphy, Cathaoirligh an Cheantair Bhardasaigh, na Comhairleoirí Louise McLoughlin, Michael Fitzgerald, Richie Molloy, Mattie Ryan, agus Sean Ryan as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach i rith na bliana.

Mo bhuíochas ó chroí le baill foirne go léir Chomhairle Contae Thiobraid Árann, i ndisciplíní éagsúla ar fud an chontae as a ngealltanas agus a díograise leantach agus iad ag soláthar seirbhísí do phobail Thiobraid Árann agus táim ag tnúth le dearfacht le forbairt Thiobraid Árann i gcaitheamh thréimhse na céad Comhairle eile.

**Joe MacGrath**
Príomhfheidhmeannach

# As na 32 chontae is é Tiobraid Árann




Tá an réigiún ina chuid de mhachaire láir na hÉireann agus tá sé trasnaithe ag príomhbhealaí artaireacha mar an M7, M8, N24 chomh maith le línte iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Luimneach agus Loch Garman go Luimneach.

Tá mian an-soiléir ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus is é sin ná ní hamháin cáilíocht a cuid seirbhísí a choimeád ach iad a fheabhsú chomh maith. Beidh muid uaillmhianach dár gcontae agus tacóidh muid le timpeallacht a cheadóidh níos mó infheistíochta agus níos mó post dea-chaighdeáin do dhaoine áitiúla.

# RÁITEAS FÍSE

**Tiobraid Árann Le Chéile - Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra coitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae.**




# COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

## CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

### KIERAN BOURKE
FIANNA FÁIL

Baile Risteird
Bóthar na Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid Árann



086 8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

### DAVID DUNNE
SINN FÉIN

42 Plásóg na Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid Árann



086 3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

### JOHN FAHEY RIP 28/10/18
FINE GAEL


Baile an Ghraeigh
Cill Náille
Co Thiobraid Árann



086 3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

### IMELDA GOLDSBORO
FIANNA FÁIL

An Chlais Dubh
Glaise an Ghuail
Durlas
Thiobraid Árann



087 2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

### LOUISE McLOUGHLIN
FINE GAEL

An Garrán
Baile an Iúir
Durlas
Co Thiobraid Árann



087 7829711
louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie

### KEVIN O'MEARA
**(Comhthofa Meán Fómhair 2018)**
NEAMHPHÁIRTÍ

22 Cois na hAbhann,
Muileann na hUamhan



087 2065864
Kevin.omeara@tipperarycoco.ie



# CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

## MARTIN BROWNE
SINN FÉIN

122 Corrán Ghort an Spá
Caiseal
Co Thiobraid Árann



087 4197578
martin.browne@tipperarycoco.ie

## JOHN CROSSE
FINE GAEL

Crois Dhún Eochaille
Dún Eochaille
Co Thiobraid Árann



087 9165851
john.crosse@tipperarycoco.ie

## MICHAEL FITZGERALD
FINE GAEL


Teach Ráth Cloichín, an Gabhailín
Thiobraid Árann



087 2292126
michael.fitzgerald@tipperaryccoco.ie

## MARY H.HOURIGAN
FINE GAEL

Teach Parkview
Bóthar Thiobraid Árann
An Cheapach
Co Thiobraid Árann



085 8150689
Mary.hanna@tipperarycoco.ie

## ROGER KENNEDY
FIANNA FÁIL

Camas
Caiseal
Co Thiobraid Árann



086 8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

## DENIS LEAHY
NEAMHPHÁIRTÍ

4 Sráid an Dáibhísigh
Baile Thiobraid Árann
Co Thiobraid Árann




087 6796704
denis.leahy@tipperarycoco.ie

## TOM WOOD
NEAMHPHÁIRTÍ

27 An Phríomhshráid
Caiseal
Co. Thiobraid Árann Tiobraid Árann



087 9746545
tom.wood@tipperarycoco.ie



# CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA

## SIOBHAN AMBROSE
FIANNA FÁIL

Dún Mhuire
Melview
Cluain Meala
Co. Thiobraid Árann Tiobraid Árann



086 3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

## MICHEÁL ANGLIM
FIANNA FÁIL

Baile an Locháin
Ard Fhíonáin
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann



086 0251277
michealanglim@tipperarycoco.ie

## CATHERINE CAREY
SINN FÉIN

Bóthar an tSléibhe
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann



085 1012059
catherine.carey@tipperarycoco.ie

## PAT ENGLISH
WUA

Radharc na hEaglaise
Ráth Rónáin
Cluain Meala Co Thiobraid Árann
Co Thiobraid Árann



087 768 4746
pat.english@tipperarycoco.ie

## MARTIN LONERGAN
NEAMHPHÁIRTÍ

An Curragh
Droichead na nGabhar
Ard Fhíonáin,
Cluain Meala,
Co. Thiobraid Árann



087 6497083
martin.lonergan@tipperarycoco.ie

## RICHIE MOLLOY
NEAMHPHÁIRTÍ

6 Céide Heywood
Ardgaoithe
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann



086 1967482
richie.molloy@tipperarycoco.ie

## ANDY MOLONEY
NEAMHPHÁIRTÍ

Cnoc an Chleite
Poll na Muice
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann



086 3609110
andy.moloney@tipperarycoco.ie

## MARIE MURPHY
FINE GAEL

Coill Bhaile Uí Bhuí
An Cloichín
Co Thiobraid Árann




086 8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

## MICHAEL MURPHY
FINE GAEL

Orpen,
30 The Paddocks
Bóthar Fhiodh Ard
Cluain Meala,
Co Thiobraid Árann



087 3226699
michael.murphy@tipperarycoco.ie



# CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

## FIONA BONFIELD
PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE

87 Radharc Mulcair
An Port Nua
Co Thiobraid Árann



086 1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

## AN DR PHYL BUGLER
FINE GAEL

Inse Dhraighneach
Béal an Átha
Co Thiobraid Árann



087 2807655
phyll.bugler@tipperarycoco.ie

## JOHN CARROLL
FIANNA FÁIL

Teach Chill Cholmáin
An tAonach
Co Thiobraid Árann



086 8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

## GERARD DARCY
FINE GAEL

Claise an tSiáin
Ard Cróine
An tAonach
Co Thiobraid Árann



086 2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

## JOE HANNIGAN
NEAMHPHÁIRTÍ

Cill Bharráin
An Chúil Bhán
An tAonach
Co Thiobraid Árann



087 2566157
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

## HUGHIE MCGRATH
NEAMHPHÁIRTÍ

19 Céide Brooklands
An tAonach
Co Thiobraid Árann



087 2559323
hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie

## SEAMUS MORRIS
NEAMHPHÁIRTÍ

Ráth na Lín
An tAonach
Co Thiobraid Árann



087 2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

## MICHAEL O MEARA
NEAMHPHÁIRTÍ

Lios Earnáin
Rathcabbin
Ros Cré
Co Thiobraid Árann



086 8379300
michael.omeara@tipperarycoco.ie

## MATTIE RYAN (AN CHÚIL)
FIANNA FÁIL

Coolecarra
Cill Chomáin
Durlas
Co Thiobraid Árann



086 8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie



# CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS

## JOE BOURKE
FINE GAEL

Cluain Mór
An Teampall Mór
Co Thiobraid
Árann



086 8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

## DAVID DORAN
SINN FÉIN

An Garrán Rua
Durlas
Co Thiobraid
Árann



086 8901599
david.doran@tipperarycoco.ie

## SEAMUS HANAFIN
FIANNA FÁIL

Cluain Gabhra
Durlas
Co Thiobraid
Árann



087 2614000
seamus.hanafin@tipperarycoco.ie

## JOHN HOGAN
FIANNA FÁIL

An Mhaighean
Durlas
Co Thiobraid
Árann



086 2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

## MICHEÁL LOWRY
NEAMHPHÁIRTÍ

An Ráithín
Mainistir na
Croiche
Co Thiobraid
Árann



087 2897585
micheallowry@tipperarycoco.ie

## EDDIE MORAN
NEAMHPHÁIRTÍ

Knockadrom
An Teampall Mór
Co. Thiobraid
Árann



086 2484363
eddie.moran@tipperarycoco.ie

## JIM RYAN
NEAMHPHÁIRTÍ

Bóthar an
Mhuilinn
Durlas
Co Thiobraid
Árann



087 7043785
jim.ryan@tipperarycoco.ie

## SEAN RYAN
FIANNA FÁIL

22 Radharc na
hEaglaise
An Baile Beag
Durlas
Co. Thiobraid
Árann




087 4581455
seano.ryan@tipperarycoco.ie

## MICHAEL SMITH
FIANNA FÁIL

An Bheitheach
Ghlas
Ros Cré
Co Thiobraid
Árann



086 8525634
michael.smith@tipperarycoco.ie



# AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

## AN TUAS. JOE MACGRATH
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH



## AN TUAS. MATT SHORTT
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ
LEAS-PHRÍOMHFHEIDMEANNACH



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Bóithre, Iompar, Sláinte agus Sábháilteacht agus CB an Teampaill Mhóir - Dhurlas

**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
An Teampall Mór/Durlas

**Stiúrthóireacht**
An tAonach

## AN TUAS. KARL CASHEN
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Seirbhísí Éigeandála agus Bainistíocht/ Rialú Tógála, Seirbhísí Leabharlainne/ Cultúrtha agus Seirbhísí Roinnte

**Stiúrthóireacht**
An tAonach

## MS. CLARE CURLEY
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Cúrsaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus CB Chaisil - Thiobraid Árann

**CB Tarmligthe**
Caiseal/Tiobraid Árann

**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala

## XXX ROSEMARY JOYCE
OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH & RÚNAÍ NA FOIRNE BAINISTÍOCHTA



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Ceantar Bardasach an Aonaigh

## AN TUAS. SEAN KEATING
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Comhshaol agus Clár Uisce na n-Údarás Áitiúil (LAWPRO)

**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala

## AN TUAS. LIAM McCARTHY
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Airgeadas

**Stiúrthóireacht**
An tAonach

## AN TUAS. MARCUS O'CONNOR
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ




**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Pleanáil, Seirbhísí Uisce agus Ceantar Bardasach an Aonaigh

**CB Tarmligthe**
An tAonach

Stiúrthóireacht**An tAonach/Cluain Meala**

## MS. SINEAD CARR
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Tithíocht agus Ceantar Buirge Chluain Meala

**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
Cluain Meala

**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala

## AN TUAS. PAT SLATTERY
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar, Forbairt Pobail agus CB Charraig na Siúire

**CB Tarmligthe**
Carraig na Siúire

**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala

## AN TUAS. GER WALSH
OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH



**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Seirbhísí Corparáideacha & Riarthóir Cruinnithe

# GEILLEAGAR LÁIDIR





# FORBAIRT POBAIL & EACNAMAÍOCHTA -

## EACNAMAÍOCHT & FIONTRAÍOCHT

**I 2018, rinne an Oifig Fiontair Áitiúil próiseáil ar 38 n-iarratas um Chúnamh um Indéantacht, Ullmhú, Méadú Gnó agus Cúnamh Teicniúil. Tugadh faomhadh do dheontais a bhí comhionann le €798,220 san iomlán le haghaidh 37 dtionscadail. Tríd na deontais fhaofa cruthófar 125 coibhéis poist lánaimseartha ag meánchostas de €6,386 in aghaidh an phoist.**

### Cruthaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil 168 post i 2018:

Léiríonn figiúir poist an Oifig Fiontair Áitiúil i dTiobraid Árann le haghaidh 2018, a d'fhógair an Heather Humphreys, T.D. Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus Pat Breen T.D., an tAire Trádála, Fostaíochta, Gnó, Margaidh Digiteach Singil an AE agus Cosaint Sonraí, gur cruthaíodh 168 post ag cuideachtaí a bhí tacaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil Tiobraid Árann anuraidh. Is ionann sin agus méadú de 15% ó 2017. Is féidir na figiúir sin a churi leith na gnóthais láidre innealtóireachta, déantúsaíochta agus bia ar fud an chontae.

### Forbairt agus Oiliúint Fiontraíochta agus Cumais:

San fhéilire de chlár oiliúna le haghaidh Earrach agus Fhómhar 2018 leagadh béim ar agus cuireadh chun cinn an raon de bhearta um forbairt cumais atá ar fáil do ghnóthais ar fud Thiobraid Árann. Leantar ar aghaidh ag tairiscint roinnt beart speisialaithe mar Chlinicí LEAN agus Breatimeachta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar féideartha an Bhreatimeachta ar ghnólachtaí áitiúla. Ritheadh an clár Lean for Micro i rith 2018 chun tacú le 13 chuideachta ag a bhfuil an acmhainn chun onnmhairiú / trádáil go hidirnáisiúnta agus meascán de cheardlanna agus chruinnithe ar an láthair mar chuid de.

Ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2018, ghlac 1,009 duine páirt i 70 tionscnamh ar leith um oiliúint agus forbairt bainistíochta; 708 bean agus 301 fear a ghlac páirt iontu. Tugadh faomhadh do 352 sannachán meantóireachta le haghaidh 138 gnóthais ar fud Thiobraid Árann.

### Dearbháin Trádála Ar Líne:

Tá 40 Dearbhán Trádála Ar Líne arbh fhiú €75,679 iad as leithdháileadh bliantúil de 40. I dteannta leis an Oifig Fiontair Áitiúil, chuir 'Shopify' clár píolótach oiliúna ar fáil i dteannta leis an Oifig Fiontair Áitiúil mar iarracht níos mó miondíoltóirí a spreagadh chun trádáil ar líne; Ba í aidhm na hoiliúna ná an t-eolas a thabhairt do rannpháirtithe chun siopa rathúil a thógáil ar líne agus ardán Shopify á úsáid nó snáithe breise a chur lena siopa reatha.

### IBYE:

I 2018 cuireadh ciste infheistíochta de €50,000 ar fáil i dteannta le maoiniú de níos mó ná €23,000 chun dianchampa agus le haghaidh fógraíochta gaolmhaire don Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE). Tar éis na trí dhuais catagóire a ghnóthú ar leibhéal contae, bhí Patrick Ryan as PRWS Teo i nDurlas, Bryan Davis as Solar Pump Solutions, Buiríos Uí Chatháin agus Grace Tooher as JamForest, an tAonach ina n-ionadaithe ar Thiobraid Árann ag na babhtaí ceannais Réigiúnacha a reáchtáladh i dTrá Lí i mí Eanáir

## Dámhachtainí Fiontraíochta na nDaltaí:

Bhí an Comórtas Contae do Dhámhachtainí Fiontraíochta na nDaltaí 2018 ar siúl ar an 9 Márta i gcampas LIT i nDurlas agus 188 dalta as 22 mheánscoil i dTiobraid Árann ag glacadh páirte ann. Freisin ghlac 88 ndalta páirt i gCláir Fiontraíochta Daltaí roimh dheireadh na scoilbhliana. Tá 28 scoil áitiúil as gach cearn den chontae cláraithe chun páirt a ghlacadh i gclár 2018/2019.

I mí Bhealtaine 2018 ghnóthaigh na daltaí as Coláiste Dún Iascaigh i gCathair Dúin Iascaigh dámhachtain ag Babhta Ceannais Náisiúnta an Chláir Fiontraíochta do Dhaltaí i bPáirc an Chrócaigh, a d'eagair na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁnna). Tháinig siad sa tríú háit sa chatagóir Idirmheánach agus bronnadh an dámhachtain dóibh ar an stáitse ag an Aire Trádála, Fostaíochta, Gnó, Margadh Singil an AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen T.D. agus Sheelagh Daly as na hOifigí Fiontair Áitiúil.

Ba iad na daltaí a raibh an bua acu ná: Morgan Lambert, Sean Cunningham, Cian O'Brien agus Callum McGrath, a d'oibrigh faoi threoir a múinteora, Martina Harrahill. Ba é an fiontar dalta a bhí acu ná 'Ushield', lámhainn spóirt faoi phaitinn deartha ina bhfuil púitse do chosaint fiacla.




## Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan:

Reáchtáladh tionscnamh réigiúnach ar ghlac Tiobraid Árann, Luimneach agus an Clár ann in Adare Manor, Luimneach ar an 18 Deireadh Fómhair agus tharraing sé os cionn 120 fiontraí mná as gach cearn den réigiún. Aithníodh an imeacht mar cheann de na himeachtaí is fearr sa Chontae agus rátáil sásaimh an-ard taifeadta.

## Miondíol:

Leantar ar aghaidh leis an obair chun tacú leis na fóraim miondíola éagsúla atá i bhfeidhm ar fud an chontae agus ina theannta sin chun tacú le Ciste Tacaíochta Miondíola don Nollaig a chabhraigh le 29 n-iarratas ar chostas iomlán de €24,200.

Thacaigh Scéim 2018 um Thacaíocht agus Feabhsú Miondíola agus Péinteáil le feabhsú físe ár mbailte ar fud an chontae agus cuireadh €20,000 ar fáil ar fud na gCeantar Bardasach.

An Scéim Dreasachtaí Tráchtála: tá sí fós á cur i bhfeidhm agus 19 n-iarratas faofa i gcomhréir leis an Scéim.

## Comórtas Contae na nDámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta 2018:

Fógraíodh cuideachta atá bunaithe i gCathair Dúin Iascaigh agus a dhéanann córais tógála le cruach struchtúrach tanaí d'fhorbairtí cónaitheacha, tráchtála agus tionscail mar bhuaiteoir Dhámhachtain Fiontair Chontae Thiobraid Árann le haghaidh 2018 i searmanas a reáchtáladh i gCathair Dúin Iascaigh ar an 5 Márta. Ghnóthaigh Horizon Offsite duais de €2,500 agus ansin bhain siad 'Dámhachtain Réigiúnach an Iardheiscirt' ag Dámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta 2018 a d'eagair an Líonra Náisiúnta OFÁ agus a reáchtáladh i dTeach an Ardmhéara ar an 24 Bealtaine.

## AN BREATIMEACHT

Reáchtáladh seimineár dar teideal 'Bracing Tipperary for Brexit' ag an Óstán Horse and Jockey ar an 14 Márta. Tharraing an imeacht seo os cionn 40 comhlachta agus toscaire agus labhair cainteoirí ó réimsí na trádála trasteorann, an trádáil airgeadra agus an tacaíocht fiontair. Tá an Oifig Fiontair Áitiúil ag tairiscint sraith chuimsitheach de thacaí do chliaint chun cabhrú leo ullmhú don Bhreatimeacht a bhfuil ina measc ceann atá tiomnaithe do Mheantóireacht, Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne, Scéim Cúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Onnmhairithe agus raon de chláir oiliúna & forbartha.

## Dámhachtainí Chomhlachas Tráchtála Chontae Thiobraid Árann:

D'urraigh an Oifig Fiontair Áitiúil an chatagóir do Ghnóthais Nua i 2018 tar éis gur cuireadh i bhfeidhm go rathúil na chéad dámhachtainí gnó i 2017. Ghnóthaigh Horan Automation Ltd. atá bunaithe i gCluain Meala an dámhachtain do ghnóthas nua. D'urraigh Comhairle Contae Thiobraid Árann an chatagóir Fiontar Sóisialta ag na dámhachtainí i mbliana a reáchtáladh ar an 19 Deireadh Fómhair i gCluain Meala. Ba ag Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh a raibh an bua sa chatagóir sin.

## Siompóisiam Miondíola:

Reáchtáladh siompóisiam do gach gnóthas san earnáil miondíola ar fud Chontae Thiobraid Árann san Óstán Great National i mBaile Mhic Oistín ar an 5 Márta. Díríodh sa siompóisiam ar ionchas forbartha an chustaiméara maidir lena gcuid miondíoltóirí neamhspleácha a iniúchadh chomh maith leis na tionscnaimh ar féidir a chur i bhfeidhm chun freastal ar an ionchas sin. Mar chuid den imeacht bhí láithreachais ag comhlacht cainteoirí saineolacha, a raibh ina measc Conor Pope, Iriseoir Gnóthaí Tomhaltóra, ar an tábhacht a bhaineann le freagairt do threochtaí tomhaltóra chun freastal ar ionchas nua agus forbartha an chustaiméara, David Fitzsimons, Retail Excellence Ireland, a scrúdaigh conas custaiméirí a mhealladh agus a choimeád trí thaithí ardchaighdeáin a sholáthar atá bunaithe ar áisiúlacht. Mhínigh Mary McAuliffe, Creative Industries, conas is féidir le gnóthais gníomhaíochtaí agus imeachtaí nua fógraíochta a dhéanamh chun daoine a tharraingt isteach i do shiopa nó d'asraon. Labhair Rachel Doyle, MD, faoina taithí ar a ionad garraíodóireachta faoi úinéireacht teaghlaigh i gCeatharlach a athrú ó bhonn go hionad baile & gairdín nuálach den chéad scoth ag a bhfuil a asraon miondíola agus a café féin. Cuireadh meantóireacht thiomnaithe thar roinnt réimsí ar fáil saor in aisce ar an lá freisin.

## BuzzQuarter:

Tá stiúideo digiteach Thiobraid Árann ina bhfuil suíocháin réidhe oscailte anois i Questum, Cluain Meala. Maoiníodh é sin faoi Scéim Chiste Iomaíoch OFÁ 2015-2017. Tacaíonn BuzzQuarter le cruthú agus forbairt na fiontraíochta digití trí spás digiteach a thairiscint do mhicrea-fhiontair nua agus d'eagraíochtaí seanbhunaithe sna réimsí cluichí, na meáin digiteacha, na meáin chruthaitheacha agus beochan. Tá 4 háit deisce sa stiúideo digiteach, agus gan ceann acu feistithe le ríomhairí atá réidh le húsáid agus atá lódáilte le Creative Cloud, Windows agus Office, agus eagar dhá scáileáin ag freastal ar dhá cheann acu; dhá Tháibléad Cintiq Creative Pen Display atá lódáilte le Toon Boon Premium; agus a áis phriontála féin. Is féidir le cliaint BuzzQuarter leas a bhaint as meantóireacht gnó, tacaíocht theicniúil agus forbairt scileanna.

## Leathanbhanda:

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i bhforbairt seirbhísí teileachumarsáide agus leathanbhanda ar fud an Chontae agus baintear é sin amach trí hoibriú le tionscal, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil, trí phlé le pobail agus gnóthais áitiúla Gníomhaíonn an t-oifigeach leathanbhanda mar phointe teagmhála tiomnaithe sa phróiseas seo. Nuair a thosóidh cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda i 2019, tabharfar tosaíocht do dhá hIonad Pobail déag (12) sa limistéar idirghabhála Stáit i gContae Thiobraid Árann um cheangal le leathanbhanda snáithín ardluais, rud a chiallaíonn go mbeidh na limistéir sin ceangailte sula sroichfidh an cur i bhfeidhm an limistéar timpeall orthu. Beidh suiteáil líonra gan sreang (mar chuid den tionscnamh seo) agus seirbhís bainistíochta chun féachaint thar an líonra maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## Seirbhísí Fóin Phóca agus Leathanbhanda:

Bunaíodh an Tascfhórsa ar Fhóin Phóca agus Leathanbhanda i mí Iúil 2016 agus ag eascairt ó sin tá Clár, a chuimsíonn gealltanas chun réitigh a aithint ar bhearnaí sa chumhdach leathanbhanda agus fóin phóca agus fiosrú conas a d'fhéadfaí seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí. Chun gníomhú de réir an ghealltanais sin, chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le déanaí le tionscadal píolótach chun Áiteanna ina bhfuil an chumhdach Leathanbhanda agus Fóin go dona i limistéar Loch Deirgeirt sa Chontae. Soláthróidh an Tionscadal seo do roinnt faisnéise sonraí idir na hOibreoirí Líonra Fón Póca, faoi ionaid nach mór feidhmíocht a fheabhsú iontu, agus measfar é idir na Páirtithe Leasmhara go léir chun réitigh nua a iniúchadh agus tacú le torthaí níos fearr don phobal áitiúil agus an bonneagar ríthábhachtach sin á chur i bhfeidhm. Déanfar aithris ar an bpróiseas sin i roinnt ionad eile sa Chontae i 2019.

D'fhógair Vodafone Ireland i mí na Nollag, 2018 go raibh sé de rún acu tabhairt faoi thriail um rochtain ar leathanbhanda tí nua gan sreang i gCeantar Buirge Chluain Meala (ar ceann amháin (1) de cheithre (4) hionad eile sa Stát é) ag a bhfuil teicneolaíocht ag a bhfuil acmhainn 5G. Is í aidhm na trialach ná scrúdú an féidir líonra tiomnaithe gan sreang a oibriú faoin tuath áit a mbíonn custaiméirí ceangailte leis an idirlíon ar cheangal seasta le leathanbhanda gan sreang de chuid Vodafone. D'fhéadfadh an líonra seo ceadú do chustaiméirí luais bhuaice íoslódála de 500Mbps a fháil, rud a mhéadóidh go luas Gigeaghiotáin sa todhchaí.

## Moil Digiteacha

**Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag tacú le forbairt dhá Mhoil Digitigh sa Chontae faoi láthair a mbeidh an tionchar acu seo láithreach:**

a) Clár Oiliúna ar Scileanna Digiteacha a chur ar fáil.

b) Tacú le gnóthais nua agus fiontair mhéadaitheacha agus é mar aidhm fiontraíocht a chothú agus gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt sa cheantar.

c) 'Sealaíocht deisce' a ligfidh do dhaoine leas a bhaint as leathanbhanda snáithín um obair i gcéin agus do ghnó.

Beidh na moil sin suite sna láir bhaile agus tacóidh sé le agus feabhsóidh siad pobail bheaga agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide trí rochtain luath a thabhairt ar sheirbhísí leathanbhanda snáithín ardluais, áit nach mbeadh an áis sin ar fáil murach sin, ar feitheamh líonra leathanbhanda ardluais a chur i bhfeidhm sna ceantair sin.



# TURASÓIREACHT

## Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht i ngeilleagar Thiobraid Árann agus níos mó ná 440,000 cuairteoir as Éirinn agus gach cearn den domhan ag caitheamh beagnach €111 milliún sa chontae i 2018.

## Tá 3600 post in earnáil na turasóireachta i dTiobraid Árann faoi láthair.

**Déanann an oifig turasóireachta comhordú ar ról na Comhairle i bhforbairt, margaíocht agus fógraíocht tháirgí turasóireachta ar fud an Chontae. Cuimsíonn sé sin tacaíocht a thabhairt do CLG Turasóireachta Thiobraid Árann, don Ghrúpa Straitéise Margaíochta um Loch Deirgeirt agus do Ghleannta Mumhan. Oibríonn an oifig turasóireachta leis na rannpháirtithe lárnacha a bhfuil ról acu sa turasóireacht agus é mar aidhm na tairbhí go léir is féidir a bhaint amach don chontae, cuimsíonn sé sin oibriú le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann ar na brandaí Oirthear Ársa na hÉireann agus Réigiún Láir Ceilte na hÉireann.**

### Plean Straitéiseach Thiobraid Árann um Margaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe 2016-2021

Le déanaí d'fhorbair CLG Turasóireachta Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Plean Straitéiseach um Mhargaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe do Chontae Thiobraid Árann 2016 – 2021. Sa phlean sin don chontae uile leagtar amach moladh úrnua do Thiobraid Árann. Is í aidhm an Phlean, atá dírithe ar ghníomh ná fás a spreagadh agus a chumasú do Thiobraid Árann agus Tiobraid Árann a shuíomh mar an áit saoire intíre is fearr laistigh de na 3 háit saoire is Fearr i Seanoirthear na hÉireann.



I mí an Mhárta 2018 seoladh plean margaíochta trí bliana nua do Thurasóireacht Thiobraid Árann; 'Tiobraid Árann, Tá sé i am Éisteacht leis an Scéal' ag an oíche líonraithe bliantúil de chuid Thurasóireacht Éireann agus leis sin cuireadh tús le sraith de ghníomhartha margaíochta a chuimsigh; béim láidir ar mhargaíocht dhigiteach do 2018, 99,000 bróisiúr fógraíochta faoi Thiobraid Árann a sheachadadh chuig an margadh sprice 'Teaghlach Ceangailte' i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre, físeáin siúil nua a fhorbairt chun ár raon leathan de shiúlóidí a chur chun cinn mar chuid den fheachtas 'Take a Hike', agus fógraíocht raidió ar Today FM agus RTÉ Raidió a hAon.

### Slí an Bhuitléaraigh





Tugadh chun críche Céim 2 de Shlí an Bhuitléaraigh i 2017 agus seoladh go hoifigiúil í i gCaisleán Chathair Dúin Iascaigh i mí Eanáir 2018, chuimsigh sé seo forbairt Aip, Eolaithe Fuaime, bróisiúir aonair bhaile agus cur suas comharthaí sna bailte Cathair Dúin Iascaigh, Cluain Meala agus Carraig na Siúire. Ba é Fáilte Éireann a mhaoinigh an tionscadal sin mar chuid dá chéad bhabhta maoinithe Shean-Oirthear na hÉireann agus tacaíocht aige ó Thurasóireacht Thiobraid Árann. I mí an Mheithimh 2018, leathnaíodh an APP chun baile Ros Cré a thógáil san áireamh.

## Gormbhealach na Siúire Tiobraid Árann

Thug an Rannóg Turasóireachta tacaíocht do Cheantar Buirge Chluain Meala agus do Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann chun an straitéis comharthaí nua a fhorbairt do Ghormbhealach na Siúire Tiobraid Árann. Sa bhreis air sin cuireadh tús le hobair chun na sócmhainní margaíochta a fhorbairt a theastaíonn chun Gormbhealach na Siúire Tiobraid Árann a sheoladh i 2019.

## Gleannta Mumhan



Leanann Gleannta Mumhan ar aghaidh ag forbairt agus ag fás mar bhranda cinn scríbe lena gcuimsítear Tiobraid Árann Theas, Port Láirge Thiar, Corcaigh Thuaidh agus Luimneach Thoir. I 2018 d'óstaigh Gleannta Mumhan 30 turas do na meáin chumarsáide chun 70 gnóthas ar fud an réigiúin a chlúdach - mar gheall air sin bhí clúdach leathan sna meáin chumarsáide agus ar líne a chuimsigh scéal leathanaigh iomláin sa Sunday Independent, Irish Examiner, RTÉ Raidió a hAon agus go leor blaganna móra agus tionchairí sna meáin sóisialta. Rinne Nationwide scannánaíocht ó 8-9 Bealtaine i go leor áiteanna móra turasóireachta sa réigiún a raibh ina measc Gleann Eatharlaí agus Pluaiseanna Bhaile Mhistéala. Taispeánadh sin ar an teilifís ar an 23 Bealtaine. Cuireadh seacht gcinn déag de chúrsaí oiliúna saincheaptha ar fáil idir mí Eanáir agus mí Aibreáin do thart ar 200 soláthraí turasóireachta ar fud an réigiúin, agus tacaíocht acu ó na hOifigí Fiontair Áitiúil. Thug Foras Pleanála na hÉireann moladh do Ghleannta Mumhan as a ról i bhforbairt na turasóireachta inbhuanaithe tar éis Tuarascáil Indéantachta Ghleannta Mumhan a tugadh chun críche i 2014.



## Grúpa Margaíochta Loch Deirgeirt




Is é atá i nGrúpa Straitéise Margaíochta Loch Deirgeirt ná grúpa seanbhunaithe a chuimsíonn raon leathan d'ionadaithe páirtí leasmhair ó na trí húdarás áitiúil, Comhairlí Contae an Chláir, na Gaillimhe agus Thiobraid Árann, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Iascaigh Intíre Éireann, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus gnó na turasóireachta. Lean an grúpa ar aghaidh ag cur i bhfeidhm spriocanna eile an Treochláir um Loch Deirgeirt agus ag bainistiú Mhaoiniú Spreagtha Loch Deirgeirt le haghaidh 2018. Tionscadal mór don ghrúpa ab ea forbairt Ghormbhealach Loch Deirgeirt a seoladh go rathúil i mí Aibreáin 2018. Rinneadh an tsraith bhliantúil d'imeachtaí bia 'A Taste of Lough Derg' a reáchtáil go rathúil timpeall an locha i rith shamhradh 2018. Cuireadh tús le plean forbartha turasóireachta a chur le chéile do cheantar Loch Deirgeirt agus beidh sé críochnaithe i 2019.

## Clonmel, Flights of Discovery

Críochnaíodh Staidéar Indéantachta ***'Clonmel, Flights of Discovery'*** i mí an Mheithimh 2017. Tá an táirge turasóireachta scála nua seo suite i gCluain Meala agus cuimseoidh sé athfhorbairt a dhéanamh ar an spás dánlainne i Músaem Contae Thiobraid Árann, taithí nua cuairteoirí a oscailt i bhfoirgneamh an Gheata Thiar, taithí cuairteoirí a fhorbairt in ionad Bulmers ag Ionad Lána Dowd agus léirmhíniú agus eispéiris a chur ar fáil ar Abhainn na Siúire. I 2018 fuarthas maoiniú €200,000 ó Fháilte Éireann trí Scéim na nDeontas Beag don Turasóireacht chun athfhorbairt a dhéanamh ar an spás dánlainne i Músaem Contae Thiobraid Árann.

## Conair Bricfeasta agus Bia Thiobraid Árann

I 2018 thacaigh Turasóireacht Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Thiobraid Árann le Táirgeoirí Bia Thiobraid Árann chun Bricfeasta Thiobraid Árann a athfhorbairt agus tionscnamh Churaidh Bhricfeasta Thiobraid Árann a chur i bhfeidhm do sholáthraithe turasóireachta sa Chontae. Sa bhreis air sin cuireadh tús le hobair ar Chonair Bia Thiobraid Árann a fhorbairt; leis sin osclóidh táirgeoirí bia a gcuid áitreabh do chuairteoirí ar dháta sonraithe i 2019 agus tabharfaidh siad léargas ar a gcuid teicnící um tháirgeadh bia. Is táirgí turasóireachta tábhachtacha nua iad sin do Thiobraid Árann a fheabhsaíonn an tairiscint turasóireachta agus a dhéanann freastal díreach ar riachtanais ár margadh sprice mar atá iad siúd atá fiosrach faoin gcultúr.



# BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

**Is é Beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir mar a cheadaítear ag pleanáil agus acmhainní.**

## AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM BÓITHRE AGUS IOMPAR

**Comhaltaí:**

**Comhairleoirí**

- An Cmhlr Roger Kennedy,
- An Cmhlr Mattie Ryan,
- An Cmhlr Fiona Bonfield,
- An Cmhlr Hughie McGrath,
- An Cmhlr David Doran,
- An Cmhlr Eddie Moran & an Cmhlr Kevin O'Meara (Comhthofa chuig an CBS).
- Chuaigh an Cmhlr Michael Fitzgerald in ionad an Cmhlr Eddie O'Meara (R.I.P).


**Earnálach/Colúin:**

- Ionadaithe ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí: An tUas. P.J English & Ms. Angela Hickey
- Talmhaíocht & Feirmeoireacht: An tUas. Billy Collins
- Gnó, Tráchtáil agus Turasóireacht: David Shanahan
- Tógáil Forbartha: An tUas. Martin Healy

**Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste Beartais Straitéisigh i 2018.**


- Beartais agus ábhair a measadh i 2018
- An Beartas ar Scéimeanna um Feabhsúcháin Áitiúla
- An Beartas ar Shoilse Poiblí
- An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Dréachtbheartas ar bhearta Ceansaithe Tráchta in eastáit tithíochta atá ann cheana
- Láithreachais agus plé ar:
- Bearradh fálta
- Speicis ionracha, Knotwood na Seapáine san áireamh
- Saincheisteanna rochtana do dhaoine lagamhairc
- Ionaid luchtaithe d'fheithiclí leictreacha
- Comharthaí gníomhachtaithe ag feithiclí
- Scéim Réalta Óir an FSS um Feasacht Míchumais ("Ar ais i gcúig nóiméad"). Ba é cuspóir na scéime ná feasacht a ardú faoi mhí-úsáid na spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas.

# AICMIÚ BÓITHRE CHONTAE THIOBRAID ÁRANN





IOMLÁN

| 1590km | 1551km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |





IOMLÁN

| 1316km | 1282km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |





IOMLÁN

| 1012km | 997km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |




IOMLÁN

| 887 km | 881 km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |




IOMLÁN

| 1017km | 992km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |

## IOMLÁN FORIOMLÁN

| 5822km | 5703km |
|---|---|
| Mótarbhealaí san áireamh | Mótarbhealaí as an áireamh |

| Fad i gCeantair Bhardasacha | km |
|---|---|
| Mótarbhealach | 119 |
| Príomhbhóithre Náisiúnta | 65 |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 145 |
| Bóithre Réigiúnacha | 903 |

| Fad i gCeantair Bhardasacha | km |
|---|---|
| Príomhbhóithre Áitiúla | 1912 |
| Bóithre Áitiúla den Dara Grád | 1688 |
| Bóithre Áitiúla den Tríú Grád | 990 |

### Achoimre ar Leithdháiltí Bóthair a íocadh i 2017

| Bóithre Náisiúnta | |
|---|---|
| Feabhsú | €2,332,619 |
| Cothabháil | €1,101,948 |
| **Iomlán** | **€3,434,567** |

| Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla | |
|---|---|
| Cothabháil Roghnach | €4,036,023 |
| Cothabháil Athchóirithe | €2,421,880 |
| Feabhsú Athchóirithe | €9,592,449 |
| Uasghrádú Leatracha | €196,471 |
| Athchóiriú Droichid | €731,392 |
| Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Droichead Ard Fhíonáin | €133,493 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | €318,803 |
| Deontas Oiliúna | €97,500 |
| Teorannacha Luais | €157,500 |
| Iomlán na Leithdháilte R&Á 2017 | €17,685,511 |
| **Leithdháileadh ó Acmhainní Féin** | **€8,451,256** |

# ACHOIMRE AR LEITHDHÁILTÍ BÓTHAIR A ÍOCADH I 2018

## Bóithre Náisiúnta

| | |
|---|---|
| Feabhsú | € 8,313,418* |
| Cothabháil | € 1,769,189 |
| **Iomlán** | **€10,082,607** |

***Tabhair faoi deara le do thoil gur cuimsíodh tarraingt aníos roimh ré do 2 thionscadal caipitil san íocaíocht deontais d'Oibreacha Feabhsúcháin, ó TII i 2018. Seo a leanas na sonraí:**

| | |
|---|---|
| N52 An Phríomhshráid Buiríos Uí Chatháin Treisiú Cosán | €2,211,978 |
| N24 Sráid an Dáibhéidigh, Tiobraid Árann Treisiú Cosán | €1,947,752 |

## Bóithre Neamhnáisiúnta

**Cuimsíonn an chatagóir sin Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Maoiníodh cothabháil agus feabhsú na mbóithre sin i 2018 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, i dteannta le hacmhainní na Comhairle féin.**

**Fuair an Chomhairle deontais ar luach €20,729,340 le haghaidh bóithre neamhnáisiúnta.**

| | |
|---|---|
| Cothabháil Roghnach | €4,042,500 |
| Cothabháil Athchóirithe (CA Fhorlíontach san áireamh) | €2,823,755 |
| Feabhsú Athchóirithe | €11,336,500 |
| Athchóiriú Droichid | €645,567 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | €202,015 |
| Oibreacha Draenála | €592,455 |
| Deontas Cothabhála Speisialta* | €817,360 |
| Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Droichead Ard Fhíonáin | 28,432 |
| Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Droichead Chluain Big Eatharlach | €9,131 |
| Deontas Oiliúna | €97,500 |
| Uasghrádú Leatracha | €134,125 |
| **Iomlán na Leithdháiltí Réigiúnacha & Áitiúla 2018** | **€20,729,340** |

| | |
|---|---|
| Leithdháileadh ó Acmhainní Féin 2018 | €8,410,256 |

### Deontas Cothabhála Speisialta*

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann Deontas Cothabhála Speisialta ó DTTAS chun tabhairt faoi dheisiúcháin don líonra bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla mar thoradh ar imeachtaí aimsire crua a tharla ó mhí na Samhna 2017. Fuair an Chomhairle seo maoiniú deontais ar luach €817,360.



Deisiú bóithre ar siúl ag Ceantar Buirge Chluain Meala i 2018



Baineadh úsáid as an deontas roghnach de €4,042,500 chun cur le hacmhainní dílse na Comhairle um ghnáthchothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Ba í leithdháileadh acmhainní dílse na Comhairle ná €8,410,256.

*Os cionn €30m infheistithe i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i 2018*

## Mórscéimeanna Caipitiúla

Tionscadal Éire 2040 – Inár bPlean (An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta), leagadh amach an clár infheistíochta don bhonneagar Náisiúnta Bóithre. Tá achoimre tugtha thíos ar an seasamh reatha maidir le mórthionscadail.



## Mórscéimeanna um Feabhsú Bóithre

**N24 Port Láirge go Luimneach:**

Aontaíodh ar leibhéal na Comhairle go n-iarrfaí ar Údaráis Áitiúla in aice i dteannta a chéile chun níos mó fuinnimh a chur inti.

**I mí Eanáir 2018, thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) fógra do TII faoi dhá scéim.**

- N24 Port Láirge go Cathair Dúin Iascaigh, leithdháileadh de €25,000 tugtha do Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- N24 Cathair Dúin Iascaigh go Luimneach, leithdháileadh de €25,000 tugtha do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh

Bhain na hOifigí Deartha Réigiúnacha úsáid as na leithdháiltí chun Pleananna Réamh-mheasúnaithe (PRManna) a ullmhú don dá Scéim. Ullmhaíodh iad siúd agus cuireadh faoi bhráid TII iad i 2018.



# PRÍOMHBHEALAÍ NÁISIÚNTA AGUS BEALAÍ NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

Rinneadh oibreacha ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád i rith 2018 mar seo a leanas:

## Feabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta

**N24 -** Sráid an Dáibhéidigh, Baile Thiobraid Árann Ceansú Tráchta agus Neartú Cosán – Scéim um cheansú tráchta í seo lena ngabhann oibreacha neartaithe um thart ar 1 km de chosán bóthair ó thimpeallán Bhóthar Cró ar Shráid na hEaglaise, ag an gceann íochtair de Shráid an Dáibhéidigh. Áirítear le hoibreacha eile uasghrádú ar dhraenáil reatha bóthair, cosáin nua a chur in ionad na gcosán reatha ar an dá thaobh den charrbhealach agus crainn agus áiteanna plandaithe a chur ar fáil laistigh den chosán in áiteanna lárnacha. Cuimsíonn an scéim freisin príomhphíobán uisce agus seansoláthairtí luaidhe a athsholáthar agus tugadh chun críche conradh réamhoibreacha ag Uisce Éireann i 2018. Síníodh conradh le Tony Kirwan Civil Engineering Ltd ar an 5 Samhain 2018. Cuirfear tús le hobair fhisiceach ag tús mhí Eanáir 2019 ar feadh 30 seachtaine.



Síniú conartha Scéim um neartú cosán an N24 ar Shráid an Dáibhéidigh Samhain 2018 - Tony Kirwan Civil Engineering Contractors Ltd

**N24 -** Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire - Leathnaíodh an scéim sin agus cuimsíonn sí anois athchóiriú ar 3.5km san iomlán de chosán ar Bhealach Náisiúnta an N24 i gContae Thiobraid Árann. Cuireadh tús le hobair deartha i 2018. Meastar go mbeidh an obair dheartha críochnaithe agus go mbeidh an scéim ag an gcéim pleanála agus tógála i 2019.

**N24 Príomhshráid Baile Thiobraid Árann agus N74 -** Is é atá i gceist leis an scéim seo ná athchóiriú ar thart ar 1.8km de chosán, cosáin reatha a athsholáthar agus bonneagar riachtanach coisithe a sholáthar mar áiteanna trasnaithe agus forbairtí etc. Tosaíonn an scéim ag an acomhal idir an N24 agus an R515 ar Shráid Uí Bhriain agus críochnaíonn sí thart ar 1.2km amach an N74 Sráid an Athar Maitiú/Bóthar Chaisil. Ceapadh comhairleoirí chun obair dheartha a dhéanamh, a gcuirfear tús léi i R1 2019.

## Feabhsú Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

- **N52 Buiríos Uí Chatháin Oibreacha Feabhsúcháin Sráide -** Gabhann 3 phríomhghné leis an scéim seo
(i) Feabhsúcháin ar an Príomhshráid ar an N52, 0.6km ar fad lena ngabhann oibreacha inleagain agus forleagain, seirbhísí os cionn a chur faoin talamh, colúin soilse poiblí a chur suas, bonneagar draenála a chur suas,
(ii) N52 Feabhsúcháin ar Bhóthar Bhiorra,
(iii) Oibreacha Lintéir Shruth an Mhuilinn ag acomhal an N52 agus an N56. Chuaigh an scéim chuig an gcéim tairisceana i R2 2018 agus cuireadh tús le tógáil i mí na Samhna 2018 agus tógfaidh sé thart ar 52 sheachtain le críochnú.



Síniú conartha Oibreacha Feabhsúcháin ar N52 Sráid Bhuiríos Uí Chatháin 1 Samhain 2018 le McAvoy Contractors Ltd

*Oibreacha Feabhsúcháin Sráide i mBuiríos Uí Chatháin – tús curtha leo i Samhain 2018*

*Conradh sínithe do thionscadal €2m um feabhsú bóithre i mBaile Thiobraid Árann*

- **N74 Athailíniú Bhaile Hoiste -**
  Tugadh faomhadh le haghaidh Cuid 8 i 2017. Tá Dréachtordú um Cheannach Éigeantach (OCÉ) agus cáipéisí tairisceana á dtabhairt suas chun dáta. Cuireadh aighneacht faoi bhráid TII le faomhadh. Meastar go mbeidh an OCÉ foilsithe ag tús 2019.
- **N65 Carraig an Chomhraic go Droichead Balleiragh -**
  Sa scéim seo táthar ag ardú leibhéal an bhóthair chun tuilte ar chuid den bhóthar seo a mhaolú. Tosaíonn an scéim seo ó thuaidh ó Shráidbhaile Charraig an Chomhairc agus síneann sé thart ar 2.5km siar ó thuaidh chuig Droichead Balleiragh thart ar 2km soir ó dheas ó Phort Omna. Tá suirbhé topagrafach agus staidéar tuilte déanta. Cuireadh tús le dearadh i 2018 agus meastar go mbeidh sé críochnaithe i 2019.
- **N62 Bóthar Shliabh na mBan, Durlas, Céim 1 -**
  Ba é a bhí i gceist leis an scéim seo ná feabhsú cosáin thart ar 770m ó Bhóthar Shliabh na mBan an N62 i nDurlas, Co. Thiobraid Árann. Chuimsigh na hoibreacha seo go príomha plánáil agus obair inleagain. I measc oibreacha eile bhí draenáil, colbhaí, tógáil cosán agus marcanna bóthair. Críochnaíodh tógáil i R3 2018 agus cuireadh an-fháilte roimpi.


Oibreacha ar Bhóthar Shliabh na mBan, Meitheamh 2018

- Críochnaíodh an N62, an Scartach i Ros Cré i mí Eanáir 2018 agus tá an tréimhse cothabhála ar siúl.
- N62 Lios Macáin - Ba é a bhí i gceist leis an scéim seo ná athchóiriú ar thart 1.8km de chosán ar Bhóthar an N62 ó Lios Macáin go Coill Eanaigh. Rinneadh oibreacha agus críochnaíodh i R4 2018 iad.


Oibreacha i Lios Macáin, Ros Cré, Samhain 2018

- N62 Bóthar Shliabh na mBan, Durlas, Céim 2 - Ba é a bhí i gceist leis an scéim seo ná athchóiriú ar thart ar 447m de chosán ar bhóthar an N62 trí Dhurlas, Co. Thiobraid Árann. Cuimsíonn na hoibreacha seo go príomha plánáil agus obair inleagain. Áirítear le hoibreacha eile cosáin nua a chur in ionad na gceann atá ann faoi láthair agus bonneagar riachtanach do choisithe a sholáthar mar áiteanna trasnaithe agus forbairtí etc. Ceapadh comhairleoirí chun obair dheartha a dhéanamh, a gcuirfear tús léi i R1 2019.
- N52 Baile na hAbhann - Cuimsíonn an scéim seo athchóiriú ar thart ar 2.1km de chosán i sráidbhaile Bhaile na hAbhann. Mar chuid den scéim freisin tá athsholáthar cosán, oibreacha draenála agus soláthar soilse tráchta agus cosbhealaigh ar an droichead thar an mBrosnach Bheag. Tá 1.6km den scéim i dTiobraid Árann, agus an 0.5km eile in Uíbh Fhailí. Is í Comhairle Contae Uíbh Fhailí an treoir-údarás agus tá Comhaontú Alt 85 i bhfeidhm idir an dá húdarás áitiúil. Cuireadh tús le tógáil i R4 2018 agus meastar go mbeidh sí críochnaithe i R1 2019.
- Scéim um Feabhsú Cosán ar N74 An Gabhailín - Is é atá i gceist leis an scéim seo ná athchóiriú ar thart ar 1.4km den chosán ar bhealach NS an N74 i Sráidbhaile an Ghabhailín i gContae Thiobraid Árann. Cuireadh tús le tógáil i Meán Fómhair 2018 agus beidh sé críochnaithe i R1 2019.

## Feabhsú Uigeachta ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád

**Rinneadh thart ar €800,000 d'Oibreacha um Uige Nua/ Athdhromchlú i roinnt áiteanna ar fud na tíre chun friotaíocht dhromchla an bhóthair in aghaidh sleamhnán a fheabhsú.**

## Tionscadail um Bóithre Neamhnáisiúnta Straitéiseacha

| | |
|---|---|
| Bóthar Faoisimh Istigh Dhurlas | Réamhdhearadh críochnaithe. Ag feitheamh le cistiú le dul ar aghaidh |
| R498 An tAonach go Durlas Uasghrádú Cnoc Alltáin-Cill Chonáin | Cuireadh tús le hoibreacha i mí na Nollag 2018 agus tá an scéim sceidealaithe le bheith críochnaithe faoi Bhealtaine 2019. |
| R498 Athailíniú Bóthair ag cora Leatrach | Comhairleoirí ceaptha i 2015-2016 chun an bealach is fearr a roghnú. Tugadh faomhadh le haghaidh Cuid 8 i 2017. Teastaíonn faomhadh DTTAS chun Ceannach Talún a thosú. Tá na cáipéisí OCÉ tugtha chun críche agus foilseofar iad ag tús 2019. |
| Seachbhóthar Bhéal an Átha/ Chill Dá Lua - Crosaire Dhroichead na Sionna agus Scéim Feabhsúcháin R494 | Nósanna imeachta pleanála, agus Éisteacht Béil tugtha chun críche, tá an OCÉ dearbhaithe agus seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún. Fuarthas faomhadh DTTAS i mí Eanáir 2018 chun dul ar aghaidh leis na 3 ghné den Tionscadal mar Aon Scéim Amháin. Tá dearadh ar siúl agus meastar go mbeidh sé críochnaithe i R3 2019. Faoi réir maoiniú a bheith ar fáil meastar go dtosófar tógáil i 2020 agus go dtógfaidh sé thart ar 3 bliana le tabhairt chun críche. |

## Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**Caitheadh €202,015 ar scéimeanna feabhsaithe timpiste ar chostas íseal agus rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud an Chontae i rith 2018. Rinneadh oibreacha sna háiteanna seo a leanas:**

- LL4204-1/L8211, Gort an Tobair, Baile Thiobraid Árann
- R670/L-7112-0 Grangemore, Cathair Dúin Iascaigh
- R639-26 An Baile Tarsna, Caiseal
- L3206-014/L3207-0 An Chluain, An Teampall Mór
- R494 An Baile Nua, An tAonach
- R503/R497 Crosaire an Chuainín, Cill Choimín

## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Tagraíonn na scéimeanna sin d'uasghrádú agus d'fheabhsú bóithre den tríú grád agus mionbhóithre áit a n-íocann cónaitheoirí 15% i dtreo chostas na n-oibreacha. Críochnaíodh 26 scéim san iomlán i 2018 thar chúig Cheantar Bardasach. Fuarthas Maoiniú Deontais ar luach €601,079 don Scéim seo ó DTTAS faoin scéim seo.

*26 Scéim Rannpháirtíochta tugtha chun críche i 2018*



## Scéimeanna um Feabhsúcháin Áitiúla

I gcomhréir le Meabhrán na Scéime um Feabhsúcháin Áitiúla ó Fheabhra 2002, is féidir scéimeanna feabhsúcháin a dhéanamh ar bhóithre príobháideacha/neamhphoiblí. Ní mór go mbeadh níos mó ná aon úinéir talún amháin ar bhóthar SFÁ agus ní mór go mbeadh an bóthar oscailte don phobal. Tá ranníocaíocht áitiúil mar chuid lárnach den scéim SFÁ agus bíonn figiúr éagsúil idir 10% agus 15% i gceist ag brath ar líon na gcónaitheachtaí ar an mbóthar. Tugadh 24 scéim chun críche i 2018 faoi Bhabhta 1 agus fuarthas Maoiniú Deontais de €612,919 ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.

**Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann fógra faoi airgead deontais Bhabhta 2 de €168,818 i mí na Nollag 2018, agus beidh na scéimeanna roghnaithe tugtha chun críche faoi dheireadh Ráithe 1 2019.**

## Maoiniú faoi Scéimeanna CLÁR 2018

Fuarthas Maoiniú Deontais de €236,655 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i 2018 agus tabharfar oibreacha chun críche faoi dheireadh Ráithe 1 2019, tugadh faoi 10 dtionscadal faoi Bheart 1 (Pacáiste Sábháilteachta CLÁR do Scoileanna/ Áiseanna Pobail). Cuireadh maoiniú meaitseála, i gcomhréir leis na critéir dámhachtana, ar fáil faoi na ceannteidil seo a leanas:

| Ranníocaíocht Údaráis Áitiúil | Ranníocaíocht Pobail | Eile |
|---|---|---|
| €13,168 | €17,148 | €12,500 |

## Oibreacha Athchóirithe Droichid

**Caitheadh €645,567 i 2018 i dtaobh oibreacha athchóirithe droichid. Rinneadh oibreacha sna háiteanna seo a leanas:**

Béal Átha Hin, an Teampall Mór; Droichead an Chaisleáin Nua; Droichead na Leacan Móire, an Port Nua; Droichead a Díolúnaigh, Carraig na Siúire; Droichead na Pailíse, Buiríos Ó Luigheach; Droichead Ghleann Garaidh; Droichead Gourdeen, an tAonach.

Caitheadh suim bhreise de €28,432 ar Dhroichead Ard Fhíonáin agus caitheadh €9,131 ar Dhroichead Chluain Big, Eatharlach i dtaobh oibreacha ullmhúcháin.



Oibreacha droichid a rinneadh i 2018, Moyglass, Ceantar Charraig na Siúire

*Oibreacha Athchóirithe Droichid 2018 €645,567*



## An Clós Innealra

Cuireann an Clós Innealra, ag a bhfuil dhá bhunáit i gCluain Meala agus san Aonach, seirbhís tacaíochta ar fáil do ghníomhaíochtaí innealtóireachta de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann ina hiomlán. Is é an bunchuspóir seirbhíse ná innealra (i.e. feithiclí, fearas agus trealamh) a chur ar fáil ar chostas réasúnta chun cabhrú le baill foirne bunaithe i gCeantair a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá tuairim is 160 feithicil faoi úinéireacht na Comhairle agus 23 fheithicil ar cíos faoi smacht an chlós innealra, agus luach athsholáthair de thart ar €4.2 milliún euro orthu. Ina theannta sin déanann lucht an chlóis innealra cothabháil ar fheithiclí de chuid Chomhairle Buirge Chluain Meala mar a bhí ann roimhe, Comhairlí Baile Thiobraid Árann, Chaisil agus Charraig na Siúire, thart ar 40 feithicil a mbeadh luach athsholáthair breise de thart ar €1.2 milliún ag baint leo.

**Seo a leanas gníomhaíochtaí an Chlós Innealra:**

- Bainistíocht flít i gcomhlíonadh Acht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012
- Scrúdú, oibriú agus cothabháil fhlít na Comhairle, lena n-áirítear a chuid ceanglas faoi Ionstraim Reachtúil 348 de 2013 (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) (Rialacháin um Chothabháil agus Deisiú Feithiclí 2013).
- Soláthar fearais agus innealra de réir mar a theastaíonn do na Ceantair agus do na rannáin den Chomhairle Contae
- Fáil agus diúscairt fearais agus innealra
- An líon foirne agus na scileanna a bheith ar fáil atá riachtanach chun flít fearais agus innealra na comhairle a chothabháil agus a oibriú go héifeachtúil.
- Socrú a dhéanamh innealra gnó a thógáil ar cíos go gearrthéarmach agus go fadtéarmach le haghaidh na gCeantar.

**Tógtar innealra ar cíos ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear na cinn seo a leanas:**

- riachtanais innealra na Comhairle a chomhlíonadh le linn thréimhsí buaice
- úsáid a bhaint as saininnill ag a bhfuil tiománaithe oilte
- úsáid a bhaint as saininnil um obair shéasúrach
- úsáid a bhaint as fearas agus innealra le tógáil ar cíos go gearrthéarmach

Tá 11 thiománaí lánaimseartha agus 8 thiománaí séasúrach bunaithe i gClós an Aonaigh agus tá 13 thiománaí lánaimseartha agus 8 thiománaí séasúrach bunaithe i gCluain Meala. Freisin oibríonn an Clós Innealra seirbhís cothabhála geimhridh agus flít de 12 leatóir salainn aige. Tá flít de 12 haonad paisteála ag an gComhairle, chomh maith le 4 17T Velocity, 2 12T Velocity agus 6 gnáth-Phaisteálaí 7.5T, a úsáidtear sna ceantair chun poill sa bhóthar a líonadh agus iad a phaisteáil.



1 de na 2 thrucail dhumpála nua 32 thona a ceannaíodh i 2018 chun dul in ionad chineálacha 2007



17T Velocity Patcher




12T Velocity Patcher



7.5T Gnáth-Phaisteálaí

Oibríonn an Chomhairle a córas ríomhairithe agus uathoibrithe féin um stóráil agus dháileadh breosla in iostaí Chluain Meala, Chathair Dúin Iascaigh agus an Aonaigh chun leas a bhaint as an laghdú costais ar féidir a bhaint amach le ceannach i mbulc.



Umair stórála breosla glanscartha agus córas dáileacháin

Oibríonn an Chomhairle a chuid garáistí innealra féin i gCluain Meala agus san Aonach chun na riachtanais chothabhála um míreanna éagsúla innealra a chomhlíonadh. Faoi láthair tá saoiste feisteoirí agus 5 shaoiste bunaithe i gCeardlann Chluain Meala agus tá saoiste agus beirt fheisteoirí bunaithe i gCeardlann an Aonaigh.

Tá an cheardlann innealra freagrach as cigireacht rialta ar gach feithicil tráchtála san fhlít, as seirbhísiú trucailí, truiclíní, veaineanna agus tarracóirí de réir mar a theastaíonn i gcomhréir le sonraíocht na ndéantóirí, agus as deisiú feithiclí de réir mar is gá. Cuireadh tús le huasghrádú ar an gclós innealra agus an láithreán fóntas sibhialta atá ceangailte leis san Aonach ag an gcéim réamhdheartha.



## Cothabháil Gheimhridh

**Tá ceithre chéim ar leithligh ag baint leis an tSeirbhís Cothabhála Geimhridh is iad sin ná:-**

1. Salann a chur roimh ré ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád agus ar Mhórbhóithre Réigiúnacha agus bealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.
2. Salann agus gaineamh a chur ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Réigiúnacha a bhfuil oighear le teacht orthu.
3. Sneachta a ghlanadh ó Bhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha le céachtaí sneachta.
4. Sneachta a ghlanadh ó Bhóithre Contae le Céachtaí Sneachta nó Lódairí Meicniúla.

**Tugtar cóireáil réamhchúramach ar Chéim 1 agus gnách go socraítear an tráth ionas go mbeadh sé críochnaithe thart ar dhá huair an chloig sula dtosódh sioc. Tugtar tosaíocht do Chothabháil Gheimhridh ar bhóithre i dTiobraid Árann mar seo a leanas:-**

- Tosaíocht 1: Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo
- Tosaíocht 2: Bóithre Réigiúnacha ar a dtaistealaíonn go leor feithiclí
- Tosaíocht 3: Bóithre Uirbeacha agus Bóithre Áitiúla ar bhonn tosaíochta, ionaid uirbeacha.



Leatóir salainn 9 méadair chiúbaigh anuas ar thrucail dhumpála 26 thona

I gcás aimsire crua tabharfar tosaíocht do Bhealaí Thosaíocht 1 in áit Bealaí Thosaíocht 2 ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil a leithdháileadh.

Bíonn an tréimhse cothabhála geimhridh ar siúl ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Aibreán agus é mar aidhm bealaí tosaíochta a choimeád chomh sábháilte agus chomh saor agus is féidir ó ghuaiseacha an gheimhridh. Chuir Bonneagar Iompair Éireann (TII) deontas de €366,950 ar fáil um chothabháil gheimhridh ar Bhóithre Náisiúnta i 2018. Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) €500,000 um chóireáil ar bhealaí neamhnáisiúnta tríd an deontas roghnach.

Mar gheall ar shneachta i mí an Mhárta 2018 ba é an méid iomlán a caitheadh ar chothabháil gheimhridh le haghaidh 2017/2018 ná €1,060,996 - rinne an TII agus DTTAS an difríocht a aisíoc.

Le linn an séasúr Seirbhíse Geimhreadh 2017/2018, fuarthas 87 glao amach ar an meán agus baineadh úsáid as 6,636 tona salainn. Ba é an méanchostas as glao amach i rith na tréimhse ná €12,195 lúide costas an tsalainn. Tá uainchlár ag an gComhairle de cheathrar Innealtóirí Dualgais ice-cast atá freagrach as seirbhís an bhiúró aimsire a úsáid chun an réamhaisnéis a scrúdú, agus súil a choimeád ar an aimsir iarbhír atá i ndán don cheantar agus as treoracha a eisiúint a bheidh ag teastáil do chothabháil gheimhridh riachtanach ar bhonn na sainréamhaisnéisí agus eolais áitiúil.

Is é an Clós Innealra a bhainistíonn agus a oibríonn an tSeirbhís Chothabhála Gheimhridh. Oibríonn dhá chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 7 Leatóir Salainn Uimh.6 agus 5 Leatóir Salainn Uimh.9 agus iad curtha suas ar thrucailí de chuid na Comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 na Comhairle (thart ar 1,000 Km) i gcás go dtuartar sioc/oighear thar oíche. Tá comhaontú i bhfeidhm ag an gComhairle le Comhairlí Luimnigh, Uíbh Fhailí, Phort Láirge agus Chill Chainnigh ar bhonn quid pro quo le haghaidh cóireálacha trasteorann ar bhealaí chun an oibríocht a dhéanamh níos éifeachtúlaí.

Foilsítear sceideal iomlán agus léarscáil de bhealaí um leagan salainn roimh ré agus comhaontuithe trasteorann ar láithreán gréasáin na Comhairle www.tipperarycoco.ie. Is féidir céachtaí sneachta a fheistiú ar na feithiclí um leathadh salann nuair a thuarfar sneachta agus cuirfear tús le glanadh sneachta le céachtadh chomh luath agus a sháraíonn doimhneacht an tsneachta 30mm ar an Líonra Thosaíocht 1 go léir nó ar chuid de.

Bainistíonn Bonneagar Iompair Éireann soláthar náisiúnta shalann bóthair do na Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta agus chuir sé thart ar 5,300 tona de shalann le haghaidh gach bóthair Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta ar fáil don Chomhairle i 2017/2018. Freisin coimeádann sé stoc náisiúnta salainn le dáileadh ar údaráis áitiúla i gcás go dtuartar aimsir chrua, i.e. tréimhse fhada d'aimsir fhuar, nó síobadh sneachta. Sáraíonn an acmhainn stórála clúdaithe um shalann de chuid na Comhairle 2,700 tona anois agus tá sciobóil stórála salainn suite i gCathair Dúin Iascaigh (600 Tona), Cluain Meala (600 Tona) agus san Aonach (1,500 Tona).

*6,636 tona de shalann úsáidte i séasúr cothabhála an gheimhridh*

*12 criú ag obair de réir uainchláir i rith shéasúr cothabhála an gheimhridh chun 1,000km de bhealaí tosaíochta a chóireáil*



Leantóir alúmanaim 30 Tona chun salann bóthair a tharraingt ó na poirt go sciobóil salainn na Comhairle

## Aimsir Chrua/Dochar de bharr Stoirme

Tá Foireann Ghníomhaíochta Aimsire Crua (FGAC) bunaithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun déileáil le héigeandálaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá an fhoireann déanta suas den Innealtóir Sinsearach (IS)- Bóithre, den Innealtóir Sinsearach (IS) - Seirbhísí Uisce, agus d'Innealtóirí Ceantair (5) faoi chathaoirleacht an IS (Bóithre). Cinneadh gur cheart do Chathaoirleach FMAC cruinniú teileachomhdhála a thionól den Fhoireann um Measúnú Aimsire Crua nuair a bhfaighfí Foláireamh Oráiste nó Dearg um Stoirm chrua ó Mhet Éireann. Ba cheart an cruinniú sin a reáchtáil laistigh d'aon uair an chloig ón bhfoláireamh chun cur ar chumas na foirne an foláireamh agus a impleachtaí do sheirbhísí na Comhairle a mheas. Ba cheart don Fhoireann FMAC ansin an leibhéal cuí freagartha a shocrú. Ba cheart gach rabhadh a mheas i gcomhthéacs faisnéise ábhartha eile atá ar fáil don FMAC i.e. faisnéis ón gCóras Réamhaisnéise Oighir, eolas áitiúil ar bhóithre, bhonneagar, pobail leochaileacha etc. Ag brath ar nádúr an mheasúnaithe ar thionchar na haimsire, ba cheart rabhadh agus/nó treoir um phlean gníomhachtaithe d'Aimsir Chrua a eisiúint chuig gach rannán cuí sa Chomhairle agus chuig na príomhghníomhaireachtaí freagartha ábhartha go léir.

D'fhreagair an Chomhairle do roinnt imeachtaí aimsire i 2018 agus an ceann ba thromchúisí ná Stoirm Emma a bhuail an tír i bhFeabhra. Fuarthas leithdháileadh de €503,129 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar fhreagra ar an imeacht aimsire seo.



## Soilsiú Poiblí

Tá an Chomhairle freagrach as soilse poiblí (sráide) a sholáthar agus a chothabháil ar fud an Chontae. Déantar cothabháil ar shoilse poiblí anois faoi chonradh le Airtricity Utility Solutions. Is iad Energia a sholáthraíonn an chumhacht leictreach don líonra soilse. Is é méid iomlán na soilse poiblí sa líonra ná thart ar 16,200.

Is iad na Soilse Poiblí an bealach is mó ina n-úsáidtear fuinneamh ag an gcomhairle. Le roinnt blianta anuas tá soilse LED tugtha isteach ag an gComhairle i roinnt tionscadal um shoilse poiblí nua agus ionaid. Sna blianta atá le teacht, is dóchúil go ndéanfar tiontú mór go soilse LED. Go domhanda, táthar ag cur soilse LED in ionad shoilse Sox, diaidh ar ndiaidh. Tá maoiniú seachtrach ag an gComhairle agus bainfidh siad leas as sin; cuirtear ar fáil é ag SEAI agus TII um thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Rinneadh 452 uasghrádú soilse i 2018, agus fuair an Chomhairle maoiniú de €202,544 ó TII.

I 2018, lean an Chomhairle ar aghaidh ag díriú ar chuid dár sráidbhailte áit a bhfuil easnaimh solais faoi láthair. Freisin dhírigh muid ar chuid de na bealaí artaireacha isteach chuig ár mbailte, i roinnt cásanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus i gcásanna eile chun drochshoilse poiblí a fheabhsú. Tá cothabháil ghinearálta lena n-áirítear uasghrádú ar bhraic, cholúin agus ar bhoscaí comhéadain, ar siúl mar chuid de na scéimeanna sin.

Tá sé mar oibleagáid ar an gComhairle na Spriocanna Náisiúnta um Éifeachtúlacht na Seirbhíse Poiblí a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin nach mór Ídiú Fuinnimh a laghdú faoi 33% faoi 2020. Tá Cúnant na Méaraí sínithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feidhm a thabhairt don ghealltanas sin.

*Os cionn 16,200 solas poiblí curtha ar fáil agus cothabháil déanta orthu ag Comhairle Contae Thiobraid Árann'*

*'Rinneadh 452 uasghrádú ar shoilse i 2018'*

*'Tá éifeachtúlacht fuinnimh inár gcuid soilse poiblí feabhsaithe ag 11% (2009-2017) cé go bhfuil méid na soilse méadaithe ag 16%*

## Tionscadal Spáis Chliste

D'éirigh le Comhairle Contae Thiobraid Árann faomhadh a fháil do mhaoiniú ERDF le haghaidh tionscadail chun Spásanna Poiblí Inbhuanaithe Cliste a fhorbairt thar réigiún na hEorpa thiar thuaidh agus tugadh 'Spás Cliste' ar an tionscadal. Gheobhaidh an Chomhairle, i dteannta le trí cheantar Eorpach maoiniú chun córas soilse cliste a shuiteáil áit a dtabharfaidh na ceithre chomhpháirtí gealltanas chun tionscadal taighde lena ngabhann an córas soilse seo a shuiteáil agus monatóireacht a dhéanamh air. Mar gheall ar dhul chun cinn i gcórais soilse cliste tá deis ann éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go mór, agus ar an mbealach sin an lorg carbóin a laghdú. Is é an príomhionad a bheidh i gceist don tionscadal 'Spás Cliste' i dTiobraid Árann ná Durlas agus Cearnóg na Saoirse ach go háirithe. Cuirfidh an Chomhairle san áireamh na sráidbhailte Cluain Abhla agus Drongán i dteannta le Durlas chun triail a bhaint as an teicneolaíocht sin i gcomhthéacs tuaithe.

## r-pháirceáil

Cuireadh r-pháirceáil i bhfeidhm i 9 mbaile ar fud Chontae Thiobraid Árann. Is bealach breise le híoc as páirceáil atá sa tseirbhís seo agus é níos áisiúla. Áirítear le modhanna íocaíochta as an bpáirceáil do bhaill den phobal aip fóin chliste, láithreán gréasáin nó glao gutháin. Tá r-Pháirceáil fós á cur chun cinn agus reáchtáladh dhá fheachtas an-rathúil i 2018. Chuimsigh ceann amháin a reáchtáladh i rith mhí Aibreáin feachtas fógraíochta dhá sheachtaine ar an stáisiún raidió áitiúil 'TippFM' agus fuarthas os cionn 100 iarrachta in aghaidh an lae. Reáchtáladh feachtas Nollag i mí na Nollag agus é molta d'úsáideoirí an 'aip' r-Pháirceála a íoslódáil agus a úsáid chun dul san iomaíoch i dtarraingt agus 5 buaiteoirí roghnaithe. Ba é meánmhéid na n-íoslódálacha nua le haghaidh mhí na Nollag 2018 ná idir 200 agus 300.

*Páirceáil leis an bhfón i 9 mbaile ar fud Thiobraid Árann'*

*'Íoslódáil an aip ag www.tipperaryeparking.com*

## Eastáit a Thógáil i gCúram

**Tógadh 25 n-eastát san iomlán i gcúram i rith 2018.**

| Ceantar Bardasach | Eastát | Dáta a Tógadh i gCúram |
|---|---|---|
| Cluain Meala | An Choill Mhór, Bóthar Chaisil, Cluain Meala | 21/03/2018 |
| An tAonach | Cúirt Bhoru, Béal an Átha | 19/04/2018 |
| An tAonach | An Cnoc Cruinn, Bóthar Fhionnú, An tSeisreach Mhór, Buiríos Uí Chatháin | 19/04/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Cluain Ard, Ros Cré | 25/04/2018 |
| Carraig na Siúire | Clós an Mhainéir, an Charraig Bheag | 25/04/2018 |
| Carraig na Siúire | Geata an Mhainéir, an Charraig Bheag | 25/04/2018 |
| Carraig na Siúire | Radharc an Mhainéir, an Charraig Bheag | 25/04/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Na Paidic, Sráid an Bhóthair, Durlas | 25/04/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Cluain Glas, Bóthar an Teampaill Mhóir, Durlas | 25/04/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Gleann na Carraige, an Scairt, Ros Cré | 25/04/2018 |
| An tAonach | Eachlann an Airgid, Sráid an Airgid, an tAonach | 19/07/2018 |
| An tAonach | Garrán an Ghoirtín, Rathcabbin | 19/07/2018 |
| An tAonach | Clós Dhoire, Rathcabbin | 19/07/2018 |
| An tAonach | Iostáin Loch Deirgeirt, Droim Inbhir | 19/07/2018 |
| An tAonach | Radharc an Chuain, Droim Inbhir | 19/07/2018 |
| An tAonach | Mainéar Deirgeirt, Droim Inbhir | 19/07/2018 |
| An tAonach | Palás Derg, An Baile Nua, An tAonach | 19/07/2018 |
| An tAonach | Cúirt an Choillín, Buiríos Uí Chatháin | 19/07/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Mainéar na Marlchloiche, Bóthar an Bhriotáis, Durlas | 25/07/2018 |
| An Teampall Mór-Durlas | Cnoc na Sceiche Gile, Tulach Sciach, Ros Cré | 25/07/2018 |
| Carraig na Siúire | Cnocán Nioclái, Bóthar an Phiolla, Carraig na Siúire | 26/07/2018 |
| Cluain Meala | Fearann na Leathsheisrí, Ascaill Chnocán na Rós, Bóthar Chluain Meala, Cathair Dúin Iascaigh | 19/09/2018 |
| Carraig na Siúire | Cois Coille, Cill Chaise, Cluain Meala | 22/11/2018 |
| Caiseal-Tiobraid Árann | Caiseal na Rí, Bóthar an Ghabhailín, Caiseal | 26/11/2018 |
| Cluain Meala | Clós Choill na Feá, Bóthar Phádraig, Tobar an Airgid, Cluain Meala | 19/12/2018 |

## Seoladh Straitéis Thiobraid Árann um Shábháilteacht ar Bhóithre

**Bliain ghnóthach ab ea 2018 don Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre i gComhairle Contae Thiobraid Árann, a sheol straitéis um shábháilteacht ar bhóithre i dTiobraid Árann i mí an Mheithimh i dteannta lena cuid comhpháirtithe, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), Bonneagar Iompair Éireann (TII), an Garda Síochána (AGS), Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann agus an FSS/An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.**

Is í an chéad scéim dá leithéid in Éirinn le haghaidh Thiobraid Árann agus clúdaíonn sí an tréimhse 2018-2020. Tá sí bunaithe ar Straitéis an Rialtais ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 agus leagtar léi an sprioc uaillmhianach mar atá básanna agus díobhálacha tromchúiseacha a laghdú go 4 agus 10 faoi seach in aghaidh na bliana i dTiobraid Árann faoi 2020. Beidh laghdú de 69% ar fhigiúir 2016 ag teastáil dó sin agus teastaíonn cur chuige comhordaithe i dtreo sábháilteachta ar bhóithre lena aghaidh.

Is é an Ráiteas Misin atá cuimsithe sa straitéis ná "níos mó feasachta a chruthú faoi shábháilteacht ar bhóithre trínar gcuid páirtithe leasmhara go léir agus é mar aidhm líon, tromchúise agus tionchar na n-imbhuailtí bóthair ar an saol a athrú, agus ar an mbealach sin Contae Thiobraid Árann a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóthair."

Sa Straitéis déantar iniúchadh ar shaincheisteanna áitiúla sonracha atá ábhartha do Thiobraid Árann. Táirgtear treoir straitéiseach i dtreo na sábháilteachta ar bhóithre i dTiobraid Árann maidir le hOideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú agus Measúnú. Teastaíonn cur chuige comhordaithe dó sin idir na páirtithe leasmhara go léir chun díriú ar imbhuailtí agus thaismeacha a laghdú sa chontae agus chun iarraidh leibhéil sábháilteachta foriomlána a fheabhsú laistigh dár bpobail.

Sa Straitéis freisin moltar do gach ball den phobal ról gníomhach a ghlacadh i mbásanna agus díobhálacha a laghdú ar bhóithre Thiobraid Árann trí fhreagracht a ghlacadh as a n-iompraíocht féin mar úsáideoirí bóthair.

Tá súil ag na páirtithe leasmhara go léir go mbeidh ról níos mó ag an mbéim leantach ar shábháilteacht ar bhóithre i gContae Thiobraid Árann mar chuid den Straitéis seo um Shábháilteacht ar Bhóithre i laghdú imbhuailtí agus taismeach sa Chontae thar shaolré na straitéise.



**Ag seoladh an chéad Straitéis uile-chontae um Shábháilteacht ar Bhóithre do Thiobraid Árann bhí:** Ró tosaigh ó chlé go deis: Declan O'Carroll, Sáirsint i gceannas, Stáisiún Gardaí an Aonaigh; Joe MacGrath, C.E.O., Comhairle Contae Thiobraid Árann; Catherine Kehoe, Ard-cheannfort, Durlas; Padraic Powell, Cigire, Durlas.
Ró Cúil ó chlé go deis: arda an Fiona Kavanagh, Oifigeach um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre, RSA; Marcus O'Connor, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Thiobraid Árann; Michael F. Hayes, Innealtóir Sinsearach Rannóg na mBóithre, CCTÁ; Janice Gardiner, An Rannóg Bóithre, CCTÁ; Carmel Banville, Ceannfort, Cathair Dúin Iascaigh; Dave Carroll, Príomhoifigeach Dóiteáin; David Nolan, Ceannfort, An tAonach; Mary Murphy, An Rannóg Bóithre, CCTÁ; Matt Shortt, Stiúrthóir Seirbhísí, CCTÁ; Eilish Mulhern, Oifigeach Sinsearach um Chur chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre, RSA.



## Gormbhealach Chluain Meala go Carraig na Siúire

**€765,000 de mhaoiniú breise chun obair fheabhsúcháin a chríochnú ar Ghormbhealach na Siúire ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2018 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - tarraingeofar aníos an maoiniú seo i 2019. Tá brandáil agus comharthaí an Ghormbhealaigh beagnach críochnaithe agus cuirfear suas na comharthaí ag tús 2019.**

Tá plean margaíochta á ullmhú ag Oifigeach Turasóireachta na Comhairle agus tá an seoladh oifigiúil pleanáilte do Bhealtaine 2019.



Gormbhealach na Siúire

## Grúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile (RSWTG)

Is ceanglas é faoin Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 de chuid an Rialtais go mbunódh gach údarás áitiúil Grúpa um Oibriú de Chéile do Shábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG). Tá an grúpa sin déanta suas d'ionadaithe ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Bonneagar Iompair Éireann (TII), an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), an Garda Síochána (AGS) agus Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann. Bhí trí chruinniú ag an ngrúpa seo i 2018 chun obair a chríochnú ar Straitéis Thiobraid Árann um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá ann.

Ceapadh dhá Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre do Thiobraid Árann, foireann amháin a chlúdaíonn tuaisceart an chontae agus an ceann eile ag clúdach deisceart an chontae, i gcomhréir le Ceantair Bhardasacha agus Gharda. Bhí trí chruinniú ag an dá fhoireann i 2018 agus phléigh siad saincheisteanna oibriúcháin agus, i measc nithe eile, an Clár chun Imbhuailtí a Chosc (CIC)

**Sábháilteacht ar Bhóithre - Gníomhartha i 2018**

- Eagraíodh feachtas sna meáin chun bearradh fálta taobh bóthair a chur chun cinn le linn shéasúr an bhearradh fálta.
- Cuireadh feasacháin Eolais faoi Shábháilteacht ar Bhóithre in iúl i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Tugadh tacaíocht don tSeachtain um Shábháilteacht Dóiteáin i nDeireadh Fómhair 2018.
- Tugadh tacaíocht don tríú "Lá Eorpach gan Bhás ar Bhóithre" (Tionscadal Edward) ar an 19 Meán Fómhair 2018. Eagraíodh an tionscnamh sin ag Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta (TIPSOL). Tacaíodh leis ag AGS agus an RSA chomh maith. Ba í aidhm an tionscadail ná nach dtarlódh aon bhásanna ar bhóithre sna 30 ballstát ar an lá sin.

## Blitzchomórtas Rothar Cothroim

D'fhreastail Ionadaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar dhá imeacht Blitzchomórtas Rothar Cothroim ar an 12 agus an 13 Meitheamh a d'eagair Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann agus Coiste Cúram Leanaí Contae Thiobraid Árann do Sheachtain Náisiúnta na Rothar.

Eagraíodh na himeachtaí sin le haghaidh leanaí Réamhscoile agus chuimsigh siad roinnt imeachtaí a raibh Sábháilteacht ar Bhóithre mar chuid díobh. San Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre treoraíodh na páistí timpeall cúrsa bacainní um shábháilteacht ar bhóithre a chuimsigh trasrian coisithe, soilse tráchta agus crosaire comhréidh (traenach). Múineadh dóibh trí shúgradh bheith ag faire amach don mhaor tráchta scoile, moilliú ag na soilse tráchta, stopadh má tá an solas dearg, bheith ag faire amach do na coisithe ag trasnú agus stopadh ag crosaire comhréidh má tá na bacainní síos. Tharla na himeachtaí i gClub CLG Moyle Rovers, Cluain Meala, agus The Dome, Durlas. D'fhreastail seacht réamhscoil orthu i gCluain Meala agus d'fhreastail sé réamhscoil orthu i gCluain Meala; leis sin glacadh os cionn 200 linbh páirt iontu.

## Imeacht Bí Sábháilte

D'fhreastail Ionadaí ó Shábháilteacht ar Bhóithre ón Rannóg Bóithre i gComhairle Contae Thiobraid Árann ar imeacht "Bí Sábháilte' i Halla na nGasóg, an tAonach ar an 14 Meitheamh 2018. Tá an clár "Bí Sábháilte" urraithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus éascaithe ag Junior Achievement Ireland a thógann le chéile páistí ó rang 5 agus 6 ó bhunscoileanna in áiteanna éagsúla le haghaidh imeacht "Bí Sábháilte". Reáchtáladh na himeachtaí sin ar fud na tíre.

Tagann gníomhaireachtaí stáit, agus eagraíochtaí réigiúnacha ar a bhfuil sainchúram sábháilteachta, le chéile chun labhairt le páistí agus teachtaireacht choitianta acu – Bheith Sábháilte. Is deis í an imeacht sin chun teachtaireachtaí praiticiúla faoin tsábháilteacht a chur i láthair do pháistí ar bhealach nua agus spéisiúil chun iad féin a choimeád sábháilte i suíomhanna éagsúla.

Reáchtáiltear "Bheith Sábháilte" i gcaitheamh maidine nuair a thagann páistí ó scoileanna áitiúla chuig ionad lárnach, agus a gcuid múinteoirí in éineacht leo.

Ghlac thart ar chéad agus fhiche páiste scoile ó rang 5 agus 6 ó bhunscoileanna áitiúla páirt san imeacht "Bí Sábháilte". Ba iad na bunscoileanna a d'fhreastail air san Aonach ná Bunscoil na Carraige, Bunscoil CBS, An tAonach, Bunscoil Mhuire, an tAonach agus Gaelscoil, an tAonach. Eagraíodh na páistí ina ngrúpaí de dheichniúr. Chuir gach gníomhaireacht cás deich-nóiméid i láthair dá ngrúpa faoi shraith de shaincheisteanna sábháilteachta mar shábháilteacht ar bhóithre, sábháilteacht uisce agus cósta, sábháilteacht tógála, leictreachas, sábháilteacht ar fheirm, ag taisteal go sábháilte, agus sábháilteacht phearsanta. Ós rud é gur tharla an imeacht i rith Sheachtain Náisiúnta na Rothar, thug an t-Ionadaí um Shábháilteacht ar Bhóithre caint/taispeántas idirghníomhach faoi rothaíocht shábháilte.

Ba iad na gníomhaireachtaí eile a ghlac páirt ar an lá ná BSL, Bus Éireann, Sábháilteacht Uisce Éireann, RNLI, Teagasc, an Garda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann agus Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann.



## Cúrsaí Sábháilteachta ar Bhóithre

I gcomhar le Rannóg Bóithre na Comhairle, an Garda Síochána agus an RSA, reáchtáil Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann imeacht "Cúrsaí Sábháilteachta ar Bhóithre" san Óstán Park Cluain Meala ar an 27 Samhain 2018.

Bhí an imeacht dírithe ar dhaltaí ón Idirbhliain go 6ú bliain ar dóchúil go mbeidh siad ag fáil cheadúnas tiomána go luath. Bhí roinnt cainteoirí againn ar maidin ó bhaill de na seirbhísí éigeandála. Freisin labhair an cróinéir faoi éifeacht na tiomána faoi thionchar an alcóil agus/nó na ndrugaí, agus faoin toradh tragóideach a bhíonn ar thimpistí ar bhóthar. Thug ball teaghlaigh taispeántas a raibh tionchar ag imbhualadh marfach ar bhóthar orthu cur i láthair an-spéisiúil. Ina dhiaidh sin tugadh taispeántas do dhaltaí a bhí ag freastal ar obair na seirbhísí éigeandála tar éis imbhuailte ar bhóthar.

Le linn an lae bhí tointeálaí bóthair agus Ionsamhlóir Rollta an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an láthair agus áit a bhféadfadh daltaí agus múinteoirí araon taithí a fháil ar an teicneolaíocht ionsamhlaithe agus thumthach is deireanaí. Bhí daltaí in ann féachaint dóibh féin an chontúirt a bhaineann le gan crios sábhála a chaitheamh leis an ionsamhlóir rollta. D'fhéadfadh siad a gcuid scileanna tiomána a chleachtadh san ionsamhlóir gluaisteáin réalaíoch nó an Triail Teoirice do Thiománaithe ar cheann de na scáileáin tadhaill idirghníomhacha. Bhí baill foirne ón RSA ar fáil le linn an imeachta chun ceisteanna a fhreagairt agus comhairle a thairiscint.



Ag an imeacht 'Sábháilteachta ar Bhóithre' tá (c go d)

Mary Murphy, An Rannóg Bóithre, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Garda Claire Murphy, Carol Kennedy, Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta, Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann, Fiona Kavanagh, Oifigeach um Chur chun Cinn na Sábháilteachta sa RSA agus John Perry, Paraimhíochaineoir

*Straitéis Thiobraid Árann um Shábháilteacht ar Bhóithre seolta i 2018*

## Teastais um Bóithre Teoranta

Fuarthas 671 iarratas san iomlán ar Theastais um Bóithre Teoranta i rith 2018 (méadú 15.5%) agus eisíodh 569 Teastas (méadú 18.5%).

## Ceadanna um Ualach Neamhghnách

Fuarthas 206 iarratas san iomlán ar Cheadanna um Ualach Neamhghnách i rith 2018 agus eisíodh 197 Teastas.

## Ceadúnais Oscailte Bóthar

Is é an Ceadúnú Maproad Roadworks (MRL) arna riar ag an Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB) an córas náisiúnta um bainistiú agus próiseáil iarratas ar cheadúnais oibreacha bóthair. Nuair a chláraítear conraitheoir fóntais nó sibhialta ar an gcóras MRL, ligtear dóibh iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na hÚdaráis Áitiúla sa Tír, atá ailínithe leis an gcóras MRL.

**Tá an nós imeachta a úsáidtear ar an gcóras MRL bunaithe ar an tsamhail "T". Cuimsíonn ceadúnais shamhail T teorainneacha ar nós achar iomlán tochailte, tréimhsí réamhfhógartha, tréimhsí bailíochta ceadúnas, líon na laethanta atá ceadaithe le hoibreacha a dhéanamh agus faid idir tochailtí.**

- Fógra T1: Tá Fógra T1 riachtanach nuair atá sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar oibreacha ardtionchair iad mar gheall ar mhéid nó chastacht na n-oibreacha beartaithe. Ní ceadúnas atá i Fógra T1. Leis an bpróiseas fógartha ceadaítear dóthain ama um chomhchomhairle agus comhphleanáil idir an t-iarratasóir agus an t-údarás.
- Ceadúnas T2:1 Tar éis don údarás bóithre cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfógra T1, cuireann an t-iarratasóir isteach ceadúna(i)s T21 don tionscadal
- Ceadúnas T2: Oibreacha tionchair mhóir go mheasartha
- Ceadúnas T3: Oibreacha tionchair ísil
- Fógra T4: Fógra faoi oibreacha éigeandála mar atá sainithe faoin reachtaíocht. D'fhéadfadh go n-éileofaí ceadúnas T2 nó T3 ina dhiaidh sin chun na hoibreacha a chríochnú nach oibreacha de nádúr éigeandála iad.
- Fógra T5: Fógra trí hiarratas don údarás áitiúil ar chríochnú oibreacha arna ndéanamh faoi T2,[1] T2, T3 nó T4

I 2018 fuair an Rannóg Bóithre 872 iarratas ar líne um Cheadúnas Oscailte Bóthair. I dteannta leis na Ceantair, rinne Rannóg na mBóithre cinneadh fabhrach i leith 45 Fhógra T1 i dtaobh tionscadal éagsúla um fóntais agus fuinneamh ar fud an Chontae agus deonaíodh 613 ceadúnas T2,[1], T2, T3 agus T4 i rith na bliana. Áiríodh leis sin na hiarratais a fuarthas i 2017 agus a deonaíodh i 2018. Tá na hiarratais eile a fuarthas i 2018 ag na céimeanna éagsúla de Phróiseáil / Leagan Síos Coinníollacha / Faomhadh.

*872 iarratas ar líne um cheadúnas oscailte bóthair faighte i 2018.*

## Scéimeanna Fostaíochta Pobail Chomhairle Contae Thiobraid Árann

**Na Ceantair Bhardasacha Carraig na Siúire, Caiseal-Tiobraid Árann, Cluain Meala, Teampall Mór-Durlas**

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag tabhairt tacaíochta do chláir Fostaíochta Pobail ó tugadh isteach i 1985 iad.

I gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí leanann an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag moladh fhorbairt na Fostaíochta Pobail. Dá réir sin, tugann Comhairle Contae Thiobraid Árann urraíocht do dhá thionscadal Fostaíochta Pobail. Tugadh faomhadh chun ceathrar maoirseoir agus seasca-haon rannpháirtí a fhostú i dtaobh Scéimeanna 2018. Oibrítear na scéimeanna i dtrí hionad déag agus ina measc Baile agus Purláin Chathair Dúin Iascaigh, Carraig na Siúire, Cluain Meala, Durlas agus Baile Thiobraid Árann agus na pobail an Bóthar Leathan, Cluain Abhla/an Clochar, Mainistir na Croiche, Teach Naoi Míle agus Faiche Ró.

**Tá raon gníomhaíochtaí i gceist leis na Tionscnaimh Fostaíochta Pobail a chuimsíonn:**

- Tionscadail gairneoireachta, tírdhreachtaithe agus feabhsaithe timpeallachta
- Oibreacha cothabhála i bpáirceanna, bailte agus reiligí
- Oibrí Ginerálta/Tiománaí/Dualgais Bainistíochta Tráchta/Maoir um Thrasnú Bóthair

Leagtar béim ar thaithí fostaíochta agus oiliúint luachmhar a chur ar fáil do rannpháirtithe trí phlean foghlama aonair. Baineann gach rannpháirtí leas as Oiliúint éigeantach ar Shláinte agus Shábháilteacht mar Safe Pass agus Láimhsiú Sábháilte ar scil inaistrithe é a bhíonn ag teastáil in ionaid oibre cosúla. Féadfaidh rannpháirtithe freisin páirt a ghlacadh i Tuiscint ar obair ar na bóithre, Ionduchtú SSWP agus cúrsa Sláinte agus Sábháilteachta ag oibreacha bóthair (aon lá amháin).

**Tar éis oiliúint éigeantach ar Shláinte agus Shábháilteacht agus oibreacha ar bhóthar a dhéanamh, leanann rannpháirtithe ar aghaidh le cúrsaí a bhaineann le poist nó scileanna sonracha chun ullmhú i gcomhair fostaíochta san earnáil chomhshaoil, tógála, slándála, riaracháin/gnó nó in earnáil an tionscal bia, mar:**

- Uirlisí agus Trealamh Gairneoireachta/Oibriú Lomairí Faiche/Lotnaidicídí Láimhe
- Ionduchtú Forcardaitheora/Dréimire/Insliú Teirmeach/ Plástráil Leibhéal 3/ Leagan Brící – Bloc
- Slándáil Doirse/Bunscileanna Cosanta/Aslonnú i gcás Dóiteain/Garchabhair Cheirde
- Cumarsáid/Seirbhís do Chustaiméirí/TF/Teiripe Scéimhe
- Sábháilteacht Bia

Baineann an pobal i dTiobraid Árann leas as bailte glana, feabhsú conláistí agus tírdhreachadh ceantar. Sealbhaíonn rannpháirtithe muinín agus féinmheas a chuireann ar a gcumas oibriú mar bhall d'fhoireann ina bpobal féin. I gcás go leor de na rannpháirtithe ar na scéimeanna éiríonn leo fostaíocht a fháil le linn a dtréimhse i mbun na dtionscadal nó díreach ina diaidh.

## Oifig na Scéimeanna Náisiúnta Tógála

I mí Dheireadh Fómhair 2018, bhunaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Oifig na Scéimeanna Náisiúnta Tógála (SNT) san Aonach agus thosaigh sí ag soláthar seirbhísí fíoraithe agus deimhnithe thar ceann SOLAS (an tOideachas Breisoideachais agus Breisoiliúna) Oibríonn an oifig faoi chreat comhaontaithe um chomhar agus chumarsáid idir SOLAS agus Comhairle Contae Thiobraid Árann chun go n-oibrítear go héifeachtúil cláir na Scéime um Dheimhniú Scileanna Tógála (SDST) agus na Scéime um Dheimhniú Scileanna Cairéil (SDSC).

## Maolú Tuilte Mionchúiseacha Oibreacha agus Staidéir

I rith 2018, bhí 9 Scéim faofa um chistiú ag Oibreacha agus Staidéir um Maolú Tuilte Mionchúiseacha Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW).

Críochnaíodh obair i 2018 ar 2 scéim ag The Millrace, Cathair Dúin Iascaigh agus i Muileann na hUamhan i gCeantar Bardasach Charraig na Siúire, dár chuir an OPW leithdháileadh iomlán de €260,500 ar fáil.

Fuair trí scéim i mBaile an Chalaidh, an Cloichín i gCeantar Buirge Chluain Meala; Baile an Doirín i gCeantar Bardasach an Aonaigh agus Lota Waller Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann faomhadh maoinithe ar luach iomlán €115,311 agus táthar chun oibreacha a dhéanamh i 2018 sna hionaid sin.

Tá an Chomhairle fós i mbun plé le hOifig na n-Oibreacha Poiblí maidir le roinnt beart eile agus táthar ag súil go gcuirfear scéimeanna breise ar aghaidh.

Tá an Chomhairle buíoch as tacaíocht an OPW agus leanfaidh sí ar aghaidh ag fiosrú ionad a bhfaightear tuairiscí faoi thuilte maidir leo agus ag cur Scéimeanna eile um Maolú Tuilte Mionchúiseacha i 2019 áit a n-aithnítear bearta indéanta um maolú tuilte agus réitigh innealtóireachta tairbhiúla chun aonaid réadmhaoine atá i mbaol a chosaint.



Sa phictiúr tá scéim dheisiúcháin um Chainéal Abhann Mhuileann na hUamhan atá maoinithe ag an OPW agus í á tógáil ag GLAS Civil Engineering Ltd. i bhFeabhra 2018. Tionscadal sin arbh mór ag an Comhairleoir Eddie O' Meara, RIP, a bhásaigh i mí Aibreáin 2018, é.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córas cuimsitheach um bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta de réir ár Máthair-ráitis Sábháilteachta agus ár gcuid oibleagáidí dlí. Coimeádtar an bhéim ar shláinte agus shábháilteacht trí chruinnithe rialta agus choistí áit a bpléitear saincheisteanna mar bheartas agus nósanna imeachta. Críochnaíodh comhchuibhiú Ráitis Sábháilteachta ar Bhóithre an tuaiscirt agus an deiscirt i Márta 2018 agus glacadh le Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach do Bhóithre. Tugadh faoi chigireachtaí rialta láithreáin i rith 2018 freisin chomh maith le taifeadadh timpistí & eachtraí agus fiosrú na mbunchúiseanna.

## Córas um Bainistíocht Dromchla

Tá Córas um Bainistíocht Dromchla i bhfeidhm i dTiobraid Árann mar chuid de bhunachar sonraí leictreonach Náisiúnta de gach Bóthar Áitiúil agus Réigiúnach. Sna léarscáileanna a thaispeántar ar an gcóras sin cuirtear eolas dathchódaithe ar fáil faoi riocht dhromchla an bhóthair ar scála ó 1 go 10 do gach catagóir bhóthair.

Ceadaíonn an t-eolas sin do Chomhairle Contae Thiobraid Árann na cóireálacha éagsúla a theastaíonn do na catagóirí éagsúla bóthair a chainníochtú ar bhealach eolaíoch. Córas dinimiciúil é sin a dhéantar go huathoibríoch nuair a dhéantar suirbhé ar chuid de bhóthar.

## Bearradh Fáil

Faoi Acht na mBóithre 1993, Alt 70 ceanglaítear ar úinéir nó áititheoir talún gach céim atá réasúnta a ghlacadh chun déanamh cinnte nach mbíonn crann, tor, fál ná fásach eile ar an talamh ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí agus nach gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair phoiblí ná cothabháil bóthair phoiblí.

Áit a bhfuil crann, cor, fál nó fasach eile ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí nó áit a gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair phoiblí nó ar chothabháil bóthair phoiblí, is féidir le húdarás bóithre fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar úinéir nó áititheoir na talún.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cion é faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, fasach a scriosadh a fhásann i bhfál nó clais idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa gach bliain. Seoladh 146 fógra faoi bhearradh fálta chuig úinéirí talún i 2018.

# PLEANÁIL & FORBAIRT

Riarann an Rannóg Pleanála sa Chomhairle an reachtaíocht i leith Pleanála mar atá cuimsithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe ag na Rialacháin éagsúla arna ndéanamh faoi.

## Bainistíocht Forbartha

**Is é atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná próiseáil a dhéanamh ar iarratais phleanála agus phleanála agus ar iarratais éagsúla eile, laistigh den amfhráma reachtúil agus déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis go léir a chuirfidh ar a gcumas forbairt bheartaithe a mheas. Is féidir féachaint ar an gclár pleanála ar www.tipperarycoco.ie Tá na figiúir d'iarratais phleanála i 2018 leagtha amach thíos.**

| Cineál Iarratais | Líon na gcinntí a rinneadh | Líon deonaithe | Líon diúltaithe | Líon na gCinntí a ndearnadh achomharc ina gcoinne chuig an mBord Pleanála | Cinntí freaschurtha ag an mBord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| Teach Aonair | 232 | 222 | 10 | 3 | 2 |
| Forbairt Tithíochta | 17 | 16 | 1 | 2 | 0 |
| NIA/EIA | 16 | 16 | 0 | n/b | n/b |
| Iarratais Eile | 765 | 755 | 10 | 19 | 2 |
| Iomlán | 1,030 | 1,009 | 21 | 24 | 4 |

## r-Phleanáil

Leanann muid ar aghaidh ag baint úsáide as an gcóras I-Plan, as an gcóras forfheidhmithe, idocs, agus ag digitiú Léarscáil an Chláir Phleanála agus mar gheall air sin bíonn cúrsaí níos éifeachtúlaí don Rannóg agus don phobal araon. Rinneadh scanadh ar na hiarratais phleanála go léir a fuarthas i 2018 agus cuireadh ar fáil iad tríd an gcóras um fiosrú pleanála ar www.tipperarycoco.ie. Áit arbh chuí baineadh úsáid as Láithreán Gréasáin na Comhairle e.g. sonraí faoi fhoirmeacha iarratais, liostaí seachtainiúla, athruithe ar phleananna etc. Tá sé mar bheartas ag an rialtas, faoi na pleananna atógáil Éireann/ faoin bplean náisiúnta Leathanbhanda, r-phleanáil a chur ar aghaidh. Bunaíodh bord tionscadail um r-phleanáil agus tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ina bhall de. Tá sé mar chuspóir aige feidhmiúlacht r-Phleanála a chur ar aghaidh chun seirbhís mhéadaithe agus fheabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí. Beidh Comhairle Contae Thiobraid mar láithreán píolótach don tionscadal i 2019



# PLEANANNA FORBARTHA/PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL

## An Creat Náisiúnta Pleanála - Éire 2040: Ár bPlean

**Seoladh an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) ar an 16 Feabhra, 2018.**

## Creat um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach

Mar chuid de Thionscadal Éire 2040 agus den Phlean Forbartha Náisiúnta, leithdháil an Rialtas €100m don Chiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (CAFU).

Is í aidhm an CAFU ná forbairt chónaitheach agus tráchtála nua a spreagadh inár gcuid cathracha agus bailte móra.






**Lóisteáladh iarratais le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:**

- **Cluain Meala 2030 Athnuachan Bhunathraithe (Catagóir A agus Catagóir B)**
  Faoin iarratas seo iarrtar maoiniú le d'aon tionscadal amháin "Cluain Meala 2030 - Athnuachan Bunathraithe". Féachann Athnuachan Bhunathraithe Cluain Meala 2030 chuig togra iltoiseach/poiblí/príobháideach/chomhpháirtíocht phobail a fhorbairt do Chluain Meala trína n-athshamhlófar conas is féidir le modhanna úsáide cathartha, cultúrtha, oideachais, fiontair agus turasóireachta le chéile chun an baile a athnuachan agus bealach nua úsáide a chruthú dó. Cuimsíonn "Cluain Meala 2030 - Athnuachan Bunathraithe" ceithre cholún comhtháite a bhfuil dlúthnasc eatarthu, is iad sin ná; Athnuachan Dhún Chiceam, Mol Spóirt Réigiúnach Chluain Meala, Cluain Meala – Flights of Discovery agus Feabhsú Réimse Poiblí Chluain Meala.
- **Tionscadal um Feabhsú Chearnóg na Saoirse Durlas (Catagóir A)**
  Iarrtar maoiniú chun Cearnóg na Saoirse bhríomhar a chur ar fáil i gcroílár Dhurlas. Áit um chónaí, shiopadóireacht, obair, saol sóisialta, súgrach, nó "crochadh thart". Bheadh Cearnóg na Saoire agus í athbheoite ina uirlis fáis sa cheantar timpeall uirthi agus d'fheabhsódh sí tarraingteacht Dhurlas mar áit um chónaí agus áit um infheistíocht / fhostaíocht.
- **An tAonach 25: Plean Comhtháite um Athnuachan Baile agus Dlúthfhás (Catagóir B)**
  Is plean é 'An tAonach 25' d'athnuachan lár baile a chuirfidh ar chumas an Aonaigh a acmhainn a chomhlíonadh i Réigiún an Tuaiscirt agus mar Gheatabhealach chuig an Lár Tíre Ceilte. Bainfear é sin amach trí leas a bhaint as acmhainn eacnamaíoch a chuid sócmhainní oidhreachta; réimse poiblí lár an bhaile a athrú ó bhonn agus infheistiú i méadú inbhuanaithe agus dlúth an bhaile. Molann an tAonach creat idirspleách lena ngabhann trí cholún, is iad sin ná; Feabhsú na Sócmhainní Turasóireachta agus Cultúrtha ar Chearnóg Bhaba, Ullmhú Scéim Feabhsúcháin shonraithe do Lár Baile an Aonaigh agus Nascbhóthar agus Droichead Iarnróid chun tacú le Forbairt Ceathrún Cónaithe.

**An Creat Náisiúnta Pleanála: Creat um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach**

| Tionscadal | Dul chun cinn i 2018 | Céad Chéim Eile |
|---|---|---|
| Durlas: Tionscadal um Feabhsú Chearnóg na Saoirse. | Tugadh faomhadh do mhaoiniú €1.35M le haghaidh an tionscadail. | Plean Bainistíochta Tionscadail le cur i bhfeidhm. Tairiscintí le hiarraidh. |
| Cluain Meala: Athnuachan Bhunathraithe. | Tugadh faomhadh do mhaoiniú €2.89M le haghaidh an tionscadail. | Grúpaí Stiúrtha agus Meithleacha Oibre le bunú Plean Bainistíochta Tionscadail le cur i bhfeidhm. |

## Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas chun €1 bhilliún breise a sholáthar do Chiste nua um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe i gcaitheamh na tréimhse 2019 go 2027 faoi Thionscadal Éire 2040 agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Soláthróidh an Ciste infheistíocht chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus i sráidbhailte ag a bhfuil daonra de níos lú ná 10,000, agus ceantair imeallacha. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a riarann an Ciste.

Soláthraíonn an Ciste nua deis nach raibh ann riamh chun tacú le hathbheochan thuath na hÉireann, tionchar mór agus inbhuanaithe a imirt ar phobail tuaithe, agus déileáil le bánú i mbailte, sráidbhailte agus i gceantair tuaithe beaga. Beidh sé ina uirlis lárnach chun tacú le cuspóirí an Chreat Náisiúnta Pleanála, agus go háirithe chun Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe a bhaint amach – ceann de Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta an CNP.

Tá maoiniú tosaigh de €315 milliún á leithdháileadh don Chiste ar bhonn céimnithe i gcaitheamh na tréimhse 2019 go 2022.

**Lóisteáladh iarratais le haghaidh:**

- **Tithíocht Bhraisle i Sráidbhailte: Tionscnamh Dea-Chleachtais um Láithreán le Seirbhísí (Cill Síoláin (Catagóir 1) agus Teampall Tuaithe (Catagóir 2)).** Bainistíocht na forbartha, lena n-áirítear dearadh agus tógáil na láithreán le seirbhísí agus díolachán an láithreáin a riar tar éis na hoibreacha bonneagair a thabhairt chun críche.
- **Oibreacha Réimse Poiblí i gClós an Mhargaidh agus Siúlóid Abhann a sholáthar ar an Ára i mBaile Thiobraid Árann (Catagóir 1)** Iarradh maoiniú d'oibreacha a chuimsigh athphábháil cheantar na seastán margaidh i gclós an mhargaidh agus leibhéal rochtana an bhóthair aonbhealaigh ón bPríomhshráid a ardú chun dromchla roinnte a chruthú, déanfar an bóthar a thiontú go cosán níos leithne agus ceantar do choisithe, tógáil brat ábhair inteannta chun spás a chruthú do sheastáin margaidh lasmuigh, plandaí breise, cuirfear soilse, comharthaí agus suíocháin ar fáil. (ii) Moltar Sráid na Mainistreach le Cearnóg Ghleann an Radhairc trí shiúlóid abhann 800 méadair ar bhruacha na hÁra.
- **Páirc Bhaile Fhiodh Ard (Catagóir 2)** Maoiniú um Staidéar iomlán Indéantachta agus Luacha ar Airgead, Iniúchadh ar Shócmhainní Pobail agus Club, Comhairliúchán Pobail, Anailís ar Riachtanais, Straitéis Mheasúnaithe & gach riachtanas pleanála agus dlí chun déanamh cinnte go bhfreastalaíonn an pháirc atá beartaithe ar riachtanais áise agus chaithimh aimsire an phobail agus na gclubanna agus na ngrúpaí gaolmhara le samhail láidir gnó agus bonn láidir airgeadais chun cinntiú go mbaintear amach tionscadal oidhreachta inbhuanaithe.
- **Ceangal Gáis leis an gCampas Náisiúnta Bithgheilleagair, An Lisín (Catagóir 2)** Maoiniú chun staidéar indéantachta a dhéanamh ar sholáthar phíblíne gáis nádúrtha chuig láithreán Mhianach an Lisín a bhí ann roimhe, chun athfhorbairt láithreáin le tionscal a éascú.



## Ullmhú Straitéisí Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Spásúla (RSES)

Soláthróidh Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Tuaiscirt (SSER) 2019-2031 creat fadtéarmach pleanála straitéisí agus eacnamaíoch ar leibhéal réigiúnach, mar thacaíocht do chur i bhfeidhm an Chreat Náisiúnta Pleanála, um thodhchaí na forbartha fisicí, eacnamaíche agus sóisialta i Réigiún an Deiscirt.

Chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt tús le hullmhú Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt (SSER) i mí na Nollag 2017. Rinne an Chomhairle aighneachtaí foirmiúla don phróiseas i bhFeabhra 2018.

Tharla comhchruinniú den CBS ar Phleanáil & Sheirbhísí Eacnamaíocha agus de chomhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh ar an 28 Meán Fómhair 2018 chun na dréachtcháipéisí oibre a bhí ag teacht chun cinn a phlé.

Glacadh le Dréachtstraitéis i Samhain 2018.

## Dearadh agus Dea-chleachtas do Scéimeanna Tithíochta Braisle i Sráidbhailte Tuaithe

Tá ullmhú na dTreoirlínte Braise agus Láithreán le Seirbhísí mar chuspóir i bPleananna Forbartha Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas (mar atá éagsúlaithe) chun fás agus inmharthanacht na sráidbhailte tuaithe sa Chontae a chur chun cinn. Cuirfidh na treoirlínte roghanna dea-chleachtais ar fáil do scéimeanna tithíochta beaga chun forbairt thithe ardchaighdeáin a spreagadh le freastal ar riachtanais an daonra tuaithe.

Shonraigh an CBS ar Phleanáil agus Sheirbhísí Éigeandála na treoirlínte agus thacaigh siad leo i nDeireadh Fómhair 2018 agus liostaíodh iad le sonraí ag comhaltaí tofa na Comhairle ag cruinniú na Comhairle ar an 21 Eanáir 2019; foilseofar iad ina dhiaidh sin.

## An Scéim Oidhreachta Tógtha 2018

Tá an Scéim um Infheistíocht in Oidhreacht Thógtha dírithe ar dheisiú agus chaomhnú na struchtúr atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha (2000) mar atá leasaithe agus i gcásanna áirithe, um chaomhnú struchtúr laistigh de limistéir Caomhantais Ailtireachta agus tacú le fostú ceardaithe agus saoir oilte agus ghairmiúla sa chaomhantas. Féachtar chuig giaráil caipitil phríobháidigh a spreagadh chun infheistiú i dtionscadail bheaga, dlútshaothair.

Le haghaidh 2018, leithdháileadh €50,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoin Scéim. Mhol an Chomhairle 13 thionscadal don Roinn le meas. Rinneadh gach tionscadal a fhaomhadh do mhaoiniú. Críochnaíodh 11 tionscadal san iomlán. I gcás an dá thionscadail nach ndeachaigh ar aghaidh, athscaipeadh an t-airgead i measc na 11 eile.

## Struchtúir i mBaol 2018

**Is é cuspóir Scéim na Struchtúr i mBaol ná cabhrú le hoibreacha chun struchtúir a chosaint atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe), áit, dar leis an Roinn, gur cruthaíodh go bhfuil géarghá le hoibreacha ar struchtúir den sórt sin.**

**Mhol an Chomhairle 2 thionscadal don Roinn le meas. Rinneadh an dá thionscadal a fhaomhadh ag an Roinn do mhaoiniú €32,000 san iomlán, mar seo a leanas:**

- Teach an Chúinne, Buiríos Ó Luigheach: €17,000
- The Thatch, An Cluainín: €15,000
- Chuathas ar aghaidh le tionscadail i gcomhréir le coinníollacha scéim na ndeontas.



## Baile Múrtha Meánaoiseacha

**D'oibrigh an rannóg pleanála le hAiltire Tírdhreacha i mBaile múrtha Fhiodh Ard chun dearadh a ullmhú do pháirc nua agus mhéadú ar chonair na mBallaí Baile.**

Osclóidh sé sin an chuid den Bhalla ón nGeata Thoir (Sráid an Bhúrcaigh) go Geata an Phiarsaigh (Sráid an Dúin).

Cuireadh tús le hobair ag deireadh na bliana seo caite le deontas €100,000 ón Scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte agus tá súil ann go mbeidh an pháirc oscailte in Earrach 2019.

## Comhdháil ar Fhuinneamh sa Talmhaíocht

I gcomhpháirt le Teagasc ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín páirt san 'Imeacht Fuinneamh sa Talmhaíocht ar an 21 Lúnasa, 2018. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht agus níos mó ná 2,500 i láthair.

## Eastáit a Thógáil i gCúram

Tógadh fiche-cúig eastát i gcúram i rith 2018 - 828 aonad tithíochta san iomlán. Ó Eanáir 2019 tá 68 bhforbairt tithíochta a bhfuil iarratais bhailí um thógáil i gcúram dóibh á bpróiseáil ag an Rannóg Pleanála. Is ionann sin agus 2,537 aonad tithíochta.

**Forbairtí tógtha i gcúram de réir Ceantair Bhardasaigh i 2018**

| Ceantar Bardasach | Líon na bhforbairtí tógtha i gcúram. | Líon na n-aonad tithíochta. |
|---|---|---|
| An tAonach | 10 | 154 |
| Cluain Meala | 3 | 145 |
| Carraig na Siúire | 5 | 70 |
| An Teampall Mór/Durlas | 6 | 347 |
| Caiseal/ Tiobraid Árann | 1 | 112 |



## An CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála

**Reáchtáladh Cruinnithe den Choiste Beartais Straitéisigh ar Phleanáil & Sheirbhísí Éigeandála ar an 2 Bealtaine 2018, an 27 Meán Fómhair 2018 agus an 22 Deireadh Fómhair 2018. Tugadh láithreachais ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, an Dréachtstraitéis Réigiúnach agus Spásúil an Réigiúin (DRSR) agus Dearadh agus Dea-chleachtas do Scéimeanna Tithíochta Braisle i Sráidbhailte Tuaithe**

**Seo a leanas comhaltaí an CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála:**

| Earnáil | Ainm |
|---|---|
| 8 Comhairleoirí | Cathaoirleach - Michael O'Meara |
| | Micheál Anglim |
| | John Carroll |
| | Joe Bourke |
| | Gerard Darcy |
| | Denis Leahy |
| | David Dunne |
| | Martin Browne |
| 1 Talmhaíocht | Matthew Mounsey |
| 1 Tógáil Forbartha | Tom Gallahue |
| 2 LRP | Richard Long |
| | Lyn Mather |

## Líon na n-Iarratas Pleanála a fuarthas i 2018

Fuarthas 1553 iarratas pleanála san iomlán ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018 i gcomparáid le 1451 le haghaidh 2017, méadú de 7%. Measadh 385 iarratas mar iarratais neamhbhailí agus tarraingíodh siar 52 hiarratas. I rith na bliana rinneadh cinneadh i leith 1065 iarratas; deonaíodh cead pleanála i gcás 1041 díobh (98%) agus diúltaíodh do 24 hiarratas (2%). Iarradh eolas breise i gcás 413 iarratas.

## Forfheidhmiú

**Baineann an chuid fhorfheidhmithe den Rannóg le comhlíonadh coinníollacha maidir le ceadanna deonaithe, bailiú ranníocaíochtaí forbartha agus fiosrú tuairiscí a fhaightear ón bpobal agus/nó ó oifigigh chomhairle faoi fhorbairt neamhúdaraithe fhéideartha.**

**De réir Alt 154 (14) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, seo a leanas na staitisticí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018:**

| | |
|---|---|
| Gearáin faighte | 215 |
| Litreacha rabhaidh eisithe | 154 |
| Fógraí Forfheidhmithe Eisithe | 29 |













# CÁILÍOCHT BHEATHA





# TITHÍOCHT

## AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH AR THITHÍOCHT, PHOBAL & CHULTÚR

Is é ról an Choiste Beartais Straitéisigh sin ná cabhrú leis an gComhairle Beartas Tithíochta agus Pobail agus Cultúrtha a cheapadh.

## COMHALTAÍ

Tá sé déanta suas de chomhaltaí den Chomhairle Contae agus d'ionadaithe ón LRP, ó na hearnálacha Ceardchumainn agus Gnó.

**Comhairle Contae Thiobraid Árann:**

- An Cmhlr Seamus Morris, Cathaoirleach,
- An Cmhlr Pat English
- An Cmhlr Imelda Goldsboro,
- An Cmhlr Mary Hanna Hourigan,
- An Cmhlr Martin Lonergan,
- An Cmhlr Micheál Lowry,
- An Cmhlr Louise McLoughlin,
- An Cmhlr Marie Murphy,
- An Cmhlr Mattie Ryan.

**Ionadaithe Seachtracha:**

- An tUas. Liam Hayes – An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- Ms Terry O' Connor An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- Ms Trisha Purcell - An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- An tUas. John O Shaughnessy - Forbairt & Tógáil.

**Rinneadh na míreanna seo a leanas a bhí bainteach le Tithíocht i rith 2018:**

- Beartas ar ainmniú Eastáit Údaráis Áitiúil
- Prótacal um Pleanáil Cuid 8 d'Fhorbairtí Eastáit Tithíochta
- Athbhreithniú ar an Lámhleabhar do Thionóntaí
- Athbhreithniú ar Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean sa Chontae.
- Atógáil Éireann - Treoirlínte ar iasachtaí tí
- Cur i láthair ag an Eagraíocht Phearsanra Iarsheirbhíse Náisiúnta (O.N.E.) maidir lena bpleananna cabhrú le daoine gan dídean sa todhchaí chomh maith le baill d'Óglaigh na hÉireann a bhfuil gá acu le cabhair:

# RIACHTANAS TITHÍOCHTA

Is é an riachtanas tithíochta sóisialta do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag deireadh 2018 ná

**3658**

## Leithdháiltí Tithíochta 2018

- **Leithdháileadh tithe ar 321 iarratasóir i 2018.**
- **Dhiúltaigh 68 dhuine do thairiscintí thithe Údaráis Áitiúil i 2018**

## An Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta (TLS) / An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC)

Faoi na Scéimeanna thuas, leithdháil an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cistiú d'údaráis áitiúla chun aonaid réadmhaoine príobháideacha a léasú ó thiarnaí talún príobháideacha. Leis na scéimeanna ligtear don Chomhairle cóiríocht dea-chaighdeáin a léasú san earnáil cíosa phríobháidigh ar chonarthaí meántéarmacha go fadtéarmacha. Úsáidtear na haonaid réadmhaoine sin chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta, nach bhfuil in ann faoi láthair cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil óna gcuid acmhainní féin.

**Dul chun cinn i 2018:**

| | Conarthaí Faighte |
|---|---|
| SCC | 64 |
| Léasú | 37 |

## An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Tugadh cúnamh le 518 iarratasóir tithíochta le tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos faoi Scéim na n-Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta ar fud an chontae i 2018. Tugadh cúnamh do 9 iarratasóir tithíochta ar an meán in aghaidh na seachtaine faoin Scéim, méid a sháraigh an sprioc de 2 in aghaidh na seachtaine a shocraigh an Roinn.

## An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe

Gníomh lárnach atá sa Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, Atógáil Éireann. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús leis an Scéim a oibriú i rith 2017. Is é bunús an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe ná go maoinítear oibreacha deisiúcháin agus feabhsúcháin d'aonaid réadmhaoine fholmhe chun iad a ardú chuig an gcaighdeán do chóiríocht ar cíos, ansin ligtear na haonaid réadmhaoine ar cíos don Chomhairle/Chomhlacht Tithíochta Faofa agus asbhaintear costas na n-oibreacha ó na híocaíochtaí léasa i gcaitheamh théarma comhaontaithe an léasa.

**Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 63 iarratas i 2017, agus seo a leanas an miondealú orthu:**

| Seasamh ar an 31/12/2018 | Iarratais Faighte |
|---|---|
| Iarratas Tugtha chun Críche agus Comhaontú Léasa Sínithe | 1 |
| Iarratas Measta mar Mí-oiriúnach (6 tar éis mheasúnú deisce & 8 tar éis cigireachta) | 14 |
| Iarratais Tarraingthe Siar | 15 |
| Iarratais ar Feitheamh Cigireachta | 1 |
| Ar Feitheamh Cáipéisí chun an t-Iarratas a Bhailíochtú | 2 |
| Cigireacht déanta, meastachán costais le heisiúint | 1 |
| Iarratais ag an gCéim Meastacháin | 29 |
| | 63 |

## Ceannaigh agus Athnuaigh

Tá an scéim ceannaigh agus athnuaigh deartha chun tacú le húdaráis áitiúla (agus comhlachtaí tithíochta faofa) le haonaid tithíochta fholmhe a cheannach agus a athnuachan a bhfuil gá acu le feabhsú agus iad a chur ar fáil do thithíocht shóisialta. Is comhstraitéis í don Scéim Deisiúcháin & Léasa, trína gcuirtear roghanna breise ar fáil don tithíocht shóisialta. Is féidir leis an scéim Ceannaigh agus Athnuaigh díriú ar cheannach seantithe foilmhe agus cabhrú le feabhsú ceantar dearóil atá as úsáid inár gcuid sráidbhailte agus bailte.

Tá oifigeach na dtithe foilmhe i mbun rátaí reatha na n-aonad foilmhe a shocrú agus ansin díreofar ar aonaid réadmhaoine inmharthana. Tá suirbhéanna píolótacha á ndéanamh faoi láthair agus leathnófar sin chuig na bailte móra i 2019. Ansin tabharfar faoi thaighde chun an t-úinéir/na húinéirí a dhearbhú trí mheascán d'eolas áitiúil, de chuardaigh sa chlárlann talún, fiosruithe sa chomharsanacht agus modhanna eile.

Tá roinnt tairiscintí gníomhacha ag an gComhairle faoi láthair ar aonaid réadmhaoine faoin Scéim Ceannaigh agus Athnuaigh.

# EASPA DÍDINE 2018

**I bPlean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt d'Easpa Dídine 2013 – 2016 agus Plean Gníomhaíochta Lár an Iarthair d'Easpa Dídine 2013-2018 leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun easpa dídine fhadtéarmach sa chontae a chosc agus a dhíbirt. Sna pleananna déantar foráil do tháscairí seirbhíse feidhmíochta den chéad uair i réimse an easpa dídine. Freisin déantar foráil iontu do chur chuige níos comhordaithe i dtreo shocruithe cistithe do sheirbhísí easpa dídine i réigiúin an oirdheiscirt, Tiobraid Árann san áireamh. Fágadh cúram an údaráis cheannasaigh ar Chomhairle Phort Láirge maidir le maoiniú d'easpa dídine.**

Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD) ag croílár sholáthar sheirbhísí do dhaoine gan dídean. Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil sa réigiún agus chabhraigh siad le cur chuige caighdeánaithe a bhaint amach i dtreo cúraim agus bhainistíocht cáis i dtaobh na gcliant sin a thagann os comhair an údaráis agus iad gan dídean. Is cur chuige ildisciplíneach é an FGDGD a thagann le chéile go coicísiúil le hionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse éagsúla do dhaoine gan dídean, mar an Údarás Áitiúil, FSS, Seirbhísí Meabhairshláinte, Brú na mBan Cuan Saor, NOVAS, Novas, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Focus Ireland Clann Shíomóin an Oirdheiscirt.

| Tacaí do Dhaoine gan Dídean i dTiobraid Árann |
| --- |
| • An Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD)<br>• Seirbhís um Choimeád Tionóntachta (Focus)<br>• Foireann Athlonnaithe |

Déileálann na tacaí tithíochta sin le fadhb an easpa dídine agus le cosc na faidhbe. Is féidir B&B sealadach a chur ar fáil i gcás éigeandála, ar feitheamh aimsiú lóistín phríobháidigh ar cíos/tithíochta sóisialta. Tá ról lárnach ag Seirbhísí um Choimeád Tionóntachta fós agus aghaidh á tabhairt ar fhadhb an easpa dídine.

I rith 2018, rinneadh iniúchadh ar sholáthar na seirbhísí do dhaoine gan dídean, agus tabharfar isteach struchtúr agus soláthar seirbhíse nua i 2019, a ndéanfar foráil ann do Sheirbhís Aimsiú Áite ÍCT, Samhail Tús Áite don Tithíocht, an tSamhail faoi threoir na Tithíochta, seirbhís idirghabhála do theaghlaigh agus cur chuige Contae uile i dtreo na bhfoirne HAT.

Tháinig 361 i láthair mar Dhaoine a bhfuil Easpa Dídine acu i 2018, daoine a bhí ag teacht i láthair den athuair a bhí i go leor díobh.

Fuair 177 cliant cóiríocht éigeandála, agus bhog a bhformhór ar aghaidh go cóiríocht phríobháideach ar cíos le cúnamh an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.



# CÍOSANNA TITHÍOCHTA

- **5005 Teach Sóisialta Údaráis Áitiúil ag 31/12/2018**
- **Meánchíos le haghaidh 2018 = €54.22**
- **Bailiú % 93%**

## AN CLÁR UM INFHEISTÍOCHT I DTITHÍOCHT SHÓISIALTA - (SHIP)

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann leithdháileadh de €18,905,539 i 2018 chun tithíocht shóisialta a thógáil in ionaid éagsúla ar fud an Chontae agus cuireadh €15,322,166 breise ar fáil chun na tithe a shealbhú.

Cuireadh ar fáil Deontas Roinne de €908,036 chun aonaid fhoilmhe a réiteach um úsáid tháirgiúil arís agus chaith an Chomhairle €619,924 breise ar aonaid Fhoilmhe i 2018.

Bhí 327 aonad cóiríochta sa Chlár Tógála Tithíochta ag deireadh 2018 agus chuimsigh sé sin láithreáin/forbairtí i 27 ionad ar leithligh idir an t-Údarás Áitiúla agus na Comhlachtaí Tithíochta Deonaí. As na 27 scéim fuair 10 gcinn Faomhadh Cuid 8 i 2018, rud a lig do 148 teaghais dul ar aghaidh chuig céim an dearaidh shonraigh agus ullmhú na gcáipéisí tairisceana. (Céim 3)

Bhí 104 ar an láithreán agus ag céimeanna éagsúla den tógáil i 2018, agus tá críochnú na n-aonad léirithe sa tábla taobh leis.

**Seasamh ag Deireadh na Bliana 2018**

| Modh Soláthair | Sprioc an Roinn Tithíochta | Soláthar ag Comhairle Contae Thiobraid Árann |
|---|---|---|
| Tógáil | 50 | 50 |
| Éadáil | 22 | 77 (CCTÁ) |
| | | 41 (CTF) |
| Ceannaigh & Athnuaigh | - | 8 |
| Léasú Fadtéarmach | 45 | 37 |
| Deisiú & Léasú | - | 1 |
| **Iomlán** | **117** | **214** |


## Scéimeanna um Dheontais um Oiriúnú Tithe

Clúdaíonn na Scéimeanna um Dheontais um Oiriúnú Tithe trí scéim deontais arna n-oibriú ag an gComhairle. Leis an Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas déantar soláthar do sholáthar/oiriúnú cóiríochta chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas; cuimsíonn na hoibreacha rampaí rochtana, ardaitheoirí staighre, folcadáin ar leibhéal cothrom, méaduithe, etc. Is é atá i Scéim Deontais na n-Áiseanna Soghluaisteachta ná scéim mhear chun déileáil le fadhbanna soghluaisteachta; cuimsíonn na hoibreacha folcadáin ar leibhéal cothrom, rampaí, greimráillí agus ardaitheoirí staighre. Cabhraíonn an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta le daoine scothaosta deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ina dteach.

Ba é an leithdháileadh caipitil iomlán, ar tugadh fógra don Chomhairle seo faoi i 2018, um íocaíocht na nDeontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, le haghaidh tithe cónaithe príobháideacha, ná €3,481,163 a raibh €696,232 le cur ar fáil ó acmhainní féin na Comhairle. Tá a leithdháileadh tarraingthe aníos ag an gComhairle i 2018. Críochnaíodh 343 tionscadal san iomlán. Iarradh agus fuarthas maoiniú breise de €430,000 ón Roinn i 2018. Tá sé sin cuimsithe sna figiúir thuas.

## Oibreacha um Éifeachtúlacht Fuinnimh Céim 1 (Leithdháileadh €3.1M)

Tá oibreacha faoi Chéim 1 d'Éifeachtúlacht Fuinnimh déanta ar thart ar 1800 teaghais i gceantair an tuaiscirt le ocht mí déag anuas agus 200 teaghais eile idir lámha atá beartaithe le bheith críochnaithe in Earrach 2019. Áirítear leis seo teaghaisí tuaithe agus teaghaisí a raibh oibreacha páirteacha déanta orthu roimhe seo. I measc na n-oibreacha tipiciúla a rinneadh bhí insliú áiléir agus cuasbhalla, seaicéid fhálaithe agus píbobair inslithe, aerú balla agus dín agus aerú meicniúil sa seomra folctha agus sa chistin, chomh maith le brathadóir aonocsaíd charbóin a fheistiú.



# CÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

## An Clár Cóiríochta don Lucht Taistil 2019-2024

Tosaíodh athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Taistil le haghaidh 2019 – 2024 i mí Mheán Fómhair 2018, agus fógra foilsithe i nuachtáin áitiúla chun cur in iúl do pháirtithe leasmhara go raibh sé de rún ag Comhairle Contae Thiobraid Árann athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Cóiríocht don Lucht Taistil.

**Is é Meán Fómhair 2019 an dáta is deireanaí gur féidir le Comhaltaí glacadh leis an gClár nua.**

**Cuireadh an chóiríocht seo a leanas ar fáil le linn shaolré an Chlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014 - 2018 a bhí i bhfeidhm roimhe sin.**

| | Tithíocht Chaighdeánach | Tithíocht Grúpa | Bánna Stad | Tithíocht Shingil | CTF | Léasaithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | 11 | 1 | 1 | 2 | | | **15** |
| 2015 | 9 | 1 | 0 | 2 | | | **12** |
| 2016 | 10 | 7 | 0 | 2 | | | **19** |
| 2017 | 10 | 0 | 1 | 2 | | | **13** |
| 2018 | 14 | 1 | 1 | 3 | 1 | 2 | **22** |
| **Iomlán** | **54** | **10** | **3** | **11** | **1** | **2** | **81** |

### Ginearálta

Mar gheall ar an laghdú ar chistiú um Chóiríocht Shonrach don Lucht Taistil tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag baint úsáide as na Roghanna éagsúla Tithíochta Sóisialta atá ar fáil chun cóiríocht a chur ar fáil, lena n-áirítear Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú Sóisialta.

### An Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht

Thug an Chomhairle faoina gComhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht, mar a éilítear faoin Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Taistil) 1998, ar an 30 Samhain 2018. Ba é líon iomlán na dteaghlach ná 375.

### An Coiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil gach ráithe nó de réir mar a mheasann a chuid ball a bheith riachtanach. Cuimsíonn na baill ionadaithe ó phobal an Lucht Taistil, comhaltaí tofa, oifigigh Chomhairle agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.



# TITHÍOCHT DHEONACH

## An Scéim Cúnaimh Chaipitil

Aithníonn Comhairle Contae Thiobraid Árann atá déanta ag Comhlachais Tithíochta Faofa chun aonaid tithíochta sóisialta a sholáthar in ionaid éagsúla ar fud an Chontae. Fuair Lions Trust Dhurlas Faomhadh Céim 2 chun 19 n-Aonad a sholáthar i Sráidbhaile Stanwix, Durlas, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr cosanta ar a dtugtar Teach Stanwix ar Shráid Chiceam, Durlas. Fuair Cumann Tithíochta Cluid Faomhadh Chéim 2 chun 9 n-aonad a thógáil ar Bhóthar Ghleann Chonchúir, Cluain Meala agus anois tá siad i mbun tairiscintí a lorg chun an tionscadal a thógáil. Freisin ceannaíonn na Comhlachais Tithíochta Faofa a thagann chun bheith ar fáil faoin Scéim Morgáiste go Cíos agus ligeann siad na haonaid réadmhaoine ar cíos do na húinéirí ar feadh thréimhse 30 bliana. Leis sin is féidir leis na húinéirí a dteach a choimeád agus fanacht ann.

**Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 73 iarratas ó thionóntaí ar a dteach a cheannach i 2018.**

| | |
|---|---|
| Iarratais fhoirmiúla ar cheannach a fuarthas i rith na 12 míosa dar chríoch an 31 Nollaig 2018 | 73 |
| Iarratais faofa (i.e. litir tairisceana eisithe) le linn na 12 míosa dar chríoch an 31 Nollaig 2018 ach nach raibh díolacháin tugtha chun críche ar an dáta sin | 35 |
| Díolacháin tugtha chun críche i rith na 12 mhíosa dar chríoch an 31 Nollaig 2018 | 27 |
| **Fáltais iomlána na ndíolachán a fuarthas i rith 12 míosa dar chríoch an 31 Nollaig 2018** | **€1,378,830.00** |

## Áis Léasaithe um Réamhíocaíocht Caipitil

Ligean Scéim an ALRC do Chomhlachais Tithíochta Deonaí aonaid réadmhaoine reatha a cheannach agus a ligean ar cíos don Chomhairle le haghaidh Tithíochta sóisialta. Cheannaigh Cumann Tithíochta Oaklee 15 Aonad i dTeach an Mhuilinn, Carraig na Siúire ar luach €1,028,000 agus tá na hárasáin sin léasaithe don Chomhairle ar feadh 30 bliana. Tá Cumann Comharthithíochta na hÉireann Teo chun 19 dTeach a cheannach i nGarrán na Fuinseoige, Móin an Draighin, Durlas ar mhéid €2,775,000 agus déantar na haonaid réadmhaoine sin a léasú freisin don Chomhairle ar feadh thréimhse 26 bliana.

## Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann

Is é atá in Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann na morgáiste atá tacaithe ag an Rialtas do cheannaitheoirí céaduaire. Tá sé ar fáil ar fud na tíre ó gach údarás áitiúil ón 1 Feabhra 2018. Is féidir le ceannaitheoir céad uaire iarratas a dhéanamh ar Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann chun aonad réadmhaoine nua nó ar athlámh a cheannach, nó chun do theach féin a cheannach. Is féidir leat suas le 90% de luach margaidh an aonaid réadmhaoine a thógáil ar iasacht.
Is é uasluach margaidh an aonaid réadmhaoine ar féidir a cheannach nó a fhéintógáil i dTiobraid Árann ná €250,000. I 2018 fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 154 iarratas san iomlán.

| | |
|---|---|
| Líon na n-Iarratas Faighte | 154 |
| Bailí | 82 |
| Faofa | 32 |
| Líon na n-iasachtaí eisithe | 21 |
| **Líon iomlán na n-iasachtaí eisithe** | **€1,631,220.00** |

## Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

D'fhógair an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Scéim Ceannaigh Incrimintigh ina ndéantar soláthar do dhíol tithe ar tithe údaráis áitiúil iad faoi láthair le tionóntaí i 2015. Tugadh fógra do gach tionónta faoin Scéim i Márta 2016.



## Bainistíocht Eastát

**Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur chun cinn tionscnamh um bainistíocht eastát agus dheonaigh siad deontais um fhóntais ar Chumainn Chónaitheora faoi Bhuiséad 2018 na Comhairle um Bainistíocht Eastát.**

Is í aidhm an mhaoinithe seo ná cuma fhisiceach ár n-eastáit Údaráis Áitiúil a fheabhsú agus a fhorbairt.

Cuirtear ar fáil oiliúint i bhfoirm turas oideachasúil agus ceardlann breisoiliúna agus cabhraíonn siad le rannpháirtíocht leanúnach ag cónaitheoirí a spreagadh.

Oibríonn seachtar Oifigeach Teagmhála Pobail chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht fhrithshóisialta, soláthraíonn siad oiliúint réamhthionóntachta, forbraíonn siad tionscnaimh bhreisoiliúna agus leanann siad ar aghaidh leis an gclár athdheise lena mbaineann tacaíocht idirghníomhaireachta agus tionscadail phobail agus óige.

Oibríonn siad i ndlúthpháirt le roinnt eagraíochtaí mar an Garda Síochána, an FSS, Obair d'Ógra Éireann i dTiobraid Árann, ionaid áitiúla Acmhainní Pobail agus Teaghlaigh agus eagraíochtaí eile nach iad chun feabhas a chur ar an gcáilíocht bheatha do gach cónaitheoir agus tionónta i dTiobraid Árann.

Ócáid Ceiliúradh 15 bliana ag Líonra Cónaitheoirí Fhiodh Ard agus Líonra Cónaitheoirí Bhaile Thiobraid Árann an Meitheamh seo caite. Tugadh cuireadh do Chumainn Chónaitheora as gach cearn den Chontae freastal ar an gceiliúradh tábhachtach seo.



Líonra Ceantair Fhiodh Ard leis an Leaschathaoirleach an Cmhlr Roger Kennedy



Líonra Baile Thiobraid Árann le Caitríona Crowe, CLO agus Ruth Smith, Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh.



Líonra Cónaitheoirí Bhaile Thiobraid Árann ag baint taitnimh as Ceardlann ar Fhleasca Nollag in Ionad Gairdín Joe a d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann.

## Cigireacht ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Leanann an tÚdarás Tithíochta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag cur i gcrích fhorfheidhmiú caighdeán ar thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.

Rinneadh 1049 cigireacht i rith na bliana.

Áit ba ghá, eisíodh litreacha chuig úinéirí réadmhaoine inar aithníodh míreanna le déileáil leo agus tá tuilleadh gnímh leantaigh á ghlacadh chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin.



# FORBAIRT POBAIL & EACNAMAÍOCHTA -



## FORBAIRT EACNAMÍOCHT AGUS POBAIL - CFPÁ/CLÁR FORBARTHA POBAIL

### An Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil

Bhí aon chruinniú déag ag an gCoiste um Forbairt Pobail Áitiúil Thiobraid Árann i 2018. Tá an CFPÁ déanta suas de naoi nduine déag agus deichniúr acu príobháideach (LRP & Colún Gnó/ Talmhaíochta agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla) agus naonúr ó na gníomhaireachtaí reachtúla lena n-áirítear ionadaithe tofa. I rith 2018, ainmníodh triúr ionadaithe ón LRP agus téarma na n-ainmnithe roimhe sin imithe in éag. Chuaigh an Stiúrthóir Seirbhísí an tUas. Pat Slattery in ionad Ms. Sinéad Carr, Stiúrthóir Seirbhísí, mar Phríomhoifigeach an CFPÁ i Márta 2018.

Tá ról lárnach ag an CFPÁ i monatóireacht agus athbhreithniú ar na gníomhaireachtaí atá leagtha amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) agus tuairiscí ó ghníomhaireachtaí treorach curtha ar fáil go rialta don chruinniú. I 2018 roinnt gníomhaireachtaí seachadta, an t-Ionad Saorálaithe agus an LRP san áireamh, láithreachais don CFPÁ.

Is é príomhról an CFPÁ ná maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcaiteachas go léir ar fhorbairt pobail áitiúil a thagann faoina shainchúram chun an luach is mó ar airgead agus an éifeachtacht is mó a chinntiú, agus dúbailt a sheachaint nach bhfuil riachtanach.

### Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP)

Cuireadh i bhfeidhm Pleananna Bliantúla agus Eacnamaíocha 2018 i rith na bliana. Rinne Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Thiobraid Árann athbhreithniú ar na pleananna i lár na bliana agus ag deireadh na bliana iarradh ar na treoirghníomhaireachtaí tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn maidir leis na gníomhartha. Is é an PÁEP an straitéis a chuireann creat ar fáil do gach gníomhaíocht faoin Stiúrthóireacht Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta.

Rinneadh athbhreithniú trí bliana ar an bPlean PÁEP i mí na Nollag 2018. Fuarthas san athbhreithniú as na 92 bheart pobail sa phlean go raibh 77% idir lámha, go raibh 20% déanta, go raibh 3% nach raibh tosaithe nó nach raibh bailí a thuilleadh.

**Ba iad na Príomhghníomhartha Eacnamaíocha ón PÁEP le haghaidh 2018 ná:**

- Plean 3D do Bhaile an Gharráin
- Ionad Feabhais Bithgheilleagair an Lisín - €4.6m
- Plean Dhún Chiceam & Mhol Spóirt Frank Drohan
- Ag tacú le forbairt eacnamaíoch ar fud an chontae - Scéim Athnuachana B&S, LEADER etc.
- Slí an Bhuitléaraigh i dtuaisceart an chontae go Ros Cré, agus Tionscadal 'Flights of Discovery' Cluain Meala

**Tacaíocht Earnála & Fiontraíochta -**

- Plean Fógraíochta a chur i bhfeidhm chun an contae a mhargú
- Forbairt an fhórsa oibre tríd an bhFóram um Plé le Fostóirí
- An Straitéis Dhigiteach a chríochnú agus a chur i bhfeidhm
- Clár chun tacú le AgTech
- An Straitéis Cheardaíochta a chur i bhfeidhm
- Bearta SEAP a chur i bhfeidhm
- Turasóireacht Thiobraid Árann – Forbairt ionad turasóireachta, margaíocht, forbairt táirgí, agus líonrú trádála
- Gleannta Mumhan – Plean Margaíochta a chur i bhfeidhm
- Loch Deirgeirt – Indéantacht Ionad Fionnachtana agus Treochlár Loch Deirgeirt a fhorbairt

## An Straitéis Forbartha Áitiúla /LEADER

I gContae Thiobraid Árann sannadh buiséad LEADAR de €7.5m ar CFPÁ Thiobraid Árann do thionscadail LEADER suas go 2020 agus an bhliain san áireamh. Tacaíonn an clár LEADER le gníomhaíochtaí, tionscadail agus cláir i gceantair tuaithe faoi 4 phríomhthéama – fiontraíocht/gníomhaíocht turasóireachta; seirbhísí tuaithe bunúsacha; tacaí óige; agus bithéagsúlacht. Faoi dheireadh 2018 bhí 102 iarratas tionscadail san iomlán faofa do chúnamh deontais de nach mór €3.1m.

## Scéimeanna Maoinithe Pobail arna gComhordú ag an gComhairle

### Scéim CLÁR (Beart 2)

Ceadaíonn an Scéim seo maoiniú a fháil do thionscadail um chlóis súgartha pobail i gceantair tuaithe atá ainmnithe faoi CLÁR. Chuir an Chomhairle iarratais ar mhaoiniú le haghaidh trí thionscadail (Gort na hUamha; an Drongán; Cloch Shiurdáin) faoi bhráid an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus tugadh faomhadh dóibh go léir do thacaíocht deontais. Ba é méid iomlán na ndeontas a bronnadh ná €124,700 Bhí na tionscadail sin, arb é a bhí i gceist leo ná oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe, idir lámha ag deireadh na bliana 2018.



Clós súgartha agus é maoinithe faoi Scéim CLÁR á thógáil i nGort na hUamha

### An Scéim um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte

Scéim 2017 – I rith na bliana cuireadh i bhfeidhm trí cinn déag de thionscadail le maoiniú DRCD (tá ocht dtionscadal astu sin faoi stiúir an phobail, agus cúig cinn faoi stiúir na Comhairle). Dheonaigh an DRCD €857,384 de chúnamh deontais i dtreo na dtionscadal sin. Ag deireadh 2018, bhí ceithre thionscadal fós le críochnú.

| Baile/ Sráidbhaile | Teideal an Tionscadail |
|---|---|
| Buiríos Uí Chatháin; | Oibreacha feabhsúcháin ar Lios & Theach na mBocht agus Feabhsú Reilige |
| Caiseal | Siúlbhealach do Choisithe ar an gCuarbhóthar i gCaiseal |
| Fiodh Ard | Páirc Phóca a fhorbairt ar Shráid an Bhúrcaigh agus méadú a dhéanamh ar Shiúlóid Stairiúil Bhaile Fhiodh Aird |
| An Ghráinseach | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Mainistir na Croiche | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Cill Ros | Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt |
| Cill Náille | Carrchlós eas-sráide a fhorbairt agus 100 spás ann |
| An Baile Beag | Feabhsúcháin ar an gCarrchlós ag an Ionad Pobail |
| Muileann na hUamhan | Gairdín pobail le bláthanna fiáine a fhorbairt sa sráidbhaile |
| An tAonach | Oibreacha feabhsúcháin ar Lána Lewis |
| Ros Cré | Straitéis Comharthaí Ros Cré a chur i bhfeidhm agus Aip "Slí an Bhuitléaraigh" a mhéadú le Ros Cré a thógáil san áireamh |
| Faiche Ró | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Tír Dhá Ghlas | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |



Tionscadal um Athchóiriú Cé i dTír Dhá Ghlas arna mhaoiniú faoi Scéim 2017 um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte



Siúlbhealach do Choisithe arna mhaoiniú faoi Scéim 2017 um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte ar an gCuarbhóthar i gCaiseal



An Gairdín Cuimhneacháin i gCill Ros a bhí maoinithe faoi Scéim 2017 um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte

### Scéim 2018

I nDeireadh Fómhair 2018, fuair an Chomhairle faomhadh d'ocht n-iarratais ar mhaoiniú a bhí curtha isteach acu. Ba é méid iomlán an mhaoinithe a bronnadh ná €913,266 Tá cúig cinn de na tionscadail sin faoi stiúir an phobail, agus trí cinn faoi stiúir na Comhairle. Táthar tosaithe le cur i bhfeidhm na dtionscadal sin agus leanfar ar aghaidh leis i 2019.

| Baile/Sráidbhaile | Teideal an Tionscadail |
|---|---|
| An Eaglais | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Carraig na Siúire | Oibreacha uasghrádaithe ar an Ionad Oidhreachta |
| Caiseal | Oibreacha um feabhsú an réimse poiblí ar Chearnóg Lowergate |
| Cloch Shiurdáin | Síneadh ar an gconair siúil coille |
| An tAonach | Oibreacha um feabhsú an réimse poiblí ar Chearnóg Banba |
| Pocán | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Tír Dhá Ghlas | Oibreacha feabhsúcháin sa sráidbhaile |
| Durlas | Straitéis Chomhtháite Athnuachana do Lár an Bhaile |

### An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Críochnaíodh tionscadal siúlbhealaigh i dTuaim Locha, an Port Rua chun Uaigheanna na Laighneach a nascadh le Cros na Mílaoise i 2018 agus maoiniú deonaithe i 2017 tríd an Scéim seo.

Freisin fuarthas maoiniú de €756,000 ón DRCD ag deireadh 2018 le haghaidh ceithre thionscadail thábhachtaigh a bhfuiltear le tabhairt fúthu i rith 2019 faoi Bheart 2 den Scéim seo.

| Ionad | Teideal an Tionscadail |
|---|---|
| Caiseal | An Cuarbhóthar, Bealach Siúil ó Chaiseal go Mainistir Hore |
| An Teampall Mór | Méadú/Feabhsú Bealaigh Isteach go Páirc Bhaile an Teampaill Mhóir |
| Tiobraid Árann | Conair Siúil na hÁrann |
| Cluain Meala & An Caisleán Nua | Feabhsú ar Chonair Canú Ghormbhealach na Siúire |

## Scéim na nDeontas Caipitil d'Áiseanna & d'Fhóntais Phobail

**Forbraíodh Scéim na nDeontas Caipitil d'Áiseanna & d'Fhóntais Phoiblí 2016-2019 de chuid na Comhairle chun ciste caipitil a chur ar fáil do ghrúpaí, chlubanna agus d'eagraíochtaí deonacha bunaithe sa phobal le tacú le:**

- Áiseanna "bunaithe ar riachtanais chun déileáil le heasnaimh i mbonneagar agus in áiseanna pobail;
- Fáil bhonneagar agus áiseanna cuí pobail do gach grúpa sa daonra ag fad áisiúil óna dtithe agus óna n-áiteanna oibre;
- Deiseanna do phobail a gcuid áiseanna reatha a fheabhsú agus luach breise a chur leo;
- Caidrimh phobail a neartú trí chabhrú le pobail oibriú as lámh a chéile chun na háiseanna a sholáthar a theastaíonn ina gceantar;
- Rochtain chomhionann ar gach áis agus fóntas pobail.

I mí Aibreáin 2018, d'fhógair an Chomhairle dámhachtainí maoinithe de idir €10,000-€40,000, ar luach €2.1milliún san iomlán, do níos mó ná 100 tionscadal. Bhí thart ar thrian de na tionscadail críochnaithe ag na tionscnóirí faoi dheireadh 2018. Beidh an chuid eile curtha i bhfeidhm i 2019.


Tionscadal um thuilsoilse LED arna maoiniú ag Scéim na nDeontas Caipitil i gClub CLG na Maighne-Theampall Tuaithe


Tionscadal Cúirteanna arna maoiniú faoi Scéim na nDeontas Caipitil i gClub Spóirt Radharc an Chnoic, Cluain Meala


Tionscadal um spás ilfheidhmiúil caithimh aimsire Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends Tiobraid Árann, Baile Thiobraid Árann



## Aonad na dTionscadal Straitéiseach (ATS)

**Déanann an SPU rochtain ar shruthanna maoinithe Eorpacha agus eile a uasmhéadú chun cabhrú leis an gComhairle a cuid cuspóirí agus pleananna corparáideacha a chur i gcrích. An tAonad:**

- Déanann sé bainistíocht tionscadal ar chur i bhfeidhm go leor tionscadal atá cómhaoinithe ag an AE agus a bhfuil CCTÁ mar chomhpháirtí iontu (féach ar an tábla thíos le haghaidh tionscadal atá á gcur i bhfeidhm i 2018);
- Aimsíonn agus aithníonn Glaonna Togra atá ábhartha do CCTÁ; agus déanann idirchaidreamh le rannóga CCTÁ chun réimsí a aithint atá oiriúnach le cuimsiú i nGairmeacha Tograí;
- Oibríonn thar ceann CCTÁ chun iarratais tionscadail a fhorbairt i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha e.g. TEA, LIT YWI Thiobraid Árann, OFÁnna etc;
- Comhordaíonn ullmhú & leagan isteach thairiscintí tionscadail um chistiú.



An Cmhlr An Cmhlr Louise McLoughlin, Cathaoirleach, CB Charraig na Siúire le cainteoirí ag Ceardlann a reáchtáladh in The Tholsel, Fiodh Ard mar chuid de Thionscadal INTERFACE um Pobail Leochaileacha



Éascaíodh plé le lucht freastail ag Ceardlann a reáchtáladh in The Tholsel, Fiodh Ard mar chuid de Thionscadal INTERFACE um Pobail Leochaileacha

| Ainm an Tionscadail | Clár Cistithe | Cuspóir an Tionscadail |
|---|---|---|
| Bainistíocht oidhreachta inbhuanaithe ar Réigiúin Uiscebhealaigh (SWARE) | INTERREG EUROPE | Tá sé mar aidhm cothrom níos fearr a bhaint amach idir cosaint agus saothrú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus cultúrtha uiscebhealaigh trí chláir/bheartais réigiún comhpháirtí a fheabhsú. |
| Tacú le gnéithe nuála éiceolaíocha i dtreo margaí idirnáisiúnta (SUPER) | INTERREG EUROPE | Méadú a dhéanamh ar úsáid FBManna as gnéithe nuálacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil ina ngnó trí fheabhas a chur ar chláir agus bheartais réigiúin chomhpháirtí. |
| FBManna TUAITHE | INTERREG EUROPE | Feabhas a chur ar bheartais réigiún comhpháirtí chun fiontraíocht a fhorbairt agus FBManna nuálacha a chruthú i gceantair tuaithe |
| Nuáil agus Fiontraíocht do Phobail Leochaileacha san Eoraip (INTERFACE) | ERASMUS+ | Clár oiliúna a fhorbairt agus a rith ar bhonn píolótach, trí cheardlanna pobail agus oiliúint chóitseálaithe pobail, do phobail leochaileacha atá ag tabhairt aghaidhe ar dhúshláin déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta leanúnacha |
| CATALAÍOCH | INTERREG Na hÉireann-Na Breataine Bige | Tionscnamh tacaíochta fiontair chun leas a bhaint as saineolas feidhmeach T&F i measc chomhpháirtithe tionscadail i sna réimsí dearadh táirgí & seirbhísí, teicneolaíocht na cumarsáide agus forbairt ábhar; agus ag díriú ar na hearnálacha Bia & Deoch agus Eolaíochtaí Beatha |

## An Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta

Tá an CFPÁ freagrach as maoirseacht agus bainistíocht ar an gclár CGPCS a chuirtear ar fáil i gContae Thiobraid Árann ag Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh. Ba í 2018 an chéad bhliain den chlár CGPCS a rithfear ar feadh cúig bliana ó 2018-2022 agus an bhliain sin san áireamh. D'oibrigh na Cuideachtaí Forbartha le 75 ghrúpa Pobail Áitiúil ar fud Thiobraid Árann i 2018 agus chuir siad pleananna Gníomhaíochta Pobail i bhfeidhm do gach ceann acu. D'oibrigh siad freisin le 1,076 duine ar fud an Chontae chun cabhrú leo le filleadh ar an oideachas, le hoiliúint, fostaíocht agus féinfhostaíocht.

Bhí an raon feidhme ag an LCDC chun 'riachtanais nua' a aithint mar chuid den phróiseas soláthair agus aithníodh Baile an Phoirt Nua mar an áit riachtanais do Lota Thiobraid Árann Thuaidh agus aithníodh Lota Waller i gCaiseal mar phobal a bhfuil gá aige le haird speisialta i dTiobraid Árann Theas. Tugadh anailís riachtanas agus plean gníomhaíochta don Phort Nua chun críche i 2018 agus tá tús curtha leis an bplean sin a chur i bhfeidhm.

## Athbheochan Ceantair trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt/ Comhpháirtíocht Gníomhaíochta Pobail

Leanadh ar aghaidh leis an gclár RAPID (Athbheochan Ceantair trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) i gCarraig na Siúire, Cluain Meala agus Baile Thiobraid Árann i rith 2018. Fuarthas comhairleoir chun trí Phlean RAPID nua a fhorbairt do gach Baile RAPID i gcomhairle le pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla. Forbraíodh plean nua RAPID do gach ceann i 2018 i dteannta le pobail agus páirtithe leasmhara áitiúla

Forbraíodh Pleananna Gníomhaíochta Pobail don Bhaile Beag agus do Ros Cré agus Foirne Pleanála Gníomhaíochta Pobail i bhfeidhm chun an clár a chur i bhfeidhm sna ceantair sin. Tá na foirne déanta suas de ghníomhaireachtaí reachtúla agus d'ionadaithe pobail. I 2018 rinneadh athbhreithniú ar phlean PGP Ros Cré agus aithníodh réimsí lárnacha le díriú orthu. Oibreacha feabhsúcháin arna maoiniú ag PGP an Bhaile Bhig sa sráidbhaile i samhradh 2018. Ritheadh clár Buaiteoirí Oibre sa Bhaile Beag.



## Comhchoiste Póilíneachta Thiobraid Árann

Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm Straitéis an Chomhchoiste Póilíneachta le haghaidh 2016-2021 i 2018. Aontaíodh ar an bplean oibre bliantúil le haghaidh 2018 go luath i 2018. Cuimsíonn gach cruinniú ag an CCP athbhreithniú ar leibhéil agus phatrúin choireachta, neamhoird agus iompraíochta frithshóisialta sa chontae a chuirtear ar fáil ag an Ard-Cheannfort. Tugadh roinnt láithreachas don CCB i 2018 a raibh ina measc láithreachas ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC) agus ar shamhail an Cheartais Aisiríoch ag Lindsay Malone ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Thug Maureen Walsh ó Thionscnamh Pobalbhunaithe Drugaí Ghleann na Siúire cur i láthair ag cruinniú mhí na Nollag a reáchtáladh sna hoifigí cathrach nua i gCarraig na Siúire. Leanann na cúig Cheantar Bardasach go léir ar aghaidh ag reáchtáil cruinnithe sábháilteachta agus slándála leis an nGarda Síochána, a gcuireann a gcuid torthaí le hobair an CCP.



Baill de CCP Thiobraid Árann ag éisteacht le láithreachas ag Maureen Walsh ó Thionscnamh Pobalbhunaithe Drugaí Ghleann na Siúire – Mí na Nollag 2018

## Meabhairshláinte

Glacann Comhairle Contae Thiobraid Árann ról gníomhach i gcur i bhfeidhm 'Connecting for Life – South Tipperary - plean gníomhaíochta chun féinmharú a chosc i dTiobraid Árann Theas agus i Connecting for Life – Mid West - plean gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc i réigiún Lár an Iarthair (lena n-áirítear Tiobraid Árann Thuaidh). Sna pleananna seo leagtar amach gníomhartha sonracha chun na seacht sprioc i Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú a bhaint amach ar leibhéal áitiúil. I 2018, ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann páirt i bhfeachtas an 'ribín ghlais' den chéad uair. Is í aidhm an fheachtais seo ná stiogma na meabhairshláinte a laghdú agus daoine a spreagadh chun comhrá a dhéanamh faoin meabhairshláinte. Tugadh tacaíocht do Líonra Ceantair Thiobraid Árann Theas chun Féile na Meabhairshláinte Dearfaí a eagrú a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Reáchtáladh imeachtaí i nDurlas chun Lá Domhanda na Meabhairshláinte a fhógairt. Reáchtáladh Comhdháil 'Connecting for Life Mid-West' den chéad uair ar an 29 Samhain i Luimneach agus í an-rathúil.




Thuas tá baill de Líonra Ceantair Thiobraid Árann Theas ag seoladh Fhéile na Meabhairshláinte dearfaí Deireadh Fómhair 2018

## Tiobraid Árann Éagsúil

I dteannta le hIonad Saorálaithe Thiobraid Árann sheol Comhairle Contae Thiobraid Árann an Tionscnamh Tiobraid Árann Éagsúil. Reáchtáladh ceardlanna ar fud gach Ceantair Bhardasaigh agus tugadh tacaíocht d'imeacht i gCathair Dúin Iascaigh a bhí faoi stiúir Chlár Together Ireland. Leanfar ar aghaidh leis an tionscnamh i 2019.






## Mórtas Áite

Is é cuspóir an Mhórtas Áite ná aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann pobail ar fud na hÉireann gach lá. Tá an comórtas bunaithe ar phobail a léiríonn a mórtas áite go díreach do mholtóirí Mhórtas Áite trí chur i láthair ó bhéal, taispeántais de ghníomhaíochtaí agus de chultúr an phobail agus turas den cheantar ina leagtar béim ar na gnéithe áirithe a bhfuil siad bródúil astu. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann sráidbhaile Dhún Eochaille isteach sa chomórtas chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Thiobraid Árann i gcatagóir a haon (daonra 0-300).

Rinne an pobal an-obair leis an iarracht agus an cur i láthair don imeacht moltóireachta a reáchtáladh tráthnóna ar an 3 Lúnasa. I rith a gcuairt trí huaire an chloig ar Dhún Eochaille, bhí deis ag na moltóirí labhairt le go leor daoine sa phobal áitiúil agus tugadh cur i láthair físe dóibh inar tugadh cuntas ar na tsárobair a dhéanann eagraíochtaí éagsúla sa sráidbhaile agus mórthimpeall air.

Rinneadh ionadaíocht ar roinnt eagraíochtaí áitiúla ar an lá agus labhair siad go haigeanta faoin gcuid comhpháirtíochtaí oibre agus faoin meas atá acu ar an tionchar atá imeartha ag muintir Dhún Eochaille ar a bpobal áitiúil.




Lá moltóireachta Dhún Eochaille ar an 3 Lúnasa 2018



Sráidbhaile Dhún Eochaille ag an dámhachtainí Mhórtas Áite i Halla Cathrach Chorcaí

## Comhairle na nÓg




Comhaltaí de Chomhairle na nÓg Thiobraid Árann ag bualadh leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Dr Katherine Zappone ag an Taispeántas Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh 2018

Is comhairle leanaí agus daoine óga í Comhairle na nÓg Thiobraid Árann a thugann cead cainte do dhaoine óga maidir le forbairt beartas agus seirbhísí áitiúla i dTiobraid Árann. Is iad an struchtúr náisiúnta aitheanta um rannpháirtíocht ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht sna 31 údarás áitiúil go léir.

Comhlíonann Comhairle na nÓg a cuid feidhmeanna ar dhá bhealach: ag obair ar ábhair lárnacha ar a leagann daoine óga tábhacht agus gníomhú mar fhóram comhairleach do chinnteoirí aosacha i gceantar an údaráis áitiúil. Toghtar comhaltaí Chomhairle na nÓg ag an CCB agus bíonn siad freagrach as an bplean oibre a chur i gcrích don bhliain.

I measc na n-ábhar a ndearnadh dul chun cinn maidir leo i 2018 bhí comhionannas inscne, coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar cheart an linbh, bulaíocht ara na meáin sóisialta agus cibearbhulaíocht, físeán ar an ngá le bheith sábháilte ar líne agus stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta. Reáchtáladh imeacht 'Lets Go Mental' faoi mheabhairshláinte san Aonach ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair chun Lá Domhanda na Meabhairshláinte a chur chun cinn. D'oibrigh foghrúpa amháin ar théama na héagsúlachta agus nasc siad le haghaidh imeachta in Ionad an Bridgewater i gCarraig na Siúire.

Reáchtáladh an CGB i mí Dheireadh Fómhair agus d'éirigh go han-mhaith leis; d'fhreastail os cionn 140 dalta ó mheánscoileanna agus ghrúpaí óige ar fud Thiobraid Árann air. Bhí clár éagsúil ar siúl le haghaidh gach rannpháirtí ag an CGB ó cheardlanna, caint leis an Ombudsman do Leanaí, an Dr Niall Muldoon, plé agus an bhoth 'big brother' faoi thuairim daoine óga i leith Thiobraid Árann.

D'fhreastail comhordaitheoirí agus comhaltaí ar Thaispeántas Náisiúnta 2018 i bPáirc an Chrócaigh ar an 22 Samhain, áit ar bhuail na daoine óga leis an Aire Katherine Zappone agus inar chuir siad a gcuid oibre i láthair di.

## Feasacht faoi Mhíchumas

I gcomhpháirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Seirbhísí Míchumais an FSS reáchtáil LRP Thiobraid Árann ceardlann chun grúpa naisc Míchumais don Chontae a bhunú i mí an Mheithimh. D'éirigh go han-mhaith leis an gceardlann sin agus reáchtáladh cruinniú eile den grúpa naisc nua-bhunaithe i mí na Samhna. Freisin chuir an grúpa tús le plean gníomhaíochta míchumais a ullmhú.

### An feacht Ar Ais i gceann 5 nóiméid i mBaile Thiobraid Árann

Rinne daoine faoi mhíchumas, soláthraithe seirbhíse agus Comhairle Contae Thiobraid Árann iniúchadh inrochtaineachta ar Thiobraid Árann chun aird a tharraingt ar fhadhbanna maidir le rochtain uilíoch sa bhaile, mar chuid de chlár an Réalta Órga.

Reáchtáil Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann i gcomhpháirt le Tionscnamh Réalta Óir an FSS i dTiobraid Árann agus Comhairle Contae Thiobraid Árann feachtas an-rathúil sna meáin i mí Bhealtaine chun aird a tharraingt ar an bhfrustrachas a bhíonn le sárú ar dhaoine faoi mhíchumas gach lá nuair a pháirceálann daoine luatha láidre a gcuid gluaisteán i spásanna atá inrochtana do chathaoireacha rothaí gan cead páirceála bailí a bheith acu agus gan chúis lena dhéanamh. I gcuid amháin den tsráid páirceáladh cathaoir rothaí/áis soghluaisteachta fholamh i ngach spás gluaisteáin rialta agus greamaíodh nóta den chúil ar a raibh teachtaireachtaí mar "Beidh mé ar ais i gceann 5 nóiméid" "díreach imithe chuig an mbanc," nó "díreach ag rith isteach le haghaidh caife". Tugadh clúdach leathan don fheachtas sin sna meáin, idir an raidió, sna nuachtáin agus sna meáin sóisialta.





Iniúchadh Míchumais – Baile Thiobraid Árann

Mhaoinigh Comhairle Contae Thiobraid Árann féilire faoi Fheasacht Míchumais ina gcuirtear chun cinn an tionscadal 'Sign of the Times' ar 'Theanga Chomharthaíochta na hÉireann'.




## An Lá Súgartha Náisiúnta agus an tSeachtain Caithimh Aimsire 2018

Bhí Lá Súgartha Náisiúnta an DCYA ar siúl ar an Domhnach an 1 Iúil agus bhí an tSeachtain Caithimh Aimsire Náisiúnta ar siúl ar an tseachtain a thosaigh ar an 2 Iúil 2018. Ba é an téama ná 'Ceiliúradh ar 25 bliana de cheart an linbh chun súgartha'. Gníomhaíochtaí dírithe ar shúgradh saor.

Tugadh maoiniú do Chairde Theach Bridgewater le haghaidh imeachta a chuimsigh spraoi agus cluichí ó gach tír. Chabhraigh foghrúpa Chomhairle na nÓg Charraig na Siúire/Chluain Meala leis an ngrúpa sin.



Lá Súgartha Chairde Theach Bridgewater 2018

Ceiliúradh an Lá Súgartha i Ros Cré áit ar taispeánadh spiorad pobail an cheantair. Maoiníodh Seirbhísí Ionaid Pobail an Teampaill Mhóir le haghaidh imeachta chun gníomhaíocht saorspraoi a chur ar fáil lasmuigh a chuimsigh féachaint ar dhéanamh ceoil le balla ceoil, a chruthaigh na leanaí agus na baill foirne.

Maoiníodh Down Syndrome Tipperary le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla in Ionad Pobail an Bhaile Bhig a raibh ina measc saorspraoi ealaíne, méarphéinteáil etc. Soláthraíodh maoiniú le haghaidh Chumann Bailte Slachtmhara New Inn le haghaidh cuairte léirmhíniúcháin ar Phortach Heffernan agus imeacht spraoi 'lábaigh' sa sráidbhaile. Freisin tugadh maoiniú do Choiste Ceiliúrtha Bhaile Póirín le haghaidh lá spraoi do pháistí. Fuair Coiste Forbartha Dhún Eochaille maoiniú d'imeacht lá súgartha i gclós súgartha Dhún Eochaille.

Maoiníodh Grúpa Oidhreachta Bhaile Thiobraid Árann do Back to Basics, spraoi ar an sean-nós.



Lá Súgartha Náisiúnta de chuid Ghrúpa Oidhreachta Bhaile Thiobraid Árann 2018

## Beartas ar Chlóis Súgartha

Fuarthas cistiú trí Scéim Chistiú Deontas Caipitil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) um Spraoi agus Chaitheamh Aimsire 2018. Tugadh an maoiniú seo d'athchóiriú ar dhá chlós súgartha i dTiobraid Árann (Clós súgartha Fhaiche an Aonaigh, Carraig na Siúire agus clós súgartha Duneske, Cathair Dúin Iascaigh). Tá gach Ceantar Bardasach ag tabhairt tuairiscí seachtainiúla ar chlóis súgartha anois. Is féidir le clóis súgartha phobail dul isteach i gcomhaontú um chothabháil clóis súgartha.



## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Thiobraid Árann

PPN TIPPERARY
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

**Tá 1,434 comhalta i Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Thiobraid Árann anois agus é déanta suas d'eagraíochtaí ó na hearnálacha pobail agus deonacha, cuimsiú sóisialta agus comhshaoil. Leagan an LRP béim ar ghrúpaí a chumhachtú agus cabhrú leo chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil.**

**Is iad príomhréimsí obair an LRP ná an méid seo a leanas a sholáthar:**

- Rochtain ar eolas agus líonrú
- Ionadaíocht agus rannpháirtíocht pobail i struchtúir éagsúla
- Forbairt acmhainne trí hoiliúint agus thacaíocht

**Tá 16 ghrúpa naisc i bhfeidhm ag LRP Thiobraid Árann.**

I 2018 reáchtáladh dhá Chruinniú Iomlánach i mí an Mhárta agus i mí na Samhna. Is é atá i gCruinniú Iomlánach ná cruinniú ag comhaltaí go léir an Líonra agus moltar do gach grúpa freastal air. Ba é an Cruinniú Iomlánach i Márta 2018 a chuir ardán ar fáil don chomhairliúchán ar Straitéis Sláinte Thiobraid Árann agus don Imeachta Sláinte agus Leasa Pobail sa Dome i nDurlas. Ag an gCruinniú Iomlánach i mí na Samhna díríodh ar 'Pobail Inbhuanaithe a Thógáil'. Oíche an-eolasach a bhí inti agus aoichainteoirí i láthair chun eolas a thabhairt faoi mhaoiniú agus comhairle a thabhairt faoi iarratais ar scríobh deontas.




Scaipeadh nuachtlitreacha go míosúil i rith na bliana chuig gach comhalta chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí, oiliúint, deiseanna maoinithe, comhairliúcháin phoiblí etc. Reáchtálann an LRP toghcháin agus iarrann sé ionadaithe thar ceann an Údaráis Áitiúil d'Ionadaithe Poiblí ar na CBSanna, an CCP agus an CFPÁ agus lean na comhaltaí ar aghaidh ag glacadh ról luachmhair i struchtúir déanta beartais an rialtais áitiúil.

## Tiobraid Árann, Contae Aoisbhách

TIPPERARY
Age Friendly

Glacadh le Comhairle Contae Thiobraid Árann mar bhall de líonra domhanda WHO do Chathracha agus phobail Aoisbháúla i 2018; Mar bhall beidh Tiobraid Árann rannpháirteach i ngluaiseacht dhomhanda pobal atá ag iarraidh freastal níos fearr ar riachtanais a gcuid seanchónaitheoirí. Aithnítear leis an mballraíocht seo an mian agus an gealltanas chun aosú sláintiúil agus gníomhach a chur chun cinn chomh maith le cáilíocht mhaith bheatha dá gcuid seanchónaitheoirí.

D'fhostaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann comhairleoirí chun Straitéis Aoisbháúil Thiobraid Árann a fhorbairt agus reáchtáladh roinnt ceardlann le saorálaithe pobail agus leis an earnáil dheonach agus leis na páirtithe leasmhara chun gníomhartha agus comhpháirtithe féideartha a sholáthar. Tar éis an chomhairliúcháin seo glacadh le Straitéis Aoisbháúil Thiobraid Árann ag cruinniú Comhairle i mí na Nollag.

I 2019 leanfaidh Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur chun cinn mhianta agus fhís Straitéis Aoisbháúil Thiobraid Árann agus ag cur ar aghaidh gníomhartha a aithníodh sa straitéis agus sprioc lárnach a bheidh i gceist do 2019 ná Comhairle Daoine Breacaosta a fhorbairt agus déanamh cinnte go léirítear guth an duine bhreacaosta sa bheartas agus gníomhartha a mhúnlú a forbraíodh do dhaoine breacaosta ar fud an chontae.

Is é an téama do Straitéis Aoisbháúil Thiobraid Árann ná

*"D'éirigh le Tiobraid Árann na blianta a chur le beatha daoine, anois is í aidhm na straitéis seo ná beatha a chur leis na blianta breise sin".*

## Tiobraid Árann Folláin

Forbraíodh 'Éire Fholláin Thiobraid Árann' ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta um Shláinte agus Leas Níos Fearr. Tá tacaíocht tugtha do Thiobraid Árann Folláin trí mhaoiniú náisiúnta ó Éire Fholláin. I Snáithe 1 a tugadh chun críche i Meitheamh 2018 bhí 20 beart agus buiséad foriomlán de €123,919. Cuireadh tús le Snáithe 2 i Meán Fómhair 2018 le 12 bheart agus ciste foriomlán de €112,100. Comhfhiontair ag CFPÁ Thiobraid Árann & CYPSC Thiobraid Árann atá in iarratais agus bearta an dá shnáithe.




Trí Thiobraid Árann Folláin déantar ceangail ar fud straitéisí éagsúla agus dírítear ar spriocanna a bhaint amach le haghaidh Thiobraid Árann thar raon beart.

I Márta 2018 tugadh faoi phróiseas comhchomhairle poiblí agus próiseas rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara agus glacadh leis an Straitéis ag an CFPÁ i mBealtaine 2018. Sheol an tAire Stáit Catherine Byrne an Straitéis go foirmiúil i Meán Fómhair 2018.



## Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) Thiobraid Árann

CYPSC
CHILDREN & YOUNG PEOPLE'S SERVICES COMMITTEES
Tipperary

Tá comhaltaí an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) déanta suas d'ionadaithe ar sholáthraithe mórsheirbhísí reachtúla, idir na hearnálacha seirbhísí cúram leanaí, tacaíocht teaghlaigh, seirbhísí scoile & óige, chomh maith le hionadaithe ó Chuideachtaí Forbartha Áitiúla.

I Márta 2018 sheol CYPSC Thiobraid Árann tuarascáil choimisiúnaithe ó AIRO inar cuireadh faisnéis staitistiúil agus anailís ar an gcontae iomlán ar fáil.




**Rinneadh athbhreithniú ar phlean 5-bliana an CYPSC a bhí bunaithe ar na 5 thoradh náisiúnta i 2018 agus seoladh i mí Eanáir 2019 é. I 2018, bunaíodh 5 fhoghrúpa ar aon dul leis na torthaí náisiúnta:**

- gníomhach agus folláin, folláine fhisiceach agus mheabhrach;
- acmhainn iomlán a bhaint amach san fhoghlaim agus san fhorbairt;
- sábháilte agus cosanta ar dhíobháil;
- slándáil agus deiseanna eacnamaíocha;
- ceangailte, meas léirithe orthu agus iad ag cur leis an domhan mórthimpeall orthu.

Tá comhpháirtíochtaí méadaithe, agus tacaíocht acu ó mhaoiniú mar Éire Fholláin, chun forbairt a dhéanamh ar na réimsí gníomhaíochta a aithníodh agus leanfar ar aghaidh ag scrúdú deiseanna chun gníomhartha sa phlean CYPSC a fhorbairt níos mó.



# FORBAIRT POBAIL & EACNAMAÍOCHTA - COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT

Tipperary Sports Partnership
SPORT IRELAND

**I 2018, sholáthair an Chomhpháirtíocht Spóirt níos mó ná 80 clár / tionscnamh aonair a raibh níos mó ná 6,725 duine rannpháirteach iontu agus d'éirigh leis cistiú sa bhreis ar €579,609 a fháil chun tacú le soláthar a cuid clár agus tionscnamh i dTiobraid Árann.**

**Mar achoimre, seo a leanas roinnt éachtaí lárnacha de chuid na Comhpháirtíochta i 2018:**

- Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach CSTÁ 2016-2020 agus tugadh chun críche athbhreithniú lártéarma i 2018 nuair a cuireadh tuarascáil ar fáil.
- Lean CSTÁ ar aghaidh ag méadú a cuid uirlisí margaíochta le forbairt láithreán Instagram do na meáin sóisialta agus le ceannach míreanna brandála mar chomharthaí haischlibe. Lean an Chomhpháirtíocht Spóirt ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag margú a cuid clár agus imeachtaí go léir, trí Facebook, Twitter agus ar www.tipperarysports.ie agus seoladh na Preaseisiúintí ábhartha chuig na meáin áitiúla. Lean CSTÁ ar aghaidh ag cur chun cinn CCTÁ trína cuid gníomhaíochtaí agus clár i rith na bliana.
- Bhí siúl chun tosaigh agus 5 Shiúlóid Operation Transformation ar siúl i mí Eanáir, ar ghlac 1,096 páirt iontu, i gCluain Meala, Cathair Dúin Iascaigh, sa Teampall Mór, san Aonach & i mBaile Thiobraid Árann. Chomh maith leis sin, d'fhostaigh CSTÁ Siúl Eile chun cúig chlár 8 seachtaine don siúl a sholáthar a raibh siúlóidí i gCluain Meala, sa Drom, in Inch, san Aonach, sa Mhaighean agus i Slieveardagh mar chuid díobh. D'éirigh go han-mhaith leis na cláir sin sna pobail agus 217 siúlaí san iomlán rannpháirteach iontu, tar éis gur ritheadh na cláir bhunaigh gach pobal a ngrúpa siúil féin, d'fhreastail siad ar oiliúint ceannaireachta agus leanann siad orthu ag siúl gach seachtain.



An tsiúlóid dheireanach i 'Suir Transformation' ar Ghormbhealach na Siúire.

- Leagadh béim ar mhná sa spórt a chur chun cinn tríd an bhfeachtas náisiúnta #20x20. I dTiobraid Árann, reáchtáladh naoú Mionmharatón Ban Thiobraid Árann i nDurlas ar an 30 Meán Fómhair agus 600 bean ag glacadh páirte ann. Cuireadh 3 chlár 'Swimmin Women' ar fáil i gCluain Meala & i nDurlas, agus 36 bhean ag feabhsú a dteicníc snámha. I dteannta leis na Tipperary Knights, bhí 360 cailín déagóra rannpháirteach sa chlár Hoops for Girls. Ag deireadh 2018 cruthaíodh naisc le Weighlifting Ireland chun triail a bhaint as clár nua meáchan do chailíní déagóra agus 85 rannpháirteach ann.
- Éascaíodh agus tugadh tacaíocht do roinnt clár a dhíríonn ar dhaoine óga - ritheadh an Clár Lúthchleasaíochta sa Halla Spóirt do 13 scoil i dTiobraid Árann Thuaidh; tacaíodh le Lúthchleasaíocht Bunscoile i dTiobraid Árann Thuaidh agus 2,100 rannpháirteach inti. Éascaíodh 2 chlár Ceannairí Spóirt i gCathair Dúin Iascaigh agus san Aonach agus thug 42 dhalta fúthu. Éascaíodh 2 chlár 'Get Going Get Rowing' le 40 dalta bunscoile agus tionscadal ceannaireachta rámhaíochta don Idirbhliain le 20 rannpháirtí.



Rannpháirtí ar an tSiúir leis an gclár Get Going Get Rowing i gCluain Meala

- I dteannta le Cúram Leanaí Thiobraid Árann, sholáthair CSTÁ an clár Buntús Start do 7 seirbhís cúraim leanaí. Leanadh leis Clár Wibbly Wobbly na Rothar Cothrom agus ghlac 1,003 lapadán páirt ann. Chomh maith leis an gclár, i rith Sheachtain na Rothar, reáchtáladh 2 Imeacht Blitzchomórtas Rothar Cothroim agus bhain 222 dalta réamhscoile taitneamh as gníomhaíochtaí rothair.



Páistí réamhscoile i mbun gníomhaíochta ag an Blitzchomórtas Rothar Cothroim

- Éascaíodh go leor gníomhaíochtaí do dhaoine breacaosta a raibh ina measc an fhéile bhliantúil Go for Life, 8 gceardlann Go for Life, Cluichí Go for Life, Ceardlanna CarePALS agus Peil Siúil. Freisin tugadh isteach gníomhaíocht nua, Eitpheil Chathaoireach do ghrúpaí as gach cearn den Chontae.



Rannpháirtithe sa cheardlann ar eitpheil chathaoireach sa Bhaile Beag

- Bhí Seachtain na Rothar ar siúl ón 9 go dtí an 17 Meitheamh agus tugadh tacaíocht do 24 imeacht ar fud an Chontae a raibh ina measc Turais Rothair do Theaghlaigh, Oícheanta Eolais, Gníomhaíochtaí Cothabhála Rothair & Spóirt le tacaíocht ó phobail sa Chontae. Bhuail os cionn 1,000 an bóthar i gCaiseal, Carraig na Siúire, sa Chloichín, i gCloch Shiurdáin, Cluain Meala, Fiodh Ard, Cill Síoláin, san Aonach, i Ros Cré, sa Teampall Mór agus i mBaile Thiobraid Árann mar chuid de na himeachtaí sin.
- Reáchtáladh Sraithchomórtas Rothaíochta do Pháistí i dteannta le Club Rothaíochta Chluain Meala i mí Aibreáin le haghaidh daoine óga idir 6 bliana d'aois agus 14 bliana d'aois. Bhí níos mó ná 50 páiste rannpháirteach ann i gcaitheamh ceithre seachtaine. Tugadh tacaíocht do 2 Imeacht Cyclocross i gCluain Meala & sa Teampall Uachtarach agus 171 rannpháirteach iontu.
- Ceann de na buaicphointí don Chomhpháirtíocht Spóirt ab ea soláthar 3 chlár oiliúna Swim For a Mile i gCluain Meala, i nDurlas agus i mBaile Thiobraid Árann. Tar éis na gclár reáchtáladh imeacht Swim for a Mile in Ionad Fóillíochta Dhurlas ar an 12 Aibreán agus 31 rannpháirtí ag snámh ar feadh míle (64 fad).




Rannpháirtithe Swim for a mile ag an imeacht in Ionad Fóillíochta Dhurlas i mí Aibreáin

- Leanadh ar aghaidh le ceardlanna ar Leas Leanaí, d'Oifigigh Leanaí Club agus Oifigigh Ainmnithe agus oiliúint curtha ar 256 saorálaí.
- Scaipeadh 27 ndeontas spóirt a bhí comhionann le €8,899.75 san iomlán ar chlubanna spóirt i bhfoirm deontas um Forbairt Cóitseála agus Club
- I mí na Nollag, reáchtáladh an naoú babhta de na Dámhachtainí bliantúla um Shaorálaithe sa Spórt mar chuid d'Oíche Dámhachtainí an Chanónaigh Hayes. Tugadh aitheantas do 12 saorálaí spóirt as gach cearn de Chontae Thiobraid Árann ó dhisciplíní spóirt éagsúla.
- Leanadh ar aghaidh le forbairt Ghormbhealach na Siúire i dTiobraid Árann, agus tús curtha le hobair ar an straitéis comharthaíochta agus na hábhair mhargaíochta agus fhógraíochta i gcomhpháirt le CCTÁ agus Turasóireacht Thiobraid Árann.  Freisin rinneadh obair chothabhála ar an gCúrsa Slalóm Canú agus Cora Lady Blessington. Freisin críochnaíodh máistirphlean um forbairt Oileán na Siúire le CCTÁ.
- Mar chuid de Mhol Spóirt an Phobail, soláthraíodh cláir oideachais agus oiliúna a bhí dírithe ar fhorbairt na Canúála & na Cadhcála agus tacú leo trí chlár 'Paddles Up' scoile a sholáthar chomh maith le Campaí Samhraidh, Campaí Eachtraíochta do Dhéagóirí, Seisiúin Trialach do Dhaoine Fásta, Cláir Scile do Dhaoine Fásta agus cláir Scile le grúpaí spriocdhírithe. Chomh maith leis sin, éascaíodh 2 Chlinic Saorstíle i gCluain Meala agus reáchtáladh 2 Imeacht Slalóm Canú a tharraing an líon ba mhó in Éirinn. I 2018, thug 530 duine faoi Spórt Lapadála ar Ghormbhealach na Siúire tríd an Mol Lasmuigh agus eisíodh 321 teastas.



Clinicí Cóitseála Saorstíle, An tSiúir, Cluain Meala. Co. Thiobraid Árann

- 'Daoine faoi Mhíchumas': Bhí os cionn 300 duine faoi mhíchumas i dTiobraid Árann rannpháirteach i gcláir spóirt arna soláthar i rith 2018 trí 'Pobail Uileghabhálacha tríd an Spórt' ag an gClár um Chuimsiú Sóisialta. I measc na gclár tá Para-Bhadmantan, Boccia, Snámh Uileghabhálach, Clár Sailability, an clár Enjoy Tennis, Club Ilspóirt do pháistí atá faoi mhíchumas fisiceach, Cláir Oiriúnaithe do Scoileanna agus oiliúint ar Fheasacht faoi Mhíchumas.  Éascaíodh Oiliúint Feasachta Míchumais do gach dalta Idirbhliana i Meánscoil Mhuire san Aonach i Meán Fómhair agus i Meánscoil Ailbhe i mbaile Thiobraid Árann i mí na Samhna. Gné nua a cuireadh lenár gclár spóirt do 'Dhaoine faoi Mhíchumas' ab ea an cheardlann 'Smart Moves' arna maoiniú faoi Éire Fholláin agus an clár 'Stepping Ahead'. Tá Smart Moves dírithe ar thuismitheoirí, mhúinteoirí, CRSanna etc a mbíonn teagmháil acu le páistí ar a bhfuil Diospraicse / DCD. Sa cheardlann déantar iniúchadh ar scileanna oll-luaileacha agus mínluaileacha do na páistí sin.  D'óstaigh CSTÁ ceardlann an-rathúil ar an 15 Samhain in Ionad Pobail Mhaigh Chairce / na Buiríse le 43 rannpháirtí. Is le haghaidh páistí ar a bhfuil Siondróm Down é an clár Stepping Ahead agus bhí an clár sin ar siúl i gcaitheamh 6 seachtaine i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair i Larkspur Caiseal agus 18 rannpháirteach ann. Sa chlár déantar iniúchadh ar scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha agus tugtar clár gníomhaíochta do thuismitheoirí le gur féidir le gach páiste é a úsáid sa bhaile.



Rannpháirtithe i Sraithchomórtas Boccia ó Ionad Moorehaven, Baile Thiobraid Árann

- Cuireadh ar fáil 6 chlár 'Daoine Óga i mBaol' i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh, Obair d'Ógra Éireann Tiobraid Árann, BOO Thiobraid Árann agus Seirbhís Óige Pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas. Ina measc siúd bhí Clár Spóirt agus Gníomhaíochta Fisicí do dhaoine óga ar Chlár Sheirbhísí Óige Ros Cré, an clár Activ 8 (Baile Thiobraid Árann, Caiseal, an Teampall Mór, an Baile Beag), tionscadal Óige Pobail Chluain Meala agus clár Athstiúrtha Óige Chluain Meala. I measc na ngníomhaíochtaí sna cláir sin bhí Surfáil, Seoltóireacht, Cláir Siúlóireachta, Ceardlanna Rince, Zumba agus Bunranganna Gym. Clár a raibh tionchar mór aige ar leibhéal áitiúil ab ea 'Sraithchomórtais Sacair Oíche do Dhéagóirí' in Ionad an Chanónaigh Hayes i mBaile Thiobraid Árann. Ghlac os cionn 300 déagóir páirt sna sraithchomórtais sin agus chabhraigh an FAI agus na Gardaí áitiúla lena n-eagrú. Tá déagóirí a ghlac páirt iontu ag glacadh páirte i sacar ina gcuid scoileanna anois den chéad uair. Thug níos mó ná 600 duine óg san iomlán faoinár gclár 'Daoine Óga i mBaol' i rith 2018.



Rannpháirtithe sa Sraithchomórtas Sacair Oíche do Dhéagóirí in Ionad an Chanónaigh Hayes, Baile Thiobraid Árann.

- Meabhairshláinte: Éascaíodh dhá chlár oideachais SafeTalk (Feasacht faoi Fhéinmharú) do chóitseálaithe spóirt ag CSTÁ san Aonach agus i gCluain Meala agus an dá chúrsa lán le 25 rannpháirtí i rith 2018. Ritheadh clár 'Meabhairshláinte Dearfaí don Óige' i rith Sheachtain na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair i mBaile Thiobraid Árann.

- Cuireadh dhá chlár i bhfeidhm um Rannpháirtíocht Taistealaithe i gcomhpháirt le Clár Thaistealaithe Tuaithe Thiobraid Árann agus NTLP. Chuimsigh na cláir sin 'Clár Spóirt an Bhaile Bhig' a reáchtáladh do 20 taistealaí óg agus clár 'Sláinte do Thaistealaithe Fir' i mBaile Thiobraid Árann agus 20 rannpháirteach ann.

- Tugadh tacaíocht do phobail imeallaithe trí Shraithchomórtas Sacair Pobail Ros Cré agus trí Shraithchomórtas Sacair Pobail Chluain Meala i gcomhpháirt leis an FAI agus le cumainn cónaitheoirí i Ros Cré agus Cluain Meala. Bhí níos mó ná 500 páiste 7-12 bhliana d'aois rannpháirteach ann. D'oibrigh CSTÁ leis an Ionad Soláthar Díreach, 'Teach Bridgewater' i gCarraig na Siúire agus cuireadh clár ióga ar fáil do rannpháirtithe. Freisin nasc muid na hiarrthóirí tearmainn sin leis an gclub sacair áitiúil agus ghlac siad páirt i rití spraíúla sa phobal. Clár nua eile a mhaoinigh Éire Fholláin i 2018 ab ea an clár 'East meets West' le YWIT – clár cuimsithe leis an bpobal Siriach i nDurlas. Cuireadh clár comhtháite ióga / gníomhaíochtaí measctha, a raibh mná Éireannacha agus Siriacha mar rannpháirtithe ann. Ina theannta sin ghlac fir Shiriacha páirt i gclár Oideachais Snámha, rud a chruthaigh nasc dóibh leis an ionad fóillíochta áitiúil.



Rannpháirtithe 'East Meets West' ag baint taitnimh as ceann de na ranganna

- Tá sraith ceardlann ar Oideachas Club forbartha ag CSTÁ ar a dtugtar 'Clubanna Uileghabhálacha'. I measc ábhar tá meabhairshláinte óige agus déileáil le bulaíocht. Bhí ceardlann 'Tackling Bullying' ar siúl i nDurlas i Meán Fómhair 2018, i gcomhpháirt le Youthwork Ireland i dTiobraid Árann.

# FAI

## Cuimsiú Sóisialta

- Ritheadh Sraithchomórtas Oíche i mBaile Thiobraid Árann i gcomhpháirt le Youth Work Thiobraid Árann & CCTÁ agus thug 40 buachaill/cailín faoi.




- Éascaíodh sraithchomórtas sacair pobail i Ros Cré inar ghlac níos mó ná 300 páiste páirt.
- Seisiúin Peile Siúil i gCaiseal le Seid Áitiúil na bhFear, bloc 8 seachtaine déanta (12-14 rannpháirtí).
- Seisiúin Oiliúna ag an Líonra Náisiúnta Foghlama i gClub Peile Bhaile Chluain Meala (12-14 rannpháirtí gach seachtain).
- Cuireadh seisiúin oiliúna "Peil do Chách" ar fáil le Cúram Athshlánúcháin Chnoc Lochta agus Cúram Athshlánúcháin Theach Bridge Water i gClub Peile Bhaile Chluain Meala (12-14 rannpháirtí gach seachtain). Freisin d'fhreastail na rannpháirtithe ar blitzchomórtas i gCill Chainnigh.



- Bhí seisiúin ar siúl i St. Cronan's san Aonach agus i Ros Cré (15 - 20 rannpháirtí)
- Lá spraoi in AFC an Aonaigh le Scoil Speisialta Áine Ros Cré (25 rannpháirtí), agus seisiúin rialta sa scoil.
- Cuireadh an clár Idirchultúrtha de chuid Show Racism the red card ar fáil do 4 scoil i dTiobraid Árann Theas agus Thuaidh le os cionn 100 dalta le linn Sheachtain(í) FARE UEFA ina leagtar béim ar na fadhbanna agus ina gcuirtear eolas ar fáil dóibh a d'fhéadfadh gur chuir ciníochas as dóibh ar bhealach éigin agus iad i mbun an spóirt. Ina theannta sin cuireadh clár iarscoile ar feadh 6 seachtaine ar fáil do dhaltaí i Scoil Náisiúnta na mBuachaillí i gCathair Dúin Iascaigh agus arís léiríodh fadhb an chiníochais sa spórt agus conas déileáil léi.
- Clár AIMF déanta i gClub Peile Peake Villa do 12 Theifeach as Siria.
- Sraithchomórtas Caithimh Aimsire Futsal do Mhná, 7 seachtaine a chríochnaigh ar an Luan, an 28 Eanáir le Cluiche Ceannais Coirn & Sciatha 35+rannpháirtí agus 5 fhoireann).
- Corn Geimhridh na bhFear (Sraithchomórtas Caithimh Aimsire) 6 seachtaine a chríochnaigh le Cluiche Ceannais Coirn & Sciatha (45+ Rannpháirtí).

## Peil na mBan/na gCailíní

- Leanann Peil na gCailíní ar aghaidh ag dul i méid agus í ar fáil i mbeagnach 25 club ar fud an chontae.
- 6 Chlár Chlub Soccer Sister – CP Chnoc an Éin (52 Cailín), CP na mBan Shinrone (14 Cailín) CP Mhuine Gall (20 Cailín), CP Two Mile Borris/ Chaoimhín (26 Cailín) CP Bhaile Chluain Meala, (65 Chailín) agus CP Peake Villa (25 Cailín)
- 1 chlár Naisc Scoile/Club Soccer Sisters le Clochar Mhuire, an tAonach agus CP Bhaile Uí Mhacaí – 110 rannpháirtí.

## Forbairt Imreoirí

Forbairt Imreoirí (Buachaillí agus Cailíní): Leanann an clár um Imreoirí Cumasacha Nua ar aghaidh ag cothú fhorbairt imreoirí fear agus ban faoi aois den chéad scoth sa chontae agus ionaid feabhais i nDeisceart agus i dTuaisceart an chontae ag soláthar ama breise um chóitseáil agus theagmháil le 550 imreoir faoi aoise den chéad scoth idir na haoise U10- U16.

Ritheadh ceardlanna ar an bPlean Forbartha Imreora i 5 chlub i 2018, agus thug 80 cóitseálaí fúthu.

## Forbairt Club

Bronnadh an gradam FAI do Chlub na Bliana 2018 ar CP Bhaile Uí Mhacaí. Tá roinnt clubanna i dTiobraid Árann i mbun gradam Mharc Club an FAI a bhaint amach

## Oideachas do Chóitseálaithe

### PDP1

- Meán Scoile San Anna, Cill Dalua/ Béal an Átha (14 rannpháirtí)
- Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chatháin (8 rannpháirtithe)
- LIT Dhurlas x 2 chúrsa (52 rannpháirtí)
- CP Two Mile Borris (15 rannpháirtí)
- CP Slievenamon Celtic (19 rannpháirtí)
- CP Bhaile Uí Mhacaí (12 rannpháirtí) Cúrsa do Mhná amháin
- CP Rearcross (16 rannpháirtí)
- Meánscoil na mBráithre Críostaí i gCarraig na Siúire (10 daltaí Idirbhliana)
- LIT Dhurlas – 14 & 28 Samhain 2018

### PDP 2

- AFC Killavilla United (22 rannpháirtí)
- CP Bhaile Chluain Meala (16 rannpháirtí)
- CP Mhainistir na Croiche (16 rannpháirtí)
- CP Bhaile Uí Mhacaí (20 rannpháirtí)
- CP Pháirc Chathair Dúin Iascaigh (24 rannpháirtí)

### Neartú agus Cleachtadh

- AFC an Aonaigh – (11 rannpháirtí)

### PDP3

- AFC an Aonaigh (14 rannpháirtí)
- CP Loch Deirgeirt (22 Rannpháirtí)

### Ceadúnas D Náisiúnta

- AFC an Aonaigh (21 rannpháirtí)

### Cosaint 1

- 2 chúrsa x AFC an Aonaigh – (26 rannpháirtí); AFC Bhaile an Phoirt Nua (19 rannpháirtí); 2 chúrsa x CP Two Mile Borris (55 rannpháirtí); CP Bhaile Chluain Meala (20 rannpháirtí); CP Bhaile Chaisil (12 rannpháirtí)
- CP Slievenamon Celtic (17 rannpháirtí); CP Rearcross (24 rannpháirtí); An Port Rua (16 rannpháirtí); An Teampall Mór (27 rannpháirtí)

### Cosaint 2

- AFC an Aonaigh (16 Rannpháirtí)

### Scoileanna

- Ghlac 47 Scoil, 107 foireann agus os cionn 1,000 dalta páirt sa Blitzchomórtas Futsal Bunscoile do Rang 3/4.
- Ghlac 17 scoil, 35 fhoireann agus níos mó ná 400 dalta páirt i Futsal Iar-bhunscoile.
- Reáchtáladh seisiúin chóitseála scoile i go leor Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna sa chontae i gcaitheamh na bliana.
- Maoiníodh Clár Cóitseála Scoile trí Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann agus Éire Fholláin i 12 Scoil i gcaitheamh 10 seachtaine.



Sa phictiúr thuas tá An Baile Beag ag glacadh páirte sa chlár.

# AN TSEIRBHÍSEALAÍON

Tá sé mar phríomhchuspóir ag an tSeirbhís Ealaíon feabhas a chur ar shaol ealaíonta pobal i gContae Thiobraid Árann. Oibríonn muid i dtreo fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae i gcomhpháirt le raon de pháirtithe leasmhara a bhfuil ina measc ár gcomhpháirtithe maoinithe an Chomhairle Ealaíon.

**Tá ár gcuid oibre treoraithe ag Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2017-2021 thar shé thosaíocht straitéiseach:**

- Pobail Chruthaitheacha - Rannpháirtíocht Phoiblí
- Cleachtóirí Cruthaitheacha - An t-Ealaíontóir
- Réitigh Chruthaitheacha - Comhpháirtíochtaí & Comhar sna hEalaíona
- Tacaí Cruthaitheacha - Eolas & Comhairle faoi na hEalaíona
- Bonneagar Cruthaitheach - Ionaid & Féilte Ealaíon
- Cruthaitheacht & an Réimse Poiblí - Ealaín Phoiblí



Gaelscoil Charraig na Siúire leis an ealaíontóir Una O'Grady



Taispeántas - Scéim Ealaíontóirí i mBunscoileanna Thiobraid Árann - Eanáir 2018 – Oifigí Cathrach, Músaem an Aonaigh & an Chontae, Cluain Meala

Tá tionscnaimh chun tacú le forbairt na ***n-Ealaíon san Oideachas*** ina ngné lárnach de Chlár Ealaíon Thiobraid Árann. Trí ***Scéim na n-Ealaíontóirí sa Bhunscoil*** cuireadh 11 ealaíontóir i scoileanna agus iad ag obair le daltaí agus baill foirne thar réimsí fhoirm ealaíne a raibh ina measc na hamharcealaíona, an amharclannaíocht, rince agus sorcas. Tacaíonn an scéim le rochtain dhíreach ar na healaíona do leanaí ar fud an chontae agus cuirtear fostaíocht ar fáil d'ealaíontóirí. Taispeánadh an obair a rinneadh faoi scéim 2017 i dtaispeántas ilionaid san Aonach & i gCluain Meala i mí Eanáir 2018 roimh na dátaí deiridh le haghaidh iarratas do 2018 chun an leibhéal ard de chleachtas ealaíon a léiriú atá á thacú agus á fhorbairt trí mheán an chláir seo agus chun é a dhéanamh níos sofheicthe.



Gaelscoil Chluain Meala leis an ealaíontóir Des Dillon



## An taispeántas priontaí do scoileanna

Chuaigh an taispeántas priontaí do scoileanna ar camchuairt go trí hiar-bhunscoil i dTiobraid Árann i rith 2018. Cuireann an tionscnamh seo ar chumas iar-bhunscoileanna an taispeántas de 32 phrionta comhaimseartha le hEalaíontóirí Éireannacha a óstáil ina scoil agus leas a bhaint as ceardlanna oideachasúla ar dhéanamh priontaí agus ábhair tacaíochta oideachais. Tríd an tionscnamh seo déantar acmhainn chomhaimseartha phraiticiúil a thairiscint do mhúinteoirí agus cuirtear daltaí ar an eolas faoi ealaíontóirí, ábhair agus phróisis.



Ceardlanna Prionta i Meánscoil na Mainistreach, Baile Thiobraid Árann


## Amharclann Óige Thiobraid Árann

Lean Amharclann Óige Thiobraid Árann ar aghaidh ag soláthar spáis faoi stiúir daoine óga do dhéagóirí i 2018 le go bhféadfadh siad rochtain a fháil ar na healaíona agus ghlac baill páirt i bplé tar éis seónna agus d'fhreastail siad ar léirithe roghnaithe ina gcuid ionad ealaíon áitiúil san Aonach agus i nDurlas i dteannta lena gcleachtaí seachtainiúla. Chuir Amharclann Óige Fracture (Durlas) 'The Real Inspector Hound' le Tom Stoppard ar an stáitse i halla The Source i mí Aibreáin agus aisteoirí óga rannpháirteach i ngach gné den léiriú. Bhí Amharclann Óige Fracture i measc díreach 13 hamharclann óige a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh i bhFéile Náisiúnta na n-Amharclann Óige i gCill Chainnigh i mí Iúil. I séasúr fhómhar 2018 san Aonach agus i nDurlas díríodh ar chlár aon seachtain déag um forbairt scileanna le haoi-éascaitheoirí sa Rince, nGnéithe na hAmharclannaíochta agus Stiúradh don Amharclannaíocht.



## Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann

Bunaíodh Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann i 2008 leis an Iseli-Chiodi Dance Company i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Excel Thiobraid Árann i mBaile Thiobraid Árann. Idir an dá linn tá forbairt déanta aici ar an rince comhaimseartha mar fhoirm ealaíne agus chleachtas i mBaile Thiobraid Árann agus sa cheantar timpeall air. I measc réimsí lárnacha an chláir tá saothar nua a bhfuil cóiréagrafaíocht déanta air, féile rince léirithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta (Féile Rince Thiobraid Árann), deiseanna forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí rince, i dteannta le clár um rannpháirtíocht pobail. Le blianta beaga anuas, tá an fhéile tar éis leathnú chun comhoibriú le comhpháirtithe nua e.g. Líonra na Leabharlann Contae, Ionad Ealaíon an Aonaigh, Ionad Ealaíon The Source, Durlas agus Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas i gCluain Meala. Chuimsigh clár gníomhaíochta 2018 comhléiriú nua leis an gcóiréagrafaí atá bunaithe i Toronto, Holly Small, agus a taispeánadh den chéad uair ag Féile Ardán Rince Thiobraid Árann 2018 i nDeireadh Fómhair. I rith 2018, thug an clár rince i scoileanna ról gníomhach do 22 dhalta i gcaitheamh trí mhíosa i Meánscoil Ailbhe i dTiobraid Árann le linn tréimhse spriocdhírithe de chleachtadh rince a chríochnaigh le dhá léiriú le haghaidh 120 páiste i Scoil Mhíchíl do Bhuachaillí i mí Aibreáin.




## Féile Bhealtaine Thiobraid Árann

I rith Fhéile Bhealtaine, a eagraíodh i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann, cuireadh clár i láthair de os cionn 91 imeachta le haghaidh 2,678 rannpháirtí ar fud an Chontae i mí Bhealtaine. San fhéile inar Ceiliúradh Cruthaitheacht i measc Daoine Breacaosta, tugadh deiseanna do dhaoine breacaosta plé leis na healaíona ar fud réimsí foirmeacha ealaíne a bhfuil ina measc litríocht, ceol, na hamharcealaíona, scannán agus téatar. Bhí ealaíontóirí a nascadh le lucht féachana agus pobail ag croílár an chuir chuige i mbliana. I measc na mbuaicphointí bhí "Guthanna Cumhachtacha", imeacht plé phoiblí idir na healaíontóirí Alice Maher agus Caitriona Crowe, Iar-cheann Tionscadal Speisialta i gCartlann Náisiúnta na hÉireann, tráchtaire poiblí agus craoltóir. I bplé cuimsitheach thug an imeacht seo léargas ar phróiseas na cruthaitheachta, ar ghairm an ealaíontóra go dtí seo agus a tionchair ó thaobh na sochaí agus na polaitíochta. Ba í 2018 an chéad bhliain inar chuir muid imeacht cheiliúr na camhaoire ar an gclár mar chuid de Bhealtaine i dTiobraid Árann. Nascadh dhá ghrúpa, The Mellow Tones (cór ban ó Chloch Shiurdáin) le The Rosie Greys (cór a bunaíodh mar chuid de Thionscnamh Aoisbhá Ros Cré) agus an stiúrthóir cóir Liz Powell agus ghlac na rannpháirtithe páirt i dtionscadal comhoibritheach roimh fhéile na Bealtaine chun léiriú a dhéanamh le chéile i nDroim Inbhir ar Bhruacha Loch Deirgeirt ar an 26 Bealtaine. I dtuaisceart an Chontae, thug Operatic Delights, comhar idir beirt cheoltóirí as Tiobraid Árann Gina Oberoi agus Suzanne Buttimer cuairt ar Ionaid Cúram Lae i gCaiseal, Cluain Meala, Baile an Phóirín, Baile Thiobraid Árann agus sa Cheapach.



## Oíche Chultúir

Reáchtáladh Oíche Chultúir 2018 ar an 21 Meán Fómhair agus 62 imeacht ar siúl i 35 ionad ar fud 10 mbaile i dTiobraid Árann. Comhordaíonn an oifig Ealaíon Oíche Chultúir le tacaíocht mhaoinithe ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ghlac 3,801 duine páirt sna himeachtaí i dTiobraid Árann i 2018. Agus muid ag forbairt dhá shnáithe lárnach inár Straitéis Ealaíon Contae mar atá "Pobail Chruthaitheacha" agus "Cleachtóirí Cruthaitheacha", d'oibrigh muid i gcomhpháirt le soláthraithe cultúrtha lárnacha sa chontae chun naisc a fhorbairt le healaíontóirí atá bunaithe i dTiobraid Árann le clár spéisiúla a bheadh sainiúil do cheantair a fhorbairt ar fud an chontae.

Ina theannta sin, d'óstaigh raon leathan de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí Pobail ar fud an Chontae imeachtaí, inar taispeánadh tallann áitiúil sna healaíona, inar spreagadh rannpháirtíocht mhéadaithe agus inar cuireadh ardán ar fáil chun na healaíona a chur i láthair do lucht sprice nua.

Thacaigh Coimisiún Oíche Chultúir i mbliana leis an gcéad thaispeántas in Éirinn de shaothair le Carine Arnakis, ealaíontóir Rómánach atá bunaithe san Aonach agus a phléann a taispeántas dar teideal "The Journey" le cultúir agus béaloideas domhanda. Seoladh an taispeántas in Ionad Ealaíon an Aonaigh a Oíche Chultúir agus gabhann leabhar dathúcháin leis atá bunaithe ar léaráidí an ealaíontóra le gur féidir le páistí plé leis na saothair ealaíne. Bhí na healaíontóirí Maurice Caplice agus Diarmuid Vaughan, atá bunaithe i gCluain Meala, i gceannas ar thionscadal poiblí um líníocht phobail inar tugadh cuireadh do dhaoine páirt a ghlacadh i dtionscadal líníochta grúpa ar an 1 Meán Fómhair a taispeánadh ansin ar thimpeallán Tesco i gCluain Meala roimh Oíche Chultúir.



Oíche Chultúir i gCluain Meala

I rith 2018, leithdháileadh cistiú ar 36 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí ealaíne neamhspleácha ar fud an chontae. Fuair 85 féile cistiú sa chéad bhliain de Scéim Féilte & Imeachtaí Thiobraid Árann agus €223,782 infheistithe ar fud an chontae.

Dar le Comhairle Contae Thiobraid Árann tá an cleachtóir cruthaitheach ag croílár na forbartha fadtéarmaí ar na healaíona agus ar an gcultúr sa Chontae. Trí chúnamh airgeadais díreach d'ealaíontóirí tugadh tacaíocht do thionscnaimh fhorbartha le haghaidh 24 ealaíontóra i 2018 thar fhoirmeacha ealaíne éagsúla agus ar fud an Chontae. Chomh maith leis sin, d'óstaigh an Oifig Ealaíon seisiún eolais don Scéim Caipitil Cheoil ag an Líonra Ceoil i mí Feabhra i nDurlas, thug tacaíocht do dhiancheardlann lae leis an Mórchlódóir Patricia Hunsinger as Nua-Eabhrac i dteannta le Dánlann Damer, Ros Cré i Meán Fómhair agus stiúir siad lá forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí a bhfuil spéis acu i bheith ag obair i gcomhthéacsanna foirmiúla oideachais i mí na Samhna i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire gan Smál Freisin tugadh tacaíocht, comhairle agus/nó cistiú do réimse fhéilte agus eagraíochtaí ealaíon ar fud an Chontae i rith 2018.





# AN TSEIRBHÍS OIDHREACHTA

**Is é ról na hOifige Oidhreachta ná oibriú le pobail áitiúla agus leis an údarás áitiúil chun**

- Feasacht agus tuiscint ar Oidhreacht Thiobraid Árann a chur chun cinn;
- Caomhantas Gníomhach ar Oidhreacht Thiobraid Árann a chur chun cinn;
- Tacú le bailiú agus scaipeadh eolais faoi Oidhreacht Thiobraid Árann.

**I dteannta leis sin soláthraíonn an Oifig Oidhreachta**

- Clár Éire Ildánach do Thiobraid Árann i dteannta le hÉire Ildánach, agus
- Clár na gCuimhneachán do Thiobraid Árann i dteannta leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Maoiniú don Phlean Oidhreachta leis an gComhairle Oidhreachta

Tugadh chun críche Iniúchadh Oidhreachta na Siúire do Thiobraid Árann i 2018. Anois tá na sonraí bonnlíne go léir againn don abhainn i dTiobraid Árann a bheidh mar bhonn eolais do thionscadail cur i bhfeidhm agus d'fhorbairt ar an tSiúir.

I suirbhé ar ghabhláin ghaoithe i 86 Baile agus Sráidbhaile sa Chontae rinneadh plé dearfach le pobail áitiúla chun feasacht a ardú faoin speiceas leochaileach éin. Bhí an-áthas orainn a fháil amach go bhfuil seans ann go bhfuil an choilíneacht is mó in Éirinn den ghabhlán gaoithe neadaithe anseo sa chontae, san ionad cúram pobail i gCluain Meala.

## Maoiniú don Phlean Gníomhaíochta ar Bhithéagsúlacht

Bhí an-áthas orainn oibriú as lámh a chéile lenár gcomhghleacaithe sa Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta chun dhá fhíseán a dhéanamh faoi thábhacht na bhfálta sceach leis an bhfeirmeoir áitiúil Sean O' Farrell agus John Fogarty.

Freisin chomhoibrigh muid leis an bhFoireann Uisce Tuaithe sa Chomhairle agus chuir muid maoiniú ar fáil chun tionscadail phailneora a thosú inár dtithe caideálaithe agus taiscumar.

## Dámhachtain na mBailte Slachtmhara do Phailneoir na hÉireann

Tugann Oifigigh Áitiúla Oidhreachta agus Bithéagsúlachta do Dhámhachtain Phailneoir na hÉireann agus déanann siad bainistíocht uirthi mar chuid de Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Bhí áthas an domhain orainn nuair a ghnóthaigh Cluain Meala an dámhachtain náisiúnta pailneora i mbliana. Freisin d'óstaigh Coiste na mBailte Slachtmhara i gCluain Meala baill de Ghrúpa Pailneoirí Massachussetts Thiar i gCluain Meala mar chuid dá gcuairt Staidéir ar Éirinn i mí Dheireadh Fómhair.

## An tSeachtain Oidhreachta

Bhí an tSeachtain Oidhreachta ar siúl ón 18-25 Lúnasa agus reáchtáladh tuairim is 70 imeacht ar fud an chontae inar tarraingíodh aird ar réimse dár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

## Tionscnamh na mBailte Stairiúla

Bhí an-áthas orainn maoiniú a fháil faoin tionscnamh seo d'fheabhsúcháin ar an tsráid-dreach ar an bPríomhshráid i gCarraig na Siúire. Rinneadh an tionscadal a bhainistiú ag an gCeantar Bardasach agus d'eagair an Oifig Oidhreachta siúlóid agus caint leis an Dr Barry O Reilly as an NIAH agus freisin choimisiúnaigh siad tionscadal líníochta comhchoitinne leis an bhFísealaíontóir Maurice Caplice dar teideal 'Ode on a Castle and a Clock Tower'.

## Éire Ildánach

Agus muid ag leanúint orainn ag cur i bhfeidhm an chláir seo chun deiseanna a chur chun cinn dár bpobail le gabháil do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha tríd na hEalaíona agus Oidhreacht, bhainistigh muid ár scéim Deontas do Phobail Chruthaitheacha ar fud an chontae i 2018, agus maoiníodh 40 tionscadal trí chlár Gairme Oscailte. Freisin d'óstaigh muid an chéad Chruinniú na nÓg ar an 23 Meitheamh le Leabharlann Dhurlas, Ionad Ealaíon an Aonaigh agus Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas, a sholáthair lá de rannpháirtíocht agus de shúgradh cruthaitheach do pháistí ar fud an chontae. Seoladh an Straitéis Chruthaitheach do Thiobraid Árann i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.

## Cuimhneacháin:

Agus muid ag dul isteach sa dara cuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán, ullmhaíodh aighneacht ag tús 2018 don Roinn mar fhreagra ar ghlao ón gCoiste Comhairleach Saineolach ar Chuimhneacháin. Cuireadh i bhfeidhm scéim deontas do chuimhneacháin ag deireadh na bliana agus tugadh tacaíocht do 11 tionscnamh ar fud an chontae.



Róisín O' Grady Oifigeach Oidhreachta le baill de Bhailte Slachtmhara Chluain Meala Martin Behan agus Frank O'Donoghue agus Tom O Sullivan agus Peggy McLeod ó Ghrúpa Pailneoirí Massachusetts Thiar



Seolann 31 Údarás áitiúil Straitéisí Cultúir & Cruthaitheachta i mBaile Átha Cliath leis an gCathaoirleach an Cmhlr Mattie Ryan



Comhordaitheoirí Údaráis Áitiúil d'Éire Ildánach le Príomhfheidhmeannach nua Éire Ildánach, Tania Banotti



Tionscadal 'Ode on a Castle and a Tower House'



Maurice Caplice agus Sheenagh Hennessey i gCaisleán Urumhan le tionscadal 'Ode on a Castle and a Tower House'



Faire Gabhlán Gaoithe ag Cumann Bailte Slachtmhara Chathair Dúin Iascaigh




Féile Junction Chluain Meala: St Olivers i gCluain Meala le Pat Looby agus taipéis na Siúire




Tionscadal ‘Ode on a Castle and a Tower House’

# MÚSAEM CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Ba é an príomhchuspóir do Mhúsaem an Chontae i 2018 ná maoiniú a fháil chun ár mbailiúchán mór a fhorbairt agus a athshamhlú. Trínár n-iarratas rathúil ar Fháilte Éireann, fuair an Músaem €200,000 agus sholáthair Comhairle Contae Thiobraid Árann maoiniú meaitseála. Ciallaíonn sé sin go bhfeabhsófar infheictheacht Bhailiúchán Mhúsaem Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar fud Thiobraid Árann agus níos faide anonn. Le maoiniú breise ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta trí Chiste na Músaem Réigiúnach agus Éire ILDÁNACH rinneadh cinnte go mbeadh an Músaem in ann clár nuálach agus spreagúil d'imeachtaí agus de thaispeántas a fhorbairt trínár mBailiúchán Ealaíne.






## Le sraith de thaispeántais phobail uainíochta rinneadh cinnte go raibh an pobal áitiúil ag croílár chláir an mhúsaem.

**Tionscadail Mhóra i 2018:**

- Fuarthas maoiniú ó Fháilte Éireann chun Scéalaíocht agus Léirmhíniú an Mhúsaem ar a bhailiúchán a fhorbairt.
- Forbraíodh gailearaí an Mhúsaem chun a bhailiúchán mór a léiriú.
- Rinne an Caomhnóir agus Oideoir Cónaithe taighde ar chúlra stairiúil bhailiúchán Ealaíne an Mhúsaem agus cruthaíodh ábhar do chatalóg ealaíne. Chomh maith leis sin, forbraíodh áis oideachais buail isteach do theaghlaigh, scoileanna agus ghrúpaí pobail le go bhféadfadh siad plé le teicnící ealaíne agus iad a thuiscint.
- Rinneadh Bailiúchán Ealaíne an Bonn an Mhúsaem a dhigitiú.
- Tugadh na tionscadail chaomhantais seo a leanas chun críche:
  - *Caomhnú & taispeáint Gheansaí Hogan 1920.*
  - *Caomhnú & taispeáint bhailiúchán ealaíne an Mhúsaem.*
  - *Caomhnú agus taispeáint Éide Cathartha Chluain Meala*
- Reáchtáladh tionscnaimh nua sa mhúsaem - 'Passing on the Past' agus 'Museum Take- Over Day'. Sna tionscadail iomasacha agus rathúla sin rinneadh comhpháirtíocht le 70 dalta Idirbhliana ó Mheánscoil na Toirbhearta, agus cabhair acu le mic léinn na 4 bliana ó LIT chun tionscadal staire béil bunaithe ar phríomhfhoinsí a scríobh agus a fhorbairt. Chuaigh 20 dalta ón ngrúpa i gceannas ar mheáin sóisialta an Mhúsaem, ar dhualgais fháiltithe agus thug siad turais treoraithe do dhaltaí bunscoile agus meánscoile.

**I measc na mbuaicphointí i gClár 2018 bhí:**

- 'Conair Ailtireachta an Aonaigh' nua-fhorbartha a cheap an músaem i dteannta le Meánscoil Mhuire, An tAonach.
- Sheol an t-ealaíontóir Robert Ballagh an Taispeántas STAG50 i mí an Mheithimh le os cionn 65 taispeántóir.
- I rith Sheachtain na hOidhreachta d'eagair an músaem turas bua chuig Geata Cloig Eochaille, Turas Siúil ar an mBaile agus Eaglais Choláisteach Mhuire 17 rannpháirtí.
- I rith Oíche Chultúir (leis an tSeirbhís Ealaíon) d'eagair an Músaem caint ar Ailtireacht éighníomhach.
- Is tionscnamh atá bunaithe sa RA é ARTiculation agus Músaem Thiobraid Árann mar an bpríomh-chomhpháirtí Éireannach ann. Fuarthas 3 chomhpháirtí Éireannach breise le haghaidh 2018-2019: Dánlann an Bhuitléaraigh Cill Chainnigh, Músaem Contae Chiarraí agus Músaem an Phiarsaigh/Príosún Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath.
- Amharclann Dinnéir, Cloch an Mhonacóidigh, Fiodh Ard ar an 28 Meitheamh – Léiriú amharclainne sonrach don suíomh a bhí díolta amach agus é dírithe ar bhailiúchán an mhúsaem – 30 i láthair
- Campa Samhraidh an Mhúsaem 17 – 20 Iúil: 20 i láthair gach lá – Mar thoradh díreach ar an aiseolas dearfach a fuarthas, bunaíodh Club na Seandálaithe Óga. Tá sé dírithe ar dhaltaí idir 8 agus 12 bliain d'aois a bhfuil spéis acu i níos mó a fhoghlaim faoin am atá thart ar bhealach comhaimseartha agus idirghníomhach.
- Tugadh cuairt ar Chaisleán Urumhan, Carraig na Siúire, tochailt seandálaíocht, Déanamh Sparán Leathair, Ogham agus Scríbhneoireacht na Lochlannach & Cluichí Oilimpeacha Seandálaíochta.
- Cuireadh tús leis an 6ú Sraith Léachtaí Bliantúla 'Death and Disease' i nDeireadh Fómhair 2018 agus beidh sí ar siúl go dtí Aibreán 2019. D'fhreastail 600 ar na léachtaí suas go dtí seo.
- Bhí Caomhnóir an Mhúsaem Marie McMahon & an tOifigeach Oidhreachta Roisin O' Grady ina n-ionadaithe ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag imeacht líonraithe sa Bhruiséil i mí an Mheithimh mar chuid de Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha.

**Éadálacha Deireanacha:**

- Thug clann De Bhuitléir bailiúchán mór ó Bhainisteoir Contae Thiobraid Árann nach maireann Padraig de Buitléir 1964 – 1969 agus óna dhearthóir, poitigéir áitiúil.
- Thug Petronelle Clifton Brown bailiúchán teaghlaigh géarchúiseach de chuid Petronell Grubb, 11 bliain d'aois, a bhásaigh ó Thífeas i 1919.

Cuspóir mór don Mhúsaem ná go mbeadh níos mó rochtana ag an bpobal ar ár mbailiúchán. D'oibrigh Jayne Sutcliffe, ár n-Oifigeach Bailiúchán le Fran Curry ó Tipp FM chun míreanna míosúla a thaifeadadh don raidió. Is í aidhm na míreanna 15 nóiméid sin ná bailiúchán an mhúsaem a thaispeáint chomh maith le cuid de na míreanna spéisiúla atá againn nach bhfuil ar taispeáint faoi láthair.

**Is iad na míreanna músaem a pléadh go dtí seo ná:**

- Masc mairbh Chromaill agus bunús na masc mairbh
- An Gúna Bainise Victeoiriach agus cuspóir an chóirséid
- Blaosc capaill agus Deasghnáth tí san Iarannaois
- Meaisín maignéató ón ré Victeoiriach agus leigheas Victeoiriach
- Airgead Lochlannach, geilleagar buillin an ama sin agus brath miotail



'Passing on the Past' taispeántas le Daltaí Idirbhliana ó Mheánscoil na Toirbhearta, Cluain Meala



Seoladh 'Reflection' Bailiúchán Ealaíon Mhúsaem Contae Thiobraid Árann



Ag seoladh STAG50 le baill bhunaithe Ghrúpa Ealaíne Thiobraid Árann Theas S.T.A.G le Caomhnóir an Mhúsaem Marie McMahon, leis an Ealaíontóir Robert Ballagh agus leis an Cmhlr Catherine Carey.



Ceardlann ar an Nollaig san am atá thart sa Mainguard



Daltaí Meánscoile i gceannas ar an bhfáiltiú i rith 'Museum Take Over Day'



Daltaí ó Bhunscoil Mhuire ag baint taitnimh as
Seomra Ealaíne Buail Isteach an Mhúsaem

# AN TSEIRBHÍS LEABHARLAINNE




**Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann áit dhaonlathach ar fáil atá mar chuid lárnach den saol teaghlaigh, cultúrtha agus sibhialta. Tá ról ríthábhachtach ag an tSeirbhís Leabharlainne sa phobal mar acmhainn iontaofa a chaomhnaíonn luacha an am atá thart agus a shaibhríonn cáilíocht bheatha gach duine.**

Is í aidhm na seirbhíse leabharlainne ná cultúr léitheoireachta, litearthachta agus foghlama fadsaoil a chothú i dTiobraid Árann trí raon seirbhísí a chur ar fáil go scoileanna, teaghlaigh agus grúpaí pobail agus an leabharlann a chur chun cinn mar áit chultúir agus eolais.

Tá an tseirbhís freagrach as bailiú, forbairt, caomhnú agus inrochtaineacht na dtaifead go léir a bhfuil spéis stairiúil ag baint leo le haghaidh Chontae Thiobraid Árann. Forbraíonn agus cuireann an tseirbhís leabharlainne rochtain chun cinn do gach saoránach ar acmhainní eolais ar líne agus digiteacha lena n-áirítear ríomhairí le hidirlíon leathanbhanda, acmhainní ar líne agus rochtain saor in aisce ar eolas agus sheirbhísí r-rialtais/údaráis áitiúil.

Oibríonn an tseirbhís líonra de dhá leabharlann déag ar fud an chontae sna háiteanna seo a leanas: Durlas, An tAonach, Ros Cré, An Teampall Mór, Buiríos Uí Chatháin, Cloch Shiurdáin, Tiobraid Árann, Caiseal, Cathair Dúin Iascaigh agus Cill Náille.



Seachtain na hEolaíochta - Leabharlann Chluain Meala




Caitríona Perry ag labhairt in The Source, Durlas



Seoladh an Tionscadail Growing Imaginations i Leabharlann Chaisil



Ceardlann leis an údar Sadhbh Devlin i Leabharlann Charraig na Siúire



Ceardlann leis an údar Gerard Siggins i Leabharlann Ros Cré




An Dr Brian Lucey, TCD ag tabhairt léachta i Leabharlann an Aonaigh mar chuid den Tionscadal EU Direct



So you say, dísréad bunaithe ar scríbhneoireacht an údair do leanaí Dr Seuss ag léiriú i Leabharlann Chluain Meala



Ceardlann Róbataice de chuid Learnit do Lá Chruinniú na nÓg, Leabharlann The Source, Durlas

## Na príomhghníomhaíochtaí i 2018:

**I 2018 tugadh cuairt os cionn 493,000 uair ar leabharlanna i dTiobraid Árann, eisíodh 491,000 leabhar agus cuireadh 67,000 seisiún Idirlín in áirithe. Ina theannta sin, tugadh isteach seirbhísí nua mar Wi-Fi / cianphriontáil agus teicneolaíochtaí féinseirbhíse inár gcuid Leabharlann Brainse.**



Oscailt na Leabharlainne Nua san Ionad Excel, Baile Thiobraid Árann. Ó chlé go deis: An Cmhlr An Cmhlr Michael Fitzgerald, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann, An Cmhlr An Dr Phyll Bugler Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

## Leabharlann nua oscailte i mBaile Thiobraid Árann

D'oscail an Cmhlr Phyll Bugler, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann an Leabharlann nua san Ionad Excel, Tiobraid Árann go hoifigiúil i láthair an Cmhlr Michael Fitzgerald, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chaisil/Thiobraid Árann ar an 24 Bealtaine 2018. Ba í an Leabharlann seo an chéad leabharlann i gContae Thiobraid Árann a sholáthair sraith de réitigh teicneolaíochta nua don phobal. Ina measc siúd bhí Aithint Radaimhinicíochta (RFID) a ligeann d'úsáideoirí Leabharlainne a gcuid leabhar féin a sheiceáil amach.


Freisin tá go leor infheistithe ag an Leabharlann i leabhair úrnua don Leabharlann agus béim faoi leith curtha ar leabhair do Leanaí. Tá os cionn 15,000 leabhar nua ar Sheilfeanna na Leabharlainne. Freisin taifeadadh méadú de 93% ar úsáid sa Leabharlann nua i 2018 i gcomparáid leis an Leabharlann a bhí roimhe i dTeach Dan Breen.

## Tabhairt Isteach na Teicneolaíochta Féinseirbhíse




Both Féinseirbhíse Nua

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann maoiniú deontais de €230,000 chun teicneolaíocht Aitheanta Radaimhinicíochta (RFD) a thabhairt isteach i ngach Leabharlann Brainse i 2018. Is féidir le húsáideoirí leabharlainne leabhair a thógáil ar iasacht agus iad a fhilleadh anois agus áiseanna TF na Leabharlainne a úsáid ar na bothanna nua úrscothacha a cuireadh isteach ar fud an Chontae. Chomh maith leis sin, tugadh isteach seirbhísí nua mar phriontáil Wi-Fi ar fhón póca nó tháibléad agus cianphriontáil ón mbaile.



## Tionscadal Digitithe Staidéar Thiobraid Árann

Is í aidhm an tionscadail digitithe um Staidéar Thiobraid Árann ná raon foinsí, idir foinsí stairiúla agus ginealais, a chur ar fáil ar líne, atá mar chuid d'ábhar staire Thiobraid Árann. Tá cuid mhór de na cáipéisí uathúil do Staidéar Thiobraid Árann agus ceann d'aidhmeanna an tionscadail seo ná na foinsí sin a chur ar fáil do gach duine, saor in aisce ar láithreán gréasáin Staidéar Thiobraid Árann www.tipperarystudies.ie.

**I measc na bpríomh-bhuaicphointí i 2018 tá:**

- Bailiúchán Claonchlónna Uí Mhurchú ina bhfuil 1,251 íomhá, a dhigitiú. Taispeánadh an obair sin ar an teilifís náisiúnta ar TG4 (8 Feabhra 2018) agus Nuacht Six-One ar RTÉ 1 agus Nuacht RTÉ ag a Naoi a Clog (9 Feabhra 2018).
- Digitiú na catalóige de chlár lá cluiche do chluichí ceannais iománaíochta agus peile Contae ag CLG Thiobraid Arann chomh maith le cluichí ceannais roinne san iománaíocht agus sa pheil in éineacht le tuairiscí iarbhír lá an chluiche ó nuachtáin áitiúla. Rinneadh 315 clár cluiche agus 322 tuairisc preas san iomlán a scanadh.
- Digitiú chláir Theach na mBocht le haghaidh Aontais Dhlí na mBocht i gCaiseal, Durlas agus Ros Cré. Taispeánadh clár digitithe Chaisil do 1847-48 ar Nuacht TG4, ar an 28 Nollaig 2018.




Léacht leis an Dr Mary Ryan i Leabharlann an Aonaigh mar chuid den chlár Éire Shláintiúil i do Leabharlann



Léacht leis an bhfisiteiripeoir cairte, Caroline O' Connell i Leabharlann Bhaile Thiobraid Árann mar chuid den chlár Éire Shláintiúil i do Leabharlann

## Éire Shláintiúil i do Leabharlann

Is é Éire Shláintiúil, tionscnamh faoi stiúir an Rialtais, an straitéis náisiúnta chun sláinte agus folláine a fheabhsú, agus béim curtha ar chosc, ar fheasacht aonair agus ar dhaoine a choimeád sláintiúil níos faide.

Mar chuid de chlár foriomlán Éire Shláintiúil, soláthraíonn leabharlanna poiblí acmhainní, eolas agus imeachtaí díreach dá gcuid pobal agus iad ag úsáid saineolaithe áitiúla sláinte agus leasa de réir treoirlínte náisiúnta agus tacaíocht acu ó fheachtas sna meáin chumarsáide. Glacann na 12 leabharlann i dTiobraid Árann páirt sa chlár seo. I 2018, reáchtáladh 35 imeacht, ar fhreastail os cionn 1,000 duine orthu. Tá bailiúchán de níos mó ná 100 teideal i ngach leabharlann. Tá an tSeirbhís seo saor in aisce agus éiríonn go han-mhaith léi. Bíonn imeachtaí éagsúla a siúl ó Ióga Cathaoireach, Aiste Bia agus Cothú go feasacht faoi Shláinte Croí.




Seoladh Fhéile Leabhar na Leanaí i Leabharlann an Aonaigh leis an Cmhlr Mattie Ryan, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann

## Féile Leabhar na Leanaí

Is ceiliúradh náisiúnta ar an léitheoireacht é Féile Leabhar na Leanaí a reáchtáiltear i mí Dheireadh Fómhair gach bliain. Tarraingíonn sé aird ar údair agus mhaisitheoirí do leanaí, agus tugann deis do leanaí bualadh leo i leabharlanna ar fud na tíre.

I mí Dheireadh Fómhair 2018 d'óstaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann údair, maisitheoirí, puipéadóirí agus rinceoirí inár gcuid leabharlann, chun béim a chur ar chumhacht na léitheoireachta. Reáchtáil an Leabharlann ceathracha-trí imeacht saor in aisce ar fud ár gcuid leabharlann agus os cionn 1,500 leanbh i láthair acu.

# CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL





# COMHSHAOL

Tá an Rannóg Comhshaoil & Gníomhaithe freagrach as cosaint agus feabhsú chomhshaol Thiobraid Árann agus as soláthar seirbhísí comhshaoil ardchaighdeáin sa chontae. Tá an rannóg freagrach as cosaint an chomhshaoil, bonneagar agus cothabháil, bainistíocht agus forfheidhmiú dramhaíola, Fuinneamh agus Gníomhú ar son na hAeráide, feasacht faoin gcomhshaol agus seirbhísí pobail.



Gleann Eatharlaí

## Eagraíocht Ghlas na hEarnála Poiblí don bhliain

**Ba í Comhairle Contae Thiobraid Árann a bhuaigh an gradam Eagraíocht Ghlas na hEarnála Poiblí don bhliain i 2018. Bronnadh an gradam mar aitheantas do thionscnaimh ar tugadh fúthu i 2017 chun ár dtimpeallacht a choimeád níos glaise agus chun rannpháirtíocht pobail a chothú. I dteannta le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann cuireadh i bhfeidhm raon leathan tionscadal inar díríodh ar bhithéagsúlacht, éifeachtúlachtaí fuinnimh, laghdú dramhaíola agus feasacht faoin gcomhshaol.**




Chabhraigh na tionscadail a bhain le gnáthóga nádúrtha agus le bithéagsúlacht le béim a chur ar thábhacht an dea-chaighdeán uisce agus thug siad léargas do phobail áitiúla ar an saol ar ár gcuid aibhneacha.

Leis na tionscnaimh um laghdú fuinnimh rinneadh cinnte go raibh an contae fós mar an údarás ceannródaíoch sa tír ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh trí shuiteáil eagair PV, iarfheistiú foirgneamh agus uasghráduithe ar shoilse.

I measc beart um laghdú na dramhaíola bhí dáileoirí lámhainní agus plé leanúnach le grúpaí pobail chun feasacht a ardú faoi shaincheisteanna comhshaoil. Shínigh Comhairle Contae Cúnant na Méaraí agus thosaigh sí ag cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Fuinneamh Inbhuanaithe chun a cuspóir a chomhlíonadh mar atá astaíochtaí carbóin a laghdú.

# COSAINT AN CHOMHSHAOIL



**Faoin gclár oibre um Chosaint an Chomhshaoil, ba í an phríomhréimse oibre ná leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chreat-treoir Uisce agus cabhrú le clár uisce na n-údarás áitiúil. Rinneadh eachtraí truaillithe tuairiscithe a fhiosrú agus eisíodh fógraí áit a raibh gá le hoibreacha feabhsúcháin.**

## Imscrúdú an Truaillithe agus Cigireachtaí

Mar chuid den phlean RMCEI, leanann an fhoireann ar aghaidh ag fiosrú na bhfachtóirí a bhíonn freagrach as droch-chaighdeán uisce go háirithe i gcodanna d'aibhneacha ar aithníodh iad mar bheith truaillithe nó áit a léirítear sa mhonatóireacht go bhfuil an cháilíocht imithe i léig. Cabhraíonn an clár monatóireachta imscrúdaithí sin le fadhbanna sonracha a aithint a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce e.g. scaoileadh ó dhabhcha séarachais, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus gníomhaíochtaí tráchtála. I 2018, tógadh 864 sampla ó 150 ionad monatóireachta ar 56 abhainn.

## Cigireachtaí Feirme

Rinneadh 108 cigireacht ar fheirmeacha chun críocha foinsí uisce óil a chosaint, truailliú a imscrúdú, imscrúduithe abhantraí agus obair leantach maidir le DCT. Rinneadh bróisiúr ina mínítear feirmeoireacht a thacaíonn leis an abhantrach agus cuireadh timpeall chuig an earnáil fheirmeoireachta é.

## Córais Tí um Chóireáil Fuíolluisce

Rinneadh cigireachtaí ar 41 Chóras Tí um Chóireáil Fuíolluisce chun ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta 2018-2021.

## Cigireachtaí ar Shaoráidí Ceadúnaithe Ceadúnais Doirte


I gcás gníomhaíochtaí ina scaoiltear dramhuisce díreach chuig abhainn nó ina scaoiltear méideanna móra chuig screamhuisce, tá ceadúnas ina cheangal, i gcomhréir le Cuid 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977-2007. Déanann baill foirne monatóireacht rialta ar na saoráidí sin chun déanamh cinnte go bhfuil gach córas cóireála ag oibriú go héifeachtach agus nach bhfuil siad ag cur le truailliú. Rinneadh 72 chigireacht i 2018.

## Bainistíocht Cothaitheach

Rinneadh measúnú ar 18 plean um bainistíocht cothaitheach um úsáid bithsholad ar thailte talmhaíochta agus rinneadh 23 cigireacht.

## Forfheidhmiú maidir le Truailliú Aeir

**Rinneadh monatóireacht ar 73 ionad chun cloí le ceadúnais um astaíochtaí aeir a chinntiú agus tá siad catagóirithe mar seo a leanas.**



# BONNEAGAR AGUS COTHABHÁIL

## Láithreáin Tréigthe/Struchtúir Chontúirteacha

Bhí 52 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2018. D'eisigh an rannóg 44 fógra dlí. Leanann an rannóg comhshaoil ar aghaidh ag obair le húinéirí réadmhaoine maidir le suíomhanna dearóile a chur in úsáid arís.

## Reiligí

Cuireadh dréachtchóip de na Fodhlíthe ar Reiligí faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh don Chomhshaol. Leanfar ar aghaidh le tuilleadh comhairliúchán chun iad sin a éascú i 2019 leis na Ceantair Bhardasacha, na hadhlacóirí agus na dealbhóirí leachta.

## Cothabháil Reiligí

Rinne 224 Coiste Cothabhála um Reiligí iarratas agus fuarthas deontais ar luach €163,114 san iomlán.



## Oibreacha mionchaipitil agus feabhsúcháin ar reiligí

Rinne an rannóg roinnt oibreacha mionchaipitil agus feabhsúcháin ar reiligí ar fud an chontae. Ina measc siúd bhí 109m2 de phliontaí leac uaighe a chur isteach sna reiligí seo: Cathair Dúin Iascaigh, Baile na Cúirte, An Ghráinseach, Cill Choimín, Seanraithin, Gort na hUamha agus Carraig na Siúire.



Plionta nua i reilig na Gráinsí

Ina theannta sin cuireadh bóithre coincréite nua isteach i reiligí Mhainistir na Croiche agus Bhaile na Cúirte. I reilig Mhuileann na hUamhan, cuireadh dromchlaí nua ar na háiteanna páirceála agus na cosáin. Rinneadh suirbhé gairmiúil agus measúnú ar chrainn chontúirteacha agus tugadh tús áite d'oibreacha crainn bunaithe ar a riocht.



Bóthar nua i reilig Bhaile na Cúirte

## Láithreáin Fóntas Sibhialta

Tá cúig láithreán fóntas sibhialta ag Comhairle Contae Thiobraid Árann a ghlacann le páipéar, cairtchlár, plaisteach, adhmad, dramhaíl ghairdín, dramhaíl DIY, gloine agus miotal, dramhearraí leictreacha, ceallraí, teicstílí, dramhola agus dramhaíl ghuaiseach tí le hathchúrsáil

Rinneadh uasghráduithe ar thrí hIonad Athchúrsála san Aonach, i Ros Cré agus Dún Eochaille i rith na bliana. Ba é an líon a thug cuairt ar an láithreán i 2018 ná 121,295.



Droichead meáite agus fáiltiú in Ionad Fóntas Sibhialta an Charraigín.


| Láithreáin Fóntas Sibhialta | Líon na gCuairteoirí |
|---|---|
| Cluain Meala - Carrigan | 21,795 |
| Caiseal – Lota Waller | 23,819 |
| Baile Thiobraid Árann - Dún Eochaille | 9,748 |
| Ros Cré | 22,366 |
| An tAonach | 43,567 |

## Athchóiriú Líonta Talún

Tá roinnt láithreán líonta talún ag an gcomhairle a bhfuil sé ina cheangal iad a athchóiriú faoin rialachán. Rinneadh dul chun cinn le hoibreacha athchóirithe ag Láithreán Líonta Talún Dhún Eochaille i R4 de 2018. Tá 90% den chlúdach líonta talún déanta.

I mBealach an Mhéine tugadh chun críche an tairiscint chun conraitheoir a cheapadh le toibreacha breise um monatóireacht screamhuisce a thógáil. Dréachtaíodh pleananna um oibreacha ar an mbonneagar líonta talún chun glacadh le dramhaíl ag an láithreán.

Ceapadh comhairleoir chun Deimhniú an Údaraithe agus na Dearadh/Cur i bhfeidhm Oibreacha Feabhsúcháin a dhéanamh ag an láithreán líonta talún dúnta i mBaile Thiobraid Árann. Ceapadh comhairleoirí chun Measúnuithe Riosca Timpeallachta (MRT) a dhéanamh ag na ceithre láithreán líonta talún stairiúil eile atá dúnta. (Bóthar an Bhriotáis, Durlas; Móin an Iarla, Durlas; An Chúil, Cnoc Lochta agus Crosaire an Chlochar, Dún Droma.)



# BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

## Bainistíocht Dramhaíola

San Acht um Bainistíocht Dramhaíola déantar foráil um chosc, bainistíocht agus rialú dramhaíola agus tugtar feidhm d'fhorálacha rialacháin áirithe de chuid an AE.

## Na Fodhlíthe ar Chur i Láthair na Dramhaíola

Tugadh isteach na Fodhlíthe ar Chur i Láthair na Dramhaíola chun stóráil, cur i láthair agus deighilt na dramhaíola tí agus gnó a rialáil agus a rialú agus chun cabhrú le spriocanna dramhaíola AE agus náisiúnta a chomhlíonadh.

Tar éis gur glacadh leis na fodhlíthe ar Chur i Láthair na Dramhaíola i mí Dheireadh Fómhair 2018, is í an chéad chéim eile a bheidh i gceist ná cigireachtaí a dhéanamh chun socrú conas atá sealbhóirí tí ag diúscairt a gcuid dramhaíola.

## Ceadanna agus Cigireachtaí

Faoin reachtaíocht ar dhramhaíl, eisítear ceadanna chuig saoráidí dramhaíola agus déantar cigireachtaí chun cinntiú go gcomhlíontar coinníollacha rialála agus ceada. Sa tábla seo a leanas leagtar amach líon na gcigireachtaí a dhéantar i rith na bliana.

| An Reachtaíocht ar Bhainistíocht Dramhaíola | Cigireachtaí |
|---|---|
| Na Rialacháin um Chead agus Chlárú Saoráide 2007-2015 | 29 cigireacht ar na saoráidí atá údaraithe le Ceadanna Saoráide Dramhaíola.<br>125 cigireacht ar na saoráidí atá údaraithe le Teastais Chláraithe. |
| Na Rialacháin um Chead Bailiúcháin 2007-2015 | 5 cigireacht um Chead Bailithe Dramhaíola |
| Na Rialacháin Phacáistithe 2014 | 6 Cigireacht ar Mhórtháirgeoir Pacáistithe |
| Na Rialacháin um Feithiclí a Bhfuil a Ré Caite 2014 | 11 cigireacht ar Tháirgeoirí ELV. |
| Na Rialacháin ar Bhoinn/ Dhramhbhoinn 2007 | 50 cigireacht ar sholáthraithe boinn. |
| Rialacháin an AE (DLTT) 2014 & Rialacháin an AE (Ceallraí) 2014 | 51 cigireacht maidir le DTLL agus gcigireacht maidir le Ceallraí ar sholáthraithe DTLL/Ceallraí. |
| An Rialachán ar Phlaistigh Fheirme 2001 | Rinneadh cigireacht ar 18 Miondíoltóir maidir leis an tobhach um scannán plaisteach feirme. |
| Na Rialacháin ar Thobhach um Málaí Plaisteacha 2001-07 | Rinneadh cigireacht ar 20 Miondíoltóir i ndáil leis an tobhach mála phlaistigh. |
| Na Rialacháin ar Dhramhaíl Bhia 2009 | 27 cigireacht ar tháirgeoirí tráchtála dhramhaíl bia. |
| Dramhaíl Bhia Teaghlaigh | 51 suirbhé ar dhramhaíl Teaghlaigh. |
| Na Rialacháin ar Dhiúscairt Dramhaíola trí Dhó a Chosc) 2009 – 2015 | Rinneadh 10 cigireacht ar dhó rialaithe. |
| Seicphointí Bóthair<br>Cigireachtaí Ilghníomhaireachta ar Dhramhaíl Ghuaiseach<br>Oibríochtaí CCTV<br>Gníomhaíocht Dramhaíola gan Chead | 5 Sheicphointe Comhshaoil<br>4 Chigireacht le NTFSO<br>17 Cigireacht<br>5 CCTV curtha isteach<br>2 chigireacht maidir le gníomhaíocht dramhaíola gan chead |

## Tionscnaimh in aghaidh Dumpála Mídhleathaí

Chuir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar dhumpáil mhídhleathach in áiteanna aitheanta ina mbíonn go leor bruscair. I measc na láithreán ar tugadh tosaíocht dóibh bhí glanadh láithreán inar tharla dumpáil mhídhleathach san Aonach, Abhainn an Mhuilinn agus Siúlbhealach Fhaiche an Choláiste.

**Ba iad na tionscnaimh eile a maoiníodh ná**

- Sráidbhaile Pháirc an Mharla Cluain Meala
- Eastát Bhaile Uí Loingsigh, Carraig na Siúire
- Siúlóid lúibe Ghráinseach Mhóicléir.

Chabhraigh grúpaí pobail agus deonacha leis an nglanadh agus glacann siad ról i gcinntiú go bhfanann na láithreáin saor ó bhruscar.



Sráidbhaile Pháirc an Mharla Roimh an nglanadh agus ina dhiaidh



## Coimeád Tiobraid Árann Glan

Tá an Feachtas Coimeád Tiobraid Árann Glan riachtanach do rath an Phlean um Bainistíocht Bruscair, trí aird a tharraingt ar conas is féidir le baill den phobal ról a ghlacadh i gcaitheamh bruscair a laghdú ar ár mbóithre, dumpáil mídhleathach faoin tuath agus salú madraí a thuairisciú. I measc na dtionscnamh um feasacht ar tugadh fúthu tá Bruscair taobh bóthair, salú madraí agus an leantóir feasachta poiblí. Seoladh i gCluain Meala ar an 21 Iúil 2018 é agus chuimsigh sé araidí gluaisteáin a scaipeadh chuig an bpobal.




Scaip baill foirne ón Rannóg Comhshaoil chomh maith le roinnt Comhaltaí Tofa araidí gluaisteáin chuig baill den phobal.

## Bruscar Taobh Bóthair

Ina dhiaidh sin bhí tionscnamh inar díríodh ar bhruscar ar bhóithre ó bhialanna mearbhia. Dhear an t-oifigeach forfheidhmithe do Chluain Meala póstaer biachláir agus an teachtaireacht "takeaway is not a throwaway", air, a d'aontaigh na bialanna mearbhia a thaispeáint ar a gcuid áitreabh chun stop a chur le daoine ó chupáin caife agus boscaí burgair a chaitheamh ar thaobh an bhóthair.




Helen Fahey Ionad Seirbhísí Circle K le hOifigeach Forfheidhmithe Chluain Meala Francis Keogh

Cuireadh cláir fógraí breise suas ar thaobh an bhóthair ar na bóithre isteach chun moladh do thiománaithe gan a bhruscar gluaisteáin a chaitheamh amach agus iad ag tiomáint. Seoladh an tionscnamh i gCluain Meala agus sínfear chuig bailte eile é i 2019.

## Salú ag Madraí




Seoladh an Feachtas in aghaidh Salaithe ag Madraí i gCluain Meala agus Cathair Dúin Iascaigh i mí na Samhna 2018 chun aird úinéirí madraí a tharraingt ar bhaol an fhaecais madra don chomhshaol agus don tsláinte.

Cuireadh suas comharthaí físe ar bhealaí siúl coitianta agus scaipeadh bileoga eolais chun stop a chur le salú ag madraí ar shráideanna agus i bpáirceanna.

## Leantóir Feasachta Poiblí

Is é an leantóir feasachta poiblí an príomhbhealach atá againn le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal faoi raon de shaincheisteanna comhshaoil. I rith na bliana thug baill foirne cuairt ar sheónna sa Bháinseach agus i gCluain Meala.



Sa phictiúr tá an t-Oifigeach Foirne Anne Marie Clifford agus í ag scaipeadh eolais ag Féile Clancy

## Forfheidhmiú Dramhaíola

**Déileálann foireann de chúigear oifigeach forfheidhmithe le gearáin faoi dhumpáil agus bhruscar agus eisíonn siad litreacha agus fógraí forfheidhmithe atá bunaithe ar fhianaise.**

| Líon na ngníomhartha forfheidhmithe dramhaíola | Líon |
|---|---|
| Litreacha rabhaidh eisithe | 18 |
| Fógraí Forfheidhmithe Eisithe | 29 |
| Ionchúisimh Tionscanta | 0 |

## Gearáin

Fuair an rannóg 2,475 gearán faoin gComhshaol agus réitíodh 2,361 díobh sin; b'ionann sin agus ráta críochnaithe de 95%.

## Bruscar

Glacadh le Plean nua um Bainistíocht Bruscair i 2018. Clúdaíonn an plean seo an tréimhse 2018-2021 agus leagtar amach ann cuspóirí agus gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm i gcaitheamh na gcéad thrí bliana eile chun aghaidh a thabhairt ar bhruscar a chosc, rialú bruscair agus feasacht bruscair. D'eisigh an rannóg 112 fíneáil bruscair i rith na bliana.

## An Coiste Beartais Straitéisigh don Chomhshaol

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Beartais Straitéisigh don Chomhshaol agus d'Uisce i rith na bliana chun cinntí beartais faoi chúrsaí comhshaoil a phlé agus aontú orthu. Cuireadh na fodhlíthe ar chur i láthair na dramhaíola agus ar an bplean bruscair i láthair agus rinneadh iad a athbhreithniú ag na cruinnithe sin sular ghlac an chomhairle leo.

## Clár Oibre Seirbhísí Pobail

Cuimsíonn an clár Oibre Seirbhísí Pobail raon tionscadal atá dírithe ar an bpobal. Ina measc tá tionscadail le scoileanna, grúpaí pobail agus cumainn dheonacha. Oibríonn an rannóg le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Thiobraid Árann chun tionscnaimh don chomhshaol a chur chun cinn. I measc samplaí de thionscnaimh phobalbhunaithe ar tugadh tacaíocht dóibh i 2018 bhí iad siúd a leanas:

## Deireadh Fómhair, mí na hathúsáide.

Rinne Bailte Slachtmhara Chaisil, Ionad Acmhainní Gharrán an Spá, agus Seid na bhFear i gCaiseal grúpa chun páirt a ghlacadh i mí na hathúsáide agus rinne siad troscán gairdín ó phailéid adhmaid le haghaidh na mBailte Slachtmhara.



Troscán gairdín déanta ó phailéid chaite ag Seid na bhFear i gCaiseal

## Scaipeadh Crann agus síolta Blátha Fhiáin



Bláthanna fiáine i Scoil Náisiúnta Lothra

Cuireadh crainn agus síolta do bhláthanna fiáine ar fáil do ghrúpaí pobail agus scoileanna ar fud an chontae chun feasacht faoin gcomhshaol a chur chun cinn. Scaipeadh 700 crann san iomlán chuig 93 grúpa agus scaipeadh 150 bosca de shíolta blátha fhiáine do 138 grúpa.

## Tionscnamh Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh



Chláraigh 347 grúpa pobail chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Ghlantachán Náisiúnta Earraigh. Cuireadh pacáistí glantacháin ar fáil agus rinneadh socruithe chun dramhaíl a bhailiú le diúscairt inár gcuid ionaid conláiste phobail.

## An Scéim Deontas um Bhailte Slachtmhara

**Fuair 97 Cumann Bailte Slachtmhara maoiniú ar luach €182,752.**

I gcomórtas na mbailte slachtmhara, bhí 77 iarracht ag Tiobraid Árann, ba é sin an dara líon ab airde d'iarrachtaí sa tír agus é freagrach as 9% de líon iomlán na n-iarrachtaí mar a bhí 883. Bronnadh dámhachtainí ar an gcontae i ngach catagóir agus ghnóthaigh siad naoi mbonn i dteannta le dámhachtainí eile.

| Baile Sráidbhaile | Dámhachtain | Catagóir |
|---|---|---|
| Cluain Meala | Buaiteoir Náisiúnta Dhámhachtain Pailneora na n-Údarás Áitiúil | |
| Cluain Meala | Bonn Óir | Baile Mór |
| Ros Cré | Bonn cré-umha | Baile mór |
| An tAonach | Bonn cré-umha | Baile mór |
| Cathair Dúin Iascaigh | Bonn cré-umha | Baile mór |
| Cnocán an Éin | Bonn óir | Sráidbhailte Beaga |
| Tír Dhá Ghlas | Bonn óir | Sráidbhailte Beaga |
| Imleach | Bonn óir | Sráidbhailte Móra |
| Béal Átha Gabhann | Bonn airgid | Sráidbhailte Móra |
| Cill Osta | Iarracht Contae | |
| Ballysloe | Iarracht Contae | |
| Grúpa um Feabhsú Bhéal Átha Gabhann | Dámhachtain na bPobal Uisce | |



Róisín O' Grady, oifigeach oidhreachta le Buaiteoirí Chluain Meala na dámhachtana 'Lets get buzzing', dámhachtain Pailneora na n-Údarás Áitiúil.

## Deontais an Chláir Áitiúil 21

**Trí chúnamh deontais de €36,110 tugadh cúnamh do 57 grúpa pobail chun tabhairt faoi thionscadail chomhshaoil ar scála beag.**

**Seo a leanas samplaí de na tionscadail a dtugtar fúthu:**

- Gairdíní scoile agus tionscadal Polathollláin.
- Tionscadal do sheomra ranga lasmuigh.
- Tionscadal na nGairdíní Pobail.
- Ceardlanna ar Fhuinneamh Troitheáin

## Clár na Scoileanna

**Tá 184 scoil cláraithe leis An Taisce mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais. I rith na bliana scoile 2017/2018, bronnadh Brat Glas ar 52 scoil.**

Fuair Comórtas Bliantúil na Scoileanna Slachtmhara 59 iarracht san iomlán agus roinneadh ciste duaise de €12,000 lena aghaidh.



Bunscoil CBS Mhuire i gCarraig na Siúire – gairdín glasraí.

## Rialú Madraí & Capall

Oibrítear áiseanna dídeana do mhadraí i mBaile Uí Chléireacháin, Cluain Meala agus i gCnoc Alltáin, an tAonach. Tugadh suas 502 madra do na Maoir Madraí nó gabhadh iad i 2018. As an líon sin fuarthas cóiríocht nua do 400 díobh. Ba é líon na madraí a bhí ceadúnaithe sa chontae ná 9,745. Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt eagraíochtaí um leas ainmhí chun cóiríocht nua a chur ar fáil do mhadraí.

Ba é líon na gcapall a gabhadh ná 105. Chabhraigh an rannóg le roinnt tionscadal a chur i gcrích le Cumann Úinéirí Taistealaí Capaill i dTiobraid Árann lenar áiríodh clár um leas ainmhithe.

## Sábháilteacht Bia

Rinneadh 842 cigireacht i 22 sheamlas, chun déanamh cinnte go bhfuiltear ag comhlíonadh caighdeán um leas ainmhithe agus sláinteachas i seamlais roimh mharú agus ina dhiaidh. Rinneadh cigireacht ar 2,431 eallach, 7,377 caora, 111 muc, 18 gabhar agus 3,766 fia sna seamlais sin.

## Fuinneamh agus Athrú Aeráide

**Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag laghdú a ndéine fuinnimh agus ag méadú a sciar d'fhuinneamh inathnuaite ar aon dul leis an bPlean Straitéiseach Gníomhaíochta ar Fhuinneamh arb í an aidhm atá i gceist léi ná coigiltis a bhaint amach ó thaobh ídiú fuinnimh agus cur le laghdú ar lorg carbóin na Comhairle.**

**Sa tábla seo a leanas déantar achoimre ar chostas agus ídiú bliantúil fuinnimh agus breosla ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2017:**

| | |
|---|---|
| Leictreachas 2017 - Caiteachas Bliantúil Iomlán | €2,067,618 |
| Leictreachas 2017 - Caiteachas Bliantúil ar Shoilse Poiblí | €1,179,422 |
| Breoslaí Iompair 2017 (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Bliantúil Iomlán | €933,199 |
| Breoslaí Téimh 2017 (Gás / ola / bithmhais etc) - Caiteachas Bliantúil Iomlán | €392,850 |
| Leictreachas 2017 - Kwh Bliantúil Iomlán | 22,237 MWh |
| Leictreachas 2017 - kWh Bliantúil úsáidte ag Soilse Poiblí | 8,567 MWh |
| Giniúint Leictreachais In-athnuaite 2017 (32% 2018) | 7,115 MWh |

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann fós chun tosaigh i measc na n-údarás áitiúil agus toradh feidhmíochta aici do choigiltis fhuinnimh de 46% i gcomhréir le Tuarascáil Bhliantúil an SEAI 2018 ar Thuarascáil na hEarnála Poiblí ar Fheidhmíocht Fuinnimh.

## Bainistíocht Fuinnimh


**Mar chuid dá bPlean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh, thacaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann le tionscadail sa phobal áitiúil tríd an bPlean Gníomhaíochta ar Fhuinneamh Inbhuanaithe a fhorbairt ar tionscnamh é don chontae iomlán ar a dtugtar Sustain Tipp. Faoi choimirce Sustain Tipp, tugadh tacaíocht do cheardlanna ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhíríonn ar chlubanna spóirt, ionaid phobail, feirmeoireacht, iompar, na hearnálacha cónaitheacha agus neamh-theaghlaigh chomh maith le hanailís staitistiúil ar thithíocht agus anailís uile-chontae ar an ualach teasa.**



I 2018 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi raon tionscnamh chun a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Cuireadh roinnt tionscadal i gcrích i 2018 a raibh ina measc iarfheistiú caidéil ardéifeachtúlachta in ionad fóillíochta, uasghrádú soilse i Leabharlann Dhurlas agus suiteáil fhótavoltach in-athnuaite i Lota Waller. Tugadh cúnamh deontais 50% do na tionscadail sin tríd an gclár BEC ag SEAI. In éineacht a chéile ghin na tionscadail sin coigilteas de 69,124kWh agus €10,134 in aghaidh na bliana.



Painéil Ghréine – Lota Waller CAS Caiseal




Trína chuid oibre leanúnaí agus a thacaíocht do thionscadail Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, chuimsigh tionscadail i bpobal mór Thiobraid Árann tacaíocht a thabhairt don tionscadal um shoilse LED sa pháirc imeartha i gClub CLG Theampall Tuaithe agus an t-uasghrádú teasa agus solais in Eaglais Theampall Tuaithe.



Freisin thug Comhairle Contae Thiobraid Árann tacaíocht don tríú imeacht ar Fhuinneamh sa Talmhaíocht i mí Lúnasa 2018 agus don chomhdháil ar Aistriú Fuinnimh in Óstán Minella, Cluain Meala i Meán Fómhair 2018. Tá an clár um iarfheistiú domhain a riarann agus a bhainistíonn Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann fós ag dul ó neart go neart agus 60 iarfheistiú domhain ar thithe déanta ar fud na tíre i 2018.

Ba é buaicphointe 2018 ó thaobh caidrimh phoiblí ná cuairt Choiste an Oireachtais ar Ghníomhú ar son na hAeráide ar go leor láithreán i dTiobraid Árann lenar áiríodh suíomhanna Chomhairle Contae Thiobraid Árann mar Ionad Fóillíochta an Aonaigh agus láithreáin a dtugann Comhairle Contae Thiobraid Árann tacaíocht indíreach dóibh, i.e. Scoil Náisiúnta Eochaille trí hobair Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann. Tugadh cuairt ar an láithreán i Samhain 2018.

Pointe deireanach agus éacht fiúntach ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann ab í an infheistíocht shuntasach a baineadh amach tríd an gCiste Elena de chuid Bhanc Infheistíochta na hEorpa. I 2018 infheistíodh €8.35 milliún i dtionscadail fuinnimh ar fud na tíre, mar thoradh díreach ar thacaíocht theicniúil agus chúnamh Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann.

**Chuaigh Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann isteach i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Thiobraid Árann don aighneacht le haghaidh Dámhachtainí Glasa**



Sa phictiúr ag na dámhachtainí Glas ó chlé go deis tá Marion O Neill Co Co Thiobraid Árann, Comhshaol & Gníomhú ar son na hAeráide. Bernie Kiely, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil, Leaschathaoirleach an tUas. Roger Kennedy agus Ms Paula Gallagher Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann.

# SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & TARRTHÁLA

**Coimeádann an Chomhairle cúig bhriogáid dóiteáin in dhá cheann déag de stáisiúin dóiteáin sna háiteanna seo: An tAonach, Cluain Meala, Durlas, Ros Cré, Carraig na Siúire, An Teampall Mór, An Port Nua, Buiríos Uí Chatháin, Tiobraid Árann, Cloch Shiurdáin, Cathair Dúin Iascaigh agus Caiseal. Rinne na criúnna tiomnaithe chomh maith leis na feithiclí agus an trealamh nua-aimseartha cinnte gur freagraíodh go héifeachtúil agus go héifeachtach do 1911 teagmhas ar bhonn 24/7 i 2018. Tacaítear leis sin ag Ionad Rialaithe Réigiúnach Mumhan atá suite i Stáisiún Dóiteáin Chathair Luimnigh, agus a fhaigheann glaonna ón bpobal tríd an tseirbhís 999/112 agus a chuireann i ngníomh na hacmhainní cuí de chuid an tseirbhís dóiteáin i dTiobraid Árann.**

Déantar seirbhísí mar riarachán, gníomhaíochtaí sábháilteachta dóiteáin, ceadúnú substaintí contúirteacha, rialú foirgnimh, bainistiú móréigeandálaí etc. a sholáthar ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ar Bhóthar Luimnigh, an tAonach agus ó Stáisiún Chluain Meala ar Bhóthar Heywood, Cluain Meala.

Cuireadh tús le hobair ar stáisiún dóiteáin nua sa Teampall Mór i 2018 agus é tuartha go gcríochnófar é i lár 2019. Ina theannta sin fuarthas láithreán do stáisiún dóiteáin nua i gCaiseal agus ceapadh foireann deartha i 2018.

## Oiliúint agus Bainistíocht Cáilíochta

Rinne baill go léir na seirbhíse clár cuimsitheach oiliúna i 2018. I 2018 d'éirigh leis an tseirbhís san iniúchadh de réir an chaighdeáin nua ISO 9001: 2015 ag an NSAI.

## Sábháilteacht Dóiteáin

I dteannta leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin, bhí an tSeirbhís Dóiteáin an-ghníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn agus leanann sí ar aghaidh ag déanamh cigireachtaí ar fhoirgnimh ina dtionólann an pobal mar iarracht chun cabhrú le húinéirí foirgnimh na hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Sheirbhís Dóiteáin 1981 & 2003.

**Áirítear leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i 2018:**

- Oibríonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann Scéim um Aláraim Dóiteáin Phobail i gcomhpháirt le grúpaí agus scéimeanna pobal ar aire, an Garda Síochána, an FSS agus grúpaí pobail agus deonacha eile i gceantair áitiúla. Is í aidhm na scéime ná na daoine is mó atá i mbaol dóiteáin sa phobal a aithint agus déanamh cinnte go bhfuil siad cosanta le haláraim dóiteáin. De réir mar a aithnítear teaghlaigh leochaileacha socraítear go dtabharfaidh beirt comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar an teaghlach chun seicliosta um shábháilteacht dóiteáin sa teach a chomhlánú leis an áititheoir/na háititheoirí, 2 haláram deataigh ar a laghad a fheistiú agus 'bata tástála' um aláram deataigh a chur ar fáil. I 2018 rinneadh méadú suntasach ar Sheiceálacha um Shábháilteacht Dóiteáin sa Teach ó 82 sa bhliain roimhe sin go 789. Tharla sé sin mar thoradh go príomha ar fhógairt phoiblí na scéime ar na meáin sóisialta, na stáisiúin raidió áitiúla agus Láithreán Gréasáin Údarás Áitiúil Thiobraid Árann.
- As na 789 Seiceáil ar Shábháilteacht Dóiteáin sa Teach, feistíodh 1,392 aláram dóiteáin nua i dtithe ar fud an chontae. Ní raibh aon aláram dóiteáin oibre i 56% de na tithe sin sula ndearnadh an tSeiceáil Sábháilteachta Dóiteáin sa Teach agus maidir le 64% de na tithe a seiceáladh a bhfuarthas nach raibh aláram dóiteáin oibre iontu, daoine a bhí ina gcónaí ina n-aonar a bhí iontu, agus iad i gceantair tuaithe den chuid is mó.

**Seo a leanas achoimre ghairid ar ár gcuid staitisticí ar facebook:**

- 10,702 Ordóg Suas (Leantóir) dár leathanach facebook do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann; is ionann sin agus méadú de níos mó ná 2,000 leantóir ó 2017. I 2018, i dteannta leis an Óstán Park i gCluain Meala, rith muid comórtas a shroich 58,000 duine agus a bhain amach idir 800 agus 1000 ordóg/leantóir nua breise don leathanach.
- Shroich an phostáil dar dTaispeántas RTC san Óstán Park 12,000 duine, shroich postáil na Nollag níos mó ná 16,000 duine.
- Sroicheann ár bhfeachtas 'Test It Tuesday' nach mór 2,900 úsáideoir facebook i rith na seachtaine, méadú ó 2,361 in aghaidh na seachtaine ó Mheitheamh 2017 agus buaic de 4000 duine sroichte i rith na seachtaine um shábháilteacht dóiteáin.
- Is í Seirbhís Dóiteáin Thiobraid Árann an leathanach do Sheirbhís Dóiteáin Choimeádta Éireannach is mó a leantar/a dtugtar ordóg di ar facebook.
- Reáchtáladh seimineár faoi Shábháilteacht Dóiteáin d'Úinéirí Réadmhaoine Cónaithí san Óstán Anner i mBealtaine 2018. D'fhreastail 25 duine san iomlán ón earnáil i dTiobraid Árann.
- Rinne Oifigigh Dóiteáin 217 cigireacht san iomlán ar fud an Chontae.
- Thug comhraiceoirí dóiteáin as na 12 bhriogáid i dTiobraid Árann cuairt ar rang a 3 i ngach Bunscoil i dTiobraid Árann i 2018 chun an clár Fhoireann Sábháilteachta a chur ar fáil. Is é cuspóir an chláir ná páistí a chur ar a n-eolas faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht dóiteáin sa teach agus sa phobal.

## Cúrsaí Sábháilteachta ar Bhóithre

**I 2018 rith an tSeirbhís Dóiteáin agus í maoinithe i bpáirt ag Rannóg na mBóithre agus i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána, an FSS agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre imeacht "Road Safety Matters' i gCluain Meala.**

Bhí an imeacht dírithe ar dhaltaí ón Idirbhliain go 6ú bliain ar dóchúil go mbeidh siad ag fáil cheadúnas tiomána go luath. Bhí roinnt cainteoirí againn ar maidin ó bhaill de na seirbhísí éigeandála. Freisin labhair an cróinéir faoi éifeacht na tiomána faoi thionchar an alcóil agus/nó na ndrugaí, agus faoin toradh tragóideach a bhíonn ar thimpistí ar bhóthar, ach seans gurbh é an láithreachas ba mhó a raibh tionchar aige ná an ceann le baill teaghlaigh a bhí buailte ag imbhualadh bóthair.

Tar éis an lóin treoraíodh na daltaí chuig an gcarrchlós áit ar threoraigh ball de Bhriogáid Dóiteáin Chluain Meala trí hImbhualadh Bóthair Bréige (a bhí eagraithe againn sa charrchlós a bhí dúnta isteach) iad.

Le linn an lae bhí tointeálaí bóthair agus Ionsamhlóir Rollta an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an láthair agus áit a bhféadfadh daltaí agus múinteoirí araon taithí a fháil ar an teicneolaíocht ionsamhlaithe agus thumthach is deireanaí. Bhí daltaí in ann féachaint dóibh féin an chontúirt a bhaineann le gan crios sábhála a chaitheamh leis an ionsamhlóir rollta. D'fhéadfadh siad a gcuid scileanna tiomána a chleachtadh san ionsamhlóir gluaisteáin réalaíoch nó an Triail Teoirice do Thiománaithe ar cheann de na scáileáin tadhaill idirghníomhacha. Bhí baill foirne ón RSA ar fáil le linn an imeachta chun ceisteanna a fhreagairt agus comhairle a thairiscint.



An lucht freastail ag an Imeacht Road Safety Matters - Cluain Meala

## Sláinte & Sábháilteacht

**Ghnóthaigh Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann an Dámhachtain ab Airde i nDámhachtainí Sábháilteachta Uile-Éireann an NISO/NISG i 2018 mar aitheantas do ghealltanas gan staonadh chun na caighdeáin sábháilteachta is airde agus is féidir a bhaint amach.**

Tá dul chun cinn seasta déanta ag Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála an 'Premier County'. Ghnóthaigh muid dámhachtain don Iontrálaí Nua is Fearr i 2013 agus ina dhiaidh sin ghnóthaigh muid Dámhachtain na Seirbhíse Poiblí is Fearr ar feadh ceithre bliana as a chéile. Leis an mbuaicéacht i mbliana ag na dámhachtainí aithnítear an obair agus an díograise ar fud gach rannáin agus leibhéil sa tseirbhís. Glactar leis go forleathan gur minic go dtugann comhraiceoirí dóiteáin agus a gcuid bainisteoirí oibriúcháin aghaidh ar chruacháis agus iallach orthu cinntí a dhéanamh i gcásanna a bhíonn an-chontúirteach, íogaire atá ag tarlú go tapa. Sa chás sin, is í aidhm Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann ná cothrom a bhaint amach idir dualgais oibriúcháin agus dualgais sláinte agus sábháilteachta. Leis an dámhachtain sin cuireadh borradh faoin eagraíocht iomlán agus cabhraíonn sí le fuinneamh an athrú iompraíochta a choimeád, rud atá lárnach don fheabhas leanúnach i réimse na sláinte agus na sábháilteachta.

Is ionann sin agus an chéad uair le 27 mbliana gur bhain eagraíocht earnála poiblí an dámhachtain.



(C-D): John Shinners (SACFO), Liam Quinn (Comhairleoir Sábháilteachta), An Cmhlr Mattie Ryan (Cathaoirleach), Joe MacGrath (Príomhfheidhmeannach) Dave Carroll (CFO), Eddie Ryan (SACFO)

## Rialú Tógála

Fuarthas 95 hiarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, 70 n-iarratas ar Theastas Rochtana um Dhaoine faoi Mhíchumas agus 442 Fógra Thosach Feidhme i 2018. Rinneadh 53 chigireacht Rialaithe Tógála i 2018.

# SEIRBHÍSÍ UISCE

## PLEAN INFHEISTÍOCHTA UISCE ÉIREANN:

### Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Infheistíochta Caipitil (PIC) Tosaigh de chuid Uisce Éireann 2014-2016.

**I 2016 chuir Uisce Éireann (IW) a Phlean Infheistíochta Nua (IP2), 2017-2021, agus an Rialú Ioncaim Eatramhach (2017-2018) atá beartaithe aige faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CRF) (a athainmníodh mar an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) ar an 02 Deireadh Fómhair 2017) le faomhadh.**

Ar an 12 Nollaig 2016, d'fhoilsigh an CRF mar a bhí ann ag an am a pháipéar cinnidh (CER/16/342) ar Ioncam Incheadaithe Uisce Éireann ar feadh na tréimhse dhá bhliana ón 01 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2018. Téann Plean Uisce Éireann um Rialú Ioncaim Eatramhach 2017-2018 agus Plean Infheistíochta 2017-2021, inter alia, in éineacht leis an bpáipéar cinnidh seo. Leis an bpáipéar cinnidh sin ceadaíodh maoiniú de €1,843 milliún do IW don Phlean Infheistíochta ar feadh na tréimhse dhá bhliana 2017-2018, a bhí comhionann le laghdú de €165 milliún (8.2%) ó aighneacht IW.

**I 2017, rinneadh IW cur i gcrích an IW a athstruchtúrú in dá shruth.**

1. Punann Bonneagair a chuimsíonn tionscadail mhóra uisce agus fuíolluisce, ionaid chóireála agus líonraí; agus
2. Soláthar Caipitiúil lena gcuimsítear líon níos mó d'idirghabhálacha beaga a chur i bhfeidhm trína ndíreofar ar réimsí sonracha sócmhainne

Tugtar tús áite d'infheistíocht sna háiteanna inar féidir leis na feabhais is práinní a bhaint amach ó thaobh cháilíocht uisce óil, ligean, fáil uisce, comhlíonadh fuíolluisce, éifeachtúlacht agus seirbhís do chustaiméirí.

Sa tábla thíos tugtar nuashonrú ar stádas na dtionscadal caipitil i gCo. Thiobraid Árann i 2018.

### Tionscadal Bonneagair Uisce Éireann do Thiobraid Árann

| A. Scéimeanna á dTógáil | Ainm an Chonartha | Comhairleoir | Conraitheoir | Stádas reatha na Scéime |
|---|---|---|---|---|
| Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh | Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh | JB Barry | Balfour Beatty | Conradh tugtha chun críche. Fabhtanna le cur i gceart. |
| Scéim Séarachais an Aonaigh | Líonra Fuíolluisce an Aonaigh Réamhoibreacha | JB Barry | Balfour Beatty | Conradh tugtha chun críche. Fabhtanna le cur i gceart. |
| Scéim Soláthair Uisce Bhaile agus Thuath Chluain Meala (Réamhoibreacha) | Stóráil Thuaidh ó Chluain Meala agus Píblínte | Nicholas O'Dwyer | John Craddock | Conradh idir lámha. |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhurlas Conradh 2 (ICFU & píblínte) | Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhurlas Conradh 2 Dear Tóg Oibrigh (DTO) Ionad Cóireála Uisce agus píblínte | Nicholas O'Dwyer | Glan Agua Limited | Conradh idir lámha. |

| Scéimeanna ag an gcéim Réamhthógála / Deartha | Ainm an Chonartha | Stádas reatha na Scéime |
|---|---|---|
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ard Fhíonáin/Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach na Cúirte Dóite | Oibreacha Meicniúla agus Leictreacha Fuarán Bhaile Uí Lúbaigh lena n-áirítear Taiscumair an Droma Rua agus na Cille Rua | JB Barry Comhairleoir. Cead pleanála tugtha. Measúnú ar thairiscintí ar siúl. |
| Scéim Soláthair Uisce Bhaile agus Thuath Chluain Meala (Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) agus Ordú um Eastóscadh Uisce) | SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala - ICU, Taiscumair, Oibreacha Iontógála agus Píblínte Conradh DTO | Nicholas O'Dwyer mar Chomhairleoir. Dearadh ar siúl. Ullmhú RTT, Ordú um Eastóscadh Uisce, OCT, Pleanáil. |
| Scéim Séarachais Ros Cré | Plean Limistéir Draenála | Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Suirbhéanna déanta. Plean le teacht ag tús 2019. |
| Scéim Séarachais Dhurlas | Plean Limistéir Draenála | Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Suirbhéanna déanta. Plean le teacht ag tús 2019. |
| Scéim Séarachais an Aonaigh | Ionad Cóireála Fuíolluisce agus Uasghrádú Líonra | ARUP Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Dearadh ar siúl. RTT agus iarratas pleanála á n-ullmhú. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal an Átha (WWTP) | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU) an Phoirt Nua | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU Chaisil) | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU) Fhiodh Aird | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU) Thiobraid Árann | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU) Chathair Dúin Iascaigh | Measúnú ar uasghrádú ICFU | D'eisigh an Comhairleoir Innealtóireachta RPS Dréacht-thuairisc Indéantachta chuig IW. Ceardlann le teacht. |


Scéim Soláthair Uisce Bhaile agus Thuath Chluain Meala - Taiscumar á thógáil sa Chloch Fhada, Cluain Meala


Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhurlas - Ionad Cóireála Uisce á thógáil i mBóthar na Croise, Mainistir na Croiche, Durlas


Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhurlas - Iontógáil déanta i Ráth Cianáin, Mainistir na Croiche, Durlas

# CLÁIR SOLÁTHAIR CHAIPITIÚIL UISCE ÉIREANN

**Tá na cláir leanúnacha seo ceaptha chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, trí haithint cad iad na háiteanna is mó ina bhfuil cistiú ag teastáil trí dhíriú ar riocht agus feidhmíocht shonrach sócmhainní, bunchúiseanna fadhbanna a oibriú amach agus déileáil leo siúd.**

Déileálann na cláir seo le saincheisteanna mar cháilíocht uisce, fáil uisce, sláinte agus sábháilteacht, comhlíonadh rialála (i dtaobh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)), baol don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéil seirbhíse a choimeád trí dhéileáil le sócmhainní atá ag tearcfheidhmiú. Déanann Uisce Éireann athbhreithniú ar na tionscadail go léir a gcuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh sula bhfaomhtar iad.

**Tá sonraí tugtha thíos ar an gClár um Sholáthar Phunann an Líonra Uisce.**

## Soláthar Phunann Líonraí (Uisce):

**Tá creat conraitheoirí nua bunaithe ag Uisce Éireann chun dul in ionad na gcreat reatha. Tá Shareridge Ltd. ceaptha ag Uisce Éireann go Réigiún an Mheániarthair lena n-áirítear Tiobraid Árann, Luimneach agus an Clár.**

**Áirítear an méid seo a leanas le raon feidhme na seirbhísí atá clúdaithe ag an gcreat seo:**

- leagan príomhphíobán agus seirbhíse nua;
- obair athchóirithe líonra faoi thalamh;
- athsholáthar luaidhe i gclóis;
- Limistéir Mhéadraithe Ceantair (LMCanna) a bhunú;
- oibreacha ar chomhlaí chun brú a laghdú (CBL); agus
- mionoibreacha lena n-áirítear deisiú ligin, oibreacha luaidhe ar thaobh an phobail agus méadrú.

Críochnaíodh 14.5km de phríomhphíobáin uisce nua i 2018 i mBéal an Átha; Garraí Uí Chinnéide; Loch Crotty; Carraig na Siúire; An Leaca Mhór, Rearcross; New Inn; agus Fán an Ghabhann, Tiobraid Árann.

Tá príomhphíobáin uisce de 4.6km (cabhail 2.3km agus dáileadh 2.3km) idir lámha in aice le Tiobraid Árann ón gCorrdhaingean go dtí an Baile Glas agus tá 1km eile idir lámha ó Tully's Cross go Cnocán an Éin.

Tá 4.4km ag an gcéim deartha lena n-áirítear Cill Náille go Baile an Fhantaigh (2.3km); Sráidbhaile Ard Fhíonáin (0.4km); Cluain Mór (0.45km); Tulach Éide, An tAonach (1km); Droichead Bhaile an Aird, Fiodh Ard (0.2km).

Tá dearadh um athsholáthar sheirbhísí clóis ar siúl do Bhóthar Glenegard, an Baile Gaelach Uachtair, Bóthar na Mainistreach (iad go léir i gCluain Meala) agus Ascaill Seán Treacy (0.86km), Bóthar na Naomh (0.45km) agus Ascaill Inishfallen (iad go léir i nDurlas).



Athchóiriú ar Phríomhphíobáin Uisce Bhéal an Átha



Fán an Ghabhann, Tiobraid Árann, Athchóiriú ar Phríomhphíobáin Uisce

*Déanann Uisce Éireann athbhreithniú ar na tionscadail go léir a gcuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh sula bhfaomhtar iad.*

## Caomhnú Uisce:

**Is é caomhnú uisce an bealach is costéifeachtaí agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol lenár n-éileamh ar uisce a laghdú. Cabhraíonn sé seo lenár n-acmhainní nádúrtha uisce a chaomhnú, cuirtear níos lú brú ar ár saoráidí cóireála fuíolluisce, tugtar níos mó luacha ar airgead do chustaiméirí agus tugtar leibhéal níos fearr de sheirbhís agus de cháilíocht uisce do gach úsáideoir.**

Tá brath agus deisiú ligean ar siúl mar chuid den Tionscadal um Chaomhnú Uisce, a cuireadh i bhfeidhm ar fud an chontae i 2005. Tá caomhnú uisce tábhachtach mar go gceadaíonn sé rialú ligean agus athchóiriú príomhphíobán uisce a phleanáil níos fearr.

Is maith a thuigeann Uisce Éireann tábhacht an chaomhnú uisce do sholáthar seirbhísí uisce agus aithníonn sé go bhfuil an Fhoireann Tionscadail um Chaomhnú Uisce ina cuid lárnach de Sheirbhísí Uisce. Bhí caomhnú uisce ina ghné lárnach den Phlean Bliantúil Seirbhíse (PBS) 2018 mar ar aontaigh an Chomhairle air le hUisce Éireann.



# AN CLÁR UISCE TUAITHE 2018

*Ba é ráta comhlíontachta Thiobraid Árann do 2018 ná 97% agus 2 Fhógra Fiuchta Uisce curtha i bhfeidhm.*



Fíor 1
Eleanor Maher, Riarthóir agus Bainisteoir Ghrúpscéim Uisce Frolic-Carney ag tabhairt bronntanais do Nellie Ryan agus Nellie ag dul ar scor tar éis 48 mbliana de sheirbhís dhíograiseach dá pobal.

Ba mhór an dúshlán a chuir aimsir roimh an bhFoireann Uisce Tuaithe i mbliana. Agus muid ag tabhairt aghaidhe ar an iomarca sneachta, báistí agus fiú triomach arís eile bhí ár gCoiste Grúpscéime Uisce inchurtha leis na dúshláin. Téann doimhneacht an ghealltanais atá ag foireann na GSUnna dá bpobal go croí ionainn i gcónaí. Sa phictiúr thuas tá Nellie Ryan agus í tar éis imeacht ar scor ó Choiste GSU na Frailice-Charnaí. Teist don tseirbhís phobail í na 48 mbliana de sheirbhís ag Nellie. Tá Eleanor Maher, iníon Nellie, ag bronnadh scrolla cuimhneacháin uirthi agus is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil seirbhís phobail in Eleanor ó dhúchas. Tá Eleanor ina Bainisteoir ar GSU Ard Cróine, GSU Carraig an Chomhraic-Áth an Mhuilinn agus ina Rúnaí do GSU na Frailice-Charnaí. Freisin is ball í de Chónaidhm Contae na GSUnna.

Tá inbhuanaitheacht ina riachtanas do gach eintiteas. Ar fud na tíre, moltar do GSUnna bainisteoirí a cheapadh chun tacú le coiste na saorálaithe, béim leanúnach a chur ar cháilíocht, chaomhnú agus inbhuanaitheacht uisce. Áit ar tugadh isteach bainisteoirí tá níos lú brú ar an gcoiste. Freisin moltar do GSUnna cuíchóiriú agus cónascadh a fhiosrú chun iad a neartú don todhchaí. Tá GSUanna i gContae Thiobraid Árann ag smaoineamh faoi na féidearthachtaí. Tá TJ Maher fostaithe mar bhainisteoir ag GSU Ráth Eilte, GSU na dTamhnach-Laharden agus GSU na Gráige-An Phoill Doimhin. Tá GSU Ghoirtín na Coille agus GSU Shráid Phluincéid Thulach Éide ag smaoineamh faoi chónascadh; d'aontaigh GSU Ráth Eilte agus na Cloiche Beannaí cónasacadh.

Tagann 39 GSU laistigh de cheanglais Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014, mar atá leasaithe. Agus sceideal monatóireachta beartaithe i bhfeidhm déanann an Chomhairle monatóireacht ar na soláthairtí uisce sin i rith na bliana. Ba é ráta comhlíontachta Thiobraid Árann do 2018 ná 97% agus 2 Fhógra Fiuchta Uisce curtha i bhfeidhm. Bhain ceann amháin acu leis an triomach agus bhain an dara ceann le heachtra sláinte poiblí. Tá sé ríthábhachtach go leanfadh muid orainn ag cloí leis an ráta ard comhlíontachta d'uisce óil i GSUnna Thiobraid Árann. Tá cistí ar fáil do GSUnna faoin gClár Uisce Tuaithe Bearta 1 don chuspóir sin.

## Tionscadail Uisce Tuaithe 2018:

**Le Deontais Chaipitil Uisce Tuaithe infheistíodh €519,301 i mbonneagar GSU i 2018. Ba ionann sin agus méadú 1% ó 2017 agus phléigh buaicmhéid de 39 GSU leis an gclár chun buntáistí a bhaint amach do chách. Bhí deacracht ag 6 GSU i rith an triomaigh le linn shamhradh 2018; rinne coistí a gcuid acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, áfach. Táthar ag súil le tréimhsí eile de thriomach agus, chuige sin, chuir 18 GSU isteach tóireadóirí chun cabhrú le bainistíocht foinse. Cabhróidh tóireadóirí le caomhnú freisin.**

**Trí bhéim leanúnach ar cháilíocht uisce óil, chaomhnú agus bainistíocht agus oibriú éifeachtach GSUnna Thiobraid Árann, cuireadh an chorp oibre seo a leanas i bhfeidhm i rith 2018:**

- Cáilíocht Uisce, €141,818.86:
- 4 theach caidéil uasghrádaithe;
- 9 gcóras ultraivialait bailíochtaithe curtha isteach; agus
- Uasghrádú déanta ar 4 chóras um dháileoga clóirín.

**Caomhnú Uisce €79,093.40 agus Feabhsú GSUnna €291,812.34:**

- Príomhphíobán Uisce 1,216m uasghrádaithe:
- Chuir 12 GSU isteach méadrú;
- 11 chaidéal nua, córais bhrú curtha isteach;
- Rinne 3 GSU uasghrádú ar chomhlaí;
- 6 thionscadal um bulcmhéadrú;
- 1 taiscumar feabhsaithe;
- 18 tóireadóir leibhéil hidreastataigh agus logálaí sonraí; agus
- 3 cheannach talún foinse.

**Cosaint Foinse:**

- Tuairiscí ar Chrios Ciona, €5,519.52.

**Taighde agus Forbairt, €1,056.89:**

- Cuairteanna ar Scoil Náisiúnta Kyle Park, Scoil Náisiúnta na Maighne agus Scoil Náisiúnta Ghort na hUamha.

## For-rochtain Uisce Tuaithe:

Chun an tseirbhís a chuireann muid ar fáil a neartú agus a fheabhsú agus chun foghlaim ónár gcomhghleacaithe, phléigh an Fhoireann Uisce Tuaithe agus GSUnna le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, leis an Dr Úna Fitzpatrick ón Aonad Náisiúnta Bithéagsúlachta, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Oifigeach Oidhreachta na Comhairle. Rinneadh roinnt gníomhaíochtaí neamhghnácha mar gheall ar ár gcomhar.

Tionscadail Phailneora - Phléigh 5 GSU leis an ngné sin i rith 2018. Is é John G. Fogarty as GSU Chnoc na Fuinseoige, laoch feirmeoireachta atá ar son na bithéagsúlachta agus na bpailneoirí, atá ina cheannaire do Thionscadail Phailneora na GSUnna i dTiobraid Árann.

Tionscadal atá maoinithe ag an AE atá i Dwr Uisce chun iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun teas a aisghabháil ó fhuíolluisce agus fuinneamh a ghiniúint ó bhrú iomarcach ar scéimeanna uisce. D'oibrigh GSU Thobar Phádraig agus GSU na Maighne as lámh a chéile le Aonghus McNabola ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus a fhoireann agus thug siad cuairt ar Theach Altranais Ashlawn agus Cooleeney Cheese le haghaidh taighde agus comhairle. Tugadh cuireadh don Fhoireann Uisce Tuaithe chun labhairt faoi Rannpháirtíocht Pobail ag Comhdháil Dwr Uisce i nDeireadh Fómhair 2018. Sa phictiúr thíos, tá baill den Fhoireann, Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, an Dr McNabola agus Ana de Klumein.



Fíor 2 An Fhoireann Uisce Tuaithe Comhdháil Dwr Uisce i nDeireadh Fómhair 2018 Labhair FUT faoi Rannpháirtíocht Pobail.

## An Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe:

**Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe (CMUT) i 2018. Is é cuspóir an Choiste ná cabhrú le cur chuige struchtúrach i dtreo na hoibre atá á déanamh faoin gClár um Uisce Tuaithe.**

**Agus 14 bhall air, léiríonn an Coiste leas grúpa leathain, mar seo a leanas:**

- 5 comhaltaí Comhairle;
- 3 Ionadaithe GSU;

**2 ionadaithe ar eagraíochtaí tuaithe sa chontae;**

- 1 ionadaí ar Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (CNGSU); agus
- 3 Oifigeach Comhairle.

I gcomhar leis an CMUT, déanann an Chomhairle iarratas ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mí Eanáir um maoiniú blocdheontais don bhliain dar gcionn. Ba í 2018 an bhliain dheireanach de Chlár Ilbhliantúil 2016 – 2018. D'iarradh cistí i mí Eanáir.

## Fóirdheontas Bliantúil Cothabhála:

**Iarrtar ar GSUnna iarratas a dhéanamh ar an bhFóirdheontas Bliantúil Cothabhála chun cabhrú le caiteachas *laethúil* an GSU. Cabhraíodh le 70 GSU faoin bhFóirdheontas sin, i 2018 le híocaíochtaí de €498,219.**

## Deontais chun Soláthar Uisce Aonair a Chur ar Fáil do Theach nó Feabhsú Riachtanach a Dhéanamh air (deontas tobair):

Anseo cuirtear maoiniú ar fáil do dhaoine a bhfuil soláthar uisce príobháideach acu. Dírítear ar cháilíocht agus sholáthar uisce. I rith 2018, cuireadh an-spéis ar an scéim mar gheall ar an triomach. Maidir le go leor acu siúd a rinne iarratas thuairiscigh siad go raibh toibreacha triomaithe acu. Fuarthas 93 iarratas; méadú 9% ó 2017. Íocadh 52 deontas le hiarratasóirí agus íocadh 75% astu siúd ag an uasráta de €2,031.58. Íocadh €101,428.42 san iomlán faoin gceannteideal sin.

## Deontais iníoctha de bhun na Rialacháin ar chórais cóireála fuíolluisce tí (Cúnamh Airgeadais) 2013:

Fuarthas, faomhadh agus íocadh dhá hiarratas i 2018. Ba é an caiteachas faoin scéim ná €6,500. Níl an scéim seo treoraithe ag éileamh agus tá sé na dírithe ar na ceantair is mó ina bhfuil cáilíocht uisce i mbaol. Tugtar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil fógra fúthu siúd don Chomhairle gach bliain. Is í an Chomhairle atá freagrach fós as an scéim seo a riar. Aisíocann an DHPLG deontais.

## Deontais Iníoctha faoi na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais) 2016:

Ní bhfuarthas aon iarratais le meas faoin scéim deontas seo i 2018. Is í an Chomhairle atá freagrach fós as an scéim deontas seo a riar agus aisíocann an DHPLG deontais.

*Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe (CMUT) i 2018. Is é cuspóir an Choiste ná cabhrú le cur chuige struchtúrach i dtreo na hoibre atá á déanamh faoin gClár um Uisce Tuaithe.*

Local Authority Waters Programme
vibrant communities | catchment assessment | healthy waters

# CLÁR UISCE NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL (LAWPRO)

Is é atá i gClár Uisce na n-Údarás Áitiúil ná seirbhís roinnte náisiúnta atá bunaithe i mBaile an Gharráin, Cluain Meala agus a bhfuil Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus Chill Chainnigh i dteannta a chéile i gceannas air. Tá sé suite sa stiúrthóireacht chéanna leis an rannóg Comhshaoil & Gníomhú ar son na hAeráide.



Grianghraf: Baill foirne agus bainisteoirí Chlár Uisce an ÚÁ

## D'fhorbair Clár Uisce na n-Údarás Áitiúil as Oifig Uiscí & Pobal na n-ÚÁ (LAWCO) tar éis gur leathnaíodh an tseirbhís roinnte i 2018, chun Foireann Measúnaithe Abhantraí a chuimsiú atá déanta suas de 35 eolaí agus 3 ball foirne riaracháin.

Tá an chomhsheirbhís roinnte seo maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sí bainistithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann i dteannta a chéile. Oibríonn LAWPRO taobh leis na 31 Údarás Áitiúil agus i gcomhar le comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara chun cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí (PBA) d'Éirinn 2018 - 2021 a bhaint amach.

**Oibríonn an clár seo ó 13 ionad údaráis áitiúil ar fud na tíre a chuimsíonn dhá fhoireann uathúil; Foireann na bPobal agus an Fhoireann Measúnaithe Abhantraí. Seo a leanas sainchúraim na bhfoirne sin faoi seach:**

### Foireann na bPobal:

San fhoireann seo tá triúr Comhordaitheoirí agus 12 Oifigeach Uisce Pobail. Tacaíonn sí le pobail agus páirtithe leasmhara chun tionscadail agus tionscnaimh áitiúla um cháilíocht uisce a chur i gcrích. Freisin oibríonn an fhoireann le hiontaobhais abhann agus comhpháirtíochtaí abhantraí, atá ag teacht chun cinn ar fud na tíre. Tacaíonn an Ciste Forbartha d'Uisce Pobail, a bhainistíonn LAWPRO, tionscadail faoi stiúir pobal agus tógann sé naisc le sruthanna maoinithe mar LEADER agus Clár Oibre Áitiúil 21

*Oibríonn Clár Uiscí na n-Údarás Áitiúil le húdaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí, páirtithe leasmhara agus pobail chun cáilíocht uisce a chosaint, a choimeád agus a fheabhsú inár gcuid sruthán, aibhneacha, lochanna, inbhir, uisce talún, bogaigh agus uiscí cósta.*

### Foireann Measúnaithe Abhantraí:

Tá an fhoireann seo, a bunaíodh i 2018, déanta suas de 35 eolaí agus bainisteoir abhantraí ag a bhfuil raon leathan de shaineolas teicniúil. Díríonn a gcuid oibre ar chuspóirí cáilíochta uisce i 190 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta mar atá leagtha amach sa PBA. Is é atá i gceist leis sin ná plé le pobail, measúnuithe sonracha agus siúlóidí srutháin chun tuiscint níos fearr a fháil ar na fadhbanna a mbíonn éifeacht acu ar cháilíocht uisce i ndobharlaigh aonair. Agus iad ag obair le páirtithe leasmhara áitiúla; le húinéirí talún, úinéirí gnó agus comhlachtaí poiblí, forbraíonn an fhoireann seo réitigh phraiticiúla a sholáthraíonn 'an beart ceart san áit cheart'. Freisin tacaíonn an clár leis an ***gClár um Inbhuanaitheacht, Thacaíocht agus Comhairle Talmhaíochta,*** ina gcuid oibre le feirmeoirí sna Réimsí Gníomhaíochta tosaíochta.

Tugtar tacaíocht don dá fhoireann sin ag criú cúloifige atá bunaithe i mBaile an Gharráin agus a bhainistíonn maoiniú, cumarsáid, TF agus riar an chláir.

Sa léaráid seo a leanas léirítear conas a oibríonn LAWPRO agus na 31 Údarás Áitiúil taobh le taobh chun spriocanna roinnte um cháilíocht uisce a bhaint amach.



# COSAINT SHIBHIALTA

**Is seirbhís éigeandála dara líne é Cosaint Shibhialta a thugann tacaíocht do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRFanna) i gcásanna Móréigeandálaí. Freisin soláthróidh Cosaint Shibhialta tacaíocht d'imeachtaí pobail áitiúla áit is féidir.**

Bliain ghnóthach arís ab ea 2018 do Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann agus oiliúint saorálaithe ar siúl ar bhonn seachtainiúil ar fud an Chontae. Reáchtáladh oiliúint ar Gharchabhair, Cuardach do Dhaoine ar Iarraidh, Cumarsáid, Uisce Gasta, Gníomhaíochtaí Bádóireachta, Láimhsiú Sábháilte agus Láimhsiú Daoine, Tiomáint in Aimsir Chrua, Monatóireacht Radaíochta agus Leas. Tá gach cúrsa creidiúnaithe trí Choláiste na Cosanta Sibhialta agus comhlachtaí seachtrach mar QQI, Rescue 3 agus an tÚdarás Sábháilteachta Bia. Tá an-bhuíochas ag dul lenár saorálaithe a chaitheann na huaireanta fada i mbun oiliúna agus gabhaimid buíochas leo as a dtacaíocht agus a ngealltanas leanúnach do Chosaint Shibhialta.



Feithicil rialaithe le linn cuardaigh san oíche do dhuine ar iarraidh i gceantar Dhurlas

## Cuardaigh do dhaoine ar iarraidh

Tá a chuid cumas cuardaigh forbartha ag Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann le roinnt bliana anuas agus faoi láthair is féidir linn criúnna talún, ár n-aonad K9, dordáin agus ár gcuid foirne bádóireachta agus uisce ghasta a chur chun siúil más gá. Leag an Garda Síochána cúram ar Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann ocht n-uaire i rith 2018 as cabhrú le cuardach i gcomhair daoine ar iarraidh. Déantar go leor cuardach laistigh de 24-48 uair an chloig ach tharla gur cuardaigh fhada a bhí in dá cheann; bhí ceann amháin acu ar siúl ar feadh ocht lae agus an ceann eile ar siúl ar feadh sé lae. Freisin chabhraigh muid le haonaid Cosanta Sibhialta i gcontaetha eile le hoibríochtaí cuardaigh agus muid ag úsáid ár gcriúnna talún, ár K9 (madra cuardaigh), aonaid dordáin agus ár n-aonad bádóireachta inar úsáideadh sonóir taobhscanta. Go leor uaireanta le linn cuardach oibrímid i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí eile mar an nGarda Cósta, an Garda Síochána agus aonaid aerthacaíochta.

## Aimsir Chrua

I mí an Mhárta cuireadh ár saorálaithe i ngníomh le linn na haimsire crua nuair a bhí cuid mhór den chontae clúdaithe le sneachta. Leagadh cúram ar Chosaint Shibhialta as iompar a sholáthar thar thréimhse trí lae lenár bhfeithiclí 4x4. Cuireadh iompar ar fáil go príomha d'fhoireann ospidéil an FSS agus d'fhoireann riachtanach eile mar thithe altranais agus cúram Athshlánúcháin.

Le linn na haimsire crua leagadh cúram éigeandála ag Garda in Aonach agus iad ag iarraidh cúnaimh le siúlaí gortaithe Shliabh Coimeálta. Scoireadh criúnna ón gcúram iompair agus atreoraíodh chuig Sliabh Coimeálta iad, áit ar aimsíodh, ar cóireáladh agus ar iompraíodh an duine gortaithe chuig otharcharr FSS a bhí ag fanacht ansin. Freisin chabhraigh Saorálaithe Thiobraid Árann le Cosaint Shibhialta Loch Garman le linn na haimsire crua sin mar gur thóg sé níos faide leis na coinníollacha in Oirdheisceart agus in Oirthear an chontae a ghlanadh.



Criú bád le linn cuardaigh i gCarraig na Siúire agus iad ag úsáid shonóir taobhscanta



Saorálaithe ó Chosaint Shibhialta ag tabhairt cóireála do shiúlaí gortaithe ar Shliabh Coimeálta



Otharcharr 4x4 Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann le linn aimsire crua

## Seirbhís Monatóireachta Radaíochta

I mí na Samhna rinneadh cleachtadh chun tástáil a dhéanamh ar chumas Cosanta Sibhialta freagairt d'iarratas sampla d'ithir a thógáil agus a chur isteach in éineacht leis an leibhéal radaíochta cúlra don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Freisin ghníomhaigh Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann mar mhol réigiúnach chun samplaí a bhailiú agus a sheachadadh chuig Ionad Náisiúnta Comhordaithe na Cosanta Sibhialta i bPáirc an Fhionnuisce Baile Átha Cliath.

## Oiliúint K9

Tá Tiobraid Árann ar cheann de cheithre chontae ag a bhfuil aonad cuardaigh madra K9. Déanann na haonaid sin traenáil rialta agus déantar measúnuithe ag saineolaí seachtrach ar thraenáil madraí ón RA. I mí Dheireadh Fómhair d'óstaigh Tiobraid Árann seisiún traenála ag an deireadh seachtaine i gceantar Chluain Meala.



Deireadh Seachtaine Traenála K9 i gCluain Meala

## Córais Aerárthaí Cianphíolótaithe (Dordán)

I 2018 d'eisigh an Brainse Cosanta Sibhialta córas dordáin nua chuig Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann le húsáid le linn cuardach do dhaoine ar iarraidh. Tar éis beagnach cúig mhí de thraenáil agus de scrúdú ag an IAA cháiligh ceathrar saorálaithe dár gcuid mar phíolótaí do na córais sin. Bhronn an tAire ar a bhfuil freagrach as Cosaint Shibhialta, an tUas. Paul Keogh, T.D. na teastais phíolóta ar na saorálaithe sin.



Bronnadh Teastas um phíolótaí Dordáin ag an Aire Keogh


## Imeachtaí Pobail

Thug Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann cúnamh do 128 imeacht pobail ó rásaí rothaíochta, rásaí ó phointe go pointe, seó Chluain Meala, imeachtaí lúthchleasaíochta, siúlóidí/reathaí nó turais rothair don charthanacht. Oibrímid i ndlúthpháirt leis an údarás áitiúil agus le comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann trí chumhdach Otharchairr agus garchabhrach a sholáthar ag imeachtaí a eagraíonn siad.

## Ionad Oiliúna Dhurlas

Tá pleananna idir lámha chun an seanstáisiún dóiteáin i nDurlas a fhorbairt mar ionad oiliúna. Beidh sé sin ina ionad idéalach mar go bhfuil sé suite i lár an chontae agus go n-éascóidh sé traenáil agus stóráil lárnach feithiclí agus go bhfeabhsóidh sé ár gcumas freagairt do ghlaonna amach agus d'éigeandálaí. Táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid faoi lán seoil faoi dheireadh 2019.

# CEANTAIR BHARDASACHA





# CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE





Toghadh an Cmhlr Louise McLoughlin mar Chathaoirleach.

## CATHAOIRLEACH & LEASCHATHAOIRLEACH

An Cmhlr  Toghadh an Cmhlr Louise McLoughlin mar Chathaoirleach ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil na gComhaltaí Ceantair Bhardasaigh ar an 28 Meitheamh, 2018.  Chuaigh an Cmhlr McLoughlin in ionad an Cmhlr John Fahey (RIP) a bhí ina Chathaoirleach ó bhí 2017 ann.

# COMHLÍONADH FHEIDHMEANNA CEANTAIR BHARDASAIGH

**I 2017, reáchtáil na Comhaltaí Ceantair Bhardasaigh cruinniú ginearálta bliantúil agus aon cheann déag de chruinnithe míosúla. Freisin reáchtáil na Comhaltaí dhá chruinniú den choiste slándála leis an nGarda Síochána.**



Cór Choláiste Commeragh i mbun ceoil in Oifig Cheantar Bardasach Charraig na Siúire, Mí na Nollag 2018.

Ghlac na comhaltaí le Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha, ar luach iomlán €5.4 milliún, agus d'fhéach siad thar chur i bhfeidhm an sceidil. Chuimsigh an Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha cothabháil agus mionfheabhsú an stoc tithíochta sóisialta sa cheantar, cothabháil agus feabhsú an líonra bóithre, athchóiriú droichead agus cothabháil spásanna oscailte.

Ba é an tionscadal mór a rinne an Ceantar ná athchóiriú agus méadú Halla an Bhaile ar an tSráid Nua i gCarraig na Siúire. Leanadh ar aghaidh i 2017 leis an obair ar cuireadh tús leis i 2018. Críochnaíodh ag tús mhí na Nollag 2018 é, agus bhí sé á n-úsáid díreach ina dhiaidh. Ba é an chéad chruinniú oifigiúil a reáchtáladh san fhoirgneamh ná cruinniú ag an gComhchoiste Póilíneachta ar an 8 Nollaig, 2018.

**Áiríodh le hobair mhór eile a rinneadh sa cheantar**

- Tús curtha leis an obair athchóirithe ar Dhroichead an Díolúnaigh i gCarraig na Siúire,
- Oibreacha cosanta ó thuilte i Muileann na hUamhan
- Críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin baile i gCarraig na Siúire, Muileann na hUamhan, Dumhach Aille, An Drongán agus an Cluainín.
- Rinneadh obair neartúcháin ar na 13.5 ciliméadar den líonra bóithre,
- rinneadh obair athdhromchlaithe ar 16.6 ciliméadar den líonra.

Dheonaigh an Chomhairle Contae ceadanna pleanála d'fhorbairt le haghaidh páirce poiblí ar Shráid an Bhúrcaigh i bhFiodh Ard, agus le haghaidh oibreacha sa réimse poiblí ar Chearnóg Sheáin Uí Cheallaigh, Carraig na Siúire. Cuireadh tús le hobair ar an bpáirc i bhFiodh Ard i dtreo dheireadh na bliana.

**Tógadh na heastáit tithíochta seo a leanas i gcúram i rith na bliana:**

- Clós an Mhainéir, Carraig na Siúire
- Geata an Mhainéir, Carraig na Siúire
- Radharc an Mhainéir, Carraig na Siúire
- Páirc Naomh Nioclás, Carraig na Siúire
- Cois Coille, Cill Chaise

Ina theannta sin fuair na comhaltaí tuarascálacha ó gach Stiúrthóir Seirbhíse maidir le gníomhaíocht sa Cheantar, rinne siad breithniú ar 15 fhógra rúin agus bhí comhfhreagras acu leis an nGarda Síochána, leis an Roinn Iompair, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Tarrtháil Abhann Charraig na Siúire, Garda Cósta na hÉireann, An Roinn Gnóthaí Tuaithe, Grúpa Othar an Oirthuaiscirt agus Oifig na n-Oibreacha Poiblí, Bus Éireann agus an t-Údarás Náisiúnta Iompair maidir le hábhar a bhaineann leis an gCeantar Bardasach.

# TIONSCNAMH NA MBAILTE STAIRIÚLA, CARRAIG NA SIÚIRE

**Thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi Thionscnamh Bailte Stairiúla maidir le roinnt foirgneamh i gCarraig na Siúire. Ba é a bhí i gceist leis sin ná cigireachtaí agus obair fheabhsúcháin a dhéanamh ar cheithre fhoirgneamh déag i Lár an Bhaile. Ba é luach iomlán na hoibre ná €154,170.68.**

Maoiníodh an próiseas sin ag an gComhairle Oidhreachta a thug €108,000; úinéirí na bhfoirgneamh, a thug €24,170 agus Comhairle Contae Thiobraid Árann, a thug €20,000.

Rinneadh an obair i gcomhréir le coinníollacha an deontais a rinne an Chomhairle Oidhreachta agus i gcomhlíonadh na gciorclán ábhartha lena n-áirítear ciorclán 44/2006 "Nósanna Imeachta um Imréiteach Cánach, Deontais, Fóirdheontais agus íocaíochtaí den chineál céanna".






# CÚNAMH FAOI ALT 66 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Chabhraigh Ceantar Bardasach Charraig na Siúire leis na comhlachtaí seo a leanas faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001:

## Cumann Forbartha Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Chumann Forbartha Charraig na Siúire (CoSDA). Cuireann an Cumann Forbartha ionad oidhreachta ar fáil ar an bPríomhshráid i gCarraig na Siúire, ionad pobail sa Charraig Bheag, Carraig na Siúire agus tá sé rannpháirteach i go leor scéimeanna oiliúna sa bhaile.

## Coiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,500 ar fáil do Choiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire (COSTEDC). Tá ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ón gComhlachas Gnó agus ón gCumann Forbartha ar an gcoiste. Tá plean straitéiseach ullmhaithe aige do Charraig na Siúire agus tá sé i mbun roinnt beart éagsúil chun an baile a chur chun cinn.

## Banna Práis Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,900 ar fáil do Bhanna Práis Charraig na Siúire. Tá an Banna ann leis na blianta fada agus thug siad sé léiriú saor in aisce don phobal i 2015.

## Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh

Cuireadh deontas €40,000 ar fáil d'Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh. Cuireann an t-ionad spóirt áiseanna ar fáil do shnámh agus do thraenáil fhisiceach agus tarraingíonn sé na mílte cuairteoir gach lá.

## Féilte agus Imeachtaí Pobail

**Tugadh isteach scéim nua i 2018 d'fhéilte agus imeachtaí pobail Chabhraigh an Chomhairle Contae leis na himeachtaí seo a leanas faoi alt 66:**

| | |
|---|---|
| Deireadh Seachtaine Ceoil Tíre Chiceam, Muileann na hUamhan: | €2,500 |
| Féile Cruinnithe na hÉireann/Thalamh an Éisc, | €2,500 |
| Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Lána na Grúdlainne 2018: | €700 |
| Féile Samhraidh Fhiodh Ard | €2,500 |
| Lá Páirce Bhaile an Fhantaigh | €2,500 |
| Lánaí Taibhsí Charraig na Siúire | €2,500 |
| Club Seanré Chúl Mhaighin agus Moyglass: | €2,500 |

## Féilte Bardasacha

Tugadh isteach scéim nua i 2018 chun cabhrú le féilte móra a raibh tionchar ní b'airde acu ná na féilte pobail, agus a d'fhéadfadh líon mór cuairteoirí a tharraingt chuig an gceantar. Cabhraíodh le dhá fhéile faoin gceannteideal sin, Paráid Lá Fhéile Pádraig i gCarraig na Siúire le deontas €3,000, agus Féile Clancy i gCarraig na Siúire, le deontas €4,700.



## Coistí Bailte Slachtmhara

**D'iarr Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneachtaí ó chumainn bailte slachtmhara maidir lena gcuid pleananna le haghaidh 2015. Mar thoradh air sin, chinn Comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire ocht ndeontas déag a thabhairt mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Cumann Bailte Slachtmhara Fhaiche Ró | €1,000 |
| Coiste Bailte Slachtmhara Mhuileann na hUamhan | €1,000 |
| Comhlachas Gnó Charraig na Siúire | €1,000 |
| Coiste Bailte Slachtmhara an Drongáin | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara na gCoimíní | €1,000 |
| Cill Chaise | €1,000 |
| Dumha Aille | €1,000 |
| Cumann Feabhsú Pobail Chill Náille | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Néill | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara Bhaile an Iúir | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara an Chluainín | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara Bhaile an Fhantaigh | €1,000 |
| Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí | €1,000 |

**Ina theannta sin, leithdháileadh €26,900 chun oibreacha a dhéanamh i bhFaiche an Ró le marcanna an tsráidbhaile a ardú i gcomórtas na mbailte slachtmhara.**



## Deontais Reilige

**Tugadh deontais do na coistí reilige seo a leanas chun cabhrú le cothabháil na reiligí, mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Reilig Naomh Mhuire, An Drongán | €600 |
| Reilig Mhaigh Gabhra, An Drongán | €600 |
| Reilig Lismolin | €600 |
| Reilig Thulach Mhaighne, Fiodh Ard | €600 |
| Reilig Red City, Fiodh Ard | €800 |
| Reilig Killmaclough, Fiodh Ard | €800 |
| Reilig Ráth Cúil, Fiodh Ard | €600 |
| Reilig Chill Achaidh, Muileann na hUamhan | €600 |
| Reilig Dhíseart Chiaráin, Muileann na hUamhan | €600 |
| Reilig Mhíchíl, Muileann na hUamhan | €800 |
| Reilig Chill Mheanmnáin, Muileann na hUamhan | €800 |
| Aontas Paróistí Chill Chúile Cruachán & Cill Chúile | €800 |
| Reilig Bhuailice, Gort na hUamha | €600 |
| Reilig Fhaiche Ró | €600 |
| Reilig Chill Teimhneáin Fiodh Ard | €800 |
| Reilig Bhaile na Leacan, Gleann an Ghuail | €800 |
| Eaglais Paróiste Maigh gCorbáin | €600 |
| Reilig Bhaile Átha an Rí Carraig na Siúire | €600 |
| Reilig na Tríonóide Naofa, Fiodh Ard | €600 |
| Reilig Dhumha Aille | €800 |
| Reilig Chill Mhuire Carraig na Siúire | €600 |
| Reilig an Ghorta Mhóir (Coiste Cónaitheoirí Pháirc Treacy) | €600 |
| Reilig Mhaigh Dheisil | €600 |
| Reilig Thigh na Coille | €800 |
| Reilig Bhaile an Iúir | €800 |
| Seanreilig an Chluainín | €800 |
| Reilig Nua an Chluainín | €800 |
| Reilig Bhaile an Gharraí | €800 |

## Deontais Phobail

**D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chlubanna agus eagraíochtaí eile a chuireann áiseanna ar fáil, nó a ghabhann do thionscadail bunaithe sa phobal. I measc na dtionscadal ar cuidíodh leo bhí áiseanna nua, soilse Nollag, áiseanna spóirt agus mar sin de. Rinneadh deontais faoin scéim mar seo a leanas:**

| Grúpa nó Comhlacht | Míreanna ar Cuidíodh Leo | Méid |
|---|---|---|
| Cumann Cónaitheoirí Arda an Chaisleáin, Carraig na Siúire | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €750 |
| Cumann Cónaitheoirí Strylea, Fiodh Ard | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €1,250 |
| Cumann Cónaitheoirí Cluain Cregg, Carraig na Siúire | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €360 |
| Club Cicdhornálaíochta Galteemore, Fiodh Ard | Trealamh spóirt a cheannach | €2,000 |
| J.W. Productions, Fiodh Ard | Ábhar Margaíochta a Dhéanamh | €2,000 |
| Cumann Forbartha Fhaiche Ró | Uasghrádú ar an ionad pobail | €4,000 |
| Cumann Forbartha Fhaiche Ró | Uasghrádú ar an Ionad Pobail | €2,000 |
| Cumann Pobail Dhumha Aille | Uasghrádú ar an Ionad Pobail | €2,000 |
| Cumann Tithíochta Chúirt an Chaisleáin, Carraig na Siúire | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €1,000 |
| Ionad Spóirt Bhaile an Gharraí | Uasghrádú ar an ionad | €4,000 |
| Bailte Slachtmhara Fhaiche Ró | Tírdhreachadh | €200 |
| CLG Fhaiche Ró | Fóntais | €950 |
| Thomas Walsh, Carraig na Siúire | Foilsiú leabhair ar stair áitiúil | €1,000 |
| Club Slatiascaireachta Ghleann na Radharc | Obair tírdhreachta ar Bhealach Gorm Charraig na Siúire | €1,750 |
| Coiste Bainistíochta Lois Dubhaile | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €350 |
| Cumann Cónaitheoirí Chluain Aird | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €350 |
| Bailte Slachtmhara Chill Chaise | Tírdhreachadh | €600 |
| Cumann Cónaitheoirí Choill na bhFiach | Cothabháil an eastát tithíochta | €650 |
| Cumann Cónaitheoirí an Chláirín | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €625 |
| Cumann Cónaitheoirí Pháirc Thigh an Mheáin | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €600 |
| Páirc Phobail agus Clós Súgartha Mhuileann na hUamhan | Cothabháil | €2,500 |
| Coiste Bailte Slachtmhara Mhuileann na hUamhan | Tírdhreachadh | €100 |
| Club Peile Shliabh Ardach | Trealamh Spóirt | €1,000 |
| Cumann Cónaitheoirí Phlásóg na Creige | Cothabháil an eastát tithíochta | €375 |
| Club Peile Shliabh Ardach | Trealamh Spóirt | €1,000 |
| Cumann Cónaitheoirí Phlásóg na Creige | Cothabháil an eastát tithíochta | €375 |
| Club Lions Charraig na Siúire | Cruthú páirce cois na habhann | €3,300 |
| Club Dornála Charraig na Siúire | Trealamh Spóirt | €1,000 |
| Cumann Cónaitheoirí Bhaile Uí Loinsigh | Cothabháil an eastát tithíochta | €250 |
| Club CLG CJ Kickham, Muileann na hUamhan | Cothabháil an ionaid spóirt | €3,750 |
| An Seanteach Scoile, Na Coimíní | Forbairt ionaid cuairteora | €1,250 |
| Club Lúthchleasaíochta Charraig na Siúire | Cothabháil na n-áiseanna spóirt | €1,750 |
| Seid na bhFear i Muileann na hUamhan | Tírdhreachadh | €300 |
| Grúpa Staire Pobail Ghráinseach Mhoicléir/ Bhaile Uí Néill | Foilseachán Staire Áitiúla | €2,500 |
| Cumann Cónaitheoirí Ard Álainn | Cothabháil an Eastát Tithíochta | €750 |
| Cumann Gnó Charraig na Siúire | Soilse na Nollag | €10,000 |

## Dámhachtainí na mBailte Slachtmhara

Reáchtáladh comórtas bailte slachtmhara do na coistí sa cheantar a ghlac páirt i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Táirgeadh duaiseanna in dá chatagóir, ceann amháin le haghaidh lonnaíochtaí beaga, agus an ceann eile le haghaidh lonnaíochtaí móra. Bronnadh duaiseanna don iontrálaí nua ab fhearr agus don fheabhas ba mhó ar mharcanna bronnta. Bronnadh duais freisin as an gcoiste a raibh an fheidhmíocht ab fhearr aige sa Cheantar Bardasach.

**Reáchtáladh oíche dámhachtainí san Ionad Pobail, an Cluainín ar an 15 Samhain, 2018. Tugadh dámhachtainí mar seo a leanas:**

| | | |
|---|---|---|
| Cill Osta | Is mó feabhais, Catagóir A | €500 |
| Baile an Fhantaigh | Iontrálaí nua is fearr, Catagóir A | €500 |
| Faiche Ró | Is mó feabhais, gach Catagóir eile | €500 |
| Carraig na Siúire | Dara háit, gach Catagóir eile | €500 |
| Drongán | Dara háit, gach catagóir | €500 |
| An Cluainín | An toradh iomlán is fearr, Gach Catagóir | €1,000 |

## Tionscadail Eile

Chomh maith leis na scéimeanna atá leagtha amach, leithdháil a comhairleoirí ceantair €15,000 do thionscadal chun rochtain a fheabhsú ar Dhoire na bhFlann, €25,000 do staidéar ar úsáid talún i gCarraig na Siúire agus €13,000 d'fhorbairt deartha don réimse poiblí le haghaidh shráidbhaile Dhumhach Aille.





# CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

**Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann ar an[25] Meitheamh, 2018. Toghadh an Comhairleoir Michael Fitzgerald mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Mary-Hanna Hourigan mar Leas-Cathaoirleach.**

## TOGHADH CATHAOIRLIGH




Ó Chlé: - An Cmhlr John Crosse, M McGivern, Riarthóir Ceantair, An Cathaoirleach, an Cmhlr. Michael Fitzgerald, An Leas-Chathaoirleach an Cmhlr. Mary Hanna Hourigan, an Cmhlr. Roger Kennedy, an Cmhlr. Martin Browne, an Cmhlr. Denis Leahy, an Cmhlr. Tom Wood.

## FÁILTITHE CATHRACH/ FÁILTITHE/DÁMHACHTAINÍ

1. Cór Bhunscoil Iósaif, Fáiltiú Cathrach ar an 24 Aibreán, 2018
2. Grúpa Railí Carranna Seanré Thiobraid Árann, Fáiltiú Cathrach ar an 27 Aibreán, 2018
3. Cumann Fáilte Ghleann Eatharlaí, Fáiltiú Cathrach reáchtáilte ar an 22 Meitheamh, 2018.
4. Cuairt an tUas. Pierre-Emmanuel De Bauw, Ambasadóir na Beilge ar Bhaile Thiobraid Árann ar an 16 Samhain, 2018.

### Cór Bhunscoil Iósaif

Ar an[24] Aibreán, 2018, tugadh Fáiltiú Cathrach do níos mó ná ochtó páiste ó Chór Bhunscoil Iósaif. Aitheantas a bhí ansin dá rath i gcomórtas Náisiúnta Lyric FM um Chóir don Nollaig. Bhí an bua acu lena n-amhrán dar teideal "Sparklejollytwinklejingly" i gcoinne 70 scoile eile as gach cearn den tír. Éacht mór a bhí ann don Chór.



Dara Ró ó chlé:- an Cmhlr Mary Hannah Hourigan, an Cmhlr John Crosse, an Príomhoide Louise Tobin, an Cathaoirleach Michael Fitzgerald, Ms Helen Corbert, M. Mcgivern, Riarthóir Ceantair agus Mairead Ryan, Oifigeach Foirne leis na Cailíní ó Chór Scoil Iósaif.

## Grúpa Railí Carranna Seanré Thiobraid Árann

Ar an27 Aibreán, 2018, tugadh Fáiltiú Cathrach do Ghrúpa Railí Carranna Seanré Thiobraid Árann. Aitheantas a bhí ansin d'iarracht deonach iad siúd go léir atá rannpháirteach i gcoiste an railí a bhfuil go leor airgid bailithe acu chun leas carthanas áitiúil agus an phobail. I measc roinnt carthanas a bhaint leas as i rith na mblianta bhí gluaiseacht Ospís Thiobraid Árann Theas, Cluain Arann, Foras Croí na hÉireann agus Circle of Friends gan ach cúpla acu luaite.

D'admhaigh na baill den choiste a labhair ar an oíche cúnamh agus tacaíocht iontach ghrúpa mór saorálaithe a thugann cabhair gach bliain.



Ró Tosaigh:-ó Chlé:- An Cmhlr Martin Browne, an Cmhlr Mary Hanna Hourigan, Jack Leonard (Carranna Seanré Thiobraid Árann), Steve Thornton (Carranna Seanré Thiobraid Árann), Marie McGivern, Mairead Ryan. Ró Láir:-ó Chlé:- Mary Ellard, Frances O' Regan, Bridget Breheny, Hannah Madden, Rosie Finnan, Carol Leonard, Phyllis Ryan, Catherine Ryan agus Ann Breen. Ró Cúil:- Aidan Finn, an Cmhlr Roger Kennedy, an Cathaoirleach, an Cmhlr Michael Fitzgerald, an Cmhlr John Crosse agus an Cmhlr Denis Leahy.

## Cumann Fáilte Ghleann Eatharlaí

Ar an22 Aibreán, 2018, tugadh Fáiltiú Cathrach do Chumann Fáilte Ghleann Eatharlaí. Aitheantas a bhí ansin dá ról i gcur chun cinn na turasóireachta i dTiobraid Árann. Níos luaithe i mbliana bhí an Cumann sásta a thuairisciú gur tugadh chun críche oibreacha ag láthair amhairc Chríost an Rí. Bhí sé sin mar chuid den tionscnamh inbhuanaithe ar a dtugtar 'Get Involved'. Aithnítear Cumann Fáilte Eatharlaí as an gcuid mhór oibre Turasóireachta a rinne siad chun líon na gcuairteoirí a fheabhsú do sholáthraithe áitiúla, (agus fostaíocht fheabhsaithe mar thoradh air) agus tá siad lasmuigh agus bunaithe ar an dúlra chun daoine áitiúla, cuairteoirí agus teaghlaigh a spreagadh le taitneamh a bhaint as bheith lasmuigh.



Ró Tosaigh:- ó chlé:-Mary Fitzpatrick, Nora May Kennedy, Carmel Donovan (Cathaoirleach, Helen Morrissey agus Pauline Russell. Ón Ró Láir: - ó chlé an Cmhlr. Martin Brown, Sinead Carr, Stiúrthóir, An Cathaoirleach an Cmhlr Michael Fitzgerald, Ms. M. McGivern, Riarthóir Ceantair, an Cmhlr Denis Leahy, an Teachta Dála Mattie McGrath. Ón Ró Cúil:- ó chlé:- an tUas. Aidan Finn, Innealtóir Ceantair, an Cmhlr Roger Kennedy, an Cmhlr John Crosse agus an Ceannfort Patrick O' Connor.

## Cuairt an tUas. Pierre-Emmanuel De Bauw, Ambasadóir na Beilge agus Jacques Vanhouche, Coimisinéir Trádála ar Bhaile Thiobraid Árann

Ar an 16 Samhain chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Fitzgerald fáilte roimh Pierre-Emmanuel De Bauw, Ambasadóir na Beilge, agus Coimisinéir Trádála na Beilge Jacques Vanhoucke chuig Tiobraid Árann d'fhonn an caidreamh den scoth idir Éire agus an Bheilg a neartú agus a fhorbairt.



Ó Chlé:- Jacques Vanhouche, Coimisinéir Trádála, Clare Curley, Stiúrthóir Ceantair, Pierre-Emmanuel De Bauw, Ambasadóir na Beilge agus an Cmhlr Michael Fitzgerald, Cathaoirleach.

## CAIRT AN AE

Toghadh an Dr Niall Gregory chuig Praesaidiam Chairt Phobail Tuaithe na hEorpa ar an16 Meitheamh in Óstán Altes Kloster, Hainburg. Is as Caiseal, Co. Thiobraid Árann é an Dr Niall Gregory. Tá ionadaíocht ag Caiseal anois ag croílár na Cairte. Is é Caiseal baile ionadaíoch na hÉireann don Chairt, eagraíocht uathúil san Eoraip, ceann atá dírithe ar Shaoránacht na hEorpa i bpobail tuaithe bheaga. Mar chomharghrúpa de phobail tuaithe a dhéanann ionadaíocht ar gach tír AE, tugann an Praesidiam guth láidir agus ionadaíoch do shaoránaigh go léir na hEorpa.



Ó Chlé: Ró Cúil:-Tomas Kuchar, Joachim Kruger, Frank Holle, Niall Gregory, Eucharist Camilleri. Ró Tosaigh: Boy Scholtz & Zsuzanna Lukacs. (Grianghraf faighte ó Chairt Phobail Tuaithe na hEorpa)

## D'fhreastail Grúpa AE Chaisil ar Chruinniú na Méaraí i Nadur, Málta

Ar an19 Iúil d'fhreastail toscaireacht ó Chaiseal a raibh an Cmhlr Roger Kennedy ina measc, ar Chairt Phobail Tuaithe an AE ag a gCruinniú Bliantúil i Nadur, Málta.



# SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I bhFeabhra 2018, d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €6.5m i dtaobh Chothabháil Tithíochta, Feabhsúcháin ar Bhóithre; Glanadh Sráide; Cothabháil Reiligí agus Cothabháil Áiteanna Caithimh Aimsire

**Ba iad na Príomhchláir a bhain tairbhe óna gcistiú ná:**

- An Cuarbhóthar, Caiseal – tá oibreacha tugtha chun críche ar Shiúlbhealach Coisithe an Chuarbhóthair, Caiseal.
- Timpeallán curtha isteach ag Acomhal Shráid na Manach / na Príomhshráide, Caiseal.
- Uasghrádú ar shoilse tráchta ag Cúinne Crosses, Baile Thiobraid Árann, a chuimsigh soilse cliste.
- Comharthaí nua (comharthaí dátheangacha san áireamh) curtha isteach ar na bóithre isteach, Caiseal.
- Feabhsú an Réimse Phoiblí – Iarratais ar mhaoiniú faoi Scéim 2018 um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte - Feabhsú Chlós an Mhargaidh Baile Thiobraid Árann agus Cearnóg an Gheata Íochtair, Caiseal.
- Leabharlann Nua oscailte san Excel, Tiobraid Árann
- Feabhsúchán beartaithe ar an N24 Sráid an Dáibhéidigh, Sráid na hEaglaise, Baile Thiobraid Árann.
- Ag obair i dtreo rochtain a sholáthar do Choisithe ar thailte ag Cúl Theach na Cúirte, Caiseal.
- Na Cnoic, Baile Thiobraid Árann – Bealach Nua curtha isteach le Balla Taobh Bóthair agus é suite siar.

▶ Siúlbhealach an Chuarbhóthair, Caiseal.



▶ An Cuarbhóthar, Soilse Nua Curtha Isteach



▶ Oibreacha ar Bhóithre Rosanna, Baile Thiobraid Árann



### Ladyswell, Caiseal, Timpeallán Curtha Isteach

Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre



### Na Cnoic, Baile Thiobraid Árann – Bealach Nua curtha isteach le Balla Taobh Bóthair agus é suite siar.

Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre





# AG OBAIR LEIS AN BPOBAL/BAILTE & SRÁIDBHAILTE A FHEABHSÚ

## DEONTAIS DO BHAILTE SLACHTMHARA

**Ba iad na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo i rith 2018 ná:**

| AINM | Leithdháileadh 2018 |
|---|---|
| Cumann Cónaitheoirí Bhóthar Eatharlaí | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí an Dúiche | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara na Báinsí | €1180.00 |
| Cumann Bailte Slachtmhara na Ceapaí | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara Chaisil | €4880.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Radharc na hEaglaise | €1180.00 |
| Forbairt Chluain Abhla/an Rois Mhóir | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Crescent Court | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara Chuilinn | €1180.00 |
| Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Eochaille | €1180.00 |
| Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Droma | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara Imligh | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara an Ghabhailín | €1180.00 |
| Kilnamanagh Court | €1180.00 |
| Cumann Bailte Slachtmhara Chill Rois | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara Laitean | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Oliver Plunkett Park | €1180.00 |
| Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí Charraigín na Plúbóige | €1180.00 |
| Cumann Cónaitheoirí The Steeples | €1180.00 |
| Bailte Slachtmhara Bhaile Thomáis | €1180.00 |
| Coiste Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann | €4880.00 |
| **LEITHDHÁILEADH IOMLÁN** | **€35720.00** |

## Bailte Slachtmhara Dhún Droma

**Roimh na hoibreacha**



**Tar éis na n-Oibreacha**



## Bailte Slachtmhara an Ghabhailín

**Roimh na hoibreacha**



**Tar éis na n-Oibreacha**



## Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste

**Roimh na hoibreacha**



**Tar éis na n-Oibreacha**



## Deontais Reilige

**Ba iad na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo i rith 2018 ná:**

| Faighteoir Deontais | Leithdháileadh 2018 |
|---|---|
| Áth na Cairte - R Cill Phádraig | €2057.50 |
| Reilig Ard Máil | €1130.00 |
| Reilig Bhaile na Cúirte | €1130.00 |
| Reilig Bhaile an Teampaill | €1085.00 |
| Reilig na Báinsí | €1085.00 |
| An Cheapach - Sean/Nua | € 2,215.00 |
| Ardeaglais Chaisil | €1085.00 |
| Eaglais Chluain Big Naomh Sedna | €860.00 |
| Coiste Seanreilig & Reilig Nua Chluain Abhla | € 2,915.50 |
| Cuileann | €927.50 |
| An Daingean - Cothabháil an Daingin | €927.50 |
| Coiste Seanreilige/Reilige Nua Imligh | €1990.00 |
| Reilig Áth an Chuilinn | €1130.00 |
| Reilig Chill tSeáin | €927.50 |
| Coiste Reilig Bhaile an Logáin Íochtarach | €927.50 |
| Coiste Reilig Nua Laitean | €1130.00 |
| Coiste Sheanreilig Laitean | €860.00 |
| Eaglais na hÉireann sa Mhóin Ard | €860.00 |
| Seanreilig Dhún Eochaille | €927.50 |
| Coiste Reilig Shrónaill | €860.00 |
| Reilig Solohead | €1085.00 |
| Eoin Baiste | €860.00 |
| Reilig Mharcais ón nGorta Mór | €860.00 |
| Eaglais Mhuire de chuid Eaglais na hÉireann | €860.00 |
| Eaglais Mhuire, Dún Droma | €860.00 |
| Reilig Sheanáin | €1130.00 |
| Reilig an Teampaill Nua | €927.50 |
| Reilig Thuama | €860.00 |
| **Iomlán** | **€ 32,473.00** |

## Deontais Féilte & Imeachtaí Thiobraid Árann 2018

**Dámhadh deontais ar luach €27,144 ar 8 ngrúpa ar fud an Cheantair sin le haghaidh 2018**

| Iarratasóir | Féile | Deontas Beartaithe |
|---|---|---|
| Cuideachta Oidhreachta Excel Thiobraid Árann Teo., | Ag Cuimhneamh ar 1918 - Iúil 2018 | 2,500 |
| Gan Dramhaíl ar Bith, Caiseal, Co. Thiobraid Árann | Féile Gan Dramhaíl ar Bith, Caiseal, Co. Thiobraid Árann - 22 Aibreán 2018 | 2,040 |
| Bailte Slachtmhara Imligh | Ceiliúradh Spiorad an Phobail 12-14 Iúil | 2,500 |
| Seó Talmhaíochta & Tionscail na Báinsí | 22 Lúnasa, 2018. | 950 |
| Paráid Lá Fhéile Pádraig Caiseal | 17 Márta 2018 | 1,722 |
| Féile Peile Dhún Eochaille | 21-22 Iúil 2018 | 432 |
| **Iomlán** | | **€ 10,144** |

| Deontais Bhardasacha | | |
|---|---|---|
| **Iarratasóir** | **Féile** | **Deontas Beartaithe** |
| Féile Ealaíon Chaisil | 20-23 Meán Fómhair 2018 | 12,000 |
| Féile Thiobraid Árann | 14 & 15 Iúil 2018 | 5000 |
| **Iomlán** | | **€17,000** |
| **Iomlán Foriomlán** | | **€27,144** |

## Cuideachta Oidhreachta Excel Thiobraid Árann - Ag Cuimhneamh ar 1918

Reáchtáladh Féile Oidhreachta Excel Thiobraid Árann ó 22-25 Lúnasa agus chuimsigh sí taispeántas/léacht agus siúlóid Baile.

**Grianghraf thíos ag áirse an Chuimhneacháin (siúlóid & caint ag an bhféile).**







## Féile Gan Dramhaíl ar Bith

Ar an Domhnach, an $^{22}$ Aibreán 2018, reáchtáladh Féile Gan Dramhaíl ar Bith i gCaiseal. Eagraíodh an fhéile mar chuid den Fhéile gan Dramhaíl ar Bith i gCaiseal ar an$^{22}$ Aibreán arb é an Lá Domhanda Idirnáisiúnta freisin. Is é an téama i 2018 'Cuir deireadh le Truailliú Plaisteach'. Reáchtáladh an Fhéile Gan Dramhaíl ar Bith a bhí ar siúl ar feadh lá amháin i Halla na Féile, Caiseal. Bhí roinnt cainteanna agus ceardlann ar siúl a bhí dírithe ar chabhrú leat do chuid dramhaíola a laghdú agus airgead a shábháil ag an am céanna. I measc na gceardlann bhí foghlaim conas do chuid táirgí glantacháin tí agus glantach neamhthocsaineach féin a dhéanamh, fillteoga éadaigh céir bheach a dhéanamh ar féidir a úsáid arís, buamaí folcadáin a dhéanamh do pháistí.

Leis an tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith i gCaiseal moladh d'úsáideoirí pacáistiú plaisteach breise a fhágáil sna hollmhargaí. Bhí coimeádáin fágtha amach do shiopadóirí ag an gcuid is mó de na príomh-ollmhargaí le go bhféadfadh siad aon phacáistiú plaisteach nár theastaigh uathu a fhágáil ansin.

Fuarthas go leor aiseolais dhearfach uathu siúd a d'fhreastail ar an imeacht nua seo i gCaiseal.

**Grianghraf thíos ón bhFéile Gan Dramhaíl ar Bith**




Ó Chlé:- June Moloney, Sr. Mary Walsh, Josephine Quinn & Derry O' Donnell.

## Bailte Slachtmhara Imligh - Ceiliúradh Spiorad an Phobail 12-14 Iúil.

Bhí Féile Spiorad an Phobail in Imleach ar siúl ón 10$^{go\ dtí\ an}$ 15$^{Iúil}$ agus í lán le siamsaíocht teaghlaigh, imeachtaí ceoil agus imeachtaí cultúrtha áitiúla eile. Is é an smaoineamh atá taobh thiar d'Fhéile Spiorad an Phobail in Imleach ná go bhfuil Bailte Slachtmhara Imligh ag ceiliúradh 30 bliain dá chuid oibre i mbliana agus go bhfuil Bailte Slachtmhara Náisiúnta i bhfeidhm ar feadh 60 bliana. Cinneadh féile a reáchtáil chun an ócáid seo a cheiliúradh ach ba mhian leo freisin go mbeadh an pobal go léir rannpháirteach mar a bhí le Bailte Slachtmhara i gcaitheamh na mbliana. Déanann na clubanna, na scoileanna agus na gnóthais go léir na himeachtaí éagsúla a eagrú agus a rith. I measc bhuaicphointí na féile bhí taispeántas álainn bláthanna in eaglais Naomh Ailbhe a chruthaigh na bláthadóirí eaglaise go léir sa cheantar agus mórthimpeall air.

## Saorálaithe agus rannpháirtithe Fhéile Spiorad an Phobail in Imleach ag an seoladh oifigiúil i gcarrchlós Eaglais Naomh Ailbhe.





## Seó Talmhaíochta & Tionscail na Báinsí

Reáchtáil Seó Talmhaíochta & Tionscail na Báinsí a 62ú Seó i sráidbhaile na Báinsí i Lúnasa 2018. Is Seó Talmhaíochta & Tionscail é seo ina mbíonn taispeántais éagsúla ó Eallaigh, Chapaillíní, Chapaill, Caoirigh, Torthaí, Bláthanna, Glasraí, Ceirdeanna Baile, Feithiclí Talmhaíochta chomh maith le Comórtais Bhréigéide do na páistí agus Seó Madraí.

**Grianghraf thíos ó Fhéile na Báinsí**





## Paráid Lá Fhéile Pádraig i gCaiseal

Reáchtáladh Paráid Lá Fhéile Pádraig Chaisil ar an Satharn an 17 Márta, tharraing sé idir óg agus aosta agus lá iontach ab ea é don teaghlach.






## Féile Peile Dhún Eochaille

Bhí Féile Peile Dhún Eochaille ar siúl ar an Aoine an 3 Lúnasa i bpáirt Sacair Dhún Eochaille, Co. Thiobraid Árann. Tharraing an fhéile seo daoine áitiúla, cuairteoirí, lucht leantóirí spóirt, lucht leantóirí sacair agus tuismitheoirí leanaí áitiúla. Chruthaigh an fhéile seo atmaisféar iontach timpeall an tsráidbhaile.



## Féile Ealaíon Chaisil

D'oscail Féile Ealaíon Chaisil ar an 1 Meán Fómhair, 2018 ag Carraig Chaisil agus seoladh a bróisiúr i dtimpeallacht mheánaoiseach Fhearann na mBíocairí. Ceiliúrtar leis an bhFéile Ealaíon saibhreas na healaíne, na gceirdeanna, an cheoil agus an téatair a chuireann solas inár saol agus inár dtithe. Bhí an fhéile ar siúl ón 20 – 23 Meán Fómhair agus chuimsigh sí céad Bhlas den Chaiseal, taispeántais cheardaíochta, oíche chultúir, ceol, ceardlanna, amharclannaíocht sráide, scannán, na físealaíona agus go leor imeachtaí eile. I measc urraithe an imeachta bhí an Chomhairle Ealaíon, Gnóthas Áitiúil, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus urraithe eile.

**Oíche Chultúrtha Fhéile Ealaíon Chaisil**



**Las na Lampaí ar Oíche Chultúrtha.**



## Féile Thiobraid Árann

Reáchtáladh Féile Bhaile Thiobraid Árann "It's a Long Way to Tipperary" ar an 13 agus an 14 Iúil, 2018. I measc na n-imeachtaí bhí bronnadh corónach do Mhórtas Thiobraid Árann, Craobhchomórtais na hÉireann um Rolladh Cuinneoige, margadh bia & ceardaíocht, seó madraí agus siamsaíocht sráide.

**Pictiúir ón bhFéile thíos**





## BAILTE SLACHTMHARA CHAISIL

**Caiseal a Choimeád Glan**

Chabhraigh baill de Chlub Rothaithe Charraig Chaisil le Grúpa Bailte Slachtmhara Chaisil i mí an Mheitheamh agus iad ag scuabadh agus ag baint fialaí de Bhóthar Chamais a úsáideann go leor turasóirí le siúl isteach sa bhaile ón gCarraig nó cuairt a thabhairt ar Hore Abbey.



## Bronntanas do Bhailte Slachtmhara Chaisil

Fuair Bailte Slachtmhara Chaisil bronntanas de lámhainní agus mhálaí ó Derek Fanning ó Ionad Saorálaithe Thiobraid Árann. Sa phictiúr thíos tá na Saorálaithe ó Bhaile Slachtmhara Chaisil agus Derek Fanning.





## Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh - Gairdín Orgánach ag ceiliúradh 20 bliana ar an bhfód.



Ar an 30 Meitheamh cheiliúir Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh 20 bliain ó bunaíodh a Gairdín Orgánach. I measc bhuaicphointí na n-imeachtaí bhí oscailt linne nua d'fhiadhúlra. Bhí caint ag Hogsprickles Animal Rescue agus tugadh deis do chách cuairt a thabhairt ar an ngairdín álainn, na tolláin agus na plandaí, luibheanna agus glasraí iomaí a fheiceáil. Osclaíodh a linn nua d'fhiadhúlra.

# FORBAIRT EACNAMAÍOCH

## BAILE THIOBRAID ÁRANN BAILE FIONTRAÍOCHTA

### Taispeántas Spórt & Cultúir Pobail

Reáchtáladh Taispeántas Gnó, Pobail agus Spóirt in Ionad an Chanónaigh Hayes ar an Aoine, an 25 Bealtaine 2018. Mar chuid den oíche taispeánadh scoth Bhaile Thiobraid Árann agus an Ghnó Áitiúil.

Bhí sceideal gnóthach de láithreachais, chainteanna gnó agus máistir-rang iománaíochta ar siúl do pháistí le Mick Ryan, Bainisteoir Thiobraid Árann, John Kiely Bainisteoir Luimneach agus an duine cáiliúil Daithí O' Shea.

### Pictiúr thíos ón Taispeántas Gnó, Pobail agus Spórt



### Railí Carranna Seanré Baile Thiobraid Árann

Ar an 1 Aibreán, cheiliúir an Railí Carranna Seanré a 10ú Imeacht Bliantúil. Tharla an Railí ar thailte Phlás Baile Thiobraid Árann agus i measc bhuaicphointí an imeachta bhí; imeacht amach ón mbóthar do rothaithe, rith Turais trí Thiobraid Árann agus láithreachais siar ag an bplás tráthnóna. Imeacht iontach don teaghlach ab ea é agus go leor seastán agus tarraingtí ann, seó madraí ina measc.

### Buaicphointí an Imeachta thíos.








## RAPID

### Dámhachtainí Pobail agus Comhairle na hÉireann

Ghnóthaigh tionscadal Bhaile Thiobraid Árann "Lets Able not Label" Dámhachtain Airgid ag Dámhachtainí Pobail agus Comhairle na hÉireann ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an[3] Feabhra Tugadh tacaíocht don tionscadal ag an bhFoireann Forfheidhmithe Ceantair agus cuireadh ar fáil é ag Réalta Órga Sheirbhísí Míchumais an FSS, na Daltaí Idirbhliana agus Comhordaitheoirí Idirbhliana ó Scoil Ailbhe Naofa, Scoil San Anna agus CBS na Mainistreach i mBaile Thiobraid Árann, L.I.T. agus baill d'Fhóram Míchumais Thiobraid Árann Theas chun Clár Feasachta Míchumais a fhorbairt do dhaltaí nua na céad bliana i meánscoileanna laistigh de Bhaile Thiobraid Árann.

**Sa phictiúr thíos ón searmanas bronnta.**




Ó Chlé:- Carol Moore Hse, an Cmhlr. Phyl Bulger, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Sinead Carr, Stiúrthóir Seirbhísí, Fiona Crotty, Oifigeach Riaracháin, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus an Cmhlr Michael Fitzgerald, Comhairle Contae Thiobraid Árann

## COMHSHAOL

### EARRAÍ TÉAGARTHA

I mí Aibreáin 2018 rinne Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann bailiúchán um dhramhearraí téagartha ó shealbhóirí tí i mBaile Thiobraid Árann.



Ó Chlé:- Gerry Sutton, Oibrí Ginearálta agus Jimmy Glasheen, Oibrí Ginearálta

## TIONSCADAL GAN DRAMHAÍL AR BITH

### BAILE CHAISIL

Leanann Caiseal ar aghaidh lena iarracht bheith mar an gcéad phobal "gan dramhaíl ar bith" in Éirinn agus é ag leanúint os cionn 200 baile agus cathrach ar fud an domhain a bhfuil ina measc San Francisco. D'oibrigh VOICE, carthanas comhshaoil arb í dramhaíl a sainréimse agus an geilleagar ciorclach as lámh a chéile le hOifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistiú Dramhaíola (SRWMO) chun tús a chur le tionscadal píolótach "i dtreo gan dramhaíl ar bith" i gCaiseal. Ceapadh an tUas. Derry O' Donnell mar an mbainisteoir tionscadal agus tá sé bunaithe ar an bPríomhshráid, Caiseal.

D'aistrigh Amneal Pharmaceuticals i gCaiseal ó úsáid a bhaint as cupáin chaife indiúscartha, neamh-inathchúrsáilte, neamh-inmhúirínithe go húsáid a bhaint as cupáin chaife inmhúirínithe. Tacaíonn Amneal leis an Tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith i gCaiseal agus leanfaidh iad ar aghaidh ag úsáid a gcuid créghréithre agus sceanra in-athúsáidte. Le déanaí thug siad roinnt bairillí plaisteacha cait le húsáid ag Seid na bhFear i gCaiseal chun rothladóirí múirín a dhéanamh. Leanfaidh Gan Dramhaíl ar Bith - Caiseal ar aghaidh ag cur chun cinn cupán inathúsáidte mar an gcéad rogha do thae agus chaife beir leat. Táirgeann go leor caiféanna i gCaiseal lascaine nuair a thógann tú do chupán féin leat.

**Grianghraf thíos ag Amneal Pharmaceuticals, Caiseal**



## Seoladh na léarscáile nua Gan Dramhaíl ar Bith i gcomhpháirt le Bailte Slachtmhara Chaisil


Seoladh Léarscáil idirghníomhach Gan Dramhaíl ar Bith do Chaiseal ar líne i bhFeabhra 2018 mar chuid den Tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith i gCaiseal. Ligeann an léarscáil nua d'úsáideoirí féachaint ar na tionscnaimh eile gan dramhaíl ar bith a chuirtear i bhfeidhm ag gnóthais agus eagraíochtaí eile i gCaiseal. Is tionscnamh saor in aisce é seo gur féidir le gnóthais agus grúpaí pobail páirt a ghlacadh ann.

**Sa phictiúr ag Seoladh na Léarscáile Gan Dramhaíl ar Bith do Chaiseal**




Ó Chlé:- Cliff Cope, Bailte Slachtmhara Chaisil, An Cmhlr Roger Kennedy, Leas-Cathaoirleach, CB Chaisil Thiobraid Árann, Paddy Downey, Bailte Slachtmhara Chaisil, Sr. Mary Walsh, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá, Jean O' Dwyer, Bailte Slachtmhara Chaisil, Derry O' Donnell, Gan Dramhaíl ar Bith - Caiseal agus an Cmhlr Martin Browne.

**Léarscáil Gan Dramhaíl ar Bith do Chaiseal**



## Dámhachtainí Gníomhaithe Timpeallachta Óga

Cháiligh Daltaí Idirbhliana ó Mheánscoil San Anna don bhabhta ceannais náisiúnta de Dhámhachtainí ECO-UNESCO do Ghníomhaithe Timpeallachta Óga. Le déanaí thaisteal foireann na n-Daltaí Idirbhliana ó Scoil San Anna chuig an gcéim bhabhta leathcheannais den chomórtas in ECO-DEN Mumhan. Ba é teideal a dtionscadail ná BEE A Hero. Is é Dámhachtain ECO-UNESCO do Ghníomhaithe Timpeallachta Óga an ceiliúradh Uile-Oileáin is mó in Éirinn ar Ghníomhaíocht ar son na Timpeallachta ag daoine óga. Chruthaigh Daltaí Idirbhliana ó Scoil San Anna an tionscadal Bee A Hero chun feasacht a ardú faoi bheacha agus oideachas a chur ar dhaoine óga faoi conas agus cén fáth gur cheart dúinn ár gcuid beach a chosaint. Fuair na cailíní maoiniú €750 chun gnáthóga Beiche a chur chun cinn sa cheantar. Le treoir ó Albert Nolan, úsáidfear an maoiniú seo chun plandaí a chur i limistéar mór i gCnoic Thiobraid Árann. Críochnófar an tionscadal i gcomhpháirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann.

Taispeántar sa phictiúr thíos Daltaí ó Mheánscoil San Ann ag cur plandaí a chothaíonn beacha i gCnoic Thiobraid Árann. Baineadh é sin amach leis an airgead a fuair siad ag The Den dá dtionscadal do Nuálaithe Sóisialta Óga.



Daltaí ó Mheánscoil San Anna: Klaudia Sokol, Múinteoir Ms. Rose O' Connor Ryan, Leah Cremins, Caoimhe Carey, Sarah Vaughan agus Amy Kuss.

## Córas tuilsoilse nua ag Carraig Chaisil

Cuireadh córas Tuilsoilse nua i bhfeidhm ag Carraig Chaisil. Is féidir leis na spotsoilse LED an Charraig a shoilsiú le dathanna speisialta d'ócáidí séasúracha agus speisialta – mar glas le haghaidh Lá Fhéile Pádraig, buí d'ócáidí Darkness into Light agus bándearg d'Fheasacht Ailse Cíche.

Grianghraif thíos de Charraig lasta le bándearg agus glas le haghaidh Lá Fhéile Pádraig agus Thaighde Ailse Cíche.






## Paráid Lá Fhéile Pádraig, Baile Chaisil / Baile Thiobraid Árann

**Lá Fhéile Pádraig i gCaiseal**

Ba é an téama i mbliana do Pharáid Lá Fhéile Pádraig i gCaiseal ná 'ACTIVATE', agus reáchtáladh í ar an Satharn, an 17 Márta.

Is í an pharáid an taispeántas saor in aisce is mó sa bhaile do ghrúpaí pobail, cultúrtha agus spóirt, is imeacht idéalach é d'eagraíocht le taispeáint a ghníomhaí is atá siad sa bhaile.

**Seo thíos rogha íomhánna ón bparáid.**





## Baile Thiobraid Árann

D'éirigh thar cionn le Paráid Lá Fhéile Pádraig 2018 i mBaile Thiobraid Árann. Bhog an pharáid ó Bhóthar Uí Chonaill, síos Sráid Uí Bhriain agus suas an Phríomhshráid chuig an seastán féachana. Ba í an Ceann Feadhna ná Captaen Foireann Peile Idirmheánaí na mBan Thiobraid Árann Mairéad Morrissey, a thóg a foireann Corn Cuimhneacháin Mary Quinn abhaile leo.

**Seo thíos rogha íomhánna ón bparáid.**









## Scéim um Feabhsú Sráid-dreach/ Aghaidheanna Siopa 2018

**Tríd an Scéim um Feabhsú Sráid-Dreach/Aghaidheanna Siopaí cuireadh cúnamh deontais ar fáil chun cabhrú le húinéirí / áititheoirí réadmhaoine atá suite i bPríomhcheantair Mhiondíola Chaisil agus Bhaile Thiobraid Árann an tsráid-dreach a fheabhsú trí:**

1. Comharthaí, feistithe comhaimseartha míchuí agus tranglam ginearálta a bhaint agus comharthaí éadan siopa a chur ina n-ionad (agus béim ar chomharthaí péinteáilte de lámh,
2. Péinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta ar éadain siopa atá ann cheana féin,
3. Cur suas shoithigh plandaí, ciseáin crochta bláthanna etc nó feabhsúcháin eile ar an timpeallacht.

I mBaile Thiobraid Árann, bhain 23 n-iarratasóir leas as an Scéim.

## Uimh. 8 An Phríomhshráid Thoir, Baile Thiobraid Árann.

**Roimh na hOibreacha**




**Tar éis na n-Oibreacha**




## I mBaile Chaisil, bhain 28 iarratasóir leas as an Scéim.

## Uimh. 11 Plás an Bhainc, Caiseal

**Roimh na hOibreacha**




**Tar éis na n-Oibreacha**




## Uimh. 97 An Phríomhshráid

**Roimh na hOibreacha**




**Tar éis na n-Oibreacha**



# AN OIDHREACHT

## Fóraim Lár Baile

**I measc roinnt tionscnamh ar tugadh fúthu bhí.**

- Gné ealaíonta do Bhóithre Isteach Chaisil

Le cúnamh deontais ón gCeantar Bardasach, chuir Baile Slachtmhara Chaisil suas dealbh de Naomh Pádraig agus é ag baisteadh Naomh Aenghusa ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Caiseal. Cuireadh an dealbh suas ag an dealbhóir áitiúil atá lonnaithe i Mainistir na Croiche, Philip Quinn ó Stonemad. Pictiúr thíos le Cliff Cope, Bailte Slachtmhara Chaisil.

**Pictiúr roimh an Obair**



**Pictiúr i ndiaidh na hOibre**



B) Thug an Ceantar Bardasach coimisiún do mhúrmhaisiú ar chlós súgartha na Comhairle taobh le hIonad Fóillíochta an Chanónaigh Hayes agus ba é an tUas. Neil O' Dwyer a rinne é, bhí cuairteoirí chuig an gclós súgartha an-tógtha leis an múrmhaisiú.

**Pictiúr roimh an Obair**



**Pictiúr i ndiaidh na hOibre**



## RÁS

D'óstaigh Baile Thiobraid Árann Céim Críochnaithe de Rás Tailteann i mBealtaine 2018.

Bhí dhá fhoireann ag Tiobraid Árann sa Rás i mbliana – Ionad Rothaíochta Collins agus Panduit (Pan-Jewit) Carrick Wheelers.

Thrasnaigh Simon Ryan as Baile Thiobraid Árann an chríochlíne ag céim 2 den Rás i mbliana agus é sa cheathrú háit san iomlán ag an gcéim ach sa chéad áit as rothaithe an 'chontae'.

## Nascadh

**Cuireann an Cathaoirleach Fáilte roimh Chuairteoirí as Nascbhaile Thiobraid Árann, Mautern san Ostair**

Ar an Luan an[4] Meitheamh 2018, bhí an-áthas ar an Cmhlr Michael FitzGerald chomh maith le Coiste Nasctha Bhaile Thiobraid Árann fáilte a chur roimh thoscaireacht as Mautern san Ostair.

Bhronn an Cathaoirleach cuimhneacháin bheaga orthu. I rith an chúpla lae a chaith na cuairteoirí am ag Carraig Chaisil, Caisleán Chathair Dúin Iascaigh, Swiss Cottage agus Cnoc Thiobraid Árann.  Rinneadh do leor plé faoi smaointe agus dheiseanna féideartha do mhalairt mac léinn sa todhchaí.







## Leabharlann Thiobraid Árann in Ionad Excel

### Oscailt Oifigiúil

Osclaíodh go hoifigiúil leabharlann nua do Bhaile Thiobraid Árann ar an 28 Bealtaine. Is í an Leabharlann seo an chéad leabharlann i gContae Thiobraid Árann a sholáthraíonn sraith de réitigh teicneolaíochta nua don phobal. Ina measc siúd tá Aithint Radaimhinicíochta (RFID) a rachaidh in ionad teicneolaíocht an bharrachóid ar stoc na leabhar agus a ligeann d'úsáideoirí Leabharlainne a gcuid leabhar féin a sheiceáil amach. Chomh maith leis sin, tugadh isteach seirbhísí nua mar phriontáil Wi-Fi ar fhón póca nó tháibléad, cianphriontáil ón mbaile agus rochtain ar shraith nua de ríomhairí poiblí. Gheofar rochtain ar go leor de na seirbhísí sin tí Bhoth Féinseirbhísí a úsáideann teicneolaíocht úrscothach scáileáin tadhaill mar phointe rochtana don úsáideoir.

Freisin tá go leor infheistithe ag an Leabharlann i leabhair úrnua don Leabharlann agus béim faoi leith curtha ar leabhair do Leanaí.

Sa Leabharlann nua seo i mBaile Thiobraid Árann cuirtear fáilte roimh choincheap nua-aimseartha na leabharlainne mar atá spás pobail ardchaighdeáin ina gcuirtear fáilte roimh chách.





Ó Chlé:- An Cathaoirleach an Cmhlr. Michael Fitzgerald, Phyl Bugler, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, an tUas. Joe MacGrath, Príomhfheidhmeanach.



## Linn Snámha Bhaile Thiobraid Árann

Ritheann an Chomhairle Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy atá suite i mBaile Thiobraid Árann agus atá taobh le hIonad Fóillíochta an Chanónaigh Hayes. Bíonn an linn oscailte don phobal ó 10am go 9.45pm ón Luan go dtí an Aoine agus ó 10am go 6.45pm ar an Satharn agus an Domhnach. Cuirtear ceachtanna snámha ar fáil ann do dhaoine fásta agus ghrúpaí ar bhonn grúpa, ranganna duine le duine, agus ranganna beirte agus aon teagascóir amháin. Le blianta beaga anuas, i dteannta le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, thug lucht bainistíochta na linne faoi raon de bhearta i 2018 um shábháil airgid i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. D'aontaigh an linn ar chomhbhallraíocht le hIonad Fóillíochta an Chanónaigh Hayes, is féidir le baill an dá háis a úsáid faoi bhallraíocht amháin ar chostas €499. Bliain ghnóthach ab ea 2018 agus cuairt tugtha ag 69,178 duine ar an linn.

### Sa phictiúr thíos ag an Oiliúint Forbartha Gairmiúla Leantaí do Ghardaí Tarrthála



Ó Chlé:- Niall Fitzgerald agus Maurice Mulhair

### Sa phictiúr thíos ó Chlub Trí-atlan Tipperary Wheelers

Club Trí-atlan atá bunaithe i mBaile Thiobraid Árann atá i Tipperary Wheelers. Baineann an Grúpa seo úsáid as Linn Snámha Thiobraid Árann ó Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin gach bliain. Tá an grúpa déanta suas de chóitseálaí atá cáilithe go hiomlán ag trí-atlan Éireann agus idir 20 agus 25 ball snámha.



## Siompóisiam Miondíola Chontae Thiobraid Árann

Ar an7 Márta 2018 d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann Siompóisiam Miondíola a reáchtáladh in Óstán Ballykisteen, acomhal Luimnigh. Ba é a bhí san imeacht seo ná tráthnóna de chainteanna, cheardlanna agus líonrú a bhí dírithe ar nuáil sa mhiondíol i gContae Thiobraid Árann a chur chun cinn. Imeacht rí-thábhachtach a bhí ann do mhiondíoltóirí ó Thiobraid Árann ina raibh láithreachais ó chainteoirí saineolacha, agus iad go léir dírithe ar smaointe praiticiúla agus spreagúla a chur ar fáil chun tacú lena ngnó miondíola. Bhí saineolaithe miondíola náisiúnta ar fáil chun a saineolas a thabhairt d'úinéirí/d'oibreoirí siopa, agus ina measc Conor Pope, Comhfhreagraí Ghnóthaí Custaiméara, Irish Times; David Fitzsimons, Retail Excellence; Rachel Doyle Arboretum; Mary McAuliffe, Comhairleoir Cruthaitheach agus Edel Caravan as Web HQ agus an feachtas "#c'montippbuylocal".

**Sa phictiúr thíos ag an Siompóisiam Miondíola**



Ó Chlé:- Clare Curley, Stiúrthóir Seirbhísí Co Co Thiobraid Árann, Roger Kennedy, Leaschathaoirleach, Co Co Thiobraid Árann., Rachel Doyle, an Arboretum, David Fitzsimons, Retail Excellence Ireland agus Marie McGivern, Riarthóir Ceantair Caiseal-Tiobraid Arann, CB.

## Áiseanna Caithimh Aimsire ag Críost Rí, Tiobraid Árann

Mar chuid den tionscnamh um pobail inbhuanaithe ar a dtugtar Get Involved, chríochnaigh Cumann Fáilte Ghleann Eatharlaí oibreacha ag pointe amhairc Chríost Rí. D'fhorbair 51 nuachtán áitiúil ar fud na hÉireann Get Involved agus is é an tionscnamh um pobail inbhuanaithe ar bealach é do phobail áitiúla ar fud na hÉireann chun oibriú le chéile lena saol féin a fheabhsú, poist a chruthú, agus an timpeallacht a chosaint.

Bainfidh go leor daoine áitiúla agus turasóirí taitneamh as na feabhsúcháin nua ag pointe radhairc Chríost Rí. Chuimsigh na hoibreacha: athdhromchlú ar na cosáin go léir, comharthaí in aice leis an dealbh a bhogadh, cúig bhord picnice a chur isteach, crainn a bhaint a cheile an radharc trasna na nGaibhlte agus cúig shuíochán nua a chur isteach ag an mbruach uachtair a bheidh inrochtana do chathaoireacha rotha. Áiríodh leis na hoibreacha freisin an balla cloiche a athphointeáil, doras síog a chur isteach sa Pháirc Dúlra agus an ráille láimhe agus an droichead síos in aice leis na Céimeanna a dheisiú/a athsholáthar.



Grianghraf thuas de cheann de na boird phicnice nua ag féachaint thar Ghleann Eatharlaí; Cathaoirleach Fháilte Eatharlaí Carmel Donovan & Helen Morrissey.



## Caiseal a Fhorbairt mar Bhaile Turasóirí i Sean-Oirthear na hÉireann

### Baile Turasóirí – Caiseal

Roghnaíodh Caiseal mar Bhaile Turasóirí píolótach i Sean-Oirthear na hÉireann ag an tionscnamh straitéiseach nua de chuid Fháilte Éireann, Bailte Turasóra.

Plean forbartha trí-bliana a chruthú chun fás ar ioncam agus líon na gcuairteoirí i gCaiseal a spreagadh.

Oibriú le Carraig Chaisil agus leis an mBaile chun aontú ar phlean le líon na gcuairteoirí a scaipeadh ar fud an bhaile agus an chontae.

Geilleagar na hoíche a stiúradh trí fháilteachas iontach san oíche, roghanna siamsaíochta agus uaireanta oscailte níos faide ag Carraig Chaisil.

Tréimhse fanachta agus fás a mhéadú d'oícheanta leapa chun ceadú do níos mó tairbhí eacnamaíocha don gheilleagar áitiúil trí himeachtaí oíche agus naisc le táirgeoirí bia agus dí.

Toradh; gluaiseacht líon mór cuairteoirí gearrchuairte ó Charraig Chaisil go Baile Chaisil chun leas a bhaint as eispéiris chuairteora a spreagann iad chun níos mó ama a chaitheamh sa bhaile agus sa raon 20km níos leithne timpeall an bhaile.

### Fógraí Feiceálacha sa Spáinn do Charraig Chaisil

Tá na mílte comaitéir i Maidrid agus i mBarcelona ag feiceáil fógraí feiceálacha do Charraig Chaisil ó Mhí Iúil 2018.

Tá Turasóireacht Éireann ag obair as lámh a chéile le Logitravel, ceann de na gníomhairí taistil is mó ar líne sa Spáinn le haghaidh chomhfheachtas fógraíochta chun feasacht a ardú faoi Éirinn mar ionad saoire den scoth agus chun cur le díolacháin phacáistí taistil agus thurais bhus Logitravel ón Spáinn sna míonna amach romhainn. San fheachtas tarraingítear aird ar tharraingtí cáiliúla mar Charraig Chaisil, Aillte Mhothair agus Caisleán Chill Chainnigh. Cuimsíonn an feachtas fógraí ar chláir fógraí i stáisiúin meitreo i Maidrid agus i mBarcelona. Fógraí teilifíse ar stáisiúin náisiúnta, fógraí ar líne ar láithreáin ghréasáin taistil, nuachta agus nós maireachtála a mbíonn éileamh mór orthu.

### Carraig Chaisil mar Réalta i bhFeachtas Turasóireachta Nua san Astráil

Tá turasóirí féideartha as an Astráil á dtarraingt chun na hÉireann le radhairc áille de Charraig Chaisil, i bhfeachtas fógraíochta nua. Seolfaidh an aerlíne idirnáisiúnta Cathay Pacific bealach eitilte nua ó Hong Cong go Baile Átha Cliath i mí an Mheithimh agus ról lárnach ag Carraig Chaisil ina feachtas margaíochta.

Tá tuairim is 20,000 duine a léann an t-irisleabhar Bell Europa san Iodáil ag léamh faoi Charraig Chaisil agus faoi Shean-Oirthear Éireann. In eagrán deireanach de Bell Europa, irisleabhar taistil snasta, bhí forlíonadh speisialta a bhí tiomanta d'Éirinn amháin – agus deich leathanach ann faoi Shean-Oirthear na hÉireann. Is bealach iontach é an clúdach sin le Caiseal agus Oirthear Ársa na hÉireann a thaispeáint do lucht léitheoireachta leathan de chuairteoirí féideartha as an Iodáil a chabhraíonn linn an scéal a scaipeadh faoi na gnéithe speisialta de shaoire in Éirinn.

### Séipéal Chormaic

Tar éis thionscadal mór caomhantais chuir Oifig na n-Oibreacha Poiblí fáilte roimh athoscailt oifigiúil Shéipéal Chormaic, i mí Iúil. Foirgneamh Éireannach ar an stíl Rómhánach é séipéal Chormaic agus é ina chuid de Charraig Chaisil. Tá an séipéal slán sábháilte ó éifeachtaí an uisce báistí anois mar nach féidir leis ligean isteach san fhoirgneamh anois agus ligeadh do na ballaí triomú diaidh ar ndiaidh chun iarsmaí na bpictiúr balla iontach ón meánaois laistigh de a nochtadh.

**Sa phictiúr thíos ag an imeacht don athoscailt oifigiúil.**



Ó chlé:- Elaine Moriarty, Príomthreoraí ag Carraig Chaisil, Michael McDonagh, Príomhsheandálaí Stáit, Michele O' Dea, OPW, an Cmhlr Michael Fitzgerald, Cathaoirleach, Michael McGivern, Riarthóir Ceantair, John McMahon, Coimisinéir OPW, Aighleann O' Shaughnessy, iar-Phríomhsheandálaí, Carraig Chaisil, an Dr Ann Lynch, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.





## Daoine a Chuaigh ar Scor i gCeantar Bardasach Chaisil Thiobraid Árann i 2018

- **Ned Lyons,** Oibrí Ginearálta, Ceantar na Báinsí le Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann, chuaigh sé ar scor ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mBealtaine 2018 tar éis naoi mbliana déag de sheirbhís.
- **Billy Quinn,** Feighlí Reilige, Reilig Mhíchíl, Baile Thiobraid Árann le Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann, chuaigh sé ar scor ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mBealtaine 2018 tar éis ceathracha-haon bhliain de sheirbhís.
- **Joe Forrester,** Tiománaí, Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann, chuaigh sé ar scor ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann i Meitheamh 2018 tar éis fiche-naoi mbliana de sheirbhís.
- **Noel Flavin,** Tiománaí, Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann. Chuaigh sé ar scor ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí na Samhna 2018 ar feadh Ceathracha-Ceathair bhliain de sheirbhís.

*Guímid sláinte agus rath ar Ned, Billy, Joe agus Noel agus iad ar scor.*



## Thug Francis Fitzgerald, Saoiste Baile, na bronntanais seo a leanas dóibh.

### Billy Quinn



Ón gCúl:-Gary Moroney, Tony Delaney.
Ón Tús:- Billy Quinn agus Francis Fitzgerald.

### Joe Forrester



Ó Chlé:- Ar Cúl:- Noel Flavin, Brian Ahearn, Francis Fitzgerald, Billy Quinn, Bernie O' Brien, John Frewen, Gerry Sutton,
Ó Chlé:- Ró Láir:- Peter Lyons, Paddy Clarke, Eamonn Crowe, Joe McGrath, Mikie Morey, Jimmy Glasheen, Richie Burke.
Ó Chlé:- Ró Tosaigh:- Pat Noonan, Tony Delaney, Ger Kiely, Pat Ryan, Joe Forrester, Chrissie Forrester agus Timmy Hanley.

### Scor Noel Flavin



Ó Chlé:- Ar cúl:- Pat Ryan, Joe McGrath, Gerry Kiely, Liam Burke, Billy Quinn, Francis Fitzgerald, Joe Forrestor. Ró Láir:- ó chlé:- Sean Barron, Eamonn Crowe, Gerry Sutton, Noel Flavin, Bernie O' Brien, Timmy Hanley. Ró Tosaigh:- ó chlé:- Pat Noonan, Pat English, Paddy Clarke, Tony Delaney agus Jimmy Glasheen.

## Aimsir Chrua do Thiobraid Árann

**STOIRM EMMA & 'Beithíoch an Oirthir/Best from the East'**

Ag deireadh mhí Feabhra 2018 chruthaigh Stoirm Emma, ar ar tugadh an 'Beast from the East' aimsir chrua do Chontae Thiobraid Árann.



**TONN TEASA BAILE THIOBRAID ÁRANN**



Ó Chlé:- Ger Kiely, Town Gardener agus Pat English, Oibrí Ginearálta. Uisciú bláthanna go luath ar maidin le linn na haimsire teo.

## George Tate & Leo Varadkar



Sa phictiúr tá George agus é ag bronnadh pinn a rinne sé ar an Taoiseach.

Bhí an tUas. George Tate ina ionadaí ar Cheantar Bardasach Chaisil Thiobraid Arann ag fáiltiú i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 17 Aibreán 2018 a d'óstaigh an Taoiseach Leo Varadkar chun buíochas a ghabháil leo siúd a bhí rannpháirteach san iarracht le linn Stoirm Emma agus Hairicín Ophelia.

## Dámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta de chuid Bhanc na hÉireann 2018

Ar an gCéadaoin an 28 Samhain in Óstán Lyrath, Cill Chainnigh, bhuaigh Caiseal Dámhachtain Réigiúnach (Plaic & €3,000) i nDámhachtainí na mBailte Náisiúnta de chuid Bhanc na hÉireann 2018.

Ar lá na moltóireachta a reáchtáladh ar an [11] Meán Fómhair i mBrú Boru, Caiseal, tháinig na páirtithe leasmhara go léir ie an Comhlachas Tráchtála, Fiontraithe Áitiúla; Grúpaí Pobail & Comhairle Contae Thiobraid Árann le chéile chun spiorad an fhiontair sa Bhaile agus sna háiteanna timpeall air a thaispeáint.

Ag na Dámhachtainí, moladh go speisialta tairiscint uathúil oidhreachta Chaisil a chuimsíonn Carraig Chaisil agus an fhíric go bhfuil Caiseal ag bogadh i dtreo todhchaí níos glaine, níos glaine agus é ag díriú ar bheith mar an gcéad Bhaile gan Dramhaíl in Éirinn.



Ó Chlé go Deas: An tUas. Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Ms. M. McGivern, Riarthóir Ceantair, Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann, An tUas. Paschal Donohoe, Aire Airgeadais, An Cmhlr Michael FitzGerald, Cathaoirleach Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann, An Cmhlr Mattie Ryan, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann.




Ó Chlé go Deas: An tUas. Liam Sheedy, Banc na hÉireann, An Cmhlr Michael Fitzgerald, Cathaoirleach, Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann, Ms. M. McGivern, Riarthóir Ceantair, Ceantar Bardasadch Chaisil-Thiobraid Árann, An tUas. Martin Lynch, Uachtarán, Comhlachas Tráchtála Chaisil.

## Scrúdú Sláinte ar Lár Baile Chaisil

I 2016 Roghnaíodh Caiseal ag an gComhairle Oidhreachta mar cheann de dheich mbaile in Éirinn don chlár oiliúna Scrúdú Sláinte Náisiúnta ar Lár Baile (SSNLB). Tá an clár nuálach náisiúnta sin um forbairt acmhainne 'Bailte' ceaptha ag agus le haghaidh údarás áitiúil, gnóthais lár baile agus grúpaí áitiúla saoránaigh/pobail, agus dlúththacaíocht mheantóireachta aige ó ranna rialtais, gníomhaireachtaí (go háirithe an Chomhairle Oidhreachta), cleachtóirí gairmiúla (pleanálaithe baile/ ailtirí) agus daoine acadúla a bhfuil taithí acu ar athbheochan lár baile; dearadh uirbeach; agus pleanáil, oidhreacht agus bainistíocht comhshaoil in Éirinn agus in áiteanna eile.

Príomhaidhm atá ag an gclár píolótach oiliúna sin um TCHC é feasacht agus tuiscint a mhéadú maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag ár láir bhaile stairiúla agus an tionchar fadréimseach atá ag a n-inmharthanacht, a mbeogacht agus a mbríomhaireacht ar a bhfás agus forbairt shocheacnamaíoch, chomhshaoil agus chultúrtha ar an iomlán. Tá sé beartaithe go n-aithneofar an clár oiliúna "píolótach" sin ar fud an domhain mar shamhail chomhoibritheach dea-chleachtais um bainistíocht agus athbheochan lár baile.

Tugadh faoi obair an tionscadail ag líon beag saorálaithe, foireann na Comhairle agus iarbhall foirne ó LIT a thug ionchur thar ceann LIT, roinnt sainsoláthraithe ó LIT agus Ionad Saorálaithe Thiobraid Árann agus a chuid Ball Foirne. Earcaíodh roinnt daltaí idirbhliana ó na scoileanna áitiúla chomh maith chun cabhrú leis an suirbhé ar líon custaiméirí.

Ba é an clár foriomlán oibre a aithníodh ná; Teorainn Lá an Bhaile a Aithint; Cúlra agus comhthéacs, Úsáid Talún, Soláthar páirceála, Suirbhé ar shiopadóirí, Suirbhé ar mhiondíoltóirí, Suirbhé torainn, Inrochtaineacht, Suirbhé ar líon custaiméirí, Cáilíocht chomhshaoil, Figiúir coireachta, Suirbhé ar shreabhadh tráchta, Luachanna réadmhaoine agus Tuairisc Dheireanach.

## Dámhachtain IPB um Mórtas Áite 2018

D'óstaigh Sráidbhaile Dhún Eochaille painéal na moltóirí don chomórtas mór le rá 'Mórtas Áite' ag IPB i mí Lúnasa. Is é atá i Mórtas Áite, a ritheann Co-operation Ireland i dteannta le húdaráis áitiúla, ná comórtas uile-oileáin a ligeann d'iontrálaithe an tsárobair a thaispeáint a dhéantar chun pobail áitiúla a dhéanamh níos fearr mar áit um chónaí. Cuireadh fáilte roimh gach duine ag an imeacht Mórtas Áite a thosaigh ag 2.30 p.m. i Sráidbhaile Dhún Eochaille ar an[3] Lúnasa agus bhí imeacht Lá Spraoi ar siúl ag an gclós súgartha do pháistí faoi bhun 12. Le haghaidh na ndaoine scothaosta sa phobal, reáchtáladh cluiche sacair ag an gcoimpléasc pobail.

## Coiste Pobail Dhún Eochaille, roimh an moltóireacht.




## Múrmhaisiú ar Chearnóg Ghleann na Radharc, Tiobraid Árann

Chruthaigh na baill d'Obair d'Ógra Éireann Tiobraid Árann múrmhaisiú mór lenar ghabh teachtaireacht dhomhanda, ar Chearnóg Radharc an Ghleanna, Baile Thiobraid Árann. Tá siad ag scrúdú na gceisteanna iomaí i saol an lae inniu lena n-áirítear: bochtaineacht, daoine gan dídean agus saothar leanaí agus den chéad uair dhírigh siad ar athrú aeráide.

**Sa phictiúr thíos tá grúpa Obair d'Ógra Éireann Thiobraid Árann le cónaitheoirí Chearnóg Radharc an Ghleanna.**



# CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA



Toghadh an Comhairleoir Richie Molloy mar Mhéara agus toghadh an Comhairleoir Martin Lonergan mar Leas-Mhéara don Cheantar le haghaidh 2018/2019



## FÁILTIÚ CATHRACH

Thug Ceantar Buirge Chluain Meala Fáiltiú Cathrach ar an 5 Deireadh Fómhair, 2018, don Aonad Péidiatraiceach, Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, mar aitheantas do 20 bliain dá dtiomantas agus dá ngealltanas chun na seirbhíse.

## TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Leanadh ar aghaidh ag glacadh ról mór sa saol sóisialta agus cultúrtha ar leibhéal áitiúil trí thacaíocht do raon leathan grúpaí, eagraíochtaí agus imeachtaí i 2018.

# FÉILTE & IMEACHTAÍ

## Faoi Scéim Deontas Thiobraid Árann d'Fhéilte & Imeachtaí 2018 tugadh tacaíocht do raon leathan d'fhéilte agus d'imeachtaí.

Chuimsigh sé sin maoiniú d'Fhéile Junction faoi chatagóir na féile is fearr. Féilte móra eile ar tugadh tacaíocht dóibh ná Féile Buscála Chluain Meala, Paráid Lá Fhéile Pádraig, Féile Oíche Shamhna agus Féile na Nollag i gCluain Meala.

Chomh maith le grúpaí reatha áiríodh le féilte agus imeachtaí nua a fuair tacaíocht ón gcomhairle faoin gcatagóir bhardasach ná Féile Siúil Róslabhrais Chnoc Mhaoldomhnaigh, Féile Ceoltóirí Bhaile Póirín, Féile Úll Chluain Meala agus Comhdháil Náisiúnta Macra na Feirme.




### Féile Junction Chluain Meala 2018

Bhí Féile Junction Chluain Meala ar siúl ón$^{2}$ go dtí an$^{8}$ Iúil agus cuireadh i láthair clár iomlán imeachtaí i gcaitheamh seacht lae i gCluain Meala. Dar leis na heagraithe, is é luach na féile don gheilleagar áitiúil ná €550,000. Forbraíodh an clár i mbliana chun flúirse na tallainne nua a léiriú a thagann ón mbaile nó atá ceangailte leis. Freisin cuireadh i láthair scoth na hamharclannaíochta náisiúnta, an tsorcais agus na bhfísealaíon ag an sorcas. I 2018 filleadh ar obair le scoileanna agus grúpaí pobail sa snáithe rannpháirtíochta, arbh í an aidhm a bhí i gceist leis ná daoine óga a spreagadh chun plé leis na healaíona, leis an bhféile agus le téama na Siúire. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh sin agus táirgeadh ceardlanna saor in aisce le healaíontóirí oilte gairmiúla do ghrúpaí iomaí.

Léirigh níos mó ná 30 laoch dúchasach ag an bhféile i mbliana, rud a chabhraigh le hurraithe a tharraingt chuig an bhFéile le haghaidh 2018. I measc na mbuaicphointí eile bhí Cóisir Sráide Camida agus an Lá Spraoi Teaghlaigh i bPáirc Denis Burke a thóg ar rath na bliana roimhe. Tharraing siad sluaite móra ag am lóin agus ag an deireadh seachtaine agus thóg siad daoine amach faoin ngrian le haghaidh siamsaíochta saor in aisce agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha do gach aois.

### Féile Buscála Chluain Meala



Thosaigh Féile Buscála Chluain Meala, ina 9$^{ú}$ bliain, ar an$^{9}$ Lúnasa agus tharraing sí imeachtaí, léirithe agus comórtais éagsúla suas go dtí an$^{12}$ Lúnasa. D'éirigh go han-mhaith le hoíche an tseolta i Minnella agus go leor léiritheoirí óga áitiúla os comhair lucht éisteachta mhóir. Ar an Aoine tugadh isteach Carnabhal Sráide na Leanaí ar Shráid an Mhistéalaigh. Bhí an-tóir ar Chomórtas Buscála Bulmer's ar shráideanna Chluain Meala ar an Satharn agus níos mó ná 200 ag léiriú ar na sráideanna.

Tharraing an fhéile a mbíonn an-éileamh uirthi i measc teaghlach os cionn 6,000 duine chuig Páirc Denis Burke ar an Satharn chun clabhsúr rathúil a chur ar an imeacht 4-lae. Bhí an lucht freastail ar gach imeacht i rith an deireadh seachtaine níos mó ná an lucht freastail an bhliain roimhe agus tá an tóir ar an bhféile i measc cuairteoirí agus daoine áitiúla araon, ag dul i méid. Freisin tháinig anam i gCluain Meala agus ina shaol oíche agus fuaim an cheoil ag bualadh ó thithe tábhairne agus áiteanna eile le linn an deireadh seachtaine.



## Féile Oíche Shamhna Chluain Meala

Ba é téama Fhéile Oíche Shamhna i gCluain Meala i mbliana ná Miotais agus Arrachtaí. Tháinig na sluaite móra de pháistí agus de theaghlaigh chuig Carrchlós Shráid Gordon roimh an bparáid áit a raibh go leor gníomhaíochtaí, léirithe damhsa agus ceoil lenar ghabh téama Oíche Shamhna. Thosaigh paráid na bhfeisteas ag 7pm ar bhealach trí Shráid Uí Chonaill, Sráid Gladstone agus isteach i gCarrchlós Shráid Mhuire agus an bhailchríoch ar siúl i gCarrchlós Shráid Gordon. Chas an banna áitiúil Pearly Whites ceol beo ar feadh uair an chloig ina dhiaidh sin. Tarraingt bhreise i mbliana ab ea tiontú an White Memorial Theatre go teach a bhfuil taibhsí ann. Ghlac go leor léiritheoirí, grúpaí ceoil agus eagraíochtaí pobail eile páirt san imeacht a comhordaíodh ag Cliona Maher in Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas agus ar thug foireann na Comhairle, Cosaint Shibhialta agus roinnt saorálaithe tacaíocht dó.



## Féile na Nollag i gCluain Meala 2018

Mar chuid d'Fhéile na Nollag i gCluain Meala 2018 reáchtáladh clár cuimsitheach agus raon leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar siúl ar fud an bhaile. Tháinig Daidí na Nollag ar a charr sleamhnáin i mí Nollag chun bualadh leis na páistí go léir agus soilse na Nollag a chasadh. Chomhordaigh Ceantar Buirge Chluain Meala, Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas, foireann an Mhúsaem agus na Leabharlainne go leor gníomhaíochtaí tánaisteacha agus tacaíocht acu ó ghrúpaí imeachta agus féile eile sa bhaile.

I measc tionscnamh agus imeachtaí Nollag eile i rith na deirí seachtaine ina dhiaidh sin bhí seastáin mhargadh na Nollag, turais ar an traein, pluais chéadfach Dhaidí na Nollag, amhráin gheimhridh ag an Main Guard agus ceardlanna éagsúla Nollag a d'eagair foireann an mhúsaem agus Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas. Sholáthair Ceantar Buirge Chluain Meala páirceáil saor in aisce i roinnt ionad gach Satharn i mí na Nollag.

Eagraíodh clár cuimsitheach chun déanamh cinnte go mbeadh imeachtaí éagsúla ar siúl gach deireadh seachtaine i mí na Nollag a cuireadh chun cinn agus a fógraíodh tríd na meáin éagsúla agus ar thug Fóram Lár Baile Chluain Meala agus Comhlachas Tráchtála Chontae Thiobraid Árann tacaíocht dóibh.

## Paráid Lá Fhéile Pádraig

Bronnadh teideal Ceann Feadhna ar Brendan Nyhan ó Chlub Rotary Chluain Meala ar feadh an lae. Thaispeáin Club Rotary Chluain Meala, a cheiliúir[50] bliain ar an bhfód, é féin agus an tsárobair atá déanta ag baill an chlub chun tionchar dearfach a imirt ar bhaile Chluain Meala agus ar an bpobal mór. Ó bunaíodh i 1968 é tá láithreacht láidir forbartha aige sa phobal agus é ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí áitiúla eile agus é chomh láidir agus bríomhar anois agus a bhí nuair a tionscnaíodh é. Chuaigh go leor de na grúpaí pobail a bhí ceangailte leis an Rotary in éineacht leis i bParáid Lá Fhéile Pádraig i mbliana.

Chomh maith leis an Rotary, d'eagair Coiste Nasctha Bianconi Chluain Meala an pharáid maidine arís ó Halla an Bhaile go hEaglais Mhuire. Bhí an-áthas ar Chluain Meala cuairteoirí a bheith acu ó na bailte nasctha Esyines, Costa Masnaga agus Reading. Bhí go leor grúpaí spóirt, pobail, deonacha, damhsa agus gníomhaíochta rannpháirteach sa phríomhpharáid a bhí stiúrtha ag Banna Chluain Meala.



# SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2018 d'aontaigh na comhaltaí ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach Chluain Meala.






**Seo a leanas sceideal de na príomhchláir a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach Chluain Meala maidir le bóithre agus bonneagar i rith 2018:**

- Rinneadh oibreacha cóirithe dromchla sna háiteanna seo a leanas: An Caisleán Caol, Cill an Iúir, Cnoicín Risteaird, Baile Nua Mhaigh Locha, Cill Molaise Uachtair, Currach Cluana, Bóthar na bPluaiseanna, Crosaire Woodlock go Garraí Ruáin, Baile na Móna/ Garraí Chlochair & An Ros/An Mhóin Rua.
- Rinneadh oibreacha um neartú bóthair ar Bhóthar Bhéal na Molt go hÁth an Bheannlomáin, An Ros Mó An Creagán, An Caisleán Nua go Cnoc Lochta, Garraí an Chathasaigh go Móin an Ghraoinigh, Baile an Donaigh Thiar, Baile Uí Thuatháin, Clais an Mhacha, Currach Cluana, An Machaire Riabhach, Ráth Ciabháin, Carraig an Mhuilinn, Baile Uí Bheacháin, Sráidbhaile Bhaile Uí Chléireacháin Loch Ceann, Poll Muice go Baile Uí Chléireacháin, Baile Mhaoiléir go Cillín Bhuitléir Cill Airdrí Baile an Ghoirtín, Tankardstown, Ballingeary, Garraí Chlochair go dtí an Mhóin Rua, Araglen, An Garraí Mór, Baile Liam, An Bealach Buí Thiar agus Cill tSaincín.
- Rinneadh athsholáthar cosán agus oibreacha draenála ar fud an cheantair.

- Tugadh chun críche Scéimeanna um Rannpháirtíocht Pobail sa Churrach Caol, i mBaile an Gharráin, Cill Arda Mí, An Chúirt Dóite, An Caisleán Nua, Araglen, Ard Fhíonáin & Cill Chuaráin.
- Rinneadh oibreacha um maolú tuilte ag Baile an Challaigh sa Chloichín, Cathair Dúin Iascaigh
- Rinneadh oibreacha athchóirithe droichid ar Dhroichead an Chaisleáin Nua, Droichead Ghleann Gharra & Droichead Uí Lochlainn. Tugadh cead pleanála do Dhroichead Ard Fhíonáin chun deisiúcháin a cheadú i 2019.
- Rinneadh oibreacha athdhromchlaithe bóthair ar na bóithre isteach chuig Baile an Phaoraigh, Ascaill San Bernadette, an Seandroichead, Clós Radharc an Ghleanna, Timpeallán Thobar Thaoine, Eastát Cherrymount, Bóthar Dháibhís, Bóthar Bhuailice, Fáinne na dTarbh ag Ard na Gréine & Tobar Thaoine.
- Leis an Tionscadal Gormbhealaigh críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin i gCill Síoláin agus leithdháileadh maoiniú breise i 2018 le haghaidh comharthaí agus oibreacha um feabhsúcháin bhreise i 2019.
- Críochnaíodh méadú ar Reilig Phádraig agus aonaid uaighe bhreise chomh maith le carrchlós nua curtha ar fáil. Cuireadh na socruithe nua maidir le rochtain ag feithiclí ar an reilig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair nuair a críochnaíodh carrchlós nua na reilige agus an bealach isteach nua ó Bhóthar Phádraig agus nuair a osclaíodh don phobal iad.
- Tá Plean Fóntas Oileán na Siúire imithe ar aghaidh chuig an gcéim deartha thosaigh anois agus cuireadh an máistirphlean i láthair i 2018.
- Críochnaíodh áis fóntais phoiblí i mbaile Chathair Dúin Iascaigh i 2018.
- Críochnaíodh Carrchlós Oileán na Siúire i mí na Nollag 2018 agus anois soláthraíonn sé 260 spás páirceála breise i gCluain Meala.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin sráidbhaile i New Inn agus sa Ghráinseach i 2018.
- Críochnaíodh Clár Urraíochta um Uasghrádú Timpeallán ag timpealláin Thobar Thaoine, Timpeallán na Móine Gairbhe Bugagery agus an Charraigín.
- Cuireadh suas comharthaí nua ag an mbealach isteach ar fud Chluain Meala ag na bealaí isteach chuig an mbaile agus rinneadh uasghrádú ar mhiontimpeallláin éagsúla lenar áiríodh iad siúd ag Pollards, Bóthar Dhún Garbháin & Scoil Loretto.
- Rinneadh oibreacha faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil i mBaile an Mhoirtéalaigh, an Ghráig, Coill Bhaile Uí Bhuí, Priestown, An Crochta agus Baile Uí Bheacháin







Carrchlós Oileán na Siúire, Cluain Meala



Gormbhealach na Siúire i gCill Síoláin

## Áiríodh iad seo a leanas leis na Féilte & Imeachtaí ar leithdháileadh maoiniú dóibh faoi Scéim Deontas Féilte agus Imeachtaí Thiobraid Árann le haghaidh 2018 i gCeantar Buirge Chluain Meala:

**Catagóir na bhFéilte is Fearr:**

| | |
|---|---|
| Féile Junction Chluain Meala | €30,000 |

**Catagóir Bhardasach:**

| | |
|---|---|
| Féile Buscála Chluain Meala | €15,000 |
| Féile Siúil Róslabhrais Chnoc Mhaoldomhnaigh | €5,000 |
| Féile Ceoltóirí Bhaile Uí Phóirín | €2,500 |
| Ag Léiriú Thiobraid Árann/Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas | € 2,500 |
| Féile Úll Chluain Meala | €2,000 |
| Comhdháil Náisiúnta Mhacra na Feirme | €10,000 |



**Catagóir Pobail:**

| | |
|---|---|
| Comhairle Pobail na Cúirte Dóite | €1,000 |
| Féile Cór Chluain Meala | €1,000 |
| Comhairle Pobail Dúchoille | € 500 |
| Cumann Sóisialta agus Staire Chathair Dúin Iascaigh | €1,500 |
| Féile Ceoil Traidisiúnta Chathair Dúin Iascaigh | €1,000 |
| Féile Cnocadóireachta FEI | € 500 |
| Ceolfhoireann Thraidisiúnta na n-Óg | €1,000 |
| Féile Lá Fhéile Pádraig Cathair Dúin Iascaigh | € 2,500 |
| Painéal Tomhaltóirí Thiobraid Árann Theas don Mheabhairshláinte | €1,000 |
| Nest Space | €450 |
| Club Peile Vee Rovers | €350 |
| Seó Meala Chluain Meala | € 500 |
| Féile Fhilleadh Abhaile Chluain Meala | € 800 |
| Féile Cheoil Cuain Saoir | € 800 |
| Ionad Pobail Chill Síoláin (KPLAN) | €600 |
| Féile New Inn | €500 |
| Seo Idirnáisiúnta na Madraí ó Gach Pór | €500 |
| Deireadh Seachtaine Seanré Chluain Meala | €500 |
| Cumann Forbartha Chathair Dúin Iascaigh – Féile Chathair Dúin Iascaigh | €1,000 |
| Ionad Dhroichead Chluain Meala | €500 |
| Cairde Theach Bridgewater | €500 |
| Seó Mórthaibhseach Bannaí Rotary Chluain Meala | €730 |
| Cannonball Run & na Dámhachtainí Náisiúnta Baile | €500 |
| Grúpa Chathair Dúin Iascaigh um Stair na mBan | €500 |
| Comhairle Pobail Ard Fhíonáin | €600 |

### Deontais Áise/Reilige

Áiríodh le maoiniú eile a cuireadh ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí deonacha deontais áise ar luach iomlán de €10,282 a leithdháileadh ar 27 iarratasóir agus €35,334 a leithdháileadh ar 48 reilig.

## Deontais do Bhailte Slachtmhara

| Líon | Ainm an Choiste | Deontas Faofa |
|---|---|---|
| 1 | Baile Slachtmhar Ard Fhíonáin | €4,755 |
| 2 | Baile Slachtmhar Bhaile Uí Phóirín | €600 |
| 3 | Baile Slachtmhar Chathair Dúin Iascaigh | €5,000 |
| 4 | Baile Slachtmhar an Chloichín | €1,600 |
| 5 | Baile Slachtmhar Chluain Meala | €2,750 |
| 6 | Baile Slachtmhar na Gráinsí | €1,520 |
| 7 | Baile Slachtmhar Chill Síoláin | €7,250 |
| 8 | Baile Slachtmhar Pháirc an Mharla | €2,150 |
| 9 | Baile Slachtmhar New Inn | €1,750 |
| 10 | Baile Slachtmhar an Chaisleáin Nua | €2,250 |
| 11 | Baile Slachtmhar Lios Ruanach | €1,000 |
| 12 | Coiste Halla Bhaile Uí Lúbaigh | €1,400 |
| | **Iomlán na nDeontas Faofa** | **€32,025** |



Bailte Slachtmhara Chluain Meala - A bhuaigh an Dámhachtain Náisiúnta Pailneora 2018



## Deontais Reilige

| | Coiste Reilige | Deontas Faofa |
|---|---|---|
| 1 | Coiste Reilige Ard Fhíonáin | €904 |
| 2 | Baile Uí Bheacáin, Lady's Abbey agus Tulaigh Mhaoláin | €764 |
| 3 | Coiste Cothabhála Reilig Ballydrennan | €704 |
| 4 | Comhairle Pobail na Cúirte Dóite | €764 |
| 5 | Coiste Reilige an Teampaill Loiscthe | €704 |
| 6 | Reilig Mhainistir Chathair Dúin Iascaigh agus Coiste Reilige Shráid na Seaneaglaise | €704 |
| 7 | Coiste Reilig Nua Chathair Dúin Iascaigh | €904 |
| 8 | Cumann Sóisialta agus Staire Chathair Dúin Iascaigh | €704 |
| 9 | Coiste Reilige New Inn | €704 |
| 10 | Baile Uí Bheacáin, Lady's Abbey agus Tulaigh Mhaoláin | €704 |
| 11 | Coiste Reilig Dheargrátha | €764 |
| 12 | Coiste Reilig Dhún Eochaille | €874 |
| 13 | Reilig Nua na Gráinsí | €904 |
| 14 | Reilig Chill Airdrí | €764 |
| 15 | Reilig Chill Chomáin Cathair Dúin Iascaigh | €704 |
| 16 | Cairde Reilig Chill Ó Luáin | €874 |
| 17 | Coiste Reilig Chnoc Raffan | €764 |
| 18 | Coiste Reilig na Cille | €704 |
| 19 | Baile Uí Bheacáin, Lady's Abbey agus Tulaigh Mhaoláin | €704 |
| 20 | Coiste Sheanreilig Lios Ruanach | €704 |
| 21 | Coiste Cothabhála Reilig Loch Ceann | €764 |
| 22 | Coiste Cothabhála Reilig Loch Luachra | €704 |
| 23 | Coiste Cothabhála Reilig Marlfield | €704 |
| 24 | Coiste Reilig Bhaile an Mhoirtéalaigh | €704 |
| 25 | Reilig an tSéipéil Nua | €874 |
| 26 | Coiste Reilig an Chaisleáin Nua | €764 |
| 27 | Coiste Reilig an Chaisleáin Nua | €904 |
| 28 | Reilig Mhainistir Chathair Dúin Iascaigh agus Coiste Reilige Shráid na Seaneaglaise | €764 |
| 29 | Seanreilig Chill Síoláin | €764 |
| 30 | Coiste Reilig an Chaisleáin Nua | €704 |
| 31 | Coiste Reilig Ráth Rónáin | €874 |
| 32 | Coiste Reilig Ráth Rónáin | €764 |
| 33 | Coiste Reilig Ráth Rónáin | €764 |
| 34 | Coiste Cothabhála Reilig Bhaile an Róistigh | €704 |
| 35 | Coiste Cothabhála Reilig Sheanraithin | €904 |
| 36 | Teampall Mhuire, Cluain Meala | €704 |
| 37 | Comhlachas Phobal an tSeandroichid | €874 |
| 38 | Teampall Phóil, Cathair Dúin Iascaigh | €704 |
| 39 | Coiste Reilig Theampall Eithne | €764 |
| 40 | Coiste Reilig Tubrid | €704 |
| 41 | Reilig Thulaigh Mhaoláin, An Caisleán Nua | €764 |
| 42 | Coiste Cothabhála Reilig an Teampaill Ghil | €764 |
| 43 | Coiste Cothabhála Reilig Uachtar Rátha | €764 |
| 44 | Coiste Reilig Tubrid | €704 |
| 45 | Coiste Cothabhála Reilig Nua Bhaile Uí Chléireacháin | €804 |
| 46 | Coiste Cothabhála Sheanreilig Bhaile Uí Chléireacháin | €804 |
| | **Iomlán na nDeontas** | **€35,334** |

## Deontais Áise

| Líon | Ainm an Chumann Cónaitheoirí | Deontas Faofa |
|---|---|---|
| 1 | Sráidbhaile Pháirc an Mharla | €400 |
| 2 | Ard Na Sidhe | €400 |
| 3 | Fán Aoibhinn Dromainn | €400 |
| 4 | Arda Woodview | €400 |
| 5 | Ard Caoin | €400 |
| 6 | Auburn Close | €400 |
| 7 | Garrán an Ghoirt Aird | €400 |
| 8 | Cónaitheoirí Brookway | €400 |
| 9 | Céide Beechwood | €400 |
| 10 | Meadowlands | €400 |
| 11 | Crann Ard agus Gleann Cara | €400 |
| 12 | Na Paidic | €400 |
| 13 | Gairdíní na gCoillte Rua | €400 |
| 14 | Cumann Cónaitheoirí an Ghoirt Aird | €375 |
| 15 | Cumann Cónaitheoirí Radharc an Locha | €397 |
| 16 | Grúpa Forbartha Pobail an Chaisleáin Nua | €400 |
| 17 | Inis na Managh | €225 |
| 18 | Ascaill Coleville | €400 |
| 19 | Cloughcarrigeen, Cill Síoláin | €160 |
| 20 | Ivowen, Cill Síoláin | €400 |
| 21 | Glenoaks | €400 |
| 22 | Arda Rosemount | €300 |
| 23 | Moylebrook, Lios Ruanach | €100 |
| 24 | Honeyview | €325 |
| 25 | Springfields | €400 |
| 26 | Knockaun | €400 |
| 27 | Clós Beechwood | €400 |
| | **Iomlán** | **€9,882** |

## Flights Of Discovery

Eispéireas turasóireachta nua atá beartaithe don bhaile é 'Flights of Discovery' Chluain Meala Moltar ceithre phríomhtharraingt agus ina measc tá láithreán Bulmers ar Lána O' Dowd, an Geata Thiar, Abhainn na Siúire agus uasghrádú ar áit taispeántais an Mhúsaem.

Reáchtáladh plé tosaigh le Bulmers / C&C Group maidir le Lána Dowd a athfhorbairt mar tharraingt do chuairteoirí.

Is é a bheidh i gceist leis sin ná cuideachta comhfhiontair a bhunú chun cabhrú leis an tionscadal a chur i gcrích.

Tá obair ullmhúcháin ar siúl freisin maidir le gnéithe eile den taithí turasóireachta agus Máistirphlean Oileán na Siúire á ullmhú, chomh maith le cigireacht struchtúrach ar an nGeata Thiar d'fhonn an túr a fhorbairt mar áit taispeántais. Tá sé beartaithe na tionscadail sin a chur ar aghaidh chuig na céimeanna deartha shonraigh agus pleanála i 2019.

D'fhaomh Fáilte Éireann deontas de €200,000 chun codanna de spás léirmhíniúcháin an Mhúsaem a fhorbairt faoi Scéim Léirmhíniúcháin Scéalaíochta um thionscadail bheaga agus mheánmhéide.

Tá maoiniú ar fáil chun caighdeán an léirmhínithe, na beochana agus na scéalaíochta sa mhúsaem a fheabhsú ar aon dul le Foireann Uirlisí Fháilte Éireann um Léirmhíniú Scéalaíochta. Foilsíodh iarratas ar thairiscint chun Plean Léirmhínitheach a fhoilsiú, léirmhíniú nua a dhearadh agus a shuiteáil i Músaem Contae Thiobraid Árann, lena n-áirítear leibhéal nua mezzanine.



## Athnuachan Bhunathraithe Chluain Meala 2030



Mar chuid de Thionscadal na hÉireann 2040, d'fhógair an Rialtas roinnt cistí lena n-áirítear an Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (CAFU) a leithdháilfear ar bhonn iomaíoch ar na tionscadail is fearr, a bhaineann leas as infheistíocht ó fhoinsí eile agus ar an mbealach sin déanamh cinnte go mbeidh tionchar níos mó ag an infheistíocht sin.

Rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann iarratas ar an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach ar an 28 Meán Fómhair faoin gceannteideal 'Athnuachan Bhunathraithe Chluain Meala 2030') i gcomhpháirt le roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile.

D'iarr an togra maoiniú faoi Chatagóir A de CAFU do chéim 1 de Dhún Chiceam lena gcuimsítear an plás cathartha agus limistéar réimse phoiblí an láithreáin chomh maith le Carrchlós Bhóthar Dháibhís.

Freisin cuireadh isteach Mol Spóirt Chluain Meala mar thionscadal chatagóir A mar go bhfuil cead pleanála i bhfeidhm don tionscadal seo. Freisin gheall Club Lúthchleasaíochta Chluain Meala agus líon mór gnóthas mór maoiniú meaitseála don tionscadal seo.

I mí na Samhna d'fhógair an Rialtas leithdháileadh maoinithe de €2,897,000 chun thionscadail chatagóir A i gCluain Meala a chur ar aghaidh i 2019.

Bhunaigh an Chomhairle foirne chur i bhfeidhm chun féachaint thar chur i gcrích na dtionscadal sin i gcomhpháirt leis na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí atá rannpháirteach i bhforbairt Dhún Chiceam agus an Mhol Spóirt. Tá coimrí deartha á n-ullmhú agus cuirfear amach le haghaidh tairisceana iad go luath san Athbhliain d'fhonn bogadh ar aghaidh chuig an gcéim tógála.

## Scéim Theilifís Ciorcad Iata (CCTV) Chluain Meala

Tugadh chun críche an tionscadal chun córas CCTV nua a sholáthar agus a shuiteáil i bPáirc an Leamháin, Clós na gCúilíní agus Bóthar Heywood agus 35 cheamara curtha isteach chomh maith le trealamh tarchurtha gan sreang agus na hoibreacha innealtóireachta sibhialta a ghabhann leis déanta do chuaillí ceamara nua. Mhaoinigh an chomhairle an scéim agus déantar monatóireacht ar cheamaraí sa seomra cumarsáide i Stáisiún na nGardaí i gCluain Meala.

## Gormbhealach na Siúire

Leithdháileadh maoiniú breise de €765,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh oibreacha breise ar chonair chosán tarraingthe na Siúire a dtabharfar fúthu an bhliain seo chugainn. Leis an maoiniú sin cuirtear ar chumas na Comhairle oibreacha feabhsúcháin breise a dhéanamh ar an nGormbhealach chun cinntiú gur féidir le daoine áitiúla agus cuairteoirí araon, taitneamh a bhaint as an áis iontach sin a nascann Cluain Meala agus Carraig na Siúire ar bhealach an seanchosán tarraingthe.



## Pleananna Aghaidh Foirgnimh don Chluainín agus do Bhaile Póirín

Choimisiúnaigh an Chomhairle ailtirí chun Scéimeanna Deartha Aghaidh Siopa a fhorbairt don Chluainín agus do Bhaile Póirín. Is í an aidhm atá i gceist ná plé le húinéirí réadmhaoine áirithe, cónaitheoirí agus leis an bpobal chun pleananna a fhorbairt agus oibriú le húinéirí réadmhaoine ar phríomhshráideanna an láir sa dá lonnaíocht.

Freisin cuirfidh na scéimeanna bearta i láthair chun cuma na n-aonad réadmhaoine agus na láithreán a fheabhsú agus déanfar moltaí um úsáid fhéideartha láithreán agus aonad réadmhaoine foilmhe.

D'ullmhaigh Kenneth Hennessy Architects Ltd. Scéimeanna Deartha Aghaidh Foirgnimh don Chloichín agus do Bhaile Póirín tar éis suirbhéanna a dhéanamh ar na foirgnimh agus phléigh siad leis an bpobal trí chruinnithe eolais agus ceardlanna a reáchtáladh i mí Iúil, mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag.

Tugadh deis leis na ceardlanna plé le húinéirí réadmhaoine áirithe, cónaitheoirí agus leis an bpobal chun pleananna a fhorbairt agus oibriú le húinéirí réadmhaoine ar phríomhshráideanna an láir sa dá lonnaíocht. Is í an aidhm atá i gceist ná aithint conas is féidir le húinéirí réadmhaoine a gcuid áitreabh nó gabháltas aonair a uasghrádú chun cuma an dá hionaid a fheabhsú.

Cuireadh na dréachtscéimeanna i láthair ag cruinnithe poiblí sa Chloichín agus i mBaile Póirín ar an 11 agus an 12 Samhain agus bhí siad ar taispeáint don phobal san hionaid phobail sa dá háit.

Tar éis go mbeidh na Scéimeanna Deartha Aghaidh Foirgnimh críochnaithe ag tús na bliana seo chugainn tá sé beartaithe dreasachtaí a thabhairt isteach d'úinéirí réadmhaoine chun cur i bhfeidhm na bpleananna sin a spreagadh i gcomhar le heagraíochtaí pobail agus chun maoiniú a lorg d'oibreacha feabhsúcháin phoiblí.




## Tionscnaimh Lár Baile

D'oibrigh Fóram Lár Baile Chluain Meala agus Ceantar Buirge Chluain Meala le chéile i 2018 i dtreo roinnt cuspóirí a iompaíonn líon na ndaoine go hioncam gnó agus iad ag gníomhú mar chainéal cumarsáide chun eolas a sholáthar don phobal.

Freisin rinneadh ábhar agus bróisiúir fhógraíochta chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí éagsúla i rith na bliana agus ar an rogha leathan siopaí atá ar fáil i lár an bhaile.

Tharla plé maidir le togra tionscadail um Cheantar Feabhsú Gnó (CFG) Chluain Meala a thacódh leis na tograí um Athnuachan Bhunathraithe Chluain Meala 2030.

Tá an próiseas chun cuideachta CFG a bhunú leagtha amach sa reachtaíocht faoin Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsú Gnó) 2006. Thug Comhlachas Tráchtála Chontae Thiobraid Árann agus Comhlachas Thrádálaithe Chluain Meala gealltanas chun gabháil do phróiseas le CFG a bhunú faoi stiúir an phobal gnó.

Ghlac Cluain Meala páirt i nDámhachtainí Náisiúnta na mBailte Fiontair 2018 agus ghnóthaigh siad duais réigiúnach tar éis teacht sa dara háit, comórtas a fhaigheann tacaíocht ó Bhanc na hÉireann. Rinneadh an mholtóireacht ar an 11 Meán Fómhair le láithreachais agus taispeántais ó raon leathan de ghnóthais agus d'eagraíochtaí pobail.

Mar chuid dá thionscnaimh lár baile d'fhéach Ceantar Buirge Chluain Meala chuig feabhas a chur ar shráid-dreacha Chluain Meala agus Chathair Dúin Iascaigh trí scéim feabhsúcháin agus péinteála a thug thacaíocht do roinnt gnóthas chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú chomh maith le háiteanna poiblí trí phéinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta a dhéanamh ar aghaidheanna foirgnimh ghnó.



Dámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta de chuid Bhanc na hÉireann 2018 - Duais Réigiúnach Dara hÁite do Chluain Meala

# CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH



## CATHAOIRLEACH

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach an Aonaigh ar an 21 Meitheamh 2018. Toghadh an Comhairleoir Mattie Ryan mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Hughie McGrath mar Leaschathaoirleach.



Comhaltaí CB an Aonaigh ag an gCruinniú Bliantúil ar an 21 Meitheamh 2018

# SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

**I Márta 2018 d'aontaigh na comhaltaí ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €8.2 milliún ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligí.**

**Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach an Aonaigh maidir le Bóithre agus bonneagar i rith 2018:**

- Críochnú obair forleagain ar 30.1 ciliméadar de chosán bóthair
- Críochnú obair athchóirithe dromchla ar 30.6 ciliméadar de chosán bóthair
- Líonra gáis, uisce agus séaraigh beagnach críochnaithe i mbaile an Aonaigh lenar áiríodh athchóiriú iomlán cosán ar shráideanna lár an bhaile (Sráid an Phiarsaigh, Sráid Kenyon, Sráid Chiceam, Lána na Mainistreach agus Sráid na Manach).
- Tugadh chun críche Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal i sráidbhaile an Bhaile Nua agus Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal i gCnoc an Arbha (Crosaire an Chuainín), Cill Choimín.
- Feabhsúcháin ar bhonneagar cosán an Cheantair faoina chlár leanúnach um athchóiriú cosán sna háiteanna seo: An tAonach, An Port Nua, Béal an Átha, Rearcross, Béal Átha Gabhann sa Phort Rua sa Bhaile Nua agus i gCloch Shiurdáin.
- Oibreacha feabhsúcháin ar chosáin agus áiteanna pábháilte ag láithreáin um theagmhais lena mbainfeadh éileamh ard dliteanais phoiblí faoi chiste Dáileacháin Chaipitil IPB d'údaráis áitiúla.

**Roghnaíodh Bóithre den Tríú Grád i dTuaim Breacáin, Buiríos Uí Chatháin agus sa Bhréadach, Lothra d'oibreacha feabhsúcháin faoi Scéim Rannpháirtíochta Pobail an Roinn Iompair agus roghnaíodh bóithre neamhphoiblí i nGarraí Uí Chinnéide, Cnocán an Éin Fhinn, An Charraig (Baile Uí Lachnáin) agus Pocán um oibreacha feabhsúcháin faoi Scéim Feabhsúcháin Áitiúil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.**

- I dteannta leis an méid thuas, fuarthas leithdháileadh de €45,000 do Scéimeanna Clár 2018 faoin Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus cuireadh na háiseanna seo a leanas ar fáil:
- Feabhas ar pháirceáil taobh bóthair ag Scoil Náisiúnta Chill Ruáin
- Comharthaí um cheansú tráchta sa Choill Mhór, Béal Átha Gabhann

**Faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, chríochnaigh an Ceantar slí siúil nua i dTuaim Locha, an Port Rua a nascann áit pháirceála ag Uaigheanna na Laighneach le bealach siúil Chros na Mílaoise ar Chnoc Chluain Uí Bhriain, an Port Rua.**



Bealach Siúil i dTuaim Locha, an Port Rua

**Faoin Scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte thug an Ceantar chun críche tionscadal um feabhsú sráideanna ar Lána Lewis, an tAonach chun nasc ardchaighdeáin a chur ar fáil do choisithe idir Sráid an Airgid agus Carrchlós Lána Sheáin.**



Lána Lewis, An tAonach

## Ionad Fóillíochta an Aonaigh

Bronnadh Dámhachtain Náisiúnta den Chéad Scoth don Cháilíocht ó Ireland Active ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh le haghaidh 2019. Is é atá sa Chaighdeán Náisiúnta Cáilíochta (a dtugtaí Dámhachtain na Brataí Báine air roimhe sin) ná dámhachtain d'Ionaid Fhóillíochta agus d'Fhóillíocht Óstáin a chuimsíonn Sábháilteacht, Sláinteachas, Plé le Custaiméirí agus Acmhainní Daonna. Is iad na catagóirí sa Chaighdeán Náisiúnta Cáilíochta d'Áiseanna Fóillíochta ná 'Bainte Amach', 'Sáraithe', 'Den Scoth' agus bhain Ionad Fóillíochta an Aonaigh amach an caighdeán ab airde agus ab fhéidir.

Tá Ionad Fóillíochta an Aonaigh ina chuid de na Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta le trí bliana anuas agus na caighdeáin ag dul chun feabhais gach bliain.




Tom Mackey ag glacadh leis an dámhachtain thar ceann Ionad Fóillíochta an Aonaigh


## Ag Obair leis an bPobal

I rith 2018 lean Ceantar Bardasach an Aonaigh ar aghaidh ag obair as lámh a chéile leis an bpobal ar fud an Cheantair ar go leor bealaí. Chuimsigh sé sin cistiú a chur ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí, idirchaidreamh le grúpaí agus comhlachais deonacha, soláthar comhairle agus tacaíochta agus cabhrú le himeachtaí éagsúla.

Mar aitheantas don ról a ghlac pobail ar fud an cheantair, leithdháileadh maoiniú i 2018 ar 72 club & eagraíocht, 33 cumann cónaitheoirí, 29 féile & imeacht, 28 Coiste Bailte Slachtmhara agus 68 coiste reilige i gCeantar Bardasach an Aonaigh.

**I measc na n-imeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh bhí:**

- Paráidí Lá Fhéile Pádraig
- Spleodar
- Féile Litríochta Dhroim Inbhir
- Castle Fest an Aonaigh
- Taste of Nenagh




Imeacht Taste of Nenagh



Leoraí Dóiteáin ag cur túis leis na himeachtaí ag Paráid Lá Fhéile Pádraig san Aonach

## Oíche Dámhachtainí Cheantar Bardasach an Aonaigh

Ar an 4 Nollaig 2018, reáchtáil Ceantar Bardasach an Aonaigh Oíche bhliantúil Dámhachtainí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht, agus aitheantas tugtha don obair chrua a bhí ar siúl ag grúpaí pobail agus daoine aonair ar fud an cheantair faoi roinnt catagóirí.



Bronntanas do Donal Ryan mar aitheantas don ról mór a ghlac sé i gcur chun cinn Cheantar Bardasach an Aonaigh ina chuid saothar litríochta.



Bronntanas do Chumann Feabhsúcháin Thír Dhá Ghlas mar aitheantas don mhéadú ar mharcanna a bhain siad amach i gCatagóir A de Chomórtas na mBailte Slachtmhara ag Super Valu i 2018 i gCeantar Bardasach an Aonaigh

## Fáiltiú Cathrach

Tugadh Fáiltiú Cathrach do Champa Samhraidh Speisialta an Aonaigh mar aitheantas don tseirbhís atá tugtha acu le níos mó ná 30 bliain anuas.



Bronntanas do Choiste Champa Samhraidh Speisialta an Aonaigh

## Dámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta

Bhí dhá hiarracht ag Ceantar Bardasach an Aonaigh i gcatagóirí ar leithligh le haghaidh Dhámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta. Rinneadh an mholtóireacht ar an 10 Meán Fómhair, 2018 i mBaile an Aonaigh áit a raibh 70 ionadaí ar lucht gnó, ar an bpobal, ar mhiondíoltóirí, ghrúpaí pobail agus gníomhaireachtaí éagsúla i láthair chun bualadh leis na moltóirí. Ar an gCéadaoin, an 12 Meán Fómhair thug na moltóirí cuairt ar Chloch Shiurdáin áit ar tugadh cur i láthair láidir ar an meascán d'fhiontar agus de phobal atá ar fáil sa cheantar.



Na moltóirí ag teacht chuig na hOifigí Cathrach, an tAonach agus Leaschathaoirleach CB an Aonaigh, an Cmhlr Hughie McGrath, Feidhmeannach ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann & Comhaltaí de Chomhlachas Tráchtála an Aonaigh & an Cheantair ag cur fáilte rompu.



Scoth an cheantair ar taispeáint do Dhámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta

## Ár mBailte & Sráidbhailte a Fheabhsú

Thug Ceantar Bardasach an Aonaigh cabhair d'úinéirí réadmhaoine i bPríomhcheantar Miondíola bhaile an Aonaigh chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú trí chúnamh deontais a éascú i dtreo éadain siopa a phéinteáil.

Leanadh ar aghaidh le Scéim Bhoscaí Fuinneoige le haghaidh 2018 i mBaile an Aonaigh. Chuir an scéim seo feabhas ar an tsráid-dreach agus ar an áit phoiblí trí thacú le húinéirí aonad réadmhaoine. Cuireadh suas boscaí fuinneoige, rinneadh iad a uisciú agus a chothabháil ag Ceantar Bardasach an Aonaigh.



Bosca fuinneoige faoi bhláth

Tugadh cistiú breise i bhfoirm deontas do na cúig ionad sa Cheantar a bhain amach na marcanna ab airde i gComórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Leis an gcistiú sin bhí coistí deonacha ina ann oibreacha feabhsaithe breise a dhéanamh sna háiteanna seo a leanas: Trí Dhá Ghlas, Cill Ó Scolaí, Béal Átha Gabhann agus Cnocán an Éinn Fhinn.

Bliain shuntasach eile ab ea 2018 do na Coistí Bailte Slachtmhara go léir i gCeantar an Aonaigh. Bhain Tír Dhá Ghlas agus Cnocán an Éin amach boinn óir, bronnadh bonn airgid ar Bhéal Átha Gabhann agus choimeád baile an Aonaigh a mbonn cré-umha. Cuireadh le héacht an Aonaigh nuair a fógraíodh gur dearbhaíodh go raibh an baile 'Níos Glaine ná Noirm na hEorpa' le foilsiú Thoradh an tSamhraidh do Thábla IBAL in aghaidh an Bhruscair 2018 inar léiríodh gurbh í an tAonach an baile ba ghlaine as 40 baile agus cathair a ndearnadh suirbhé orthu.

Ag eascairt ó rath Chnocán an Éin Fhinn mar na buaiteoirí náisiúnta foriomlána i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2017, ainmníodh iad chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn agus bronnadh an Dámhachtain Idirnáisiúnta orthu don Taispeántas Bláthanna is Fearr ag Dámhachtainí na bPobal Faoi Bhláth i Srathcona County, Alberta. Freisin bronnadh cúig bhlás agus bonn cré-umha orthu agus tugadh moladh speisialta dóibh mar gheall ar an bPáirc Pobail.




Buaiteoirí dámhachtana – Pobal faoi Bhláth

## Páirc Baile an Phoirt Nua

Bhog an chéim phleanála ar aghaidh go comhchomhairle phoiblí agus cuireadh iarratas faoi bhráid an Bhoird Phleanála. Leis an bhforbairt atá beartaithe déanfar infheistíocht ar luach milliún euro i saoráidí den chéad scoth do theaghlaigh sa Phort Nua agus sna ceantair timpeall air.

## Croílár Ceilte na hÉireann

Tá seoladh bhranda 'Chroílár Ceilte na hÉireann' ag Fáilte Éireann i 2018 an-tábhachtach do Cheantar Bardasach an Aonaigh. Le cur chun cinn an Aonaigh mar gheatabhealach don réigiún seo tiocfaidh deiseanna chun cinn le haghaidh an bhaile agus an cheantair timpeall air amach anseo.

## Gairdín Gill

Is é atá i nGairdín Gill ná gairdín meánaoiseach faoi fhorbairt atá taobh le Caisleán an Aonaigh sa cheantar stairiúil agus cultúrtha sa bhaile. Tugadh chun críche na hoibreacha saoirseachta a bhí riachtanach i 2018 agus tá conradh tírdhreachta idir lámha faoi láthair a bheidh tugtha chun críche ag tús 2019.



Sular tosaíodh na hoibreacha



Oibreacha ar siúl

## An tAonach 800

Bunaíodh coiste chun ullmhú ar feadh bliana de cheiliúrthaí i 2020 le haghaidh 'An tAonach 800' agus deis a bheidh ansin do gach páirtí leasmhara chun oibriú le chéile leis an Aonach a chur chun tosaigh.

## An Gairdín Cuimhneacháin, Cloch Shiurdáin

Osclaíodh go hoifigiúil an Gairdín Cuimhneacháin ar an Luan, an 15 Deireadh Fómhair, 2018 ag an gCathaoirleach, an Cmhlr Mattie Ryan agus Michelle Drysdale, iníon garpháiste Thomáis Mhic Dhonncha. Cuireadh an tsaoráid ar fáil le cúnamh ó mhaoiniú ón bpobal áitiúil, Oifig Éire 2016 sa Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta agus Comhairle Contae Thiobraid Árann



Oscailt Oifigiúil




Bealach Isteach chuig an nGairdín Cuimhneacháin

## Comhchomhairle Pobail

**Tugadh faoi phróisis comhchomhairle poiblí i dtaobh:**

- Tógáil aonad Múrála ar Snámh don Phobal i mBéal an Átha.
- Forbairt Pháirc Baile an Phoirt Nua

## Tógáil i gCúram

**Tógadh na heastáit seo a leanas i gcúram i gCeantar Bardasach an Aonaigh i rith 2018:**

- Cúirt Bhoru, Béal an Átha
- An Cnoc Cruinn, Buiríos Uí Chatháin
- Garrán an Ghoirtín, Rathcabbin
- Clós Dhoire, Rathcabbin
- Eachlann an Airgid, an tAonach
- Iostáin Loch Deirgeirt, Droim Inbhir
- Radharc an Chuain, Droim Inbhir
- Mainéar Deirgeirt, Droim Inbhir
- Palás Dearg, An Baile Nua
- Cúirt an Choillín, Buiríos Uí Chatháin

## Dearbhú bóthair mar bhóthar poiblí

**Dearbhaíodh go raibh an bóthar seo a leanas poiblí:**

- Belmont ar Bhóthar Naomh Conlon, an tAonach

## Cealú Cheart Bealaigh an Phobail

**D'aontaigh na comhaltaí leis an togra chun ceart bealaigh an phobail a chealú ar an mbóthar seo a leanas:**

- An Chlais, Tuaim Uí Mhéara

## Nascadh

**Bunaíodh coiste i mBéal an Átha/Cill Dá Lua chun socruithe comhpháirtíochta le Basse-Goulaine san Fhrainc a chur ar aghaidh. Chuir an coiste, i dteannta le Coláiste Naomh Áine, Cill Dá Lua, fáilte roimh ghrúpa múinteoirí as an bhFrainc. Éascaíodh malairt daltaí.**

Thug ionadaithe ar an gCoiste Nasctha, ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus Chomhairle Contae an Chláir cuairt faoi seach ar Basse-Goulaine d'fhonn réimsí comhleasa a aithint a d'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh maidir leo.



An Méara Alain Vey as Basse-Goulaine & an Cmhlr Joe Hannigan ag malartú bronntanas





# TEAMPALL MÓR & DURLAS





OCB 2018, Sean Ryan

## TOGHADH CATHAOIRLIGH & LEASCHATHAOIRLIGH

Toghadh an Comhairleoir Joe Bourke ina Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Micheál Lowry ina Leaschathaoirleach ar Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a reáchtáladh ar an 27 Meitheamh, 2018.

# DÁMHACHTAINÍ CATHRACH

**Bhí slua an-mhór i láthair chun ómós a thabhairt do 8 grúpa/duine aonair a fuair dámhachtainí sna réimsí spórt, ceol, inbhuanaitheacht comhshaoil agus éachtaí pobail. Mar chríoch don imeacht bhí saothair ceoil Ghaelaigh den scoth a léirigh Tairseach agus ar bhain an lucht freastail an-taitneamh as.**

**Ba iad na grúpaí/na daoine aonair ar tugadh onóir dóibh ná:**

- Galfairí Sinsearacha an Teampaill Mhóir Curaidh Mumhan agus Comórtas na hÉireann do Chraobh Diamaint J.B. Carr 2018.
- Iontaobhas Bhogaigh na Cabhraí mar aitheantas dá gcuid éachtaí den scoth sa chaomhantas, san inbhuanaitheacht agus san fheasacht chomhshaoil.
- Genevieve Rowland Bergin tar éis di ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Comórtas Domhanda na gCluichí Raoin agus Faiche i Malaga.
- Kyle Shelley tar éis dó Comórtas Buille Fhada na hÉireann Faoi 16 a bhuachan le haghaidh 2018.
- Chun cothrom 70 bliain a cheiliúradh ó bunaíodh Cór Otharcharr Ord Mhálta i nDurlas agus cothrom 50 bliain ó bunaíodh a Aonad Daltaí.
- Meánscoil na Toirbhearta, Durlas tar éis Craobhacha Mumhan a bhaint sa Chamógaíocht Shinsearach, sa Pheil & i Sacar i 2018.
- Maria Curley, Ball d'Fhoireann Peile na mBan Thiobraid Árann a bhuaigh Craobh na hÉireann ag TG4 do Pheil Idirmheánach na mBan i 2017.
- Tairseach tar éis a mbua mar an nGrúpa Ceoil Sinsearach i Fleadh Cheoil na hÉireann 2018.



Grúpa Faighteoirí ag an bhFáiltiú Cathrach

# AG OBAIR LEIS AN BPOBAL

## Deontais/Ranníocaíochtaí

**Reáchtáladh imeacht sna hOifigí Ceantair ar an 24 Deireadh Fómhair, 2018 chun aitheantas a thabhairt don ról fíorluachmhar atá ag grúpaí/eagraíochtaí ina gcuid pobal faoi seach.**



Grianghraif Deontais ar an 24 Deireadh Fómhair

**Leithdháil Comhaltaí den Cheantar €165,194.00 san iomlán ar 176 eagraíocht sna catagóirí seo a leanas:**

- 44 Cumann Cónaitheoirí le haghaidh oibreacha feabhsúcháin in eastáit tithíochta;
- 45 Comhlacht Spóirt chun cabhrú le clubanna le costais reatha agus forbairt áit a mbíonn daoine óga nó mná rannpháirteach;
- 20 Cumann Bailte/Sráidbhailte Slachtmhara a choimeádann bail tharraingteach ar áiteanna poiblí;
- 51 Coiste Reilige i dtreo reiligí a chothabháil;
- 13 Féile agus Imeacht a thugann faoi chur chun cinn na n-ealaíon, an chultúir, na hoidhreachta agus an spóirt sa Cheantar.
- Féile Spóirt Dhurlas arb í an imeacht spóirt ildisciplíneach is mó a reáchtáiltear sa Cheantar gach bliain.
- Ranníocaíochtaí faoin Leithdháileadh Bardasach Ginearálta i dtreo clós súgartha nua a chur isteach i dTeampall Tuaithe agus luascán cumais a sholáthar i gClós Súgartha na Gléibe, Ros Cré.



Luascán Cumais, Ros Cré

# TACÚ LENÁR GCUID GNÓTHAS INÁR MBAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

## Soilse na Nollag

D'fhaomh Comhaltaí Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas cúnamh airgeadais €15,500.00 ón Leithdháileadh Bardasach Ginearálta 2018 do Chomhlachas Tráchtála Ros Cré agus ghrúpaí pobail chun cabhrú le soláthar Shoilse Nollag i mbaile Ros Cré agus i 9 sráidbhaile sa Cheantar:

| | |
|---|---|
| Ros Cré | €9,000 |
| Buiríos Ó Luigheach | €1,000 |
| An Baile Beag | €1,000 |
| An Mhaighean | €1,000 |
| Cluain Mór | €1,000 |
| Mainistir na Croiche | €500 |
| Cluain Uí Chionaoith | €500 |
| Teampall Tuaithe | €500 |
| Gort na hUamha | €500 |
| Two-Mile-Borris | €500 |

Leithdháil Comhaltaí Chomhlachas Tráchtála Ros Cré €6,000 eile d'fheabhsúcháin ar Shoilse Nollag i Ros Cré.

Ba phléisiúr é don lucht féachana i mBaile Dhurlas nuair a tháinig Francis Brennan, Óstánaí Éireannach agus Duine Teilifíse chun na Soilse Nollag a lasadh go hoifigiúil ar an 7 Nollaig, 2018.

## Scéimeanna Feabhsúcháin agus Péinteála do Láir Bhaile

Thug Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas tacaíocht airgeadais do 11 úinéir réadmhaoine i Ros Cré, sa Teampall Mór agus i nDurlas faoi na Scéimeanna Feabhsúcháin & Péinteála do Láir Bhaile 2018 chun tabhairt faoi phéinteáil, feabhsúcháin ghinearálta agus timpeallachta ar thosaigh foirgneamh gnó agus cónaithe chun sráid-dreacha a dhéanamh níos tarraingtí um chónaí, obair agus chuairt.

## Fleadh Cheoil Thiobraid Árann 2018

Rinne na baill foirne lasmuigh i mbaile an Teampaill Mhóir cinnte gur coimeádadh dea-bhail ar an mbaile agus go raibh sé saor ó bhruscar le linn agus tar éis Fhleadh Cheoil Thiobraid Árann 2018 a bhí ar siúl sa Teampall Mór ón 14 go 20 Bealtaine, 2018.

## Féile Ceoil Chlasaicigh

Ba léir gealltanas na bhfoirne lasmuigh i mbaile Dhurlas agus ar Bhóithre Dhurlas ag an bhFéile Ceoil Chlasaicigh a bhí ar siúl ar feadh 2 lae i mí Mheán Fómhair trí chinntiú gur coimeádadh an baile glan agus saor ó bhruscar le linn an imeachta.



Francis Brennan ag lasadh Shoilse na Nollag ar an 7 Nollaig

## Dámhachtainí AIBMS d'Fheabhas sa Mhiondíol

Rinne an Ceantar 5 shiopa i nDurlas a chur isteach do Dhámhachtainí AIBMS um Feabhas sa Mhiondíol i mbliana. Bhain gach siopa amach scór an-ard agus bhain 3 cinn díobh amach 80%, rud a léiríonn a gcumas agus a ngealltanas chun feabhas sa mhiondíol a chur ar fáil sa bhaile.



Dámhachtainí na mBailte Fiontair Náisiúnta ag BOI 2018

## Dámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta BOI

I dteannta le Fóram Lár Baile Dhurlas d'éirigh le Comhlachas Tráchtála Dhurlas agus leis an gCeantar €1,500 a bhuachan faoi "Dhámhachtain Thionscnaimh Bhaile na Bliana" do Thionscadal Bhogaigh Cabraí ag Dámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta BOI i mí na Samhna. Ba é a bhí i gceist leis an moltóireacht ná láithreachais agus cuairteanna láithreáin ag an bpainéal moltóirí ar 3 thionscnamh lárnach sa bhaile agus timpeall air a thaispeáin spiorad an fhiontair sa cheantar áitiúil.



# SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

**Ghlac na Comhaltaí leis an Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ar an 28 Márta, 2018. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €7,758,540.00 a chlúdaigh cothabháil bóithre, cothabháil tithe, glanadh sráide, cothabháil conláistí, oibreacha draenála agus cothabháil reiligí.**

**Seo a leanas achoimre ar thionscadail eile a rinneadh faoin Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha:-**

- Tá an Ceantar freagrach as 1,226 aonad tithíochta sóisialta a dheisiú agus a chothabháil. Tugadh faoi ghnáthdheisiúcháin um chothabháil tí ar 679 teach ar chostas €514,513.00. Rinneadh oibreacha cothabhála beartaithe ar 25 theach agus é comhionann le €82,069.00. Tugadh faoi dheisiúcháin roimh ligean ar cíos ar 54 theach folamh ar chostas €334,302.00.
- Feabhsaíodh 24 bhóthar faoin gClár Cothabhála Athchóirithe.
- Rinneadh uasghrádú ar 37 bhóthar faoin gClár Cothabhála Athchóirithe.
- Tugadh faoi Oibreacha Athchóirithe Droichid i bPálás, i mBuiríos Ó Luigheach agus Béal Átha Hin, an Teampall Mór.
- Scéimeanna Feabhsúcháin sábháilteachta ar Chostas Íseal sa Chluain, an Teampall Mór.
- Oibreacha Feabhsúcháin Sráidbhaile a chuimsigh feabhsúcháin ar chosáin sa Bhaile Beag, Ballysloe agus i mBuiríos Ó Luigheach, a bhí maoinithe ag na Comhaltaí tríd an LCG 2018.
- Oibreacha um chothabháil dhraenáil abhann ar an Clodiagh, Black, Cromogue, Droichead na Fearna/Baile na hAbha agus i Ros Cré/An Teampall Mór.
- Athdhromchlú ar an gcarrchlós poiblí taobh le Seanreilig Sheosaimh, an Teampall Mór.
- Athdhromchlú ar an gCearnóg, an Phríomhshráid, Buiríos Ó Luigheach.
- Feabhsúcháin ar an scairdeán agus ar an bpríomhchonair i bPáirc Baile an Teampaill Mhóir.



Feabhsúcháin ar Pháirc Baile an Teampaill Mhóir



# STOIRM EMMA

Buaileadh an tír ag Stoirm Emma i mí an Mhárta agus ba é an toradh uirthi ná sneachta trom, gaotha láidre, bóithre contúirteacha, briseadh cumhachta agus tuilte sa Cheantar. Bhí an fhoireann riaracháin i gceannas ar na línte gutháin, rinne an fhoireann Innealtóireachta monatóireacht ar dhul chun cinn na stoirme agus chinn siad faoi na hoibreacha a bhí riachtanach agus d'eagair na foirne lasmuigh glanadh sneachta agus leagan grin ar na bóithre chun déanamh cinnte go bhféadfadh úsáideoirí bóthair taisteal go sábháilte orthu i rith na haimsire crua.



Stoirm Emma 2018

# TIONSCADAIL SPEISIALTA

## (1) Scéim Fheabhsúcháin Chearnóg na Saoirse, Durlas

Ba é a bhí i gceist leis an gconradh réamhoibreacha ná siopa Uí Ghríofa a leaga agus láithreán an charrchlóis a ghlanadh amach ó Chearnóg na Saoirse agus tugadh chun críche an obair sin i Lúnasa, 2018. D'éirigh leis an gComhairle maoiniú de €1,350,000.00 a fháil faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach i dtreo chostas an Scéim Fheabhsúcháin. Bhí na dearaí sonracha nach mór críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

## (2) Scéim Athnuachana Baile/Sráidbhaile 2018

D'éirigh leis an gCeantar deontas de €70,000.00 a fháil faoin Scéim um Athnuachan Baile/Sráidbhaile 2018 chun an Straitéis um Athnuachan Chomhtháite Lár Baile Dhurlas 2019-2029 a ullmhú.

## (3) Deisiúcháin/Feabhsúcháin ar Halla Baile an Teampaill Mhóir

Ceapadh Joe Costello, T/A Stone Mad mar Chonraitheoir i mí na Samhna, 2018 chun tabhairt faoi dheisiúcháin struchtúracha riachtanacha i Halla Baile an Teampaill Mhóir chun ábhar an fhoirgnimh stairiúil seo a chosaint.

## (4) Scéim Feabhsúcháin Ros Cré

(i) Tugadh chun críche Aip Shlí an Bhuitléaraigh le haghaidh Ros Cré i rith na bliana. Léiríonn an tslí iontach seo an tionchar a bhí ag teaghlach cáiliúil an Bhuitléaraigh ar ábhar fisiceach, sóisialta agus eacnamaíoch an bhaile agus an oidhreacht a d'fhág sé ina dhiaidh.

(ii) Cheap an Ceantar Kent Stainless Teo. chun comharthaí treorach/léirmhíniúcháin a sholáthar i Ros Cré. Is í aidhm na gcomharthaí ná cuairteoirí a spreagadh chun taithí iomlán a fháil ar charachtar tarraingteach na hoidhreachta i Ros Cré mar gheall ar na sraitheanna d'oidhreachta eaglasta sa bhaile agus an tarraingt lárnach mar atá Caisleán Ros Cré.

(iii) Tá dearaí sonracha agus an próiseas Chuid 8 um Athchóiriú Chearnóg an Mhargaidh, Ros Cré críochnaithe agus meastar go dtosófar na hoibreacha i mí Eanáir, 2019.

## (5) Leithdháileadh Chosáin IPB

Sholáthair IPB Insurances Ltd maoiniú chun cosáin a dheisiú/a athchóiriú i gceantair tosaíochta sa Teampall Mór, i nDurlas agus i Ros Cré. Díríodh sa chlár ar ionaid sonracha a d'aithin an fhoireann innealtóireachta áit a raibh baol d'úsáideoirí mar gheall ar riocht na gcosán agus tugadh trácht an-dearfach sna meáin faoin toradh ar an obair agus áthas ar chónaitheoirí agus úsáideoirí sráide ach go háirithe go raibh feabhas mór curtha ar na dromchlaí cosáin.




Feabhsúcháin ar Chosáin Sráid an Chrócaigh

## (6) OHSAS 18001

Bhain an Ceantar amach deimhniú OHSAS 18001 i gCórais um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde i dtaobh "Bainistíocht a Fheidhm Riaracháin do Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas, Áiseanna Foirgnimh, Forfheidhmiú Bruscair agus Maor Tráchta".

Bhí gealltanas agus rannpháirtíocht na mball foirne sa phróiseas ríthábhachtach chun an deimhniú a bhaint amach agus tharraing Iniúchóir NSAI aird ar a ról gníomhach agus a spéis le linn na hiniúchóireachta seachtraí.

# CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA





# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



## AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

**Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh (CBC) déanta suas den Chathaoirleach agus de chúigear Cathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh agus tugann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht dó.**

Cuimsíonn ról an GBC comhairle a chur ar an gComhairle Thofa agus cabhrú leo ó thaobh beartas a cheapadh, a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a athbhreithniú le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is ag an gComhairle Thofa a bhfuil údarás iomlán ó thaobh cinntí a dhéanamh, áfach.

D'fhéadfadh an GBS freisin moltaí a dhéanamh maidir le gnó a leithdháileadh idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus maidir le comhordú ginearálta an ghnó sin.

**Reáchtáladh 10 gcruinniú den GBC i rith 2018. I measc na míreanna a ndearnadh a mheas ag a gcuid cruinnithe bhí:**

- Cloí leis an gCreat Eitice
- Tuairiscí Táscaire Feidhmíochta a Mheas le haghaidh 2016 & 2017
- An Tuarascáil Bhliantúil a Mheas
- Ainmniúcháin a mheas d'iarrthóirí ar oifig Uachtarán na hÉireann;
- Comhthoghadh Folúntas Sealadach chun folúntais a líonadh i mballraíocht Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- An Dréachtráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) 2017 a Mheas
- Toghadh Cathaoirligh Ainmnithe Coiste Beartais Straitéisigh - Bóithre & Iompar
- Iarratas ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) ar chruinniú le Comhaltaí na Comhairle maidir le baic ar chosáin
- Pleananna um Bainistíocht Riosca Tuilte
- Daingniú an ainmní ionaid chuig Bord an BOO
- An Cháin Mhaoine Áitiúil – an ráta coigeartaithe áitiúil a mheas i gcomhréir le Cuid 4 de na Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (ráta coigeartaithe áitiúil) 2014
- An Dréachtbheartas ar Scéimeanna um Feabhsúcháin Áitiúla
- Comhchomhairle ar Bhuiséad 2019
- Chun Aird a Tharraingt ar na Ráitis Airgeadais le haghaidh 2017 agus ar Thuarascáil na n-Iniúchóirí Rialtais Áitiúil
- Prótacal Cuid 8 a mheas um forbairt Aonaid Tithíochta faoi Atógáil Éireann
- Iarratais Toscaireachta
- Cuimhneachán a mheas chun Céad Shuí Dháil Éireann a chomóradh - 21 Eanáir 2019
- Iarratais ar Chomhaontú Nasctha / Cairdis Ceantar Chaoyang, Béising agus Cúige Jiangxi, an tSín

## Ceapadh comhaltaí chuig Coistí/Boird

**Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas**

## Bronnadh Fáiltithe Cathrach ag Ceantair Bhardasacha a Mheas

**Ceantar Buirge Chluain Meala**

- Club Rotary Chluain Meala ag ceiliúradh 50 bliana

**CB an Teampaill Mhóir-Dhurlas**

- Meánscoil na Toirbhearta, Durlas tar éis craobhacha Mumhan a bhaint i gcluichí ceannais sa pheil shinsearach, sa chamógaíocht agus i sacar in aon bhliain amháin, an chéad scoil a raibh an bua acu i dtrí chomórtas.

**Ceantar Bardasach Chaisil/Thiobraid Árann**

- Cór Bhunscoil Iósaif tar éis a mbua le déanaí i gComórtas Lyric Fm.
- Grúpa Fáilte Eatharlaí mar aitheantas dá ról i gcur chun cinn na turasóireachta i dTiobraid Árann.
- Michael John Ryan, Scoil Cheoil Ryan, Baile Thiobraid Árann

**Ceantar Bardasach an Aonaigh**

- Campa Samhraidh Speisialta an Aonaigh
- Oíche Dámhachtainí Cheantar Bardasach an Aonaigh
  - *Seán Minogue – bhí an bua aige i gCraobhchomórtas Oscailte Sinsearach Ghalf Dhá Mhaide na Breataine agus i gCraobhchomórtas Sinsearach na hÍsiltíre i mí Lúnasa*
  - *Foireann Chlub Galf an Aonaigh – bhuaigh siad Sciath Pierce Purcell i nDeireadh Fómhair 2018*
  - *James Prentice, Béal an Átha – dhá bhonn Óir sa Chraobhchomórtas Domhanda Liathróide Láimhe i gcluichí singile agus i gcluichí dúbailte faoi 19*
  - *Sinéad Meagher, Club Liathróide Láimhe an Aonaigh – Bonn óir i gcluichí singile faoi 19 agus bonn airgid i gcluichí dúbailte*
  - *Brian O' Brien & John Kennedy, Béal Átha Gabhann – Bonn Óir i gCluichí Dúbailte na Máistrí*
  - *Rory Grace, Lahorna – bonn airgid i gcluichí dúbailte faoi 15 na mbuachaillí*
  - *Jerome Cahill, Lahorna – bonn airgid i gcluichí dúbailte faoi 19*
  - *Foireann iománaíochta faoi 11 sna cluichí pobail, Éire Óg as an Aonach – Bua i gCluichí Pobail na hÉireann*
  - *Club Peile Bhaile Uí Mhacaí – bhuaigh siad club FAI na bliana*
  - *CL Oilimpeach an Aonaigh tar éis bua i mBabhta Ceannais an tSraithchomórtais Náisiúnta i Roinn 1*
  - *Gary Ryan ionduchtaithe i Halla Clú UL*
  - *Aisling Keller a bhuaigh an Craobhchomórtas Náisiúnta Léasair*

**Ceantar Bardasach Charraig na Siúire**

- Bráithre Críostaí na hÉireann chun a dtarraingt siar ó Charraig na Siúire a chomóradh
- An tUas. Padraig McCarthy, Tigh na Naoi Míle, Co. Thiobraid Árann, chun a éacht a cheiliúradh tar éis dó bonn airgid a bhaint sa Chraobhchomórtas Domhanda Seómharcaíochta i Meán Fómhair, 2018

# SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ I GCOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Oibríonn an Chomhairle samhail chomhtháite um thacaíocht do chustaiméirí i bhfoirm Dheasc Seirbhíse do Chustaiméirí (DSC). Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le gach Rannóg/Ceantar Bardasach ionas go dtuigtear go soiléir na róil atá acu siúd go léir atá i mbun sholáthar na seirbhíse seo. Oibríonn an Chomhairle Córas Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) chun teachtaireachtaí a chur ar aghaidh ó DSC chuig Rannóga/Ceantair Bhardasacha.

## Foireann an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí Cluain Meala





Rosanne Hunt, Camille Donovan, Liz Newport agus Claire Cooney.

## Foireann an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí, An tAonach



Patsy Brislane, Siobhan Collins, Cornelia Downey, Maria Stapleton, Lorraine Keeshan agus Tracey Fitzgerald

## Phléigh foireann an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí le níos mó ná 300,000 idirghníomhú maidir le seirbhís do chustaiméirí i 2018



## Straitéis Cumarsáide

Seoladh straitéis cumarsáide do Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Iúil 2018. Aithnítear go ndéantar gach rud ar son ár bpobal, ár saoránach agus ár bpáirtithe leasmhara agus go mbíonn rannpháirtíocht ball foirne i seirbhís do chustaiméirí agus i gcumarsáid ar bhonn laethúil i gceist leis sin. Tá dea-chumarsáid riachtanach chun ár bplean Corparáideach a chur ar fáil agus chun ár gclú a choimeád agus cur leis. Aithníonn Comhairle Contae Thiobraid Árann gur tábhachtach cumarsáid mhaith a dhéanamh ionas go mbeidh a fhios ag ár n-úsáideoirí go bhfuil muid ag déanamh ár gcuid oibre mar údarás áitiúil.

*Bunaíodh Foireann Chumarsáide a dhéanann ionadaíocht ar gach Roinn agus Ceantar Bardasach agus cuid den chúram a bheidh acu ná aird a tharraingt ar imeachtaí a bheidh ar siúl agus nuacht agus fógraíocht sna cainéil chumarsáide ábhartha.*

**Cuimsíonn an Straitéis Cumarsáide cumarsáid inmheánach a fheabhsú, cumarsáid sheachtrach réamhghníomhach a chur ar fáil, saincheisteanna agus géarchéim a láimhseáil. I rith 2018 áiríodh lena cuid gníomhaíochtaí:**

- An straitéis a sheoladh do bhaill foirne
- Preaseisiúint, ráitis, nótaí faisnéise do na meáin, grianghraif a eisiúint
- Freagairt do gach ceist ó na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí na Comhairle a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht i 'Lá Twitter' an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Cuntais meán sóisialta na Comhairle a láimhseáil
- Ábhar láithreán gréasáin na Comhairle a láimhseáil



Ar Cúl: (C-D) Sonja Reidy (Pleanáil), Alan Walsh (LAWPro), Martina Ferncombe (CB Chaisil-Thiobraid Árann), Evelyn Harty (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh), Jacqueline McGrath (Airgeadas), Marie Phelan (Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail), Mary Murphy (Bóithre), Michael Moroney (Pobal agus Forbairt Réigiúnach), Marie O'Donnell (CB Chluain Meala), Ann Marie Clifford (Comhshaol), Carol Kennedy (Seirbhísí Dóiteáin), Steven O'Donnell (Seirbhísí Dóiteáin).

Ró tosaigh (C-D) Gillian Barry (Tithíocht), Sinead Moriarty (Nenagh MD), Orla McDonnell (CB Dhurlas-an Teampaill Mhóir), Marie O'Gorman (Acmhainní Daonna), Stephanie O'Dwyer (Corparáideach), Clare Curley (Stiúrthóir Seirbhísí)

As láthair ón ngrianghraf – Martin Nolan (CB Charraig na Siúire), Pat Holland (Seirbhísí Uisce) agus Jess Codd (Seirbhísí Leabharlainne agus Cultúrtha)

# SAORÁIL FAISNÉISE

**Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Bronntar trí cheart fíorthábhachtach leis ar bhaill den phobal a iarrann rochtain ar fhaisnéis atá ag ranna rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí ainmnithe eile.**

**Is iad na cearta sin ná:**

- An ceart chun rochtana ar thaifid éagsúla atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.
- An ceart go ndéanfaí eolas pearsanta atá ag na comhlachtaí sin fúthu féin a cheartú nó a thabhairt suas chun dáta áit is gá.
- An ceart fáthanna a fháil le cinntí arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar acu orthu.

Ó tionscnaíodh i 1997 é tá leas bainte go forleathan ag baill den phobal as an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 149 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2018.

**Sa tábla seo a leanas taispeántar líon na n-iarratas FOI a fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2018 chomh maith leis na cinntí faoi na hiarratais sin:**

| | |
|---|---|
| Iompaithe ar aghaidh ó 2017 | 10 |
| Líon na n-iarratas FOI a fuarthas | 149 |
| Líon na n-Iarratas ar Fhaisnéis Phearsanta | 13 |
| Líon na n-Iarratas ar Fhaisnéis Neamhphearsanta | 136 |
| Measctha | 0 |
| Líon na n-iarratas a deonaíodh | 91 |
| Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt | 31 |
| Líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh | 21 |
| Aistrithe chuig comhlachtaí FOI eile | 0 |
| Tarraingthe siar/Láimhseáilte lasmuigh de FOI | 12 |
| Iompaithe ar aghaidh chuig 2019 | 4 |

*Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 149 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2018.*





# FÁILTITHE CATHRACH

## Reáchtáladh Ceithre Fháiltiú Cathrach i rith 2018:

### ▶ Coiste Bailte Slachtmhara Chnocán an Éin Fhinn

**26 Eanáir, 2018**

Coiste Bailte Slachtmhara Chnocán an Éin Fhinn mar aitheantas dá ratha agus "Buaiteoir Foriomlán Dhámhachtain na mBailte Slachtmhara" le haghaidh 2017 bainte amach acu le chomh maith le bua sa chatagóir "An Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn 2017" agus a Stádas Boinn Óir a choimeád

### ▶ Foireann Peile Idirmheánaí Thiobraid Árann

**9 Feabhra, 2018**

Foireann Peile Idirmheánaí na mBan Thiobraid Árann mar aitheantas dá mbua i gCraobh na hÉireann i bPeil Idirmheánach na mBan le haghaidh 2017









## An tUas. Aidan agus an tUas. Joseph O'Brien

**28 Bealtaine, 2018**

An tUas. Aidan agus an tUas. Joseph O'Brien mar aitheantas d'éachtaí Aidan i rith 2017 agus curiarracht dhomhanda socraithe aige tar éis dó 28 Buaiteoir Grúpa 1 a thraenáil i mbliain féilire agus Éacht Joseph mar an Traenálaí ab óige riamh a bhuaigh Corn Melbourne

## Foireann Iománaíochta Faoi 21 Thiobraid Árann

**3 Samhain, 2018**

Mar aitheantas dá mbua i gCluiche Ceannais Chraobh na hÉireann d'Iománaíocht faoi 21 i 2018









# ACMHAINNÍ DAONNA

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann, ar comhairle aontaithe í, i measc na bhfostóirí is mó sa chontae agus 1162 fostaí san iomlán acu (idir fostaithe coibhéise lánaimseartha agus coimeádta) ag deireadh 2018.

**Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as na réimsí seirbhíse seo a leanas a chur ar fáil:**

- Earcaíocht, luach Saothair agus coinníollacha fostaíochta.
- Forbairt agus Cur i bhfeidhm clár oiliúna/ forbartha um baill foirne.
- Aoisliúntas (teidlíochtaí pinsin)
- Leas/caidreamh fostaithe
- Beartais agus socruithe a thacaíonn le teaghlaigh
- Caidreamh tionsclaíoch
- Taifid fhoirne a choimeád
- An córas CORE, ar córas ríomhairithe é um acmhainní daonna.
- An Córas um Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF).
- Tacaíocht do ranna feidhmiúla le gach ábhar a bhaineann le hacmhainní daonna.

## Pleanáil agus Earcú an Fhórsa Oibre

Tá sé de cheangal ar gach Údarás Áitiúil plean faofa don fhórsa oibre a bheith i bhfeidhm acu. Mar chuid de phróiseas cumaisc Thiobraid Árann, rinneadh cleachtadh fairsing um pleanáil fhórsa oibre i 2013 agus tá sé á chur i bhfeidhm ó sin. Tar éis gur cuireadh deireadh leis an lánchosc ar earcaíocht agus gur eisigh an Roinn Smachtbhanna Tarmligthe, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht earcaíochta i 2017, i gcomhthéacs comórtas oscailte agus srianta. Lean an próiseas sin ar aghaidh i 2018 leis na leibhéil is airde de ghníomhaíocht a thug réimse deiseanna d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe nua chuig an Údarás seo. Le 63 comórtas earcaíochta (tar éis 66 i 2017) cuireadh 149 ball foirne nua ar fáil thar an raon iomlán disciplíní lena n-áirítear Riarachán, Innealtóireacht, Teicniúil, Eolaíoch, Oibrí Ginearálta agus na gráid mhaoirseachta.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le ceardchumainn agus le hionadaithe fostaí chun caidrimh oibre chairdiúla agus coinníollacha oibre a bhaint amach chomh maith le cleachtais oibre sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúla. Is iad na príomh-cheardchumainn ar pléadh leo ná Fórsa, SIPTU/ LAPO, UNITE AGUS CONNECT UNION. Coimeádann an Chomhairle seirbhísí an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar ionadaíocht i ndíospóidí arna gcur faoi bhráid 3ú páirtithe mar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.



## Oiliúint & Forbairt Foirne

I gcomhréir lenár mbeartas náisiúnta reatha agus le cuspóirí ár bPlean Chorparáidigh leanaimid ar aghaidh ag déanamh cinnte go mbíonn an deis ag baill foirne ar gach leibhéal den eagraíocht a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus an leibhéal cuí eolais agus scileanna a shealbhú chun gur féidir leo a bpost a dhéanamh. Tá foireann thiomnaithe oiliúna ag an Rannóg Acmhainní Daonna atá freagrach as clár cuimsitheach oiliúna a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm. Bíonn riachtanais oiliúna bunaithe ar na riachtanais arna n-aithint tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus i rith na bliana, tugadh tús áite d'Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, oiliúint a theastaíonn le haghaidh ról sonrach agus freisin oiliúint a bhaineann le bainistíocht athruithe. Freisin cuireadh cistiú ar fáil le haghaidh chúrsaí tríú leibhéil do roinnt ball foirne faoin Scéim Chúnaimh um Oideachas Foirne.

Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, cuireadh oiliúint ar fáil ar an láthair go príomha agus san Ionad Oiliúna Réigiúnach, Ros Cré agus úsáid á baint as idir oiliúnaithe inmheánacha agus seachtracha.

Déantar comhghairdeas leis na fostaithe go léir a ghlac páirt sa chlár oiliúna i 2018.

## Aoisliúntas

**Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna an Scéim Aoisliúntais Údaráis Áitiúil agus Scéim Bhainteach na gCéilí agus Leanaí agus Scéimeanna Pinsin Baintrí agus Dílleachta le haghaidh gach gráid. Comhlíonann lucht na Rannóige na feidhmeanna seo a leanas:**

- Cnapshuimeanna scoir agus pinsin a ríomh chomh maith le haiscí báis, cnapshuimeanna i dtaobh scor, sochair chaomhnaithe etc.
- Aistriú seirbhíse chuig agus ó chomhlachtaí eile Earnála Poiblí.
- Ráitis a ríomh maidir le seirbhísí agus meastacháin sochair.
- Clárú ball nua den scéim.

I 2018 lean an rannóg ar aghaidh le próiseas na réidhe sonraí mar ullmhúchán chun an fheidhm seo a aistriú chuig an ionad seirbhísí comhroinnte, MyPay. Tógfaidh sé roinnt ama chun an próiseas a thabhairt chun críche agus leanfar ar aghaidh leis i 2019.

## Comhionannas

**Is iad an dá phríomhbheartas ó thaobh comhionannais atá i bhfeidhm in Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh ná:**

- An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus
- An Beartas um Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá roinnt Daoine Teagmhála Ainmnithe ar fáil agus is é a ról ná cúnamh a thabhairt d'fhostaithe de réir mar a theastaíonn i gcomhréir leis na beartais i leith comhionannais. Tá an liosta de Dhaoine Teagmhála Ainmnithe ceangailte leis an Beartas i leith Dínite san Ionad Oibre ar Sharepoint.

## An Córas um Bainistíocht & Forbairt Feidhmíochta (CBFF)

Leagtar béim an-mhór fós sa bheartas náisiúnta ar úsáid a bhaint as córais um bainistíocht & forbairt feidhmíochta san Údarás Áitiúil. Tar éis gur cruthaíodh stiúrthóireachtaí athbhreithnithe i ndiaidh an chumaisc agus foirne nua dá bharr sin, cuirtear níos mó béime ar dhéanamh cinnte go mbíonn pleananna forbartha foirne agus pleananna forbartha pearsanta i bhfeidhm do gach ball foirne. Rinneadh an córas CBFF a leathnú níos mó chun rátáil feidhmíochta a chuimsiú agus i 2018 cuireadh na chéad rátálacha den sórt sin i bhfeidhm le haghaidh na mball foirne go léir ar fud na heagraíochta.



## Leas/Caidreamh Fostaithe

**Bímid i gcónaí ag iarraidh timpeallacht oibre a chruthú a chabhraíonn le fórsa oibre sláintiúil agus forásach a chothú. I measc na dtionscnamh a glacadh tá iad seo a leanas:**

- An Clár Tacaíochta Foirne a chuimsíonn Foireann Tacaíochta d'Fhostaithe.
- Rochtain ar Ghairmí Sláinte Ceirde
- Lámhleabhar Fostaithe
- Lámhleabhar ar Aoisliúntais
- Pacáiste Eolais/Ionduchtaithe d'fhostaithe nua
- Dámhachtainí Fadseirbhíse
- Cúrsaí Réamhscoir
- Tionscadal um Filleadh ar Fhoghlaim

Éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann glacadh na socruithe saoire éagsúla a thacaíonn le teaghlaigh a bhfuil ina measc postroinnt, saoire tuismitheora agus saoire cúramóra. I 2018 tugadh isteach "Straitéis Daoine" ar bhonn earnála, ina fhéachtar chuig díriú ar fhorbairt, chumas agus acmhainn ball foirne. Ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann leis an straitéis i 2018 agus cuirfidh sí tús lena comhtháthú i ngach réimse oibriúcháin agus feidhmiúil de ghníomhaíocht na comhairle.

Ag eascairt ón straitéis, tá an Chomhairle ag smaoineamh faoin tacaíocht foirne atá ar fáil faoi láthair a mhéadú agus cuirfidh sí tús leis an bpróiseas chun an tsamhail reatha a athbhreithniú agus samhlacha eile a aimsiú sa chéad ráithe de 2019.

## An Córas AD CORE um Phárolla agus Aoisliúntas

Tugadh isteach Córas nua AD um Phárolla agus Aoisliúntas (CORE) i 2010. I 2017 chuir an rannóg AD tús le hAnailísíocht Sonraí a sholáthar mar bhealach le rochtain agus tuiscint a fháil ar an sonraí sa chóras CORE agus tuairisciú orthu. Cuirfidh sé sin ar chumas na rannóige tuairiscí straitéiseacha lárnacha na bainistíochta a chur ar fáil thar raon de réimsí gnó chun aird a tharraingt ar bhuanna agus laigí na réimsí sin. I 2018 chinn an LGMA iniúchadh a dhéanamh ar an gceist an bhféadfaí sraith earnála a chruthú de theimpléid chaighdeánacha um thuairisciú anailísíochta agus bhunaigh siad meitheal oibre a chuimsíonn beirt ionadaithe ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

## Scoir

**I rith 2018 chuaigh na fostaithe seo a leanas ar scor ón tseirbhís:**

- Mary Keogh
- William Lonergan
- Geoffrey Burke
- Noel Flavin
- Michael Ryan
- Edmond Lyons
- Catherine Sherlock
- Seamus Coffey
- John Ryan
- John Skehan
- Thomas Collins
- Marie Boland
- Michael F. Hayes
- Joan Dempsey
- Mary Graham
- Stephen Morrissey
- Thomas O'Donnell
- Joseph Forrester
- Michael Murphy
- Philip Quinlan
- Michael Grace
- William Quinn
- Patrick Doyle
- Nollaig Butler
- Judith Dalton
- Patrick Keating
- Loraine Treacy
- Marian Scully
- D Matt Mannion
- Mary Carroll
- Jim Williams
- Denis Slattery
- Thomas O'Donovan
- Anthony Caplice
- Patrick Maher
- Mary Crowe
- Kieran O'Brien
- Sheila Moloney

D'fhreastail na fostaithe sin, a bhfuil na blianta fada de sheirbhís eiseamláireach tugtha acu, go han-mhaith ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ar a cuid custaiméirí. Guímid saol fada sona orthu go léir. Tá súil againn go gcoimeádfaidh siad i dteagmháil i gcónaí lena gcuid cairde agus comhghleacaithe.

I dteannta leis na daoine thuas cuimhnímid go ceanúil ár iar-chomhghleacaithe dár gcuid a fuair bás, faraor géar, i rith 2018 agus arís cuirimid comhbhrón ó chroí in iúl dá muintir.

## Básanna

### An Comhairleoir Eddie O'Meara



Ar an Déardaoin, an 12 Aibreán 2018 chuala lucht Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoi bhás roimh am ár gcarad agus comhghleacaí an Comhairleoir Eddie O'Meara. Bhí an Comhairleoir O'Meara, as Baile Uí Dhónaill, Muileann na hUamhan ina chomhalta seirbheála den Chomhairle Contae agus freisin bhí sé ina bhall de Choiste Beartais Straitéisigh na Comhairle um Bóithre; comhairleoir den scoth a bhí in Eddie. Bhí sé ina sheirbhíseach ceart do na daoine. Bhí nádúr uathúil aige, a tharraing gach duine chuige ar casadh air iad. Bhíodh Eddie ar fáil i gcónaí chun tacaíocht, comhairle agus spreagadh a thabhairt do dhaoine eile. An chéad duine a chabhraigh - an duine deireanach a d'imigh. Bhí sé ina éascaitheoir agus ina eadránaí iontach. Bhí sé de chumas aige snáitheanna éagsúla a tharraingt le chéile chun teacht ar chomhthuiscint.

Toghadh Eddie chuig an gComhairle Contae den chéad uair i 1999, agus é mar an gcéad fhear as Muileann na hUamhan a ghnóthaigh suíochán comhairle le 71 bhliain tar éis gur chinn sé go cróga dul san iomaíocht i dtoghchán áitiúil 1999 mar iarrthóir Neamhspleách. Toghadh arís é i 2004, 2009 agus 2014 agus ba é an chéad Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach Charraig na Siúire tar éis gur bunaíodh é.

Cuimhneofar ar Eddie mar "pholaiteoir críonna, meantóir eolach agus rógaire geanúil" agus ba é Muileann na hUamhan bun agus barr a shaoil. Bhí tuiscint dhomhain aige ar an gcóras polaitiúil agus bhíodh sé i gcónaí sásta comhairle a thabhairt. Ba é an "duine le labhairt leis" ina cheantar nuair a bhí aighneachtaí le tabhairt cibé acu ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach. Bhí stíl éifeachtach aige chomh maith le bealach deas le hiarraidh ar rudaí a dhéanamh. Is é an frása a gcuimhneofar air i gcónaí nuair a smaoineofar ar Eddie ná "fág liomsa é".

### An Comhairleoir John Fahey



Ar an 28 Deireadh Fómhair 2018, d'fhoghlaim lucht Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoi bhás roimh am ár gcarad agus comhghleacaí an Comhairleoir John Fahey. Toghadh John, arb as Cill Náille ó dhúchas é, chuig Co. Chontae Thiobraid Árann den chéad uair i 1999, agus atoghadh é gach uair ó sin. Sheirbheáil sé ar go leor coistí, comhlachtaí agus comhlachas, a raibh ina measc an Coiste Beartais Straitéisigh um Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar, Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Thiobraid Árann, Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas, an Coiste um Chur chun Cinn na Gaeilge agus Comhlacht Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT). Freisin bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Bhardasach Charraig na Siúire agus ina iar-chathaoirleach ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas.

Mar fheirmeoir déiríochta agus iar-chomhalta de Chomhairle Náisiúnta ICMSA, bhí sé gníomhaíoch ó thaobh rath na hearnála talmhaíochta i dTiobraid Árann a chinntiú agus freisin bhí ról mór aige in eagraíochtaí eile lena n-áirítear IFAC agus Cumann Forbartha Chill Náille.

Cuimhneofar ar John mar fhear a raibh bród air bheith as Cill Náille, mar ghníomhaí pobail a bhí ciúin sa chaint, díograiseach agus mar pholaiteoir cróga ar a stíl féin. Comhairleoir an-treallúsach a bhí ann ó thaobh ábhar mar fhorbairt eacnamaíochta, bóithre, bonneagar agus Oidhreacht agus Turasóireacht sna ceantair in aice lena bhaile i gCill Náille agus labhraíodh sé amach ag cruinnithe faoi na hábhair a raibh sé tugtha dóibh agus é leagtha ar thorthaí a bhaint amach don Cheantar a raibh sé bródúil as bheith ina ionadaí air.

Scoláire ab ea é a raibh Gaeilge líofa aige agus a luadh an fhilíocht gach uair ab fhéidir. Bhí an-mheas agus an-ghean ag a chomhghleacaithe FG, a chomh-Chomhairleoirí agus ag foireann Chomhairle Contae Thiobraid Árann air.

Maidir leis an mbeirt fhear, fir uaisle, cairde maithe agus comhairleoirí a raibh ardmheas orthu a bhí iontu agus gean agus meas ag gach duine a sheirbheáil leo orthu.

*Ar dheis Dé go raibh a anam dílis*

# CÓRAIS FAISNÉISE

## Cuspóirí

Ardán inrochtana cuimsitheach um sheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus baill foirne trí húsáid a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus an idirlíon.

Na huirlisí, na córais, na réitigh agus an bonneagar a chur ar fáil chun cur ar chumas na mball foirne agus na rannóg gnó a gcuid cuspóirí gnó a chomhlíonadh.

Leanúint ar aghaidh ag soláthar sheirbhís tacaíochta teicniúla sna réimsí Líonraí, Feidhmchláir, Idirlíon agus GIS.



## Éachtaí

**Bhain an fhoireann Córas Faisnéise amach an méid seo a leanas i 2018:**

**Foireann Líonraí/Bonneagair**

- Cuireadh ar fáil uasmhéid aga fónaimh agus feidhmíochta maidir le Líonraí, Córais Ghnó agus Córais TF ar fud gach oifige le haghaidh gach Úsáideora.
- Coimeádadh ár Líonra, ár gCórais agus ár Sonraí slán sábháilte.
- Imíodh ó líonra fearainn náisiúnta an Ghníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)
- Éascaíodh bogadh ball foirne agus oifigí i go leor oifigí ar fud na heagraíochta.
- Cuireadh seisiúin ar fheasacht cibearshlándála ar fáil dár gcuid Úsáideoirí agus Comhaltaí
- I dteannta leis an Iniúchóireacht Inmheánach, rinneadh Iniúchadh Slándála agus tugadh aghaidh ar na ceisteanna a aithníodh (níor aithníodh aon mhíreanna práinneacha).
- Críochnaíodh tástáil ar Néal-Athshlánú agus cáipéisí do gach feidhm Shraith 1.
- Uasghrádaíodh go nascacht ardluais i go leor ionad.
- Rinneadh go leor lasc cumarsáide a athsholáthar ar fud an chontae.
- Éascaíodh bogadh/athrú gutháin agus bogadh chuig fóin teileafónaíochta IP ar bhonn leanúnach.
- Rinneadh na háiseanna um láithreachas Closamhairc a uasghrádú ar fud na heagraíochta.
- Rinneadh ár gcóras ríomhphoist a uasghrádú go MS exchange 2013.
- Bunaíodh Rialachas Slándála Faisnéise
- Cuireadh tús le hArdán um Bainistíocht Athraithe a chur i bhfeidhm



### Foireann rFhorbartha/Gréasáin

- Leanadh ar aghaidh ag déanamh córais Sharepoint a ascnamh ar aon dul le hImeacht ó LGMA agus uasghrádú Ceadúnaithe
- Cuireadh tús le córas nua a fhorbairt um Chigireacht ar Chlóis Súgartha
- Rinneadh an córas Speansas do Chomhairleoirí a uasghrádú.
- Tugadh an córas Bainistíochta Réadmhaoine suas chun dáta.
- Baineadh leas as an gcóras um shuirbhé ar shonraí GDPR
- Oibríodh leis an Rannóg Turasóireachta ar thairiscint nua ar tipperary.com
- Leanadh ar aghaidh ag déanamh taighde ar réiteach um iontráil sonraí soghluaiste do chórais inmheánacha.
- Leanadh ar aghaidh le Sharepoint (bogearraí um bainistíocht córas inmheánach) a ascnamh chuig ardán nua.
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm láithreán gréasáin nua don Ghrúpa Náisiúnta Oiliúna le haghaidh Sheirbhísí Uisce Údaráis Áitiúil. Cuimsíonn an láithreán gréasáin ábhar ó na grúpaí oiliúna bóithre, comhshaoil agus seirbhísí dóiteáin.




### An Fhoireann Córais Faisnéise Geografaí (GIS)

- Rinneadh dul chun cinn le forbairt chóras GIS um Fiosruithe Pleanála bunaithe ar Theicneolaíocht Fhreastalaí ArcGIS chun dul in ionad an chóras reatha Mapguide atá tagtha go deireadh a shaoil.
- Cuireadh seirbhísí GIS um anailís agus thuairisciú léarscáilithe ar fáil do na rannóga Gnó.
- Rinneadh uasghrádú ar go leor dár gcuid córas GIS e.g. Ceantar vótála, Réadmhaoin, Tithíocht agus GeoDirectory.

### Foireann Iarratas

- Éascaíodh an tionscadal Uasghrádú CBA don Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso (céim ii).
- Cuireadh uasghráduithe, paistí agus feabhsuithe i bhfeidhm ar ár gcuid córas gnó.
- Leanadh ar aghaidh le hobair ullmhúcháin chun MS CRM a uasghrádú go leagan 2013
- Leanadh ar aghaidh ag bainistiú fón cliste agus póca chomh maith leis an bpróiseas billeála.
- Rinneadh bainistíocht ar thimpeallacht bhunachar sonraí na bhFreastalaithe SQL.
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córas Comhlachtaí Tithíochta Faofa don Rannóg Tithíochta
- Cumraíodh nascacht an Lárchlár Creidmheasa Tithíochta agus uasghrádú an córas Airgeadais Agresso (tástáil agus dul beo) don Lárchlár Creidmheasa
- Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin d'uasghrádú Ihouse 3.4 – Nasc le API DEASP
- Cruthaíodh vótálaithe speisialta don toghchán Uachtaránachta
- Forbraíodh agus píolótaíodh córas soghluaiste cigireachta do Chigireachtaí Tí, a éascaíonn bailiú réadama na sonraí ar chigireachtaí tí, agus uathghiniúint tuairiscí, ríomhphost agus litreacha chuig tiarnaí talún agus tionóntaí.

### Gach Foireann

- Soláthraíodh seirbhís tacaíochta teicniúla dár bhfoireann agus do chomhaltaí tofa ar fud na heagraíochta.
- Leanadh ar aghaidh le tacaíocht theicniúil agus le cothabháil a sholáthar le haghaidh:
- na córais TF agus Líonra mar Ríomhphost, Seirbhísí Comhaid, Líonraí, Ríomhairí Deisce, Freastalaithe, córais Bhunachar Sonraí, etc.
- ár gcuid córas gnó e.g. I-Plan, I-Docs, I-House, CRM, etc.
- ár gcuid láithreán gréasáin agus córas gréasáin e.g. www.tipperarycoco.ie, www.Tipperary.com; agus an t-Inlíon agus Sharepoint
- ár gcuid córas faisnéise geografaí agus CAD e.g. Fiosruithe Pleanála, Digiteoirí Ar Líne etc; agus oiliúint orthu.
- córais ghutháin, fóin phóca agus fóin líne seasta.

# AN CLUB SPÓIRT & SÓISIALTA

## BRAINSE CHLUAIN MEALA

**Leanann an Club Spóirt agus Sóisialta ar aghaidh ag rith raon leathan imeachtaí agus eagraíonn siad an tarraingt mhíosúil chomh maith le tarraingt mhór sa samhradh agus um Nollaig.**

Tosaíonn an bhliain i gcónaí leis an turas bliantúil chuig an nGeamaireacht i Luimneach agus os cionn 200 i láthair le haghaidh turais lae dheas don teaghlach agus críoch traidisiúnta leis an Nollaig.

Le linn na bliana tógann John O'Mahony ar raonta agus chonairí muid agus imeachtaí cnocadóireachta ar siúl ar fud an chontae.

I 2018 d'fhreastail baill agus a dteaghlaigh ar chluiche Mumhan in Independent Park agus freisin d'fhreastail siad ar Chluiche Mumhan V Laighean i bPáirc Thuamhan.

Baineann baill agus a dteaghlaigh taitneamh as an turas bliantúil siopadóireachta i mí na Samhna agus i rith na bliana téann siad ar turas chuig seónna agus ceoldrámaí i mBord Gáis.

Bhí slua mór i láthair ag BBQ an tSamhraidh ag Rásaí Chluain Meala agus d'fhreastail níos mó ná 80 ball foirne ar oíche shóisialta iontach agus tá sé sin ag teacht chun bheith mar an ócáid is mó a bhíonn againn sa samhradh.

Coimeádann Anne Marie muid san airdeall leis an turas rúndiamhair gach bliain, a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair i mbliana, áit nach eol don lucht freastail cá mbeidh siad ag dul, ach gur féidir bheith cinnte i gcónaí go mbainfear taitneamh as an oíche.

Freisin tacaíonn an club spóirt agus sóisialta leis na himeachtaí comhpháirtíochta don Ócáid Nollag do bhaill foirne scortha agus d'Imeacht Dhaidí na Nollag do theaghlaigh i gCluain Meala.

I mí na Nollag, chuaigh ár gCathaoirleach Marian Scully ar scor, agus guímid gach rath uirthi agus í críochnaithe leis an dualgas gníomhach. D'aontaigh Marian leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte agus fanacht i gceannas mar chathaoirleach.

**Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcuid comhaltaí go léir as a dtacaíocht leanúnach. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhaill agus eagraithe imeachta nua. Más mian leat imeacht a eagrú nó bheith i do bhall den Chlub Spóirt & Sóisialta iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le ball ar bith den choiste mar seo a leanas:**

**Cathaoirleach**

- Marian Scully,

**Rúnaí**

- Rosemary Purcell,

**Cisteoir**

- John O'Mahoney,

**Coiste**

- Mary O'Mahony,
- Fiona Crotty,
- Jimmy Kelly,
- Anne Marie O'Flynn,
- Tom Byrne,
- Maeve Cahill,
- Martina Stapleton.



# BRAINSE AN AONAIGH

**Bhain ár gClub Sóisialta (An tAonach) an-taitneamh as ócáid na bliana 2018. Lenár gcrannchur coicísiúil, ár gcuid tarraingtí Cásca agus Nollag, fuair ár gcuid ball duaiseanna ar luach €9,700 san iomlán dár gcuid ball.**

I measc na n-imeachtaí a eagraíodh agus ar freastalaíodh orthu i rith 2018 bhí Cadhcáil agus Canúáil ar Loch Deirgeirt, Tóraíocht Taisce agus ceolchoirm le Cór Cheol Gaspail Harlem, chomh maith lenár gcuid imeachtaí rialta mar Shiúlóid agus BBQ, sacar faoi dhíon, an t-Aifreann (agus béile) bliantúil i gcuimhne ar bhaill foirne agus chomhaltaí nach maireann, agus Geamaireacht na Nollag, Snow White, i Halla Ceolchoirme na hOllscoile, Luimneach.

Bhí ticéid le haghaidh gach seó agus ócáide fóirdheonaithe le haghaidh gach baill, agus freisin muid páirt i gCóisir na bPáistí a bhíonn ar siúl gach bliain.

Freisin lean muid ar aghaidh ag feidhmiú ár 'gCiste Saoire' do na baill úd ar mian leo sábháil i gcomhair saoire thar lear, le haghaidh ócáide teaghlaigh speisialta nó díreach cistí a bheith acu le billí bliantúla a íoc.



**Go raibh maith agaibh lenár gcomhaltaí go léir, go háirithe iad siúd a ghlac páirt in imeachtaí. Tá buíochas speisialta ag dul dóibh siúd a d'eagair imeachtaí i rith na bliana.**

**Seo a leanas baill an choiste:**

- Peter Cleary (Cathaoirleach)
- Rosemary Joyce (Cisteoir)
- Padraig Cantwell,
- Brian Dunne,
- Nuala Freeman,
- Maureen Grace,
- Siobhan King
- Auven Melia,
- Mary Murphy,
- Miriam Ryan,
- Mary Stephens
- Olivia Madden.

**Mar is amhlaidh i gcónaí chuirfeadh muid fáilte roimh chomhaltaí nua ar an gcoiste agus ba bhreá linn moltaí nua le haghaidh imeachtaí a fháil ónár gcuid comhaltaí.**

# NOCHTUITHE COSANTA

**Achtaíodh an tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014 ar an 15 Iúil 2014. Ceanglaítear ar gach Comhairle nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád chun nochtuithe cosanta a dhéanamh agus déileáil leo faoin reachtaíocht.**

**Is creat é Nochtuithe Cosanta ar féidir le hoibrithe ábhair imní a ardú laistigh de i ndáil le haon éagóir fhéideartha ar thug siad faoi deara san áit oibre agus fios a bheith acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí móra fostaíochta agus eile má ghearrann a bhfostóir pionóis orthu nó má fhulaingíonn siad aon díobháil de bharr é sin a dhéanamh.**

**An tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014**


| | | | |
|---|---|---|---|
| a | S22 Tuarascáil Bhliantúil don tréimhse 1 Eanáir 2017 go 30 Nollaig 2017. | Líon na Nochtuithe Cosanta déanta chuig Comhairle Contae Thiobraid Árann | Nialas |
| b. | | Gníomh (má glacadh) a glacadh i ndáil leis na nochtuithe cosanta sin | N/B |
| c | | Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a glacadh de réir mar a d'fhéadfadh an t-Aire a iarraidh ó am go chéile. | N/B |






# CÚRSAÍ AIRGEADAIS







# AIRGEADAS

**Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle, idir Ioncam agus Caipiteal. Tá sí freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle.**

**I measc an réimse leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais tá:**

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistíocht Státchiste
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- An Córas Bainistíochta Airgeadais – Agresso a Riar agus a Chothabháil
- Gach íocaíocht lena n-áirítear aisíocaíochtaí iasachta agus préimheanna árachais
- Aisíocaíocht deontais agus fóirdheontais rialtais
- Treoir faoi sholáthar do gach rannóg
- Taifid airgeadais a choimeád agus tuarascálacha agus tuairisceáin éagsúla a thabhairt



**Le linn a cuid oibre, bíonn idirchaidreamh rialta ag an Rannóg Airgeadais le gach rannóg san Údarás Áitiúil.**



# NA PRÍOMHRANNÁIN LAISTIGH DEN RANNÓG AIRGEADAIS:

## Cuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RABanna) a ullmhú chomh maith le tuairisceáin reachtúla eile, tuairisc a thabhairt do ghníomhaireachtaí seachtracha agus déileáil leis an bpróiseas Iniúchóireachta um Rialtas Áitiúil.

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná tuairiscí bainistíochta ráithiúla a ullmhú chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúrthóireacht.

Déantar próiseas bliantúil an Bhuiséid a láimhseáil sa rannán seo, i gcomhairle leis na rannáin seirbhíse go léir.

I measc roinnt gníomhaíochtaí eile a dhéantar sa rannóg seo tá bainistíocht ciste, imréiteach bainc, monatóireacht ar an gCuntas Caipitil agus déanamh cinnte go dtarraingítear aníos deontais.

## Ioncam

Pléann an rannóg seo go príomha le Rátaí Tráchtála, Cíosanna Tithíochta, Iasachtaí Tithíochta agus muirir eile a bhailiú i.e. an muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha (NPPR).

### Bailiú Ioncaim

| Cineál féichiúnaí | % Bailithe |
|---|---|
| Cíosanna | 93 % |
| Iasachtaí Tithíochta | 85% |
| Rátaí* | 82% |

* I gcomhréir leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB), 2018 – Aguisín 7, tar éis soláthar do riaráistí amhrasacha sonracha a bhaineann le:

i. Iarratais fholúntais ar feitheamh nó critéir nár comhlíonadh, agus

ii. Cuntais i scrúdaitheoireacht / glacadóireacht / faoi leachtú agus gan chumarsáid.

## Cuntais Iníoctha

Deimhnítear gach sonrasc le haghaidh íocaíochta ag rannáin ábhartha na comhairle agus cuirtear chuig an Rannóg Airgeadais iad. Cuimsíonn siad íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí arna gcur ar fáil don Chomhairle le haghaidh chuspóirí ioncaim agus caipitil araon. Ansin próiseálann an Rannóg Airgeadais na híocaíochtaí agus déanann siad iad. Déantar seiceálacha le haghaidh Dheimhnithe Imréitigh Cánach nó Deimhnithe Fochonraitheora de réir mar is cuí. Déantar Cáin Siarchoinneála a dhéaduchtú ag an ráta forordaithe ó íocaíochtaí i dtaobh "seirbhísí gairmiúla" agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1998, agus é mar cheangal ar údaráis áitiúla ús a íoc i dtaobh íocaíochtaí nach ndéantar laistigh den tréimhse fhorordaithe.

### Staitisticí Sonraisc

| Líon na Sonrasc a Próiseáladh i 2018 | | Luach |
|---|---|---|
| Ráithe 1 | 11,233 | €16,167,691.80 |
| Ráithe 2 | 12,476 | €23,398,677.81 |
| Ráithe 3 | 10,731 | €21,584,708.73 |
| Ráithe 4 | 13,188 | €34,006,975.57 |
| IOMLÁIN | 47,628 | €95,158,053.91 |



## Iniúchóireacht Inmheánach

Is é ról na hiniúchóireachta inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil próisis bainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe idirmheánaigh na heagraíochta ag oibriú go héifeachtach.

Déanann Iniúchóireacht Inmheánach measúnú agus tuairisciú oibiachtúil ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha maidir lena ról in úsáid cheart, bharainneach, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.

I rith 2018, thug an rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí faoi roinnt iniúchtaí agus tugadh tuairisc don bhainistíocht agus don Choiste Iniúchóireachta faoi na fionnachtana agus na moltaí ó gach iniúchadh. Lean Iniúchóireacht Inmheánach ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na moltaí ó na hiniúchtaí roimhe.

## Soláthar

Tá ról ag an Rannóg Soláthair i gcinntiú go bhfuil dea-chleachtais cheannaigh i bhfeidhm ag Comhairle Contae Thiobraid Árann. Tá nósanna imeachta deartha chun luach ar airgead a uasmhéadú agus chun foráil a dhéanamh do dheis chothrom ag gach soláthraí féideartha le tairiscint a chur isteach. Seo a leanas na prionsabail ghinearálta a gcloítear leo i ngach gné de sholáthar: déileáil chomhionann, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach agus comhréire. Oibríonn an rannóg soláthair chun caighdeáin arda a sholáthar maidir le hoscailteacht, trédhearcacht agus comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha go léir ar sholáthar poiblí.

Tá sé mar bheartas ag an rialtas go ndéanfaí gach conradh os cionn €25,000 le haghaidh earraí agus seirbhísí agus oibreacha os cionn €50,000 a fhógairt go foirmiúil ar eTenders. Is é www.etenders.gov.ie an príomh-láithreán gréasáin náisiúnta áit nach mór do sholáthraithe agus do sholáthraithe seirbhíse féideartha a bheith cláraithe chun coimeád ar an eolas faoi thairiscintí atá le teacht. Tá raon eolairí ar an láithreán gréasáin www.tipperarycoco.ie chun cabhrú le soláthraithe féideartha a aimsiú cá háit nach mór dóibh clárú agus chun a ndeiseanna a uasmhéadú chun tairiscintí a chur isteach do chonarthaí na hearnála poiblí.

## Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso

Déanann Foireann Tacaíochta Agresso cothabháil ar Chóras Airgeadais na comhairle, agus iad ag cabhrú le déanamh cinnte go rialaítear i gceart sócmhainní agus dliteanais go léir na heagraíochta.

Cuireadh córas Agresso i bhfeidhm i 2001 agus rinneadh é a uasghrádú go Agresso Milestone 4 (MS4) i mí Dheireadh Fómhair 2017, i gcomhréir le 26 húdarás áitiúil.

**Le Agresso MS4 tugadh isteach gnéithe nua a chabhraíonn le baint amach ár gcuid spriocanna gnó.**

- Cabhraíonn Sreabhadh Oibre - Agresso MS4 le héifeachtúlachtaí oibriúcháin a fheabhsú ar fud na heagraíochta.
- Éascaíonn sé bailiú sonraí Soláthar thar earnáil an Rialtais Áitiúil, agus éascaíonn sé seiceálacha um chomhlíonadh maidir le Soláthar.
- Tá sé cumasaithe ag seirbhís gréasáin, rud a thugann deis feidhmiúlacht nua a sholáthar atá bunaithe ar an ngréasán.
- Déanann sé rialuithe níos doichte a chumasú ar rochtain ar an gcóras
- Baineann sé amach rialú airgeadais níos doichte le seiceáil fíoráma buiséid & cuntasaíocht gealltanais.
- Cuimsíonn Agresso MS4 freisin feidhmiúlacht fheabhsaithe sa mhodúl Sócmhainní Seasta.



# NA PRÍOMHTHUARASCÁLACHA A DHÉANANN AN ROINN AIRGEADAIS:

## An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim foriomlán i gcomhairle leis an mBainisteoir Contae agus ón bhFoireann Bhainistíochta.

Cuirtear an buiséad i láthair don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus do na Comhaltaí Tofa le glacadh ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil.

## An Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB)

Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) a ullmhú faoi dheireadh mhí an Mhárta an bhliain dar gcionn agus é a fhoilsiú faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Déanann an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil iniúchadh neamhspleách ar na ráitis airgeadais sin.

Tugtar sonraí sa RAB faoi ioncam agus chaiteachas don bhliain dar gcionn agus caiteachais ioncaim is caiteachas caipitil araon san áireamh. Taispeántar sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na bliana.

Cuirtear an RAB i láthair comhaltaí ag Cruinniú Comhairle agus is é an t-Iniúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh air.

## Tuarascálacha Comhairle & Bainistíochta

Sa tuairisc bhainistíochta tugtar sonraí faoin ioncam agus faoin gcaiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla a chuireann an chomhairle ar fáil, agus cuirtear i gcomparáid leis an mBuiséad é chun críocha rialú ceart agus leanúnach buiséid a chinntiú.

Cuirtear tuairiscí bainistíochta ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta ar bhonn míosúil agus don Chomhairle ar bhonn démhíosúil.

## Tuairisciú Bliantúil Rannóige/IMF

Tugann gach Údarás Áitiúil tuairisc ráithiúil ar fheidhmíocht airgeadais don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá na tuarascálacha sin déanta suas de Thuarascáil Ráithiúil Ioncaim agus Caiteachais, Tuarascáil Iarmhéid Ginearálta Rialtais (IGR) a chuimsíonn go bunúsach Clár Comhardaithe giorraithe, tuarascáil Cuntais Chaipitil agus tuarascáil Féichiúnaithe.

Ina theannta sin déantar tuarascálacha éagsúla le haghaidh shealbhóirí buiséid i gComhairle Contae Thiobraid Árann a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle.

## Cód Caiteachais Phoiblí

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí Éireannach déileáil go cúramach le cistí poiblí, agus déanamh cinnte go mbaintear an luach is fearr ar airgead agus is féidir agus airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná an tsraith rialacha agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann.

Foilsíodh an Cód Caiteachais Phoiblí do Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) é ar an 31 Bealtaine 2018.




2.95%
4.78
1.64%
+3.77%
15.90
+3.42%
1.03%
+0.85%

# RÁITEAS AIRGEADAIS

**Sa Chuntais Ioncaim, tugtar sonraí faoi airgead a fhaightear agus a chaitear gach lá ar mhíreanna laethúla mar phárolla, aisíocaíochtaí, ceannach ábhar agus cothabháil bóithre, tithíochta, láithreáin líonta talún, reiligí agus mar sin de.**

**Tá ceithre phríomhfhoinse Ioncaim ag gach údarás áitiúil:**

1. Rátaí Tráchtála;
2. soláthar Earraí agus Seirbhísí e.g. Pleanáil, Táillí, Cíosanna;
3. an Cáin Mhaoine Áitiúil agus
4. Deontais Eile e.g. Deontais Bhóthair.

Ar an taobh eile den scéal baineann Cuntas Caipitil, na Comhairle le gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh sócmhainní a chruthú. Ina measc siúd tá tithe comhairle a thógáil agus tógáil bóithre. Nuair a chríochnaítear scéimeanna den sórt sin, tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim i leith fáltas agus caiteachais laethúil a thabhaítear agus iad á gcothabháil. Déantar an t-airgead a chaitheann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar thionscadail chaipitil a fhorchúiteamh trí mheán Dheontais Stáit. Uaireanta, tógann an Chomhairle airgead ar iasacht le haghaidh tionscadal den sórt sin. Cuirtear Fuascailtí Iasachtaí Tithíochta agus Ranníocaíochtaí Pleanála chun sochar an Chuntais Chaipitil freisin.



## An Dréachtchuntas Ioncaim 2018

| | Caiteachas € | Ioncam € | Barrachas / (Easnamh) Foriomlán Iarbhír € |
|---|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 30,514,101 | 31,773,798 | (1,259,698) |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 44,604,872 | 29,046,886 | 15,557,986 |
| Seirbhísí Uisce | 13,409,893 | 13,057,577 | 352,316 |
| Bainistíocht Forbartha | 12,145,026 | 5,423,864 | 6,721,163 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 22,273,308 | 6,844,244 | 15,429,064 |
| Caitheamh Aimsire & Áiseanna | 11,798,583 | 2,511,472 | 9,287,111 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine | 1,194,090 | 660,556 | 533,534 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 13,804,238 | 8,105,716 | 5,698,522 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil / GPG | | 27,134,513 | |
| Rátaí | | 30,931,079 | |
| | **149,744,111** | | |
| | | **155,489,705** | |
| Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí | | | (5,740,301) |
| Barrachas don Bhliain | | | 5,292 |
| Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2018 | | | 5,550,224 |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2018** | | | **5,555,516** |

## Dréachtchuntas Caipitil 2018


| Clár | Caiteachas € | Ioncam € |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 24,252,795 | 21,899,177 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 7,066,867 | 8,676,145 |
| Seirbhísí Uisce | 4,434,125 | 4,635,253 |
| Bainistíocht Forbartha | 2,432,892 | 4,056,016 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 2,469,967 | 847,362 |
| Caitheamh Aimsire & Áiseanna | 1,289,013 | 445,753 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine | 0 | 0 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 4,095,360 | 4,199,402 |
| **Iomláin** | **46,041,019** | **44,759,108** |

# MÓTARCHÁNACHAS




2018
**204,965**
LÍON IOMLÁN NA NDIOSCAÍ CÁNACH EISITHE I 2018

## LÍON NA NDIOSCAÍ CÁNACH EISITHE




Ar Líne
**145,521**
Oifigí Cánach
**59,444**

## FÁLTAIS - OIFIGÍ CHLUAIN MEALA & AN AONAIGH




Gluaisteáin & gluaisrothair phríobháideacha
**€6,958,156**
Earraí & feithiclí eile
**€2,552,360**
Ilghnéitheach
**€626,267**

| | Líon | % |
|---|---|---|
| Céatadán d'iarratais ar iarratais phoist iad (Idirbhearta Mótarchánachais) | 10,382 | 5.02% |

**Meánmhéid na n-iarratas poist agus céatadán de mhéid foriomlán na n-iarratas poist a bpléitear leo (i.e. idirbhearta mótarchánach) ó fhaightear an t-iarratas**

| | Líon | % |
|---|---|---|
| Ar an lá céanna | 10,115 | 97.43% |
| Ar an 2ú nó 3ú lá | 219 | 2.11% |
| Ar an 4ú nó 5ú lá | 6 | 0.06% |
| Os cionn 5 lae | 42 | 0.40% |

| *M.1 Céatadán d'idirbhearta mótarchánach: | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| A bpléitear leo thar an gcuntar | 27.81 | 25.94% | 23.94% |
| A bpléitear leo tríd an bpost | 6.83 | 6.05% | 5.06% |
| A bpléitear leo ar bhealaí eile (e.g. ar líne, ar an nguthán) | 65.36 | 68.01% | 71.00% |

**M.2 Méid na n-iarratas poist agus céatadán de mhéid foriomlán na n-iarratas poist a bpléitear leo (i.e. idirbhearta mótarchánach) ó fhaightear an t-iarratas**

| | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| (a) ar an lá céanna | 13,908 | 12065 | 10,115 |
| (b) ar an 2ú nó 3ú lá | 140 | 396 | 219 |
| (c) ar an 4ú nó 5ú lá | 20 | 17 | 6 |
| (d) os cionn 5 lae | 46 | 48 | 42 |

| M.3 Uaireanta Oscailte Poiblí | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Meánmhéid na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine | 20.00 | 20.00 | 20.00 |





## Mótarchánachas Ar Líne

**Tá úsáid an áis mótarchánach ar líne www.motortax.ie fós ag dul i méid go hincriminteach ar fud gach údaráis áitiúil agus leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur chun cinn na háise seo.**

Ba é méid iomlán na nDioscaí Cánach a eisíodh go dtí an 31 Nollaig 2018 ná 204,965. Ó thaobh céatadán ba é méid na ndioscaí a eisíodh ar líne amhail an dáta sin ná 68.01% de sin.

Léiríodh céatadán de 68.01% don tréimhse choibhéiseach i 2017.

Ina theannta sin, tá áiseanna ar fáil ag an gComhairle in Oifigí Ceantair Bhardasaigh Charraig na Siúire, Thiobraid Árann agus Dhurlas. Déantar freastal sna háiteanna sin ar dhaoine nach bhfuil cárta Léasair ná Dochair acu. Glactar le híocaíochtaí trí hAirgead Tirim nó Ordú Poist/Airgid agus déanann ball foirne an ghné idirlín den idirbheart.

Rinne na trí Cheantar Bardasach 3,794 idirbheart san iomlán ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

Tá ríomhairí ar a bhfuil rochtain ar an idirlíon ar fáil le húsáid ag baill den phobal ar mian leo cáin a cheannach ar líne sna Leabharlanna sa Chontae, agus i bpríomhionaid fháiltithe na n-Oifigí Cathrach i gCluain Meala agus san Aonach.



# AN RANNÓG SAINCHEADÚNAIS

**Tá an Rannóg Saincheadúnais freagrach as Clár na dToghthóirí a ullmhú   Is é atá sa Chlár sin, a ullmhaítear gach bliain ná liosta de dhaoine atá cláraithe chun vótáil sna toghcháin/reifrinn.**

**Seo a leanas na dátaí ábhartha sa phróiseas:**

| | |
|---|---|
| • 1 Samhain | Foilsítear an Dréachtchlár |
| • 1 Feabhra | Foilsítear Clár Beo na dToghthóirí |
| • 15 Feabhra | Tagann an Clár i bhfeidhm |

**Ba é líon iomlán na dToghthóirí ar Chlár na dToghthóirí 2018/2019 ná 125,718 agus seo a leanas miondealú ar líon iomlán na dtoghthóirí i ngach toghcheantar áitiúil:**

| | |
|---|---|
| • Carraig na Siúire | 17,110 |
| • Caiseal-Tiobraid Árann | 21,763 |
| • Cluain Meala | 27,654 |
| • An tAonach | 30,082 |
| • An Teampall Mór-Durlas | 29,109 |




## An tAcht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), Athbhreithniú 2017 ar Dháilcheantair

Tar éis an Acht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), 2017, tá ceantar Urumhan Íochtair i dTiobraid Árann ag dul siar go Dáilcheantar Thiobraid Árann agus tá na Toghranna Cnocán an Éin, Cill Chomnaid agus an Port Nua á n-aistriú go Dáilcheantar Chathair Luimnigh tar éis go lánscoirfear an Dáil arís.

## Toghchán Uachtaránachta / 36ú Reifreann (cuir isteach grianghraif den chomhaireamh más ann dóibh)

Shínigh an tAire an t-Ordú um Lá na Vótála chun an Aoine, an 25 Bealtaine 2018 a shocrú mar an lá chun an vóta a chaitheamh ar an Reifreann ar an Thríocha-séú Leasú ar an mBunreacht agus socraíodh Dé hAoine, an 26 Deireadh Fómhair 2018 mar an lá do Thoghchán na hUachtaránachta.

## Athbhreithniú ar Theorainneacha um Thoghlimistéir Áitiúla

Bhunaigh an tAire Stáit do Thithíocht, Phleanáil agus Rialtas Áitiúil, an tUas. John Paul Phelan, dhá Choiste um Theorainneacha Toghlimistéir Áitiúil, ar coistí neamhspleácha iad i 2018, chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh faoi thoghlimistéir áitiúla (TLAnna) ag féachaint chuig, i measc nithe eile, torthaí Dhaonáireamh 2016, chomh maith leis an ngealltanas chun smaoineamh faoi méid na dtoghlimistéar áitiúil a laghdú atá mór ó thaobh críche agus leibhéil leordhóthanacha ionadaíochta a chinntiú do bhailte agus cheantair uirbeacha.

Tháinig an ceanglas sin chun méid TLAnna a laghdú chun cinn ó ábhair imní a d'ardaigh comhairleoirí sna blianta roimhe sin maidir le limistéir atá mór ó thaobh críche, agus chun béim níos doichte agus níos dlúithe a chur, ar bhailte iar-bhuirge ach go háirithe, agus ar bhailte ina bhfuil daonra de níos mó ná 30,000, tar éis an athbhreithnithe dheireanaigh ar theorainneacha.
Le haghaidh gach molta, ba ghá cothrom idir na fachtóirí ábhartha go léir, mar dhaonra, dlús an daonra uirbigh agus tuaithe, geografaíocht agus topagrafaíocht, chomh maith le naisc phobail agus praiticiúlacht na línte teorann a mheas.

Thug na coistí teorann a gcuid tuarascálacha chun críche i Meitheamh 2018, tar éis 3 sheisiún comhchomhairle pobail. Rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneacht shonrach ar an 16 Feabhra 2018 agus rinneadh 10 n-aighneacht san iomlán i dtaobh Thiobraid Árann, a bhfuil siad go léir ar fáil le feiceáil orthu ar láithreán gréasáin an choiste teorann. Moladh i dTuarascáil Uimh. 1 an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéir Áitiúil 2018 8 dToghlimistéar Áitiúil san iomlán do chontae Thiobraid Árann, méadú de 3 TLÁ ón méid iomlán faoi láthair mar atá 5.

**Seo a leanas an liosta iomlán de Thoghlimistéir Áitiúla le haghaidh Thiobraid Árann a thiocfaidh i bhfeidhm le haghaidh Thoghcháin Áitiúil 2019 atá sceidealaithe le tarlú ar an 24 Bealtaine 2019:**

- Cluain Meala
- Cathair Dúin Iascaigh
- Carraig na Siúire
- Caiseal-Tiobraid Árann
- An tAonach
- An Port Nua
- Ros Cré-An Teampall Mór
- Durlas

**Ina theannta sin rinneadh moltaí i dtuarascáil an Choiste Teorainneacha Uimh.1 maidir le cumrú na gceantar bardasach i dTiobraid Árann mar seo a leanas:**

- Ceantar Catharbhuirge Chluain Meala lena gcuimsítear TLÁ Chluain Meala agus TLÁ Chathair Dúin Iascaigh;
- Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann lena gcuimsítear TLÁ Chaisil-Thiobraid Árann;
- Ceantar Bardasach Charraig na Siúire lena gcuimsítear TLÁ Charraig na Siúire;
- Ceantar Bardasach an Aonaigh lena gcuimsítear TLÁ an Aonaigh agus TLÁ an Phoirt Nua;
- Ceantar Bardasach Dhurlas lena gcuimsítear TLÁ Dhurlas agus TLÁ Ros Cré-An Teampaill Mhóir

Ghlac an tAire lena gcuid moltaí go léir maidir le sannadh TLÁnna, ar chúinsí an-teoranta, áfach; chinn sé imeacht ó mholtaí an Choiste maidir le Ceantair Bhardasacha chun cruthú Ceantar Bardasach uirbeach ar leithligh a éascú le haghaidh líon an-bheag d'ionaid mhóra agus d'iarbhuirgí.

**Tugadh feidhm do shannadh na gCeantar Bardasach i gContae Thiobraid Árann ar an 19 Nollaig 2018 i gcomhthráth le roinnt an chontae i dToghlimistéir Áitiúla mar seo a leanas:**

- Ceantar Buirge Chluain Meala a chuimsíonn TLÁ Chluain Meala;
- Ceantar Bardasach Thiobraid Árann-Chathair Dúin Iascaigh-Chaisil a chuimsíonn TLÁ Chaisil-Thiobraid Árann agus TLÁ Chathair Dúin Iascaigh;
- Ceantar Bardasach Charraig na Siúire a chuimsíonn TLÁ Charraig na Siúire;
- Ceantar Bardasach an Aonaigh a chuimsíonn TLÁ an Aonaigh agus TLÁ an Phoirt Nua;
- Ceantar Bardasach Dhurlas a chuimsíonn TLÁ Dhurlas agus TLÁ Ros Cré-An Teampaill Mhóir


Local Electoral Area Boundary Committee No. 1 Report 2018

# County Tipperary



# AGUISÍNÍ





# SCEIDEAL DE CHEAPACHÁIN CHUIG COISTÍ 2018

## CATHAOIRLIGH AINMNITHE CBSANNA

**An Cmhlr An Cmhlr Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(h)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Seamus Morris**
Neamhpháirtí
087-2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Denis Leahy**
Neamhpháirtí
062-51668(h)
087-6796704
Denis_leahy@eircom.net

**An Cmhlr Cllr. John Hogan**
Fianna Fail
0504-45116(h)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Roger Kennedy**
Fianna Fail
062 61296
086 8161058
Roger.kennedy@tipperarycoco.ie

## CATHAOIRLIGH AINMNITHE CBSANNA CEAPACHÁIN 2017

**An Cmhlr Michael Murphy**
Fine Gael
052 6127862
087 3226699
michael.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Eddie O'Meara**
Neamhpháirtí
052 9153229
087 9243823
eddie.omeara@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Jim Ryan**
086 2397376
jim.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Michael O'Meara**
086 8379300
michael.omeara@tipperarycoco.ie

## A.I.L.G. (TOSCAIRÍ VÓTÁLA)

**An Cmhlr Kieran Bourke**
Fianna Fáil
051-640767(t)
086-8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Cllr. Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(t)
086-0251277
micheál.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(t)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Cllr. Eddie Moran**
N.P.
0504 31313
086 2484363
Eddie.moran@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(t)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

## A.I.L.G. (TOSCAIRÍ BUANA)

**An Cmhlr An Cmhlr Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(t)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(h)
062-80503(w)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Cllr. Eddie Moran**
N.P.
0504 31313
086 2484363
Eddie.moran@tipperarycoco.ie

## BOO

**An Cmhlr An Cmhlr Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht Oibre
061-378738(t)
086-1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Roger Kennedy**
Fianna Fáil
062-61296(t)
086-8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Joe Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr John Fahey (RIP)**
Fine Gael
052-9156349(h)
086-3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr David Dunne**
Sinn Fein
086-3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(h)
062-80503(w)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Kieran Bourke**
Fianna Fáil
051-640767(t)
086-8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Marie Murphy (Iúil 18)**
Fine Gael,
086-8261387
marie.murphy@
tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Catherine Carey**
Sinn Féin
085-1012059
catherine.carey@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Cllr. John Hogan**
Fianna Fail
0504-45116(h)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Micheál Lowry**
Neamhpháirtí
0504-22022(w)
087-2897585
micheal.lowry@tipperarycoco.ie

## TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT & AN OIRTHIR

**An Cmhlr An Cmhlr Joe Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(t)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Micheál Lowry**
Neamhpháirtí
0504-22022(w)
087-2897585
micheal.lowry@tipperarycoco.ie

## LAMA

**An Cmhlr An Cmhlr Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(h)
086-0251277
micheal.anglim@tipperarycoco.ie

## IPBMI

**An Cmhlr An Cmhlr Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht Oibre
061-378738(t)
086-1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

## AN COISTE COMHAIR-LIÚCHÁIN ÁITIÚIL DON LUCHT TAISTIL

**An Cmhlr An Cmhlr John Crosse**
Fine Gael
062-76105(t)
087-9165851
john.crosse@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Cllr. Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(t)
086-0251277
micheál.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Pat English**
WUA
052-6124014(t)
087-7684746
pat.english@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(t)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr David Dunne**
Sinn Fein
086-3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

# SCEIDEAL DE CHEAPACHÁIN CHUIG COISTÍ 2014 - 2019

## COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**An Cmhlr An Cmhlr Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(h)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Roger Kennedy**
Fianna Fáil
062-61296(t)
086-8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

## SEIRBHÍSÍ GINEALAIS & OIDHREACHTA THIOBRAID ÁRANN

**An Cmhlr An Cmhlr Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(h)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Hughie McGrath**
Neamhpháirtí
067-33452/
087-2559323
hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Joe Hannigan**
Neamhpháirtí
067-28020
087-2566157
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

## IONAD EALAÍON THIOBRAID ÁRANN THEAS

**An Cmhlr Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr John Fahey (RIP)**
Fine Gael
052-9156349
086-3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

## IONAD EALAÍON AN AONAIGH

**An Cmhlr Joe Hannigan**
Neamhpháirtí
087-2566157
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

## IONAD CEARDAÍOCHTA AN OIRDHEISCIRT

**An Cmhlr An Cmhlr Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(h)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(h)
086-0251277
micheal.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

## IONAD EALAÍON RÉIGIÚNACH DHURLAS

**An Cmhlr An Cmhlr Joe Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Jim Ryan**
Neamhpháirtí
086-2397376
jim.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Sean Ryan**
Fianna Fáil
087-4581455
seanoryan@tipperarycoco.ie

## COISTE DRAENÁLA RÉIGIÚNACH GOUL

**An Cmhlr Cllr. John Hogan**
Fianna Fail
0504-45116(h)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

## AN COISTE MONATÓIREACHTA UM UISCE TUAITHE

**An Cmhlr Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(t)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(h)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Michael Fitzgerald**
Fine Gael
062-72136(t)
087-2292126
michael.fitzgerald@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Pat English**
W.U.A.
052-6124014
087-7684746
Pat.english@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Eddie Moran**
Neamhpháirtí
0504-31313
086-2484363
Eddie.moran@tipperarycoco.ie

## FÓRAM SLÁINTE RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT

**An Cmhlr An Cmhlr Louise McLoughlin**
Fine Gael
052-9156422(h)
087-7829711
louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(t)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Imelda Goldsboro**
Fianna Fáil
087-2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Tom Wood**
Neamhpháirtí
062-63142(h)
087-9746545
tom.wood@tipperarycoco.ie

## FÓRAM SLÁINTE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR

**An Cmhlr An Cmhlr Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(h)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr John Carroll**
Fianna Fáil
067-32047
086-8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr David Doran**
Sinn Féin
0504-45150(t)
086-8901599
david.doran@tipperarycoco.ie

## UCC - COMHLACHT RIALAITHE

**An Cmhlr An Cmhlr Ml. Smith An Cmhlr Ml. Fitzgerald**
Fine Gael
062-72136/087-2292126
michael.fitzgerald@tipperarycoco.ie

# SCEIDEAL DE CHEAPACHÁIN CHUIG COISTÍ 2014 - 2019

## AN COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL (CFPÁ)

**Joe MacGrath**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
0761 06 5000
joe.macgrath@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr John Carroll**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
(086) 8041893
(067) 32047
john.carroll@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr An Cmhlr Joe Hannigan**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
(087) 2566157
(067) 28020
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr  An Cmhlr Mary Hanna-Hourigan**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
(085) 8150689
(062) 75164
mary.hanna@tipperarycoco.ie

**Donal Mullane**
Teagasc
(087) 2503290
(052) 6121300
donal.mullane@teagasc.ie

**Rita Guinan**
Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Arann
(087) 9207700
07 61 06 5000
rita.guinan@leo.tipperarycoco.ie

**Adrian Cunneen**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(067) 50919
adrian.cunneen@welfare.ie

**Michael Murray**
Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh
(087) 6753380
(067) 56676
MMurray@ntlp.ie

**Catherine Guest**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(086) 1575949
catherineguest2012@hotmail.com

**Cora Horgan**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(087) 772011
Cora.horgan@trys.ie

**Clare Cashman**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
087 9597454
clare@mfrc.ie

**Charles Stanley Smith**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(087) 2411995
(067) 24379
Charles@r495.com

**Sara Bourke**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(086) 8156965
sarabourketipp@gmail.com

**Sean O'Farrell**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(087) 9227957
sarabourketipp@gmail.com

**Derval Howley**
FSS, Oifig an Oirdheiscirt um Iomchuimsiú Sóisialta
087 3743329
derval.howley@hse.ie

Maria Bridgeman
FSS, Oifig an Oirdheiscirt um Iomchuimsiú Sóisialta
061 464060
maria.bridgeman@hse.ie

**Eileen Condon**
BOO
052 6121067
e.condon@tipperaryetb.ie

**Isabel Cambie**
Cuideachta Forbartha
Thiobraid Árann Theas
(052) 7442652Isabelcambie@stdc.ie

**Carmel McCormack**
L.R.P.
086 0403203
Carmel_mccormack@yahoo.ie

**John O'Shaughnessy**
Cluain Meala
052 9152166
joshaughnessy@clancyconstruction.ie

**Tim Cullinane**
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
(087) 2760625
woodvillepig@outlook.ie

**Imelda Walsh**
IFA
086 8433633
imeldawalsh65@gmail.com

**John Lupton (July18)**
PPN
086 2478681
johnjlupton@gmail.com

**Martin Quinn (Iúil 18)**
PPN
087 6101628
martinquinns@eircom.net

**Eoin Wolahan (Iúil 18)**
PPN
087 9786405
wolahane@gmail.com

**Ceardchumann**
Le deimhniú

## COMHALTAÍ AN CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

### Na Gardaí

**An tArd-Cheannfort**
**Catherine Keogh**
Beidh an ceannfoirt/na ceannfoirt i láthair ag brath ar ionad agus téama an CCP

### An tOireachtas

- An Teachta Dála Mattie McGrath
- An Teachta Dála Michael Lowry
- An Teachta Dála Seamus Healy

### Comhalta Tofa ÚÁ

- An Cmhlr  Martin Lonergan
- An Cmhlr Andy Moloney
- An Cmhlr Catherine Carey
- An Cmhlr An Cmhlr Phyll Bugler
- An Cmhlr Fiona Bonfield
- An Cmhlr Hughie McGrath
- An Cmhlr John Crosse
- An Cmhlr Denis Leahy
- An Cmhlr Roger Kennedy
- An Cmhlr David Dunne
- An Cmhlr Kieran Bourke
- An Cmhlr Imelda Goldsboro
- An Cmhlr Sean Ryan
- An Cmhlr David Doran
- An Cmhlr Michael Smith

### LRP/Pobal

- Billy Collins
  (An Colún Feirmeoireachta)
- Joe Leahy
  (An Colún Gnó)
- Carmel O'Neill
  (LRP Thiobraid Árann/CB Chaisil)
- Catherine Guest
  (LRP CB Dhurlas)
- Margaret Sheehy
  (LRP CB an Aonaigh)
- FOLAMH
  (LRP CB Charraig na Siúire)
- FOLAMH
  (LRP Cb Chluain Meala/
  Cathair Dúin Iascaigh)

### Oifigeach ÚÁ

- Margo Hayes
- Sinead Carr

## COMHAIRLE NA NÓG

- An Cmhlr Fiona Bonfield

## COISTE CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN

- An Cmhlr John Crosse
- An Cmhlr Joe Hannigan

## FÓRAM OIDHREACHTA THIOBRAID ÁRANN

- An Cmhlr Roger Kennedy
- An Cmhlr An Cmhlr Ger Darcy

## IONAD COMHORDAITHE IOMPAIR THIOBRAID ÁRANN

- An Cmhlr Fiona Bonfield
- An Cmhlr Pat English
- An Cmhlr Kevin O'Meara
- An Cmhlr John Crosse
- An Cmhlr Joe Bourke

# COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH



## Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht

### CATHAOIRLEACH:

**An Cmhlr John Crosse**

### COMHAIRLEOIRÍ:

**An Cmhlr Seamus Hanafin**
**An Cmhlr Siobhán Ambrose**
**An Cmhlr John Fahey**
**An Cmhlr Phyll Bugler**
**An Cmhlr John Hogan**
**An Cmhlr Joe Hannigan**
**An Cmhlr Martin Browne**
**An Cmhlr Kieran Bourke**
**An Cmhlr Tom Wood**

### EARNÁLACH/COLÚIN:

**Imelda Walsh**
Barr Beathach, Carraig an Tóchair, An tAonach

**Mark Small**
Bóthar Marlfield, Cluain Meala

**Laura Jones**
c/o Óstán Clonmel Park, Poppyfields, Cluain Meala

**Noel Byrne**
Goirtín an Phóire, An Droim Bán, Durlas

**Edel Grace**
Halla na gCearc Fraoigh, Cloch an Mhíle, Durlas

**Jimmy Ryan**
Kickham Lodge, Sráid Chiceam Cluain Meala

**Seamus Hoyne**
Bóthar Dhurlas, An tAonach



## Comhshaol & Seirbhísí Uisce

### CATHAOIRLEACH:

**An Cmhlr Michael Murphy**

### COMHAIRLEOIRÍ:

**An Cmhlr J. Carroll**
**An Cmhlr Marie Murphy**
**An Cmhlr C. Carey**
**An Cmhlr R. Molloy**
**An Cmhlr A. Moloney**
**An Cmhlr Ml. Smith**
**An Cmhlr Ml. Anglim**


### EARNÁLACH/COLÚIN:

**Simon Ryan**
Garraí Dúlas, An tSeanphailís, Luimneach

**Richard Auler**
Baile an Bhradaigh, Cathair Dúin Iascaigh

**P.J. Long**
Baile Shéamais, Barne, Cluain Meala

**John Butler**
Bus. Gnó & Turasóireacht
info@bookwork.ie



## Bóithre & Iompar

### CATHAOIRLEACH:

**An Cmhlr Michael FitzGerald**

### COMHAIRLEOIRÍ:

**An Cmhlr Mattie Ryan**
**An Cmhlr Fiona Bonfield**
**An Cmhlr Michael Fitzgerald**
**An Cmhlr Hughie McGrath**
**An Cmhlr David Doran**
**An Cmhlr Eddie Moran**
**An Cmhlr Roger Kennedy**

### EARNÁLACH/COLÚIN:

**P.J. English**
The Bella, Bóthar an Chloichín, Cathair Dúin Iascaigh

**Angela Hickey**
Áth an Bheithir, Cill Ó Scolaí, An Port Nua

**David Shanahan,**
POF, Questum Acceleration Centre, Baile an Gharráin, Cluain Meala

**Martin Healy**
Forb. Tógáil
087 2582871

**Billy Collins**
The Elms, An Mhóin Mhór, An Mhóin Ard

## Tithíocht, Pobal & Cultúr

### CATHAOIRLEACH:

**An Cmhlr Jim Ryan**

### COMHAIRLEOIRÍ:

**An Cmhlr Imelda Goldsboro**
**An Cmhlr Louise McLoughlin**
**An Cmhlr Marie Murphy**
**An Cmhlr Mary Hanna Hourigan**
**An Cmlr Seamus Morris**
**An Cmhlr Pat English**
**An Cmhlr Micheál Lowry**
**An Cmhlr Martin Lonergan**
**An Cmhlr S. Ryan**

### EARNÁLACH/COLÚIN:

**John O'Shaughnessy**
c/o Clancy Construction,
Drongán, Durlas.

**Terry O'Connor**
Ionad Acmhainne Teaghlaigh Three Drives Family,
22/23 Céide an Ghrianáin,
Baile Thiobraid Árann

**Liam Hayes**
Red City, Fiodh Ard

**Trisha Purcell**
Gort na Sceiche, An Teampall Uachtarach, Durlas

**Christy Morgan**
T.U.
christymorgan@gmail.com

** (1)

## Seirbhísí Pleanála & Éigeandála

### CATHAOIRLEACH:

**An Cmhlr Michael O'Meara**

### COMHAIRLEOIRÍ:

**An Cmhlr Micheál Anglim**
**An Cmhlr John Carroll**
**An Cmhlr Joe Bourke**
**An Cmhlr Gerard Darcy**
**An Cmhlr Denis Leahy**
**An Cmhlr David Dunne**
**An Cmhlr Martin Browne**

### EARNÁLACH/COLÚIN:

**Matthew Mounsey**
Norwood, An tAonach


**Tom Gallahue**
C/o Teamar Property Development Ltd.,
An Phríomhshráid, Baile an Londraigh, Co. Luimnigh


**Lynn Mather**
15 Sráid Parnell, Cluain Meala

**Richard Long**
An Clochar, Cluain Abhla, Caiseal

** *Ionadaithe Breise le hainmniú.*

# AN STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA - AN BHAINISTÍOCHT PHOLAITÍOCHTA & SHINSEARACH




An Príomhfheidh-meannach
Bóithre, Iompar, Sláinte & Sábháilteacht agus an Leas-Phríomhfheidmeannach
Stiúrthóir Cúrsaí Corparáideacha & Acmhainní Daonna
Stiúrthóir um Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht, Forbairt Pobail
Stiúrthóir Tithíochta
AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA
Stiúrthóir Airgeadais
Stiúrthóir Pleanála & Seirbhísí Uisce
Seirbhísí Éigeandála agus Bainistíocht/ Rialú Tógála, Seirbhísí Leabharlainne/ Cultúrtha agus Seirbhísí Roinnte
Comhshaol agus Clár Uisce na n-Údarás Áitiúil (LAWPRO)

# STRUCHTÚR NA FOIRNE

## Stiúrthóireacht: Airgeadas

### STIÚRTHÓIR

**Liam McCarthy**

### AIRGEADAS GINEARÁLTA

**Cuntasóir Airgeadais**
Gerry McGarry

**Cuntasóir Bainistíochta**
Paddy Brennan

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Breda Moloney AO

Jacqueline McGrath AO

### TF

**Ceann CF**

Gerard Lynch

**Ceannairí Tionscadail CF**

Yvonne Byrne

Dermot Tobin

Ruth Maher

Eddie Meegan

### IONCAM

Peter Cleary AO

### MÓTARCHÁIN

John Doyle AO

## Stiúrthóireacht: Comhshaol & Clár Uisce na n-Údarás Áitiúil (LAWPRO)

### STIÚRTHÓIR

**Sean Keating**

### COMHSHAOL

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Marion O'Neill ISF

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Ruairi Boland ISF

Kieran McKenna ISF (A)

Cora Morrissey AO

### LAWPRO AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

Carol McCarthy,
Ceannaire Tionscadail Foireann
Measúnaithe Abhantraí

Ray Spain,
Comhordaitheoir bunaithe i dTulach Mhór,

Fran Igoe,
Comhordaitheoir bunaithe i gCluain Meala,

Bernie O'Flaherty,
Comhordaitheoir bunaithe i
gCora Droma Rúisc.

**Bainisteoirí Abhantraí**

Martina Smith atá bunaithe i Muineachán;

Bernie White atá bunaithe i nGaillimh;

Margaret Keegan atá bunaithe
i mBaile Átha Cliath;

Maeve Ryan atá bunaithe i Luimneach;

Ruth Hennessy atá bunaithe i gCluain Meala.

**Sainfhoireann Tacaíochta**

Sheevaun Thompson, Ceannaire Maoinithe;

Michael Pollard, TF agus Riarachán;

Alan Walsh, Ceannaire Cumarsáide
agus Margaíochta, tá an triúr bunaithe
sa Cheannoifig i gCluain Meala

## Stiúrthóireacht: Pleanáil, Seirbhísí Uisce agus Ceantar Bardasach an Aonaigh

### STIÚRTHÓIR

**Marcus O'Connor**

### PLEANÁIL

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Brian Beck SP

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Brian Clancy AO

### SEIRBHÍSÍ UISCE

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Denis Holland SE (Ceann Rannáin)

Gerry Robinson IS (A)

John Crowley IS (A)

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Pat Holland AO

Eddie Loughnane AO

John Fogarty ISF (A)

## Stiúrthóireacht: Tithíocht & Ceantar Buirge Chluain Meala

### STIÚRTHÓIR

**Sinead Carr**

### TITHÍOCHT

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Donal Purcell OSF (A)

Jonathon Cooney IS (A)

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Jim Dillon AO

Sean Lonergan AO

## Stiúrthóireacht: Cúrsaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna & Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann

### STIÚRTHÓIR

**Clare Curley**

### SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Ger Walsh OSF

**Ceann Rannóige – Grád eile**

David Coleman AO

### ACMHAINNÍ DAONNA

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Paul Murray OSF (A)

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Marie O'Gorman AO (A)

## Stiúrthóireacht: Bóithre, Iompar, Sláinte agus Sábháilteacht agus CB an Teampaill Mhóir - Dhurlas

### STIÚRTHÓIR

**Matt Shortt**

### BÓITHRE

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Michael F. Hayes IS

John Nolan IS

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Michelle Maher IS

Michael Woulfe ISF

Liam Quinn ISF (Sláinte & Sábháilteacht)

Michael O'Neill ISF (Sláinte & Sábháilteacht)

## Stiúrthóireacht: Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar, Forbairt Pobail agus CB Charraig na Siúire

### STIÚRTHÓIR

**Pat Slattery**

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Ita Horan, Ceann OFA (A)

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Michael Moroney AO
(Aonad na dTionscadal Speisialta)

Kathleen Prendergast AO

Attracta Lyons AO

Margo Hayes AO

Teresa Kiely AO (A)

Marie Phelan AO

## Stiúrthóireacht: Seirbhísí Éigeandála agus Bainistíocht/ Rialú Tógála, Seirbhísí Leabharlainne/Cultúrtha agus Seirbhísí Roinnte

### STIÚRTHÓIR

**Karl Cashen**

### SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA & DÓITEÁIN

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Dave Carroll CFO

**Ceann Rannóige – Grád eile**

**SACFO**

Ray O'Leary

Eddie Ryan

John Shinnors

Garret McLouhglin

### LEABHARLANNA

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Damien Dullaghan Leabharlannaí Contae

**Ceann Rannóige – Grád eile**

Jess Codd, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

Emer O'Brien, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

### COSAINT SHIBHIALTA

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Anthony Graham Oifigeach Cosanta Sibhialta (A)

### CULTÚR/EALAÍONA

**Ceann Rannóige**
**OSF/OS Cosúil le Chéile**

Melanie Scott, Oifigeach Ealaíne

Roisin O'Grady, Oifigeach Oidhreachta

Marie McMahon, Caomhnóir Músaem

## Ceantair


AN TAONACH
Stiúrthóir Ceantair
Marcus O'Connor
Riarthóir Ceantair
Rosemary Joyce SEO
Innealtóir Ceantair
Peter Fee ISF (A)
TEAMPALL MÓR - DURLAS
Stiúrthóir Ceantair
Matt Shortt
Riarthóir Ceantair
Janice Gardiner AO (A)
Innealtóir Ceantair
John Jones ISS (A)
CAISEAL - TIOBRAID ÁRANN
Stiúrthóir Ceantair
Clare Curley
Riarthóir Ceantair
Marie McGivern AO
Innealtóir Ceantair
Aidan Finn ISF
CARRAIG NA SIÚIRE
Stiúrthóir Ceantair
Pat Slattery
Riarthóir Ceantair
Martin Nolan AO
Innealtóir Ceantair
Willie Corby ISF
CLUAIN MEALA
Stiúrthóir Ceantair
Sinead Carr
Riarthóir Ceantair
Anthony Coleman POF
Stiúrthóir Ceantair
Eamonn Lonergan IS

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

**Níl sna sonraí le haghaidh 2018 ach dréacht-shonraí agus beidh an tuarascáil dheireanach ar fáil trí NOAC nuair a fhoilseofar an Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta 2018 ag deireadh 2019.**

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: T1, T2 & T4 Faofa** | A. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ ar an 1/1/2018 | 4915 | |
| | B. Líon na dteaghaisí curtha leis an stoc faoi úinéireacht an ÚÁ i rith 2018 (cibé acu gur tógadh nó go bhfuarthas iad) | 105 | |
| | C. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ a díoladh i 2018 | 27 | |
| | C. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ a leagadh i 2018 | 3 | |
| | E. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ ar an 31/12/2018 | 4990 | |
| | F. Líon na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ atá beartaithe le leagan faoi scéim fhaofa ag DHPLG | 0 | |
| | A. An céatadán de líon iomlán na dteaghaisí faoi úinéireacht an ÚÁ a bhí folamh ar an 31/12/2018 | 3.21 % | |
| | Líon na dteaghaisí laistigh dá stoc foriomlán nach raibh tionóntaí iontu ar an 31/12/2018 | 160 | |
| | A. Caiteachas i rith 2018 ar chothabháil thithíocht ÚÁ arna thiomsú ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018, roinnte ar líon na dteaghaisí i stoc an ÚÁ ar an 31/12/2018, i.e. an figiúr táscaire H1E lúide H1F | €593.18 | |
| | Caiteachas ar chothabháil stoc an ÚÁ arna thiomsú ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018, lena n-áirítear cothabháil phleanáilte agus caiteachas a cháiligh do dheontais, mar dheontais SEAI um oibreacha iarfheistithe um éifeachtúlacht fuinnimh nó an Clár um Uasghrádú Ábhair ach gan chaiteachas ar aonaid réadmhaoine fhoilmhe san áireamh ná caiteachas faoi scéimeanna faofa um athchóiriú mór (i.e. Athnuachan fhaofa faoi na Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin). | €2959952 | |
| | Caiteachas ar chothabháil stoc an ÚÁ arna thiomsú ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear cothabháil phleanáilte agus caiteachas a cháiligh do dheontais, mar dheontais SEAI um oibreacha iarfheistithe um éifeachtúlacht fuinnimh nó an Clár um Uasghrádú Ábhair ach gan chaiteachas ar aonaid réadmhaoine fhoilmhe san áireamh ná caiteachas faoi scéimeanna faofa um athchóiriú mór (i.e. Athnuachan fhaofa faoi na Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin). | €2595276 | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H3 & H5 Faofa** | A. An t-am tógtha ón dáta a imíonn tionóntaí ó theaghais go dtí an dáta i 2018 nuair a ligtear an teaghais ar cíos do thionóntaí nua, agus an meán faighte thar gach líon iomlán na dteaghaisí a ligeadh ar cíos den athuair i rith 2018 | 33.5 seachtain | |
| | B. An costas caite ar na teaghaisí sin a ullmhú do thionóntaí nua i 2018, agus an meánfhigiúr faighte thar gach teaghais a ligeadh ar cíos den athuair i 2018 | €8613.90 | |
| | Líon na dteaghaisí a ligeadh ar cíos do thionóntaí nua ar dháta ar bith i 2018 (ach gan iad siúd go léir san áireamh a bhí folamh mar gheall ar scéim athchóirithe ar fud eastáit) | 188 | Tá éadálacha(64), a bhí curtha san iomlán i líon iomlán na dtithe a ligeadh ar cíos do thionóntaí nua sna blianta roimhe, fágtha amach go hiomlán (i.e. chun críocha caiteachais agus fhad ama). Méadaíonn sé an meánmhéid ama a bhíonn gach teach folamh ag 8.5 seachtain. |
| | An líon seachtainí ón dáta a imíonn tionóntaí ó theaghais go dtí an dáta a ligtear ar cíos go tionóntaí nua í. | 6298 seachtain | |
| | Caiteachas iomlán ar oibreacha a bhí riachtanach chun go bhféadfaí na teaghaisí a ligean ar cíos arís | €1619414 | |
| | An t-am tógtha ón dáta a imíonn tionóntaí ó theaghais go dtí an dáta i 2017 nuair a ligtear an teaghais ar cíos do thionóntaí nua, agus an meán faighte thar gach líon iomlán na dteaghaisí a ligeadh ar cíos den athuair i rith 2017 | 25.7 seachtain | |
| | B. An costas caite ar na teaghaisí sin a ullmhú do thionóntaí nua i 2017, agus an meánfhigiúr faighte thar gach teaghais a ligeadh ar cíos den athuair i 2017 | €6631.5 | |
| | I 2017, líon na dteaghaisí a ligeadh ar cíos do thionóntaí nua (ach gan iad siúd go léir san áireamh a bhí folamh mar gheall ar scéim athchóirithe ar fud eastáit) | 232 | |
| | I 2017, an líon seachtainí ón dáta a imíonn tionóntaí ó theaghais go dtí an dáta a ligtear ar cíos go tionóntaí nua í | 5962.4 seachtain | |
| | I 2017, Caiteachas iomlán ar oibreacha a bhí riachtanach chun go bhféadfaí na teaghaisí a ligean ar cíos arís | €1538508 | |
| | A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe sa cheantar ÚÁ ag deireadh mhí an Mheithimh 2018 | 7865 | |
| | B. Líon na dteaghaisí ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu i 2018 | 991 | |
| | C. Céatadán de theaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu i 2018 a bhfuarthas nár chomhlíon siad na Rialacháin um Chaighdeáin | 84.46 % | |
| | D. Líon na dteaghaisí nach raibh ag comhlíonadh a tháinig chun bheith comhlíontach i rith 2018 | 64 | |
| | C. Céatadán de theaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu i 2018 a bhfuarthas nár chomhlíon siad na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) | 837 | |
| **Tithíocht: H6 Faofa** | A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar % de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2018 | | |
| | Líon na ndaoine fásta aicmithe mar bheith gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31 Nollaig 2018 mar atá taifeadta ar chóras PASS | | Cuirfear an t-eolas sin ar fáil ag an Údarás Ceannasach Réigiúnach, Co Co Phort Láirge |
| | Líon na ndaoine fásta a bhí i gcóiríocht éigeandála gan bhriseadh ar feadh 6 mhíosa ar an 31/12/2018 nó ar feadh 6 mhíosa go carnach laistigh de na 12 mhí roimhe sin. | | Líonfar an figiúr sin ag an Údarás Ceannasach Réigiúnach, Co Co Phort Láirge |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Bóithre: R1 & R2 Idir Lámha** | An % de chiliméadair de bhóithre Réigiúnach ar tugadh rátáil PSCI dóibh sa tréimhse 24 mhíosa roimh an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair de Phríomhbhóithre Áitiúla ar tugadh rátáil PSCI dóibh sa tréimhse 24 mhíosa roimh an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád ar tugadh rátáil PSCI dóibh sa tréimhse 24 mhíosa roimh an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád ar tugadh rátáil PSCI dóibh sa tréimhse 60 míosa roimh an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de bhóithre Réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI de 1-4 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de bhóithre Réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI de 5-6 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de bhóithre Réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI de 7-8 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de bhóithre Réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI de 9-10 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Phríomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI de 1-4 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Phríomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI de 5-6 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Phríomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI de 7-8 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Phríomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI de 9-10 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre áitiúla den dara grád ag a raibh rátáil PSCI de 1-4 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád ag a raibh rátáil PSCI de 5-6 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád ag a raibh rátáil PSCI de 7-8 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád ag a raibh rátáil PSCI de 9-10 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád ag a raibh rátáil PSCI de 1-4 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád ag a raibh rátáil PSCI de 5-6 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád ag a raibh rátáil PSCI de 7-8 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | An % de chiliméadair iomlána de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád ag a raibh rátáil PSCI de 9-10 ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh i rith 2018 | 1% | |
| | A2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha i rith 2018 | 1% | |
| | B1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a rinneadh a athshéalú i rith 2018 | 1% | |
| | B2. An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre réigiúnacha i rith 2018 | 1% | |
| | C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh i rith 2018 | 1% | |
| | C2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre áitiúla i rith 2018 | 1% | |
| | D1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a rinneadh a athshéalú i rith 2018 | 1% | |
| | D2. An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre áitiúla i rith 2018 | 1% | |
| **Mótarcháin: R3 Faofa** | A. An céatadán d'idirbhearta mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca cánach) i 2018 | 74.22% | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Uisce: W1 Idir Lámha** | % de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil ag comhlíonadh ceanglas reachtúil maidir le monatóireacht ar chaighdeán sholáthairtí príobháideacha uisce i rith 2018 | 1% | |
| **Dramhaíl: E1 Idir Lámha** | A. Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá suite i gceantar atá clúdaithe ag oibreoir ceadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araide ar an 31/12/2018 | 1% | |
| | B. An % de theaghlaigh laistigh den údarás áitiúil (i gcomhréir le Daonáireamh 2016 freisin) atá léirithe ag an bhfigiúr ag A | 1% | |
| **Truailliú Comhshaoil: E2 Faofa** | A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán ina dtaobh i rith 2018 | 1368 | |
| | A2. Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh ón 1/1/2017 go dtí an 31/12/2018 | 1326 | |
| | A3. Líon iomlán na gcásanna idir lámha ar an 31/12/2018 | 246 | |
| | Líon oscailte na gcásanna a iompaíodh ar aghaidh ó dheireadh na bliana 2017 | 204 | |
| **Truailliú ó Bhruscar: E3 Idir Lámha** | A1. An % den achar laistigh den ÚÁ a bhí gan truailliú nó saor ó bhruscar nuair a rinneadh suirbhé air i 2018 | 1% | |
| | A2. An % den achar laistigh den ÚÁ a bhí truaillithe beagáinín nuair a rinneadh suirbhé air i 2018 | 1% | |
| | A3. An % den achar laistigh den ÚÁ a bhí truaillithe go measartha nuair a rinneadh suirbhé air i 2018 | 1% | |
| | A4. An % den achar laistigh den ÚÁ a bhí truaillithe go dona nuair a rinneadh suirbhé air i 2018 | 1% | |
| | A5. An % den achar laistigh den ÚÁ a bhí thar a bheith truaillithe nuair a rinneadh suirbhé air i 2018 | 1% | |
| **Stádas Brataí Glaise: E4 Faofa** | A. An % de scoileanna ar bronnadh stádas brataí glaise orthu | 62.03% | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Pleanáil: P1 Faofa** | A. Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil ina leith | 11.78 % | |
| | Líon iomlán na bhfoirgneamh na ar tugadh fógra fúthu don údarás áitiúil i.e. foirgnimh áit a raibh Fógra Tosaithe bailí seirbheáilte sa tréimhse ó 1/1/2018 go dtí an 31/12/2018 ag tógálaí nó forbróir ar an údarás áitiúil | 416 | |
| | Líon na bhfoirgneamh nua ar tugadh fógra fúthu don údarás áitiúil i 2018 a ndearnadh cigireacht amháin ar a laghad orthu i rith 2018 ar thug an t-údarás áitiúil faoi | 49 | |
| **Pleanáil: P2 & P3 Idir Lámha** | A. Líon na gcinntí pleanála faoi ÚÁ a bhí faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála a ndearna an Bord cinneadh maidir leo ar dháta ar bith i 2018 | 24 | |
| | B. % de chinntí ag A lenar dearbhaíodh (le nó gan athrú) an cinneadh a rinne an t-ÚÁ | | |
| | Líon na gcinntí lenar dearbhaíodh cinneadh an ÚÁ (le nó gan athrú) | 21 | |
| | A. Líon iomlán na gcásanna pleanála a cuireadh faoi bhráid an údaráis áitiúil nó a tionscnaíodh aige sa tréimhse ó 1/1/2018 go 31/12/2018 a fiosraíodh | 201 | |
| | B. Líon na gcásanna fiosraithe a dúnadh i rith 2018 | 128 | |
| | C. % de chásanna ag B a caitheadh amach mar chásanna a bhí gan tábhacht, fánach nó gan bhonn nó a dúnadh mar go raibh an fhorbairt coiscthe ag reacht nó díolmhaithe | | |
| | D. % de chásanna a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí chaibidlí | | |
| | E. % Cásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | | |
| | F. Líon iomlán na gcásanna pleanála á bhfiosrú ar an 31/12/2018 | 627 | |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a díbheadh faoi alt 152(2) an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 | 128 | |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástacht an ÚÁ le linn caibidlí | 0 | |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | 201 | |
| **Pleanáil: P4 & P5 Faofa** | A. Sonraí Chlár D an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2018 (RAB) roinnte ar dhaonra an cheantar ÚÁ i gcomhréir le Daonáireamh 2016 | €0 | |
| | Sonraí Chlár D an RAB A chuimsíonn D01 - Pleanáil, D02 - Bainistíocht Forbartha, D03 - Forfheidhmiú (an cion ábhartha den lármhuirear bainistíochta faoi Chlár D san áireamh) le haghaidh 2018 | €0 | níl ar fáil fós |
| | A. An céatadán d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i 2018 a cinneadh (a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de dhá mhí óna bhfáil | 40.45 % | |
| | B. An céatadán d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i 2018 a cinneadh (a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de thréimhse fhadaithe ar aontaíodh uirthi leis an iarratasóir | 52.81 % | |
| | Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i 2018 nár tharraing an t-iarratasóir siar | 89 | |
| | Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i 2018 a cinneadh (a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de dhá mhí ó fuarthas an t-iarratas | 36 | |
| | B. An céatadán d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i 2018 a cinneadh (a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de thréimhse fhadaithe ar aontaíodh uirthi | 47 | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F1 Faofa** | A. Sonraí Chlár D an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2018 (RAB) roinnte ar dhaonra an cheantar ÚÁ i gcomhréir le Daonáireamh 2016 don daonra ar a bhfreastalaíonn an t-údarás dóiteáin i gcomhréir leis na tuairiscí ar Chéim a hAon den Chur Chuige Riosca-bhunaithe | €54.83 | |
| | Sonraí caiteachais Chlár an RAB déanta suas de E11 - Oibriú Sheirbhís Dóiteáin & E12 - Cosc Dóiteáin le haghaidh 2018 | €8766761 | E11 oibriúchán 8270270 E12 cosc 496491 Y E11 584923 Y E12 206887 |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Faofa** | D. Meánmhéid ama tógtha i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh dóiteáin | 0 nóim | N/B |
| | D. Meánmhéid ama tógtha i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i dtaobh dóiteáin | 5.83 nóim | |
| | D. Meánmhéid ama tógtha i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh dóiteáin gach teagmhas éigeandála eile (nár bhain le dóiteán) | 0 nóim | N/B |
| | D. Meánmhéid ama tógtha i nóiméid, chun fios a chur ar bhriogáidí i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i dtaobh gach teagmhas éigeandála eile (nár bhain le dóiteán) | 5.9 nóim | |
| | A. % de chásanna i dtaobh dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 43.51 % | |
| | B. % de chásanna i dtaobh dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 40.26 % | |
| | B. % de chásanna i dtaobh dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméid | 16.23 % | |
| | A. % de chásanna i dtaobh gach teagmhas éigeandála eile áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 34.27 % | |
| | E. % de chásanna i dtaobh gach teagmhas éigeandála eile áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméid ach laistigh de 20 nóiméad | 47.32 % | |
| | F. % de chásanna i dtaobh gach teagmhas éigeandála eile áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 18.41 % | |
| | Líon iomlán na nglaonna i dtaobh dóiteáin ó 1/1/2018 go 31/12/2018 | 1067 | tabhair faoi deara nach réitíonn an figiúr sin go beacht le suim na dtrí fhigiúir thíos mar ní bheadh amanna taifeadta do roinnt teagmhas le go bhféadfaí iad a áireamh sa mhiondealú ar na staitisticí. |
| | Líon na gcásanna dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 402 | |
| | Líon na gcásanna dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 372 | |
| | Líon na gcásanna dóiteáin áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméid | 150 | |
| | Líon iomlán na nglaonna i dtaobh gach teagmhas éigeandála eile (i.e. gan dóiteán san áireamh) ó 1/1/2018 go 31/12/2018 | 506 | tabhair faoi deara nach réitíonn an figiúr sin go beacht le suim na dtrí fhigiúir thíos mar ní bheadh amanna taifeadta do roinnt teagmhas le go bhféadfaí iad a áireamh sa mhiondealú ar na staitisticí. |
| | Líon na gcásanna sin nár bhain le dóiteán áit ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 147 | |
| | Líon na gcásanna sin nár bhain le dóiteán ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 203 | |
| | Líon na gcásanna sin nár bhain le dóiteán ar fhreastail an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméid | 79 | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L1 Faofa** | A. Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine sa daonra don cheantar ÚÁ i gcomhréir Dhaonáireamh 2016 | 3.09 | |
| | | | |
| | Líon na gcuairteanna ar a leabharlanna ón 1/1/2018 go dtí an 31/12/2018 | 493333 | |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L2 Faofa** | A. Sonraí Chlár F an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) 2018 roinnte ar dhaonra an cheantar ÚÁ i gcomhréir le Daonáireamh 2016 | €27.45 | |
| | AFS Sonraí faoi Chlár F a chuimsíonn F02 - Oibriú na Leabharlainne agus an Seirbhíse Cartlainne (lena gcuimsítear an cion ábhartha den lármhuirear bainistíochta do Chlár F) le haghaidh 2018 | €4379337 | |
| **Óige & Pobal: Y1 & Y2 Faofa** | An céatadán de scoileanna áitiúla rannpháirteach i scéim Chomhairle na nÓg | 78.79 % | |
| | Líon iomlán na meánscoileanna sa cheantar ÚÁ ar an 31/12/2018 | 33 | |
| | Líon na meánscoileanna sa cheantar ÚÁ ar fhreastail ionadaithe orthu ar CGB Chomhairle na n-Óg a reáchtáladh i 2018 | 26 | |
| | Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae agus an cion a roghnaigh bheith rannpháirteach sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den LRP | 11.37 | |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae don cheantar údaráis áitiúil amhail an 31/12/2018 | 1434 | |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair i 2018 | 171 | |
| | Líon na n-eagraíochtaí a roghnaigh dul isteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta nuair a chláraigh siad don LRP | 163 | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Corparáideach: C1, C2, C4 & C5 Faofa** | A. Líon na mball foirne coibhéise lánaimseartha ag deireadh na bliana amhail an 31 Nollaig 2018 | 1034.06 | |
| | A. Céatadán de laethanta oibre íoctha caillte de thoradh asláithreacht tinnis trí shaoire a fuarthas teastas dochtúra di i 2018 | 3.97 % | |
| | B. Céatadán de laethanta oibre íoctha caillte de thoradh asláithreacht tinnis féindheimhnithe a fuarthas teastas dochtúra di i 2018 | 0.26 % | |
| | Líon iomlán na laethanta oibre caillte de thoradh asláithreachais tinnis trí mheán saoire a fuarthas teastas dochtúra di i 2018 | 9352.01 lá | |
| | Líon iomlán na laethanta oibre caillte de thoradh asláithreachais tinnis trí mheán saoire féindheimhnithe i 2018 | 617.23 lá | |
| | Líon na laethanta oibre neamhíoctha caillte de thoradh asláithreachais tinnis san áireamh i líon iomlán na laethanta trí mheán saoire breoiteachta féindheimhnithe i 2018 | 0 lá | |
| | Líon na laethanta oibre neamhíoctha caillte de thoradh asláithreachais tinnis san áireamh i líon iomlán na laethanta trí mheán saoire breoiteachta a bhfuarthas teastas dochtúra di i 2018 | 43.5 lá | |
| | Má tá aon bhaill foirne ar saoire fhadtéarmach (i.e. tréimhse leanúnach de níos mó ná 4 seachtaine), cuir isteach nóta téacs faoi líon na mball foirne ar saoire fhadtéarmach breoiteachta | 85 _ 58 bhFear _ 27 mBean | |
| | A. An caiteachas go léir ar TFC sa tréimhse 1/1/2018 go 31/12/2018 roinnte ar an líon CLA | €3034.45 | |
| | Iomlán an chaiteachais ar TFC i 2018 | €3137807 | |
| | An caiteachas go léir ar TFC sa tréimhse 1/1/2017 go 31/12/2017 roinnte ar an líon CLA do 2017 | €2761.61 | |
| | Iomlán an chaiteachais ar TFC i 2017 | €2734404 | |
| | A. An caiteachas go léir ar TFC ríofa i C4 mar chion den chaiteachas Ioncaim | 2.10 | |
| | Iomlán an chaiteachas Ioncaim ó 1/1/2018 go 31/12/2018 roimh astruithe ó nó chuig cúlchistí | 149744111 | |
| **Corparáideach: C3 Faofa** | A. Iomlán na n-amharc leathanaigh ar láithreán gréasáin an ÚÁ i 2018 | 1897926 | |
| | B. Líon iomlán na leantóirí do chuntais meán sóisialta an ÚÁ ag deireadh 2018 | 61954 | |
| | Líon na gcuntas meán sóisialta a oibríonn an t-údarás áitiúil | 30 | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Airgeadas: M1 & M2 Faofa** | A. Iarmhéid carnach ar an 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | €5536783 | |
| | A. Iarmhéid carnach ar an 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | €5542326 | |
| | A. Iarmhéid carnach ar an 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | €5547270 | |
| | A. Iarmhéid carnach ar an 31/12/2017 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | €5550224 | |
| | A. Iarmhéid carnach ar an 31/12/2018 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | €5555516 | |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach ar an 31/12/2018 mar chéatadán den Ioncam Iomlán i 2018 ón Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais de chuid an RAB | 3.57% | |
| | G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine i 2018 | €938.52 | |
| | An figiúr Ioncaim Iomláin le haghaidh 2018 ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an RAB | €155489704 | |
| | An figiúr Ioncaim Iomláin le haghaidh 2018 ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an RAB | €149744111 | |
| | Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014 | 72.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2015 | 78.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2016 | 81.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2017 | 81.5 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2018 | 82.5 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Aoisliúntas ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais le haghaidh 2014 | 92.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Aoisliúntas ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais le haghaidh 2015 | 95.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Aoisliúntas ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais le haghaidh 2016 | 97.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Aoisliúntas ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais le haghaidh 2017 | 98.7 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Aoisliúntas ón Ráiteas Bliantúil Airgeadais le haghaidh 2018 | 93.3 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin na n-Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014 | 76.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin na n-Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2015 | 77.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin na n-Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2016 | 79.0 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin na n-Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2017 | 84.4 % | |
| | Leibhéal bailiúcháin na n-Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2018 | 85 % | |

| Ábhar | Táscaire | Luach | Trácht |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíoch: J1 go J4 Faofa** | A. Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil i rith na tréimhse 1/1/2018 go 31/12/2018 | 168.0 | |
| | A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin um thrádáil ar líne a d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil i 2018 | 40 | |
| | B. Líon na ndearbhán sin um thrádáil ar líne a tarraingíodh aníos i 2018 | 21 | |
| | A. Líon na rannpháirtithe ar tugadh rannpháirtíocht dóibh i rith na tréimhse 1/1/2018 go 31/12/2018 | 363 | |
| | A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an údarás áitiúil? | Tá | |
| | A. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil? | Tá | |

# COMHDHÁLACHA 2018

| | |
|---|---|
| Entitlement to Health Services | Cloch na gCoillte |
| Bainistíocht Aibhneacha | Cloch na gCoillte |
| Plean Forbartha agus Athrú Aeráide | Dún na Séad |
| Buiséid Údaráis Áitiúil | Leitir Ceanainn |
| Retail in Ireland Live | Iarthar na Cathrach |
| Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach | Loch Garman |
| Comhdháil Trasteorann | Cairlinn |
| Seimineár Fuinnimh NFLA | Omagh |
| Na Scéimeanna Nua um Thithe Inacmhainne | Cairlinn |
| Beartas Comhtháite an AE | Cairlinn |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | Leitir Ceanainn |
| An tAcht Airgeadais | Cairlinn |



# OILIÚINT 2018

| | |
|---|---|
| Seimineár Beartais Bliantúil an NFLA | An tIúr |
| Oifig an Taoisigh – Fógraíocht Pholaitiúil | Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| Comhdháil ar an mBreatimeacht | Baile Átha Cliath |
| Cruinniú ar Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann | Corcaigh |
| AILG Modúl 6 | Cill Chainnigh, Léim an Bhradáin, An Cabhán |
| Cónaidhm Míchumais na hÉireann | Luimneach |
| AILG Modúl 5 | Luimneach, Sligeach |
| Getting Ireland Brexit Ready | Muineachán, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh |
| Comhdháil ar Thurasóireacht | Luimneach |
| AILG Modúl 4 | Biorra, Corcaigh, Cora Droma Rúisc |
| Taighde SEAI ar Fhuinneamh Gaoithe | Baile Átha Cliath |
| Dúshláin an Dlí ar Acmhainní Daonna | Baile Átha Cliath |
| Bailte agus Sráidbhailte Cliste | Liatroim |
| An Fóram Náisiúnta Turasóireachta | Ciarraí |

| | |
|---|---|
| Fuinneamh & Aistriú Aeráide | Cluain Meala |
| Comhdháil Pleanála an Fhómhair | Baile Átha Cliath |
| Líonra Taighde na hÉireann ar Fhuinneamh Gaoithe | Baile Átha Cliath |
| Seimineár Fómhair LAMA | Ciarraí |
| Fuinneamh sa Talmhaíocht | Ros Cré |
| AILG Modúl 3 | Bun Dobhráin, Dún Dealgan, Cill Áirne |
| AILG Modúl 2 | Inis, Cathair na Mart, Leamhcán |
| Seisiún Eolais ar Thionscadal Éire 2040 leis an Taoiseach | Luimneach |
| Comhdháil Pleanála IPI | Trá Lí |
| Comhdháil Bhliantúil AILG | Dún Garbhán |
| Oiliúint Earraigh LAMA | Baile Dhún na nGall |
| Seó Fuinnimh SEAI | Baile Átha Cliath |
| AILG Modúl 1 | Muileann gCearr, Ceatharlach, An Cabhán |
| Gluaiseacht Eorpach na hÉireann | Gaillimh |
| Comhdháil ar Bhochtaineacht Fuinnimh na hEorpa | Baile Átha Cliath |



# AN TIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH ROS CRÉ

Lean Ionad Réigiúnach Ros Cré ar aghaidh lena thiomantas chun oiliúint ardchaighdeáin agus forbairt a chur ar fáil do Bhaill Foirne Earnála Poiblí agus don Earnáil Phríobháideach. Chuir cúnamh i bhfoirm deontas oiliúna do na hearnálacha Bóithre, Uisce agus Comhshaol le bliain rathúil eile. Mar gheall ar mhéadú leanúnach ár gcuid clár oiliúna rinneadh cinnte go bhfuair ár bhfórsa oibre an t-eolas agus na scileanna reatha a theastaíonn chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach gairmiúil agus sábháilte.

## Staitisticí Oiliúna

Tugadh 6,756 lá oiliúna ag an ionad i 2018 d'fhostaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Is ionann sin agus méadú 29.7% i gcomparáid le 2017. Taispeántar an táirgeacht do gach Údarás Áitiúil a bhfuil vóta aige sa ghraf thíos.

## Oiliúint Údaráis Áitiúil Thiobraid Árann

**D'fhreastail 812 fostaí ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar chúrsaí a rith an t-ionad.**

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| Cúrsaí Oiliúna Duine faighte | 1,019 | **1,645** |
| Laethanta Oiliúna Duine faighte | 1,261 | **2,024** |



## Cistiú

**Rinne fostaithe Chomhairle Contae Thiobraid Árann cúrsaí creidiúnaithe mar seo a leanas:**

**C.S.C.S.**

- Comharthaí, Soilsiú & Cosaint ag Oibreacha Bóthair - Déanta ag - 4 fostaithe
- Sláinte & Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair - 43 fhostaí
- Tochaltóir 360o - 2 fhostaithe
- Seirbhísí Faoi Thalamh a Aimsiú - 6 fostaithe
- Ionramhálaí Teileascópach - 9 fostaithe

**Teastas Q.Q.I:**

- Cúrsa um Oibreoirí Ionad Uisce - 4 fostaithe
- Cúrsa um Oibreoirí Ionad Uisce - 7 fostaithe
- Garchabhair - 37 fostaí
- Úsáid shábháilte Luibhicídí agus Lotnaidicídí - 6 fostaithe
- Teastas i mBainistíocht Chlár Bóithre - 3 fostaithe
- Oiliúint don Oiliúnóir - 2 fhostaí

**I.O.S.H.**

- Oiliúint Ionadaí Sábháilteachta - 13 fostaí

**City & Guilds**

- Oiliúint ar an Sábh Slabhrach - 12 fostaí
- Suíomhanna Cúnga - 16 fostaí


**Cuireadh cúnamh i bhfoirm Deontas Oiliúna ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla a bhfuil vóta acu mar seo a leanas:**

- UISCE Éireann (deontas oiliúna uisce) = €357,750
- Leithdháileadh Chomhairle Contae Thiobraid Árann = €69,000
- DTTAS (deontas oiliúna um bóithre réigiúnacha & áitiúla) = €472,500
- Leithdháileadh Chomhairle Contae Thiobraid Árann = €97,500
- Deontas Oiliúna Comhshaoil = €30,000

Agus tacaíocht leanúnach acu ón lucht bainistíochta, is féidir le fostaithe Chomhairle Contae Thiobraid Árann a bheith ag tnúth le tuilleadh oiliúna i 2019, agus timpeallacht oibre níos sláintiúla / sábháilte do chách mar thoradh uirthi.







**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Tipperary County Council

**Guthán**
0761 06 5000

**R-phost**
customerservices@
tipperarycoco.ie

**www.tipperarycoco.ie**

**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Oifigí Cathrach,
Bóthar Luimnigh,
An tAonach,
Co. Thiobraid Árann

**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Oifigí Cathrach,
Sráid Emmet,
Cluain Meala,
Co. Thiobraid Árann